Uimhir 9 *de* 2012

AN tACHT AIRGEADAIS, 2012

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

TOBHACH IONCAIM, MUIREAR SÓISIALACH UILÍOCH, CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

Alt

1. Léiriú (*Cuid 1*).

CAIBIDIL 2

Muirear Sóisialach Uilíoch

2. Muirear sóisialach uilíoch: leasuithe ilghnéitheacha.

3. Muirear sóisialach uilíoch: formhuirear ar úsáid dreasachtaí maoine.

CAIBIDIL 3

Tobhach Ioncaim agus Cáin Ioncaim

4. Luach saothair scairbhunaithe.

5. Leasú ar Sceideal 23A (slite beatha agus gairmeacha sonraithe) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

6. Leasú ar alt 470B (faoiseamh aoischoibhneasa i leith préimheanna árachais sláinte) den Phríomh-Acht, etc.

7. Leasú ar alt 126 (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le sochair áirithe is iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh) den Phríomh-Acht.

8. Faoiseamh d'fhostaithe ríthábhachtacha atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha.

9. Leasú ar alt 244 (faoiseamh i leith úis arna íoc ar iasachtaí baile áirithe) den Phríomh-Acht.

10. Leasú ar alt 472A (faoiseamh don lucht dífhostaithe fadtéarma) den Phríomh-Acht.

11. Leasú ar alt 473A (faoiseamh i leith táillí arna n-íoc i leith oideachas tríú leibhéal, etc.) den Phríomh-Acht.

12. Asbhaint i leith ioncaim arna thuilleamh i stáit choigríche áirithe.

13. Leasú ar alt 825B (cáin a aisíoc i gcás nach gcuirfear tuilleamh ar aghaidh) den Phríomh-Acht.

14. Clár faoisimh sannaí speisialta.

15. Forálacha a bhaineann le ÍMAT.

16. Athruithe i ndáil le faoiseamh cánach i leith léasóirí, caillteanais atá á dtabhairt ar aghaidh agus muirir chothromaíochta.

17. Forálacha i ndáil le dreasachtaí maoine agus liúntais chaipitiúla.

18. Sochair scoir.

CAIBIDIL 4

Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil

19. Leasú ar alt 176 (ceannach scaireanna neamhluaite ag an gcuideachta eisiúna nó ag a fochuideachta) den Phríomh-Acht.

20. Cánachas feirme.

21. Leasú ar Sceideal 13 (daoine cuntasacha chun críocha Chaibidil 1 de Chuid 18) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

22. Cáin conarthaí iomchuí.

23. Leasú ar alt 482 (faoiseamh i leith caiteachais ar fhoirgnimh agus gairdíní suntasacha) den Phríomh-Acht.

24. Leasú ar alt 481 (faoiseamh i leith infheistíochta i scannáin) den Phríomh-Acht.

25. Leasú ar alt 486B (faoiseamh i leith infheistíochta i nginiúint fuinnimh in-athnuaite) den Phríomh-Acht.

26. Faoiseamh ó cháin ioncaim i leith infheistíochta i dtrádálacha corpraithe — an dreasacht fostaíochta agus infheistíochta agus an scéim síolchaipitil.

27. Leasú ar Chuid 29 (paitinní, taighde eolaíochta agus taighde áirithe eile, fios feasa agus oiliúint áirithe) den Phríomh-Acht.

28. Polasaithe árachais saoil agus cistí infheistíochta: rátaí.

29. Leasú ar Chaibidil 5 (sealbhóirí polasaithe — bonn nua) de Chuid 26 den Phríomh-Acht.

30. Gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta agus sealbhóirí aonad.

31. Leasú ar alt 739D (gnóchan a éiríonn as teagmhas inmhuirearaithe) den Phríomh-Acht.

32. Leasú ar alt 739G (cánachas ar shealbhóirí aonad i ngnóthais infheistíochta) den Phríomh-Acht.

33. Gnóthais infheistíochta agus cistí eischósta a chónascadh.

34. Leasú ar alt 747E (leas i gcistí eischósta a dhiúscairt) den Phríomh-Acht.

35. Scéim imirce agus cónasctha.

36. Leasú ar Chuid 8 (íocaíochtaí bliantúla, muirir agus ús) den Phríomh-Acht.

37. Leasú ar Chuid 8A (idirbhearta airgeadais sonraithe) den Phríomh-Acht.

38. Cáin iarchoimeádta a bhaineann le díbhinní agus ús áirithe.

39. Leasú ar alt 198 (ní inmhuirearaithe ús áirithe) den Phríomh-Acht.

40. Leasú ar alt 80A (cánachas ar léasanna gearrthéarma áirithe gléasra agus innealra) den Phríomh-Acht.

41. Leasú ar alt 110 (urrúsú) den Phríomh-Acht.

42. Feidhm alt 130 den Phríomh-Acht maidir le hús neamhbhliantúil áirithe.

43. Cáin ioncaim ar íocaíochtaí ó chuideachtaí neamhchónaitheacha.

44. Lamháltais i gcomhair astaíochtaí.

CAIBIDIL 5

Cáin Chorparáide

45. Leasú ar alt 486C (faoiseamh ó cháin do chuideachtaí nua-thionscanta áirithe) den Phríomh-Acht.

46. Leasú ar Sceideal 4 (comhlachtaí stát-tionscanta neamhthráchtála sonraithe a dhíolmhú ó fhorálacha áirithe cánach) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

47. Leasú ar alt 411 (géilleadh faoisimh idir comhaltaí grúpaí agus comheagras) den Phríomh-Acht.

48. Leasú ar alt 835D (na prionsabail maidir le rialacha a fhorléiriú de réir threoirlínte ECEF) den Phríomh-Acht.

49. Leasú ar Sceideal 24 (faoiseamh ó cháin ioncaim agus ó cháin chorparáide trí bhíthin creidmheasa i leith cánach coigríche) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

50. Leasú ar alt 77 (rialacha speisialta ilghnéitheacha chun ioncam a ríomh) den Phríomh-Acht.

51. Cumaisc i gcás go ndíscaoiltear cuideachta gan í a leachtú.

52. Faoiseamh aontaobhach (ioncam ó léasú).

53. Leasú ar alt 21B (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le díbhinní áirithe) den Phríomh-Acht.

54. Leasuithe iarmhartacha ar an bPríomh-Acht ar dhul in éag don scéim faoisimh le haghaidh cuideachtaí monaraíochta áirithe.

CAIBIDIL 6

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

55. Gnóchain chaipitiúla: ráta muirir.

56. Leasú ar alt 533 (suíomh sócmhainní) den Phríomh-Acht.

57. Leasú ar alt 562 (dliteanais theagmhasacha) den Phríomh-Acht.

58. Idirbhearta scaire áirithe le gnóthais infheistíochta.

59. Leasú ar alt 598 (gnó nó feirm a dhiúscairt ar "scor") den Phríomh-Acht.

60. Leasú ar alt 599 (gnó nó feirm a dhiúscairt laistigh de theaghlach) den Phríomh-Acht.

61. Leasú ar alt 611 (diúscairtí chun an Stáit, comhlachtaí poiblí agus carthanas) den Phríomh-Acht.

62. Leasú ar alt 613 (díolúintí ilghnéitheacha do chineálacha áirithe maoine) den Phríomh-Acht.

63. Leasú ar Sceideal 15 (liosta de chomhlachtaí chun críocha alt 610) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

64. Faoiseamh i leith diúscairtí áirithe talún nó foirgneamh.

65. Airgeadra coigríche a eisiamh mar shócmhainn de chuid cuideachtaí áirithe.

66. Leasú ar alt 579 (iontaobhais neamhchónaitheacha) den Phríomh-Acht.

67. Díolúine i leith fáltais ó dhiúscairt ag comhlachtaí spóirt.

CUID 2

MÁL

68. Cáin ola mianra: muirear carbóin.

69. Rátaí cánach táirgí tobac.

70. Leasú ar Chaibidil 1 (léiriú, dliteanas agus íocaíocht) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

71. Leasú ar Chaibidil 2A (gluaiseacht laistigh den Aontas Eorpach faoi shocrú fionraí) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

72. Leasú ar Chaibidil 3 (cionta, pionóis agus imeachtaí) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

73. Leasú ar Chaibidil 4 (cumhachtaí oifigeach) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

74. Leasú ar Chaibidil 5 (ilghnéitheach) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

75. Leasú ar Chaibidil 1 (cáin táirgí alcóil) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2003.

76. Leasú ar Chaibidil 3 (cáin táirgí tobac) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2005.

77. Leasú ar Chaibidil 1 (an dlí gealltóireachta a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002.

78. Leasú ar Chaibidil 1 (cáin ola mianra) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999.

79. Leasú ar alt 65 (scor d'fheidhm a bheith ag cáin ola mianra maidir le gual) den Acht Airgeadais, 2010.

80. Leasú ar Chaibidil 1 (cáin leictreachais) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2008.

81. Leasú ar Chaibidil 2 (cáin charbóin gáis nádúrtha) de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010.

82. Leasú ar Chaibidil 3 (cáin charbóin bhreosla sholadaigh) de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010.

83. Cáin cláraithe feithiclí.

CUID 3

Cáin Bhreisluacha

84. Léiriú (*Cuid 3*).

85. Orduithe ón Aire.

86. Soláthairtí seirbhísí foirgníochta idir daoine bainteacha — muirear freaschurtha.

87. Leasú ar alt 46 (rátaí cánach) den Phríomh-Acht.

88. Leasú ar alt 66 (sonraisc agus doiciméid eile a eisiúint) den Phríomh-Acht.

89. Leasú ar alt 84 (dualgas taifid a choimeád) den Phríomh-Acht.

90. Leasú ar alt 95 (bearta idirthréimhseacha le haghaidh soláthairtí earraí dochorraithe) den Phríomh-Acht.

91. Leasú ar alt 111 (an cháin atá dlite a mheasúnú) den Phríomh-Acht.

92. Ús is iníoctha in imthosca áirithe.

93. Leasú ar alt 115 (pionóis i gcoitinne) den Phríomh-Acht.

94. Leasú ar Sceideal 2 (earraí agus seirbhísí nialas-rátaithe) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

95. Leasú ar Sceideal 3 (earraí agus seirbhísí is inmhuirearaithe de réir an ráta laghdaithe) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

CUID 4

DLEACHTANNA STAMPA

96. Léiriú (*Cuid 4*).

97. Dleacht is inmhuirearaithe ar mhaoin neamhchónaithe a laghdú.

98. Faoiseamh do thithe imréitigh.

99. Cuideachtaí a chumasc.

100. Leasú ar fhorálacha a bhaineann leis an tionscal seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta.

101. Cúitimh carbóin.

102. Leasú ar alt 101 (maoin intleachtúil) den Phríomh-Acht.

103. Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin.

104. Leasú ar alt 123B (airgead tirim, comhchártaí agus cártaí dochair) den Phríomh-Acht.

105. Tobhaigh ar fhorais áirithe.

106. Leasú ar Sceideal 2B (cáilíochtaí chun iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh ó dhleacht stampa i leith aistrithe chuig feirmeoirí óga oilte) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

107. Stampáil ionstraimí a nuachóiriú: féinmheasúnacht a thabhairt isteach agus athruithe iarmhartacha, etc.

CUID 5

CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL

108. Léiriú (*Cuid 5*).

109. Leasú ar Sceideal 2 (cáin a ríomh) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

110. Leasú ar alt 2 (léiriú) den Phríomh-Acht.

111. Leasú ar fhorálacha a bhaineann le hiontaobhais lánroghnacha.

112. Leasú ar alt 36 (diúscairtí lena mbaineann cumhachtaí ceapacháin) den Príomh-Acht.

113. Leasú ar fhorálacha a bhaineann le maoin oidhreachta.

114. Leasú ar alt 89 (forálacha a bhaineann le maoin talmhaíochta) den Phríomh-Acht.

115. Riarachán cánach fáltas caipitiúil a nuachóiriú: leasuithe ilghnéitheacha.

116. Leasú ar an bhforáil a bhaineann le cáin a íoc agus tuairisceán a chomhdú agus leasuithe iarmhartacha.

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

117. Léiriú (*Cuid 6*).

118. Leasú ar alt 886 (oibleagáid taifid áirithe a choinneáil) den Phríomh-Acht.

119. Leasú ar alt 912A (faisnéis d'údaráis cánach i gcríocha eile) den Phríomh-Acht.

120. Leasú ar alt 851A (rúndacht faisnéise i dtaobh cáiníocóirí) den Phríomh-Acht.

121. Tuairisceáin faisnéise áirithe ó ghnóthais infheistíochta.

122. Tuairisceáin ar idirbhearta íocaíochta ó shocróirí íocaíochta.

123. Leasú ar alt 898K (socruithe speisialta le haghaidh urrúis áirithe) den Phríomh-Acht.

124. Leasú ar alt 1077E (pionós mar gheall ar thuairisceáin mhíchruinne, etc., a dhéanamh d'aon turas nó go míchúramach) den Phríomh-Acht.

125. Cumhacht an Ard-Bhailitheora a cheangal ar dhaoine áirithe tuairisceán ar mhaoin a thabhairt.

126. Urrús i leith cánacha áirithe.

127. Ordú doiciméid a thabhairt ar aird nó faisnéis a sholáthar.

128. Aisíocaíochtaí agus fritháirimh cánach.

129. Nuachóiriú Rialacha Measúnaithe Cánacha Díreacha lena n-áirítear rialacha le haghaidh Féinmheasúnachta.

130. Leasú ar alt 811 (idirbhearta chun dliteanas cánach a sheachaint) den Phríomh-Acht.

131. Leasuithe ilghnéitheacha a bhaineann le riarachán.

132. Leasú ar alt 195 (tuilleamh áirithe de chuid scríbhneoirí, cumadóirí agus ealaíontóirí a bheith díolmhaithe) den Phríomh-Acht.

133. Leasú ar alt 884 (tuairisceáin ar bhrabúis) den Phríomh-Acht.

134. Leasuithe ilghnéitheacha: páirtnéirí sibhialta.

135. Alt 161 den Acht Airgeadais, 2010 do scor.

136. Leasú ar alt 531AA (léiriú (Cuid 18C)) den Phríomh-Acht.

137. Leasú ar Sceideal 24A (comhshocraíochtaí arna ndéanamh ag an Rialtas le rialtas aon chríche lasmuigh den Stát i ndáil le faoiseamh ó chánachas dúbailte a thabhairt agus faisnéis a mhalartú i ndáil le cáin) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

138. Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin.

139. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla.

140. Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna.

141. Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme.

SCEIDEAL 1

Leasuithe Iarmhartacha ar an bPríomh-Acht ar Dhul in Éag don Scéim Faoisimh le haghaidh Cuideachtaí Monaraíochta Áirithe

SCEIDEAL 2

Dleacht is Inmhuirearaithe ar Mhaoin Neamhchónaithe a Laghdú

SCEIDEAL 3

Stampáil Ionstraimí a Nuachóiriú: Féinmheasúnacht a Thabhairt Isteach agus Athruithe Iarmhartacha, etc.

SCEIDEAL 4

Nuachóiriú Rialacha Measúnaithe Cánacha Díreacha lena nAirítear Rialacha le haghaidh Féinmheasúnachta

SCEIDEAL 5

Leasuithe Ilghnéitheacha: Forálacha a Bhaineann le Riarachán

SCEIDEAL 6

Leasuithe Teicniúla Ilghnéitheacha i nDáil le Cáin

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Uchtála, 2010	2010, Uimh. 21
An tAcht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001	2001, Uimh. 47
An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003	2003, Uimh. 1
An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010	2010, Uimh. 24
An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011	2011, Uimh. 21
Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
Acht na gCuideachtaí, 1990	1990, Uimh. 33
Customs Consolidation Act 1876	39 & 40 Vict., c. 36
Finance (1909-10) Act 1910	10 Edw. 7, c.8
An tAcht Airgeadais, 1950	1950, Uimh. 18
An tAcht Airgeadais, 1963	1963, Uimh. 23
An tAcht Airgeadais, 1978	1978, Uimh. 21
An tAcht Airgeadais, 1983	1983, Uimh. 15
An tAcht Airgeadais, 1992	1992, Uimh. 9
An tAcht Airgeadais, 1999	1999, Uimh. 2
An tAcht Airgeadais, 2001	2001, Uimh. 7
An tAcht Airgeadais, 2002	2002, Uimh. 5
An tAcht Airgeadais, 2003	2003, Uimh. 3
An tAcht Airgeadais, 2005	2005, Uimh. 5
An tAcht Airgeadais, 2006	2006, Uimh. 6
An tAcht Airgeadais, 2008	2008, Uimh. 3
An tAcht Airgeadais, 2009	2009, Uimh. 12
An tAcht Airgeadais, 2010	2010, Uimh. 5
An tAcht Airgeadais, 2011	2011, Uimh. 6
An tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952	1952, Uimh. 24
An tAcht Árachais Sláinte, 1994	1994, Uimh. 16
An tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011	2011, Uimh. 34
An tAcht Cánach Ioncaim, 1967	1967, Uimh. 6
An tAcht Léiriúcháin, 2005	2005, Uimh. 23
An tAcht Forbairte Minearál, 1940	1940, Uimh. 31
Acht na bPinsean, 1990	1990, Uimh. 25
An tAcht um Luachanna Maoine (Eadránacha agus Achomhairc), 1960	1960, Uimh. 45
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1991	
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003	
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005	2005, Uimh. 26
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999	1999, Uimh. 31
Succession Duty Act 1853	16 & 17 Vict., c.51
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990	1990, Uimh. 37
An tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010	2010, Uimh. 31
An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000	2000, Uimh. 38

Uimhir 9 *de* 2012

AN tACHT AIRGEADAIS, 2012

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE FORCHUR, AISGHAIRM, LOGHADH, ATHRÚ AGUS RIALÁIL CÁNACHAIS, DLEACHTANNA STAMPA AGUS DLEACHTANNA A BHAINEANN LE MÁL AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ EILE THAIRIS SIN I dTAOBH AIRGEADAIS LENA nÁIRÍTEAR RIALÁIL CUSTAM.

[31 *Márta* 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

Tobhach Ioncaim, Muirear Sóisialach Uilíoch, Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil

Caibidil 1

Léiriú

Léiriú (*Cuid 1*).

1.—Sa Chuid seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Caibidil 2

Muirear Sóisialach Uilíoch

Muirear sóisialach uilíoch: leasuithe ilghnéitheacha.

2.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht sa Tábla a ghabhann le fo-alt (1) d'alt 531AM—

(*a*) i mír (*a*)(ii), trí "ach amháin i gcás go raibh na scaireanna sin á sealbhú ag iontaobhas scairúinéireachta d'fhostaithe, arna cheadú de réir Sceideal 12, roimh an 1 Eanáir 2011," a chur isteach i ndiaidh "de réir Chaibidil 1 de Chuid 17,",

(*b*) i mír (*a*)(iii), trí "agus" a scriosadh,

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*)(iv):

"(iv) aon ghnóchan atá díolmhaithe ó cháin ioncaim de bhua alt 519A(3) nó 519D(3) tar éis an gnóchan sin a laghdú de

mhargadhluach an chirt dá dtagraítear i bhfomhír (iii), agus",

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*a*)(iv):

"(v) an 'méid sonraithe', arna mhíniú in alt 825C,",

(*e*) i mír (*a*)(III), trí "Rialacháin ÍMAT, agus" a chur in ionad "Rialacháin ÍMAT",

(*f*) i mír (*a*)(IV), trí "Sceideal 3." a chur in ionad "Sceideal 3, agus",

(*g*) trí mhír (*a*)(V) a scriosadh,

(*h*) i mír (*b*)(ii)—

(i) trí "(IV)" a chur in ionad "(V)", agus

(ii) trí "(iv)" a scriosadh,

(*i*) i mír (*b*)(vi), trí "alt 531AU(1)," a chur in ionad "alt 531AU(1), agus",

(*j*) i mír (*b*)(vii), trí "alt 531AU(2), agus" a chur in ionad "alt 531AU(2),", agus

(*k*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*b*)(vii):

"(viii) i gcás go bhfuil feidhm ag alt 372AP maidir le pearsa aonair, an méid a mheastar a bheith faighte ag an bpearsa aonair mar chíos de réir fho-alt (7) den alt sin i gcás go bhfuair an phearsa aonair an asbhaint dá dtagraítear i bhfo-alt (2) den alt sin, nó go raibh sé nó sí i dteideal í a fháil, an 1 Eanáir 2012 nó dá éis,".

(2) Leasaítear an Príomh-Acht, in alt 531AM(2), trí "€10,036" a chur in ionad "€4,004".

(3) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 531AN—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Chun críocha fho-alt (2), ní bheidh ar áireamh in ioncam iomchuí aon mhéid a mbeidh pearsa aonair inmhuirearaithe i leith cánach maidir leis faoi Sceideal E de réir alt 128(2).",

(*b*) i bhfo-alt (3), trí "Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 an 29 Aibreán 2004 ón gComhairle[1]" a chur in ionad "Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 an 14 Meitheamh 1971 ón gComhairle",

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

[1]IO Uimh. L166, 30.4.2004, lch.1

"(3A) I gcás go bhfuil pearsa aonair inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D i leith méid sóinseála nó méid sóinseála measta, de réir mar a bheidh, faoi alt 787TA, ansin—

(*a*) d'ainneoin fho-alt (1) agus an Tábla a ghabhann leis an alt seo, déanfar an phearsa aonair a mhuirearú i leith muirear sóisialach uilíoch don bhliain chánach ina ndéantar an cháin ioncaim a mhuirearú ar an méid iomlán a mhuirearaítear amhlaidh i leith cáin ioncaim de réir ráta 4 faoin gcéad, agus

(*b*) ní mheasfar gur ioncam iomchuí chun críocha fho-alt (2) an méid is inmhuirearaithe amhlaidh i leith cáin ioncaim.",

agus

(*d*) i bhfo-alt (4), trí "fo-ailt (2), (2A), (3) agus (3A)(*b*)" a chur in ionad "fo-ailt (2) agus (3)".

(4) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 531AO—

(*a*) trí fho-ailt (2) go (12) a scriosadh, agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) I gcás—

(*a*) go n-íocann fostóir díolaíochtaí iomchuí le fostaí i bhfoirm scaireanna (lena n-áirítear stoc), nó

(*b*) go réadaíonn fostaí gnóchan trí cheart a fheidhmiú de réir forálacha scéime a cheadaítear faoi Sceideal 12A,

agus i gcás, de bhíthin nach dóthanach íocaíochtaí arna ndéanamh iarbhír leis an bhfostaí nó thar ceann an fhostaí, nach féidir leis an bhfostóir méid (nó méid iomlán) an mhuirir shóisialaigh uilíoch a asbhaint a cheanglaítear a asbhaint faoin gCuid seo agus faoi rialacháin arna ndéanamh faoin gCuid seo i leith na scaireanna sin nó an ghnóchain sin, de réir mar a bheidh, beidh an fostóir sin i dteideal scaireanna leordhóthanacha a choimeád siar agus a réadú chun an dliteanas muirir shóisialaigh uilíoch sin a íoc.

(1B) I gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (1A)—

(*a*) ceadóidh an fostaí coimeád siar den sórt dá dtagraítear san fho-alt sin, agus

(*b*) déanfar an fostóir a shaoradh agus a urscaoileadh i leith cibé méid den dliteanas muirir shóisialaigh uilíoch arb ionannas dó na scaireanna a choimeádfar siar amhail is dá n-íocfaí luach na scaireanna sin leis an bhfostaí.

(1C) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1A) más rud é gur shlánaigh an fostaí don fhostóir ar shlí eile an méid muirir shóisialaigh uilíoch a cheanglaítear a asbhaint faoin gCuid

seo agus faoi rialacháin arna ndéanamh faoin gCuid seo i leith na scaireanna sin nó an ghnóchain sin, de réir mar a bheidh, dá dtagraítear san fho-alt sin.".

(5) Leasaítear an Príomh-Acht trí ailt 531AP agus 531AQ a scriosadh.

(6) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 531AS tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Chun críocha fho-alt (1) agus, maidir le gnóchan arna réadú ag pearsa aonair trí fheidhmiú cirt chun scaireanna i gcuideachta a fháil, beidh feidhm ag alt 128B, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir leis an muirear sóisialach uilíoch mar atá feidhm aige maidir le cáin ioncaim agus chun na críche sin—

(*a*) folóidh 'cáin iomchuí' dá dtagraítear in alt 128B muirear sóisialach uilíoch,

(*b*) is é a bheidh in 'B' san fhoirmle in alt 128B(2) an céatadán atá comhionann leis an ráta is airde a leagtar amach i gcolún (2) nó (3), de réir mar a bheidh, den Tábla a ghabhann le halt 531AN agus atá i bhfeidhm don bhliain chánach ina réadaíonn an phearsa aonair gnóchan trí fheidhmiú cirt chun scaireanna a fháil i gcuideachta, agus

(*c*) i gcás gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim gur dóigh go mbeidh an phearsa aonair inmhuirearaithe i leith muirear sóisialach uilíoch do bhliain chánach de réir ráta seachas cibé ráta is airde de na rátaí a leagtar amach i gcolún (2) nó (3), de réir mar a bheidh, den Tábla a ghabhann le halt 531AN, beidh feidhm ag alt 128B(14) amhail is dá mba thagairt don ráta eile sin an tagairt don ráta caighdeánach.".

(7) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 531AT tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Chun críocha an ailt seo, beidh feidhm ag fo-ailt (3) agus (4) d'alt 531AS, mar a bhaineann siad le comhiomlánú muirir shóisialaigh uilíoch agus cánach ioncaim, fara aon mhodhnuithe is gá, mar atá feidhm acu maidir le muirear sóisialach uilíoch atá dlite de dhuine inmhuirearaithe agus iníoctha aige nó aici agus amhail is dá ndéanfaí 'Chun críocha fho-alt (2)' a scriosadh i bhfo-alt (4).".

(8) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 531AU:

"Muirear sóisialach uilíoch agus scéimeanna brabús-roinnte ceadaithe.

531AUA.—I gcás go muirearófar muirear sóisialach uilíoch ar mhargadhluach tosaigh scaireanna de réir fhomhír (*a*)(ii) den Tábla a ghabhann le halt 531AM(1), ní mhuirearófar é—

(*a*) i gcás diúscairt scaireanna, nó diúscairt mheasta scaireanna, dá dtagraítear i bhfo-ailt (2) agus (7), faoi seach, d'alt 512 a bheith ann, ar an gcéatadán cuí de luach iata na scaireanna sin arna fhorléiriú de réir fho-alt (1) den alt sin, nó

(*b*) i gcás fáltas caipitiúil de réir bhrí alt 513(1) a bheith ann, ar an gcéatadán cuí de mhéid nó de luach, de réir mar a bheidh, an fháltais chaipitiúil sin.".

(9) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 531AAA—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) ag forálacha Chaibidil 1 de Chuid 38, i ndáil le tuairisceáin ar ioncam a thabhairt, agus ag forálacha Chaibidil 4 den Chuid sin, i ndáil le fiosrúcháin a dhéanamh agus leis na cumhachtaí, na dualgais agus na freagrachtaí dá bhforáiltear leis an gCaibidil sin a fheidhmiú,",

agus

(*b*) i míreanna (*b*) agus (*c*), trí "Chaibidlí 1 agus 2" a chur in ionad "Chaibidil 1 agus Chaibidil 2" agus trí "Chaibidlí 1 agus 3" a chur in ionad "Chaibidil 1 agus Chaibidil 3".

(10) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 531AAB—

(*a*) i mír (*q*), trí "agus" a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé,

(*b*) i mír (*r*), trí "thairis sin;" a chur in ionad "thairis sin.", agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*r*):

"(*s*) méideanna a asbhaint, a bhailiú agus a ghnóthú, a mbeidh cuntas le tabhairt iontu i ndáil le híocaíochtaí barúlacha, agus

(*t*) na Coimisinéirí Ioncaim do chur córas leictreonach nó córais leictreonacha ar fáil chun go mbeidh fostóirí agus fostaithe in ann a n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo agus faoi rialacháin arna ndéanamh faoin gCaibidil seo a chomhlíonadh agus chun go ndéanfar cumarsáid leictreonach idir na Coimisinéirí Ioncaim, oifigigh do na Coimisinéirí Ioncaim, fostóirí, fostaithe agus daoine eile de bhun oibleagáidí faoi na forálacha sin agus maidir le feabhsuithe nó athruithe eile a sholáthar ar an gcóras sin nó na córais sin, de réir mar a bheidh, agus maidir le haon chóras eile nó córais eile a chur in ionad an chórais sin nó na gcóras sin.".

(11) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 531AAE (a chuirtear isteach le *halt 3*):

"Feidhmeanna a tharmligean agus feidhmeanna a urscaoileadh trí mheán leictreonach.

531AAF.—Aon ghníomh atá le déanamh, nó aon fheidhm atá le hurscaoileadh, ag na Coimisinéirí Ioncaim, agus a údaraítear nó a cheanglaítear leis an gCuid seo nó le rialacháin arna ndéanamh faoin gCuid seo, féadfaidh aon duine amháin nó aon daoine de na hoifigigh do na Coimisinéirí a bheidh ag gníomhú faoina n-údarás an gníomh a dhéanamh nó an fheidhm a

urscaoileadh nó féadfar, más cuí, é a dhéanamh nó í a urscaoileadh trí cibé córais leictreonacha a chuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim ar bun de thuras na huaire chun aon chríche den sórt sin.".

(12) Measfar go raibh éifeacht le *míreanna (a), (c)* agus *(h)(ii) d'fho-alt (1)*, le *míreanna (a), (b)* agus *(d) d'fho-alt (3)*, agus le *fo-ailt (7), (8)* agus *(9)* amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011.

(13) Beidh éifeacht le *fo-alt (2)* maidir le dliteanas pearsan aonair i leith muirear sóisialach uilíoch don bhliain mheasúnachta 2012 agus gach bliain dá éis.

Muirear sóisialach uilíoch: formhuirear ar úsáid dreasachtaí maoine.

3.—(1) Leasaítear Cuid 18D den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 531AAD:

"Formhuirear faoisimh maoine.

531AAE.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'comhiomlán na bhfaoiseamh maoine sonraithe', i ndáil le bliain chánach agus le pearsa aonair, comhiomlán na méideanna faoiseamh maoine sonraithe a úsáideann an phearsa aonair i leith na bliana cánach;

ciallaíonn 'méid faoisimh maoine shonraithe', i ndáil le faoiseamh sonraithe a úsáideann pearsa aonair i leith bliain chánach, an méid faoisimh maoine shonraithe a úsáideann an phearsa aonair i leith na bliana cánach, arna chinneadh faoi threoir na hiontrála i gcolún (3) de Sceideal 25B os coinne na tagartha don fhaoiseamh sonraithe lena mbaineann i gcolún (2) den Sceideal sin;

ciallaíonn 'liúntas caipitiúil limistéarbhunaithe', i ndáil le bliain chánach agus le pearsa aonair, aon liúntas, nó cuid de liúntas den sórt sin, arna thabhairt faoi Chaibidil 1 de Chuid 9 mar a chuirtear an Chaibidil sin chun feidhme—

(*a*) le halt 323, 331, 332, 341, 342, 343, 344, 352, 353, 372C, 372D, 372M, 372N, 372V, 372W, 372AC nó 372AD, nó

(*b*) de bhua mhír 11 de Sceideal 32,

don bhliain chánach, lena n-áirítear aon liúntas den sórt sin, nó cuid d'aon liúntas den sórt sin, arna thabhairt do bhliain chánach roimhe sin agus a thabharfar ar aghaidh ón mbliain chánach sin roimhe sin de réir Chuid 9;

ciallaíonn 'liúntas cothromaíochta' aon liúntas arna thabhairt faoi alt 274;

ciallaíonn 'liúntas caipitiúil sonraithe', i ndáil le bliain chánach agus le pearsa aonair, aon fhaoiseamh sonraithe—

(*a*) ar liúntas síos-scríofa nó liúntas cothromaíochta arna thabhairt don bhliain chánach é, nó

(*b*) ar liúntas nó cuid de liúntas den sórt sin é arna thabhairt faoi Chaibidil 1 de Chuid 9 de réir mar a chuirtear an Chaibidil sin chun feidhme le halt 372AX, 372AY, 843 nó 843A don bhliain chánach,

lena n-áirítear aon liúntas den sórt sin nó cuid de liúntas den sórt sin arna thabhairt do bhliain chánach roimhe sin agus a thabharfar ar aghaidh ón mbliain chánach sin de réir Chuid 9;

ciallaíonn 'pearsa aonair shonraithe', i ndáil le bliain chánach, pearsa aonair arb é €100,000 nó níos mó a ioncam comhiomlán nó a hioncam comhiomlán don bhliain chánach;

ciallaíonn 'faoiseamh maoine sonraithe', i ndáil le bliain chánach agus le pearsa aonair—

(*a*) aon liúntas, nó cuid d'aon liúntas, atá sonraithe sa mhíniú ar 'liúntas caipitiúil limistéarbhunaithe' nó 'liúntas caipitiúil sonraithe', de réir mar a bheidh, nó

(*b*) aon chaiteachas cáilithe de réir bhrí Chaibidil 11 de Chuid 10, lena mbaineann alt 372AP, a bheidh le cur i gcuntas le linn easnamh a ríomh faoi alt 97(1) i leith aon chíosa ó áitreabh cáilitheach nó ó áitreabh cáilitheach speisialta, de réir bhrí alt 372AK;

ciallaíonn 'faoiseamh sonraithe', i ndáil le bliain chánach agus le pearsa aonair, aon fhaoiseamh a eascróidh faoi aon cheann de na forálacha atá leagtha amach i gcolún (2) de Sceideal 25B nó de bhua aon cheann díobh;

ciallaíonn 'liúntas síos-scríofa' aon liúntas arna thabhairt faoi alt 272 agus folaíonn sé aon liúntas den sórt sin arna mhéadú faoi alt 273.

(2) Aon tagairt san alt seo d'aon fhaoiseamh maoine sonraithe a bheith á úsáid i leith aon bhliain chánach, is tagairt í don chuid sin den fhaoiseamh maoine sonraithe sin dár tugadh lánéifeacht don bhliain chánach sin.

(3) Déanfar an méid muirir shóisialaigh uilíoch a bheidh le muirearú ar ioncam comhiomlán pearsan aonair sonraithe don bhliain chánach lena mbaineann faoin gCuid seo a mhéadú de mhéid atá comhionann le 5 faoin gcéad den chuid sin den ioncam comhiomlán sin ar i ndáil léi a rinne an phearsa aonair shonraithe méid faoisimh maoine shonraithe nó, de réir mar a bheidh, comhiomlán na bhfaoiseamh maoine sonraithe, a úsáid sa bhliain chánach sin.

(4) Chun críocha an ailt seo—

(*a*) beidh feidhm ag alt 485C(3) agus Sceideal 25C (amhail is dá mba thagairtí do na blianta cánach 2011 agus 2012, faoi seach, na tagairtí do na blianta cánach 2006 agus 2007 sa Sceideal sin) le linn méid aon fhaoisimh maoine shonraithe atá le tabhairt ar aghaidh ó aon bhliain chánach go dtí gach bliain chánach ina dhiaidh sin a chinneadh, agus

(*b*) déileálfar le haon fhaoiseamh sonraithe, ar faoiseamh maoine sonraithe é, mar fhaoiseamh a úsáidtear in aon bhliain chánach i dtosaíocht ar fhaoiseamh sonraithe nach faoiseamh maoine sonraithe é.

(5) I gcás go mbeidh muirear sóisialach uilíoch iníoctha don bhliain chánach 2012 i leith ioncam comhiomlán pearsan aonair sonraithe do bhliain chánach, ar pearsa aonair é nó í is duine inmhuirearaithe (de réir bhrí Chuid 41), beidh feidhm ag alt 958 agus beidh éifeacht leis amhail is dá mbeadh muirear sóisialach uilíoch iníoctha don bhliain chánach 2011 de réir an ailt seo.".

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* don bhliain mheasúnachta 2012 agus do gach bliain mheasúnachta dá éis.

Caibidil 3

Tobhach Ioncaim agus Cáin Ioncaim

Luach saothair scairbhunaithe.

4.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 128A(4A)(*d*)(i)(II), trí "leath de chomhiomlán" a chur in ionad "comhiomlán",

(*b*) in alt 128E(6)(*a*), trí "chun críocha cánach ioncaim, tobhaigh ioncaim agus muirir shóisialaigh uilíoch" a chur in ionad "chun críocha cánach ioncaim", agus

(*c*) in alt 985A, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4A):

"(4B) I gcás—

(*a*) go n-íocann fostóir díolaíochtaí le fostaí i bhfoirm scaireanna (lena n-áirítear stoc),

(*b*) go mbeidh feidhm ag fo-alt (4), agus

(*c*) nach mbeidh an méid cánach ioncaim a cheanglaítear a asbhaint faoin gCuid seo agus faoi rialacháin arna ndéanamh faoin gCuid seo i leith na scaireanna sin slánaithe ag an bhfostaí don fhostóir,

ansin—

(i) beidh an fostóir i dteideal dóthain scaireanna a choimeád siar agus a réadú chun an dliteanas cánach ioncaim sin a íoc,

(ii) ceadóidh an fostaí coimeád siar den sórt dá dtagraítear i mír (i), agus

(iii) déanfar an fostóir a shaoradh agus a urscaoileadh i leith an choimeádta siar sin amhail is dá ndéanfaí an méid cánach ioncaim a cheanglaítear a asbhaint a íoc leis an bhfostaí.".

(2) Measfar éifeacht a bheith le *mír (b) d'fho-alt (1)*—

(*a*) amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2009 i gcás tobhaigh ioncaim,

(*b*) amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011 i gcás muirir shóisialaigh uilíoch, agus

(*c*) amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2012 i gcás cánach ioncaim.

Leasú ar Sceideal 23A (slite beatha agus gairmeacha sonraithe) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

5.—(1) Leasaítear Sceideal 23A a ghabhann leis an bPríomh-Acht trí "Cruicéadaí" a chur isteach i ndiaidh "Dornálaí".

(2) Tá feidhm ag an alt seo don bhliain mheasúnachta 2012 agus do bhlianta measúnachta dá éis.

Leasú ar alt 470B (faoiseamh aoischoibhneasa i leith préimheanna árachais sláinte) den Phríomh-Acht, etc.

6.—(1) Leasaítear alt 470B den Phríomh-Acht i bhfo-alt (4)—

(*a*) i bhfomhír (i), trí "1 Eanáir 2013" a chur in ionad "1 Eanáir 2012",

(*b*) i gclásal (II), trí "ach roimh an 1 Eanáir 2011" a chur isteach i ndiaidh "2010",

(*c*) i gclásal (III), trí "ach roimh an 1 Eanáir 2012" a chur isteach i ndiaidh "2011",

(*d*) i gclásal (III), trí "chun an phréimh bhliantúil sin a íoc," a chur in ionad "chun an phréimh bhliantúil sin a íoc, agus"

(*e*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (III):

"(III*a*) maidir le conradh iomchuí arna athnuachan nó arna dhéanamh an 1 Eanáir 2012 nó dá éis, an méid a shonraítear i gcolún (5) den Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo a fhreagraíonn don aicme duine árachaithe a luaitear i gcolún (1) den Tábla sin nó, i gcás gur tráthchuid mhíosúil nó tráthchuid eile faoi chomhair an phréimh bhliantúil iomlán atá dlite faoin gconradh iomchuí a íoc an íocaíocht a dhéantar leis an árachóir údaraithe, méid atá comhionann leis an méid a shonraítear amhlaidh arna roinnt ar

an líon iomlán tráthchodanna atá le déanamh chun an phréimh bhliantúil iomlán sin a íoc, agus",

agus

(*f*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt sin:

"AN TÁBLA

An aicme duine árachaithe	An méid creid-mheasa cánach aois-choibh-neasa	An méid creid-mheasa cánach aois-choibh-neasa	An méid creid-mheasa cánach aois-choibh-neasa	An méid creid-mheasa cánach aois-choibh-neasa
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
Aois 50 bliain agus os a chionn, ach faoi bhun 55 bliana, an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí.	€200.00	€200.00	Nialas	Nialas
Aois 55 bliana agus os a chionn, ach faoi bhun 60 bliain, an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí.	€200.00	€200.00	Nialas	Nialas
Aois 60 bliain agus os a chionn, ach faoi bhun 65 bliana, an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí.	€500.00	€525.00	€625.00	€600.00
Aois 65 bliana agus os a chionn, ach faoi bhun 70 bliain, an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí.	€500.00	€525.00	€625.00	€975.00
Aois 70 bliain agus os a chionn, ach faoi bhun 75 bliana, an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí.	€950.00	€975.00	€1,275.00	€1,400.00
Aois 75 bliana agus os a chionn, ach faoi bhun 80 bliain, an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí.	€950.00	€975.00	€1,275.00	€2,025.00
Aois 80 bliain agus os a chionn, ach faoi bhun 85 bliana, an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí.	€1,175.00	€1,250.00	€1,725.00	€2,400.00

An aicme duine árachaithe	An méid creid-mheasa cánach aois-choibh-neasa	An méid creid-mheasa cánach aois-choibh-neasa	An méid creid-mheasa cánach aois-choibh-neasa	An méid creid-mheasa cánach aois-choibh-neasa
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
Aois 85 bliana agus os a chionn, an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí.	€1,175.00	€1,250.00	€1,725.00	€2,700.00

".

(2) Measfar nár achtaíodh riamh an leasú ar alt 470B le halt 5(*c*) den Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011.

Leasú ar alt 126 (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le sochair áirithe is iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh) den Phríomh-Acht.

7.—Leasaítear alt 126 den Phríomh-Acht don bhliain mheasúnachta 2012 agus do gach bliain mheasúnachta dá éis trí fho-alt (5) a scriosadh.

Faoiseamh d'fhostaithe ríthábhachtacha atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha.

8.—Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 1 de Chuid 15 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 472C:

"472D.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'cuideachta chomhlachaithe', i ndáil le fostóir iomchuí, cuideachta arb í cuideachta chomhlachaithe an fhostóra sin de réir bhrí alt 432 í;

tá le 'rialú' an bhrí chéanna atá leis in alt 432;

tá le 'díolaíochtaí' an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 4 de Chuid 42;

ciallaíonn 'fostaí ríthábhachtach' pearsa aonair—

(*a*) (i) nach bhfuil, agus nach raibh, ina stiúrthóir ar a fhostóir nó a fostóir ná ar chuideachta chomhlachaithe agus nach bhfuil baint aige nó aici le stiúrthóir den sórt sin,

(ii) nach bhfuil, agus nach raibh, leas ábhartha aige nó aici ina fhostóir nó ina fostóir ná i gcuideachta chomhlachaithe agus nach bhfuil baint aige nó aici le duine a bhfuil leas ábhartha den chineál sin aige nó aici, agus

(iii) a chomhlíon, sa tréimhse chuntasaíochta ar ina leith a bhí a fhostóir nó a fostóir i dteideal faoiseamh faoi alt 766(2) a éileamh, 75 faoin gcéad nó níos mó dá dhualgais nó dá dualgais ag ceapadh nó ag cruthú eolas, táirgí, próisis, modhanna nó córais nua,

agus

(*b*) a bhfuil 75 faoin gcéad nó níos mó de chostas na ndíolaíochtaí a eascraíonn as a fhostaíocht nó a fostaíocht leis an bhfostóir iomchuí sin ag cáiliú mar chaiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt faoi alt 766(1)(*a*) sa tréimhse chuntasaíochta dá dtagraítear i mír (*a*)(iii);

ciallaíonn 'leas ábhartha', i ndáil le cuideachta, úinéireacht thairbhiúil nó cumas rialaithe, go díreach nó trí mheán cuideachta bhainteach nó cuideachtaí bainteacha, nó trí aon mheán neamhdhíreach eile, ar bhreis agus 5 faoin gcéad de ghnáthscairchaipiteal na cuideachta;

ciallaíonn 'gnáthscairchaipiteal', i ndáil le cuideachta, scairchaipiteal eisithe uile (cibé ainm a thugtar air) na cuideachta;

ciallaíonn 'díolaíochtaí iomchuí' díolaíochtaí arna n-íoc ag fostóir iomchuí le fostaí ríthábhachtach;

ciallaíonn 'fostóir iomchuí' cuideachta atá i dteideal faoisimh faoi alt 766(2) agus a fhostaíonn fostaí ríthábhachtach;

ciallaíonn 'bliain chánach' bliain mheasúnachta chun críocha cánach ioncaim.

(2) (*a*) Más rud é go ngéilleann fostóir iomchuí méid chun tairbhe fostaí ríthábhachtaigh faoi alt 766(2A), ansin, faoi réir fho-alt (3), ar éileamh a dhéanamh, beidh an fostaí sin i dteideal go ndéanfar do bhliain chánach an cháin ioncaim a mhuirearaítear ar a dhíolaíochtaí iomchuí nó ar a díolaíochtaí iomchuí don bhliain chánach sin a laghdú den mhéid a ghéilltear.

(*b*) An bhliain chánach dá dtagraítear i mír (*a*), is í an bhliain chánach í tar éis na bliana cánach ar lena linn a chríochnaíonn tréimhse chuntasaíochta an fhostóra iomchuí agus a mbaineann an méid a ghéilltear faoi alt 766(2A) léi.

(*c*) D'ainneoin nach fostaí ríthábhachtach de chuid na cuideachta a ghéill méid dá dtagraítear i mír (*a*) fostaí a thuilleadh don bhliain chánach ar ina leith a dhéantar éileamh faoin alt seo, ach gur fostaí é nó í de chuid na cuideachta sin, ansin beidh sé nó sí i dteideal go ndéanfar an cháin ioncaim arna muirearú ar dhíolaíochtaí ón gcuideachta sin don bhliain chánach sin a laghdú den mhéid dá dtagraítear amhlaidh nó d'iarmhéid an mhéid sin, de réir mar is cuí.

(3) (*a*) D'ainneoin fho-alt (2), ní dhéanfar leis an méid a ghéilltear faoi alt 766(2A) d'aon bhliain chánach an méid cánach ioncaim is iníoctha ar ioncam iomlán fostaí ríthábhachtaigh lena n-áirítear, i gcás go bhfuil feidhm ag alt 1017 nó 1019, ar ioncam iomlán a chéile nó a céile nó a pháirtnéara shibhialta nó a páirtnéara shibhialta a laghdú go dtí méid nach lú ná an cháin ioncaim a mhuirearófaí dá muirearófaí cáin

ioncaim ar an ioncam iomlán sin de réir ráta 23 faoin gcéad.

(*b*) Tá feidhm ag mír (*a*) freisin i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (2) agus ag mír (*a*) nó (*b*) d'fho-alt (4) don bhliain chánach chéanna.

(4) (*a*) Más rud é, de bhua fho-alt (3), nach féidir le fostaí ríthábhachtach cuid den mhéid a ghéilleann fostóir iomchuí faoi alt 766(2A) dó nó di a úsáid chun an cháin ioncaim a mhuirearaítear ar a dhíolaíochtaí iomchuí nó a díolaíochtaí iomchuí a laghdú don bhliain chánach dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(*b*), beidh an fostaí sin i dteideal go ndéanfar an cháin ioncaim a mhuirearófar ar a dhíolaíochtaí iomchuí nó a díolaíochtaí iomchuí don chéad bhliain chánach eile a laghdú den chuid sin.

(*b*) Mura bhféadfar, agus a mhéid nach bhféadfar, aon chuid den mhéid a bheidh géillte ag fostóir iomchuí d'fhostaí ríthábhachtach faoi alt 766(2A), agus a thabharfar ar aghaidh faoi mhír (*a*) go dtí an chéad bhliain chánach eile, a úsáid sa chéad bhliain chánach eile sin, ansin féadfar í a úsáid sa chéad bhliain chánach eile dá éis agus mar sin de do gach bliain chánach dá éis go dtí go mbeidh méid iomlán na coda sin úsáidte nó go dtí go scoirfidh an fostaí ríthábhachtach dá dtagraítear i mír (*a*) de bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an fhostóra iomchuí a ghéill an méid faoi alt 766(2A).

(5) An méid atá fostóir iomchuí i dteideal a ghéilleadh d'fhostaí ríthábhachtach faoi alt 766(2A), agus a ghéilleann sé nó sí amhlaidh, tá sé díolmhaithe ó cháin ioncaim agus ní áireofar é le linn ioncam a ríomh chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim.

(6) Ní thabharfar aon laghdú faoin alt seo mura mbeidh an cháin go léir a asbhaineadh as díolaíochtaí a d'íoc an fostóir iomchuí leis an bhfostaí ríthábhachtach don bhliain chánach lena mbaineann an t-éileamh curtha ar aghaidh ag an bhfostóir iomchuí chuig an Ard-Bhailitheoir de réir rialachán arna ndéanamh faoi Chaibidil 4 de Chuid 42.

(7) D'ainneoin aon ní atá san alt seo, más rud é, d'aon bhliain chánach go ndéantar an cháin ioncaim a mhuirearaítear ar dhíolaíochtaí pearsan aonair a laghdú d'aon chuid de mhéid a ghéilleann a fhostóir nó a fostóir faoi alt 766(2A), agus go bhfaightear amach dá éis sin nach bhfuil an phearsa aonair sin ar aon chúis (lena n-áirítear nach bhfuil an méid tosaigh, de réir bhrí alt 766(2C), údaraithe le halt 766) i dteideal an laghdaithe sin, nó cuid den laghdú sin, ansin déanfaidh an phearsa aonair sin méid cánach a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim atá comhionann leis an laghdú sin, nó atá comhionann le cuid den laghdú sin, de réir mar is cuí, ar cháin ioncaim a deonaíodh faoin alt seo don bhliain chánach sin.

(8) D'ainneoin na hoibleagáide ar chuideachta faoi alt 766(2C) fógra a thabhairt d'fhostaí ríthábhachtach i dtaobh méid údaraithe iomchuí (de réir bhrí an ailt sin), mura bhfaighidh an fostaí ríthábhachtach an fógra sin, beidh feidhm ag fo-alt (6) amhail is dá bhfaighfí an fógra sin.

(9) Más rud é, do bhliain chánach, go ndéanfaidh pearsa aonair éileamh ar fhaoiseamh faoin alt seo, measfar, d'ainneoin aon ní dá mhalairt in alt 950 nó 1084, gur duine inmhuirearaithe chun críocha Chuid 41 an phearsa aonair don bhliain chánach sin.".

Leasú ar alt 244 (faoiseamh i leith úis arna íoc ar iasachtaí baile áirithe) den Phríomh-Acht.

9.—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2012 agus le blianta measúnachta dá éis, leasaítear alt 244 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1)(*a*), sa mhíniú ar "ús infhaoisimh", trí "31 Nollaig 2012" a chur in ionad "31 Nollaig 2011",

(*b*) i bhfo-alt (1A), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) D'ainneoin mhír (*a*), leanfaidh an t-alt seo d'fheidhm a bheith aige i leith na bliana measúnachta 2010 agus blianta measúnachta dá éis suas go dtí an bhliain mheasúnachta 2017 agus an bhliain sin san áireamh i leith ús cáilitheach arna íoc i leith iasacht cháilitheach a glacadh an 1 Eanáir 2004 nó dá éis agus an 31 Nollaig 2012 nó roimhe.",

(*c*) i bhfo-alt (1A)(*c*)(i), trí "i mír (*b*)" a chur in ionad "i mír (*b*)(i) nó (ii)",

(*d*) i bhfo-alt (2)(*a*)(i), trí "fo-alt (1A)(*b*)" a chur in ionad "fo-alt (1A)(*b*)(i)", agus

(*e*) i bhfo-alt (2)(*a*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

"(ii) d'ainneoin fhomhír (i), 30 faoin gcéad i leith na bliana measúnachta 2012 agus blianta measúnachta dá éis suas go dtí an bhliain mheasúnachta 2017 agus an bhliain sin san áireamh i leith ús cáilitheach arna íoc ar iasacht cháilitheach a glacadh an 1 Eanáir 2004 nó dá éis agus an 31 Nollaig 2008 nó roimhe—

(I) chun an chéad áit chónaithe cháilitheach de chuid pearsan aonair a cheannach, nó

(II) chun an dara háit chónaithe cháilitheach nó áit chónaithe cháilitheach ina dhiaidh sin de chuid pearsan aonair a cheannach ach sin sa chás amháin gur ceannaíodh an chéad áit chónaithe cháilitheach an 1 Eanáir 2004 nó dá éis.".

Leasú ar alt 472A (faoiseamh don lucht dífhostaithe fadtéarma) den Phríomh-Acht.

10.—Maidir leis an mbliain mheasúnachta 2012 agus le gach bliain mheasúnachta dá éis, leasaítear alt 472A(1)(*a*) den Phríomh-Acht sa mhíniú ar "pearsa aonair cháilitheach", i mír (i)(I), trí "agus atá, i leith na tréimhse dífhostaíochta sin, i dteideal ranníocaí creidiúnaithe a fháil de réir alt 33 d'Acht 2005 agus rialachán arna ndéanamh faoin alt sin, nó a bhí" a chur in ionad "agus a bhí, i leith na tréimhse dífhostaíochta sin".

Leasú ar alt 473A (faoiseamh i leith táillí arna n-íoc i leith oideachas tríú leibhéal, etc.) den Phríomh-Acht.

11.—Leasaítear alt 473A den Phríomh-Acht don bhliain mheasúnachta 2012 agus do gach bliain mheasúnachta dá éis i bhfoalt (4A)—

(*a*) i mír (*a*), trí "€2,250"a chur in ionad "€2,000", agus

(*b*) i mír (*b*), trí "€1,125" a chur in ionad "€1,000".

Asbhaint i leith ioncaim arna thuilleamh i stáit choigríche áirithe.

12.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) i gCuid 34, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 823:

"823A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'lá cáilitheach', i ndáil le hoifig nó fostaíocht de chuid pearsan aonair, lá ar an 1 Eanáir 2012 nó dá éis ar lá é de 4 lá ar a laghad as a chéile a mbeidh an phearsa aonair i láthair i stát iomchuí ar a bhfeadh go hiomlán chun dualgais na hoifige nó na fostaíochta a chomhlíonadh agus a bheidh (arna dtógáil san iomlán) á gcaitheamh go substaintiúil ar chomhlíonadh na ndualgas sin, ach ní dhéanfar aon lá a chomhaireamh mar lá cáilitheach níos mó ná uair amháin;

ciallaíonn 'oifig nó fostaíocht iomchuí', oifig nó fostaíocht a gcomhlíontar cuid de na dualgais a ghabhann léi i stát iomchuí ar lá cáilitheach;

ciallaíonn 'tréimhse iomchuí' i ndáil le bliain mheasúnachta, tréimhse leanúnach 12 mhí nach bhfuil ach cuid di ar áireamh sa bhliain mheasúnachta;

ciallaíonn 'stát iomchuí' Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Cónaidhm na Rúise, Poblacht na hIndia, Daon-Phoblacht na Síne nó Poblacht na hAfraice Theas;

ciallaíonn 'an méid sonraithe', i ndáil le bliain mheasúnachta agus le pearsa aonair, méid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$\frac{D \times E}{F}$$

i gcás—

gurb é D líon na laethanta cáilitheacha sa bhliain mheasúnachta i ndáil leis an bpearsa aonair,

gurb é E an t-ioncam, na brabúis nó na gnóchain go léir a eascraíonn sa bhliain mheasúnachta ó oifig iomchuí nó ó fhostaíocht iomchuí, cibé acu is inmhuirearaithe iad faoi Sceideal D nó E, agus folaíonn sé cibé méid d'aon ghnóchan lena mbaineann alt 128 ar a bhfuil cáin iníoctha sa Stát i gcás go ndéantar an gnóchan sin a réadú trí cheart a fheidhmiú, a shannadh nó a scaoileadh, is ceart a bheidh faighte ag an bpearsa aonair mar shealbhóir oifige nó mar fhostaí san oifig iomchuí nó san fhostaíocht

iomchuí, tar éis aon ranníoc nó préimh cháilitheach a asbhaint a ndéantar foráil le haghaidh asbhaint ina leith faoi alt 774(7), 787, 787E nó 787N ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(*a*) aon chaiteachas lena mbaineann alt 118,

(*b*) aon mhéid a ndéileáiltear leis mar dhíolaíochtaí de chuid fostaíochta faoi alt 121(2)(*b*)(ii) de bhua carr a chur ar fáil de bhíthin na fostaíochta,

(*c*) aon suim a ndéileáiltear léi chun críocha alt 112 mar pheircis de chuid oifige nó fostaíochta de bhua alt 122,

(*d*) aon íocaíocht lena mbaineann alt 123, nó

(*e*) aon suim a meastar gur brabúis nó gnóchain í a eascraíonn nó a fhabhraíonn ó oifig nó ó fhostaíocht de bhua alt 127(2),

agus

gurb é F líon comhiomlán na laethanta sa bhliain mheasúnachta ar shealbhaigh an phearsa aonair oifig iomchuí nó fostaíocht iomchuí lena linn.

(2) (*a*) Faoi réir mhír (*b*), beidh feidhm ag an alt seo—

(i) maidir le hoifig stiúrthóra cuideachta a thagann faoi réim muirear cánach corparáide, nó a thiocfadh faoi réim muirear cánach corparáide dá gcónódh sí sa Stát, agus a sheolann trádáil nó gairm,

(ii) maidir le fostaíocht seachas—

(I) fostaíocht a n-íoctar a díolaíochtaí as ioncam an Stáit, nó

(II) fostaíocht le haon bhord, údarás nó comhlacht eile dá shamhail arna bhunú le reacht nó faoi reacht.

(*b*) Níl feidhm ag an alt seo maidir le hioncam ó oifig nó ó fhostaíocht—

(i) atá inmhuirearaithe i leith cánach de réir alt 71(3), nó

(ii) ar ioncam é lena mbaineann alt 472D, 822, 825A nó 825C.

(3) Más rud é, d'aon bhliain mheasúnachta, go ndéanann pearsa aonair a chónaíonn sa Stát éileamh chuige sin chun oifigigh údaraithe agus go ndeimhníonn sé nó sí don oifigeach sin nach lú ná 60 lá—

(*a*) líon na laethanta sa bhliain sin ar laethanta cáilitheacha iad i ndáil le hoifig nó le fostaíocht

de chuid na pearsan aonair (mar aon le haon laethanta ar laethanta cáilitheacha iad i ndáil le haon oifig eile nó le haon fhostaíocht eile den sórt sin de chuid na pearsan aonair), nó

(*b*) líon na laethanta dá dtagraítear i mír (*a*) i dtréimhse iomchuí i ndáil leis an mbliain sin agus nach bhfuil aon chuid den tréimhse sin ar áireamh in aon tréimhse iomchuí eile,

déanfar méid a asbhaint ó ioncam, ó bhrabúis nó ó ghnóchain na pearsan aonair ó na hoifigí agus na fostaíochtaí go léir is inmheasúnaithe faoi Sceideal D nó Sceideal E, de réir mar is cuí, atá comhionann leis an méid sonraithe i ndáil leis an oifig nó leis an bhfostaíocht sin nó leis na hoifigí nó leis na fostaíochtaí sin ach ní mó an méid sin, nó comhiomlán na méideanna sin i gcás go bhfuil níos mó ná oifig amháin nó fostaíocht amháin den sórt sin ann, ná €35,000.

(4) D'ainneoin aon ní sna hAchtanna Cánach, measfar chun críocha an ailt seo nach bhfuil aon mhéideanna arna n-íoc i leith caiteachas a mbeadh asbhaint ina leith dlite faoi alt 114 ar áireamh san ioncam, sna brabúis nó sna gnóchain ó oifig nó ó fhostaíocht.

(5) Más rud é, do bhliain mheasúnachta, go bhfuil pearsa aonair i dteideal faoisimh faoi Chuid 35 i leith cánach arna híoc faoi dhlíthe stáit iomchuí ar an méid ioncaim, brabús nó gnóchan ó oifig iomchuí nó ó fhostaíocht iomchuí is inchurtha i leith dualgais na hoifige iomchuí nó na fostaíochta iomchuí a chomhlíonadh ar laethanta cáilitheacha sa stát iomchuí sin, laghdófar an méid sonraithe de mhéid an ioncaim sin, na mbrabús sin nó na ngnóchan sin.",

agus

(*b*) i Sceideal 25B, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an ábhair atá leagtha amach os coinne uimhir thagartha 48:

"

48A.	Alt 823A (asbhaint i leith ioncaim arna thuilleamh i stáit choigríche áirithe).	Méid atá comhionann leis an méid iomlán a asbhaintear as ioncam iomlán na pearsan aonair don bhliain chánach faoi alt 823A.

".

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir leis na blianta measúnachta 2012, 2013 agus 2014.

Leasú ar alt 825B (cáin a aisíoc i gcás nach gcuirfear tuilleamh ar aghaidh) den Phríomh-Acht.

13.—Leasaítear Cuid 34 den Phríomh-Acht in alt 825B—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1A):

"(1B) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir leis an mbliain chánach 2012 ná maidir le haon bhliain chánach ina dhiaidh sin.

(1C) D'ainneoin fho-alt (1B), leanfaidh an t-alt seo d'fheidhm a bheith aige—

(*a*) maidir leis na blianta cánach 2012 agus 2013 ach sin amháin i leith fostaithe iomchuí a raibh teideal acu chun faoisimh faoin alt seo den chéad uair sa bhliain chánach 2009,

(*b*) maidir leis na blianta cánach 2012, 2013 agus 2014 ach sin amháin i leith fostaithe iomchuí a raibh teideal acu chun faoisimh faoin alt seo den chéad uair sa bhliain chánach 2010, agus

(*c*) maidir leis na blianta cánach 2012, 2013, 2014 agus 2015 ach sin amháin i leith fostaithe iomchuí a raibh teideal acu chun faoisimh faoin alt seo den chéad uair sa bhliain chánach 2011.

(1D) I gcás go ndéanann fostaí iomchuí éileamh faoin alt seo do bhliain chánach, ní thabharfar faoiseamh faoi alt 823A, 825C ná 472D don bhliain chánach sin.",

agus

(*b*) i bhfo-alt (5)(*b*), trí "faoi réir tagairt do dheireadh na bliana cánach inar cuireadh na díolaíochtaí ar aghaidh a chur in ionad na tagartha do dheireadh na bliana cánach lena mbaineann an mheasúnacht" a chur in ionad "faoi réir tagairt do dheireadh na bliana cánach ina bhfuarthas na díolaíochtaí a chur in ionad na tagartha do dheireadh na bliana cánach inar cuireadh na díolaíochtaí ar aghaidh".

Clár faoisimh sannaí speisialta.

14.—Leasaítear an Príomh-Acht i gCuid 34 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 825B:

"825C.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'cuideachta chomhlachaithe', i ndáil le fostóir iomchuí, cuideachta arb í cuideachta chomhlachaithe an fhostóra iomchuí í de réir bhrí alt 432;

ciallaíonn 'fostóir iomchuí' cuideachta atá corpraithe, agus a bhfuil cónaí cánach uirthi, i dtír nó i ndlínse a bhfuil socruithe i bhfeidhm de thuras na huaire lena rialtas de bhua fho-alt (1) nó (1B) d'alt 826;

ciallaíonn 'fostaíocht iomchuí', i ndáil le fostaí iomchuí, fostaíocht a shealbhaíonn an fostaí iomchuí le fostóir iomchuí;

ciallaíonn 'ioncam iomchuí', i ndáil le fostaí iomchuí agus bliain chánach, ioncam, brabúis nó gnóchain an fhostaí iomchuí do bhliain chánach ó fhostaíocht le fostóir iomchuí nó le cuideachta chomhlachaithe, lena n-áirítear aon mhéid sonraithe a n-éilítear asbhaint ina leith faoi fho-alt (3) ach gan na nithe seo a leanas a áireamh:

(*a*) aon chaiteachas lena mbaineann alt 118;

(*b*) aon mhéid a ndéileáiltear leis mar dhíolaíochtaí fostaíochta faoi alt 121(2)(*b*)(ii);

(*c*) aon suim a ndéileáiltear léi chun críocha alt 112 mar pheircis fostaíochta de bhua alt 122;

(*d*) aon íocaíocht lena mbaineann alt 123;

(*e*) aon suim a meastar gur brabúis nó gnóchain í a eascraíonn nó a fhabhraíonn ó fhostaíocht de bhua alt 127(2);

(*f*) aon íocaíocht bhónais, cibé acu de dhroim conartha nó nach ea;

(*g*) aon ghnóchan lena mbaineann alt 128;

(*h*) aon scaireanna nó aon luach saothair scairbhunaithe a sholáthróidh an fostóir iomchuí nó cuideachta chomhlachaithe an fhostóra iomchuí, nó a sholáthrófar thar ceann an fhostóra nó na cuideachta comhlachaithe sin;

ciallaíonn 'oifigeach Ioncaim' oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn 'méid sonraithe', i ndáil le fostaí iomchuí agus bliain chánach, méid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$(A\text{-}B) \times 30 \text{ faoin gcéad}$$

i gcás—

gurb ionann A agus méid ioncaim, brabús nó gnóchan an fhostaí iomchuí óna fhostaíocht nó óna fostaíocht le fostóir iomchuí nó le cuideachta chomhlachaithe don bhliain chánach, gan aon mhéid nach measúnaítear i leith cánach sa Stát a áireamh, agus tar éis aon ranníoc nó préimh cháilitheach a asbhaint a ndéantar foráil faoi alt 774(7), 787, 787E nó 787N maidir le hasbhaint ina leith, ach i gcás gur mó ná €500,000 an méid sin, is ionann A agus €500,000 (dá ngairtear 'an tairseach uasta' san alt seo), agus

gurb ionann B agus €75,000 (dá ngairtear an 'tairseach íosta' san alt seo);

ciallaíonn 'bliain chánach' bliain mheasúnachta chun críocha cánach ioncaim.

(2) (*a*) San alt seo, ciallaíonn 'fostaí iomchuí' pearsa aonair—

(i) arbh fhostaí lánaimseartha de chuid fostóra iomchuí é nó í ar feadh iomlán an 12 mhí díreach roimh theacht isteach sa Stát dó nó di agus a d'fheidhmigh dualgais a fhostaíochta nó a fostaíochta don fhostóir iomchuí sin lasmuigh den Stát,

(ii) a thiocfaidh isteach sa Stát in aon bhliain de na blianta cánach 2012, 2013 nó 2014, ar a fhostóir iomchuí nó a fostóir iomchuí é sin a iarraidh air nó uirthi—

(I) chun dualgais a fhostaíochta nó a fostaíochta a chomhlíonadh don fhostóir sin, nó

(II) chun dul i mbun fostaíochta sa Stát le cuideachta chomhlachaithe,

(iii) a chomhlíonfaidh dualgais a fhostaíochta nó a fostaíochta sa Stát don fhostóir iomchuí sin nó don chuideachta chomhlachaithe sin, de réir mar is cuí, ar feadh tréimhse íosta 12 mhí as a chéile ón dáta a théann sé nó sí chun cónaithe sa Stát, agus

(iv) nach raibh cónaí air nó uirthi sa Stát ar feadh na 5 bliana cánach roimh an mbliain chánach ina dtagann sé nó sí isteach sa Stát i dtosach chun na dualgais dá dtagraítear i bhfomhír (iii) a chomhlíonadh.

(*b*) Le linn a chinneadh an gcomhlíontar dualgais fostaíochta sa Stát, maidir le haon dualgais a chomhlíontar lasmuigh den Stát, nach bhfuil ina gcomhlíonadh ach ní atá teagmhasach maidir le comhlíonadh na ndualgas sin sa Stát, déileálfar leo mar dhualgais a comhlíonadh sa Stát.

(3) (*a*) Más rud é, do bhliain chánach—

(i) go bhfuil cónaí ar fhostaí iomchuí sa Stát chun críocha cánach agus nach bhfuil cónaí air nó uirthi in áit eile,

(ii) go ndéanann fostaí iomchuí dualgais a fhostaíochta nó a fostaíochta le fostóir iomchuí nó dualgais fostaíochta le cuideachta chomhlachaithe a chomhlíonadh sa Stát, agus

(iii) go bhfuil ioncam iomchuí nach lú ná €75,000 ag fostaí iomchuí óna fhostóir iomchuí nó óna fostóir iomchuí nó ón gcuideachta chomhlachaithe,

agus go ndéanann sé nó sí éileamh chuige sin, ansin beidh an fostaí iomchuí sin i dteideal, i leith gach bliana de na 5 bliana cánach as a chéile dar tosach an bhliain chánach ar ina leith atá sé nó sí i dteideal den chéad uair faoiseamh a fháil faoin alt seo, a chur faoi deara go ndéanfar méid ioncaim, brabús nó gnóchan óna fhostaíocht nó óna fostaíocht le fostóir iomchuí nó óna fhostaíocht nó óna fostaíocht le cuideachta chomhlachaithe atá comhionann leis an méid sonraithe a asbhaint as an ioncam, as na brabúis nó as na gnóchain a bheidh le measúnú ar an bhfostaí iomchuí sin.

(*b*) Aon éileamh arna dhéanamh faoin alt seo, beidh deimhniú ag gabháil leis ó fhostóir iomchuí nó ó chuideachta chomhlachaithe, de réir mar a bheidh, á dhaingniú go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i bhfomhíreanna (i), (ii) agus (iii) d'fho-alt (2)(*a*) comhlíonta.

(4) Ní bheidh fostaí iomchuí i dteideal den chéad uair faoiseamh faoin alt seo a éileamh ach amháin mar seo a leanas—

(*a*) don chéad bhliain chánach ina dtiocfaidh sé nó sí isteach sa Stát chun na gcríoch a leagtar amach i bhfo-alt (2)(*a*)(ii) ar choinníoll gur sa Stát agus ní in áit eile a bheidh cónaí air nó uirthi chun críocha cánach don bhliain chánach sin,

(*b*) mura mbeidh cónaí air nó uirthi sa Stát chun críocha cánach don chéad bhliain chánach sin, don bhliain chánach tar éis na chéad bhliana sin ar choinníoll gur sa Stát a bheidh cónaí air nó uirthi don bhliain chánach sin dá éis sin agus nach in áit eile a bheidh cónaí air nó uirthi, nó

(*c*) i gcás gur sa Stát a bheidh cónaí air nó uirthi chun críocha cánach sa chéad bhliain chánach sin agus go mbeidh cónaí air nó uirthi in áit eile freisin, don bhliain chánach tar éis na chéad bhliana cánach sin ar choinníoll gur sa Stát a bheidh cónaí air nó uirthi chun críocha cánach don bhliain chánach sin dá éis sin agus nach mbeidh cónaí air nó uirthi in áit eile.

(5) I gcás go gcomhlíonann fostaí iomchuí dualgais fostaíochta iomchuí nó dualgais fostaíochta le cuideachta chomhlachaithe sa Stát ar feadh tréimhse is giorra ná bliain chánach iomlán a ndéanfar éileamh faoin alt seo ina leith, déanfar na tairseacha uasta agus íosta agus an méid ioncaim iomchuí a laghdú go comhréireach.

(6) In aon bhliain chánach ina mbeidh fostaí iomchuí i dteideal éileamh a dhéanamh ar fhaoiseamh faoi fho-alt (3), ní inmhuirearaithe cáin ar íoc ná ar aisíoc na nithe seo a leanas ag an bhfostóir iomchuí nó ag cuideachta chomhlachaithe—

(*a*) na costais réasúnacha a ghabhann le turas fillte amháin ón Stát don fhostaí iomchuí, dá chéile nó dá céile nó dá pháirtnéir sibhialta nó dá páirtnéir sibhialta, agus do leanbh de chuid an fhostaí iomchuí nó de chuid chéile nó pháirtnéir sibhialta an fhostaí iomchuí—

(i) chuig tír chónaithe an fhostaí iomchuí roimh theacht isteach sa Stát dó nó di,

(ii) chuig tír chónaithe an fhostaí iomchuí an tráth a d'fhostaigh an fostóir iomchuí é nó í den chéad uair, nó

(iii) chuig an tír dár náisiúnach an fostaí iomchuí nó a chéile nó a céile nó a pháirtnéir sibhialta nó a páirtnéir sibhialta,

agus

(*b*) costas táillí, nach mó ná €5,000 sa bhliain i leith gach linbh de chuid an fhostaí iomchuí nó gach linbh de chuid a chéile nó a céile nó a pháirtnéara shibhialta nó a páirtnéara shibhialta, arna n-íoc le scoil a bheidh bunaithe sa Stát agus a cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna chun bunoideachas nó iar-bhunoideachas a sholáthar do dhaltaí.

(7) Más rud é go ndéanfaidh fostaí iomchuí éileamh ar fhaoiseamh faoin alt seo do bhliain chánach—

(*a*) ní thabharfar faoiseamh faoi alt 823A, 825A ná 472D don bhliain chánach sin, agus

(*b*) ní bheidh feidhm ag alt 71(3) maidir le haon chuid den ioncam, de na brabúis nó de na gnóchain ó fhostaíocht le fostóir iomchuí nó le cuideachta chomhlachaithe.

(8) Más rud é go ndéanfaidh fostaí iomchuí éileamh ar fhaoiseamh faoin alt seo do bhliain chánach, measfar, d'ainneoin aon ní dá mhalairt in alt 950 nó 1084, gur duine inmhuirearaithe don bhliain chánach sin chun críocha Chuid 41 an fostaí iomchuí.

(9) D'ainneoin go gceanglaítear ar fhostóir iomchuí, nó ar chuideachta chomhlachaithe, de réir mar a bheidh, cáin a asbhaint ar an méid sonraithe faoi Chaibidil 4 de Chuid 42, ní gá aon asbhaint cánach den sórt sin a dhéanamh más rud é, tar éis iarratas ón bhfostóir iomchuí nó ó chuideachta chomhlachaithe, de réir mar is cuí, go ndaingneoidh oifigeach Ioncaim i scríbhinn nach gá aon asbhaint den sórt sin a dhéanamh.

(10) Más rud é, maidir le bliain chánach, go ndeimhneoidh fostóir iomchuí nó cuideachta chomhlachaithe, de réir mar a bheidh, go gcomhlíonann fostaí na coinníollacha a leagtar amach i bhfomhíreanna (i), (ii) agus (iii) d'fho-alt (2)(*a*), ceanglófar ar an bhfostóir iomchuí nó ar an gcuideachta chomhlachaithe tuairisceán bliantúil a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim ina leagfar amach—

(*a*) i leith gach fostaí den sórt sin—

(i) an t-ainm agus an uimhir PSP, agus

(ii) an méid ioncaim, brabús nó gnóchan nár asbhaineadh cáin ina leith de réir fho-alt (9),

agus

(*b*) mionsonraí an mhéadaithe ar líon na bhfostaithe a fhostaítear, nó mionsonraí an lín fostaithe a choinnítear, ag an bhfostóir iomchuí nó ag an gcuideachta chomhlachaithe de thoradh ar fhostaithe ar tairbhe dóibh an t-alt seo a shannadh don Stát.

(11) I gcás go mbeidh fostaí iomchuí i dteideal faoisimh faoi Chuid 35 i leith cánach arna híoc, faoi dhlíthe críche seachas an Stát, ar an ioncam, na brabúis nó na gnóchain ó fhostaíocht leis an bhfostóir iomchuí nó le cuideachta chomhlachaithe, déanfar méid an ioncaim sin, na mbrabús sin nó na ngnóchan sin a eisiamh le linn 'A' a fhorléiriú san fhoirmle atá sa mhíniú ar 'méid sonraithe' i bhfo-alt (1).

(12) D'ainneoin aon ní sna hAchtanna Cánach, measfar, chun críocha an ailt seo, nach bhfolaíonn an t-ioncam, na brabúis nó na gnóchain ó fhostaíocht le fostóir iomchuí nó le cuideachta chomhlachaithe aon mhéideanna arna n-íoc i leith caiteachais a ndlífí asbhaintí a dhéanamh ina leith faoi alt 114.".

Forálacha a bhaineann le ÍMAT.

15.—Leasaítear Caibidil 4 de Chuid 42 den Phríomh-Acht—

(*a*) in alt 986(1)(*m*), trí "na Coimisinéirí Ioncaim," a chur in ionad "na Coimisinéirí Ioncaim.",

(*b*) in alt 986(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*m*):

"(*n*) maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim do chur córas leictreonach nó córais leictreonacha ar fáil chun go mbeidh fostóirí agus fostaithe in ann a n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo agus faoi rialacháin arna ndéanamh faoin gCaibidil seo a chomhlíonadh agus freisin chun go ndéanfar cumarsáid leictreonach idir na Coimisinéirí Ioncaim, oifigigh do na Coimisinéirí Ioncaim, fostóirí agus fostaithe agus daoine eile de bhun oibleagáidí faoi na forálacha sin agus chun go soláthrófar feabhsuithe nó athruithe eile ar an gcóras sin nó na córais sin, de réir mar a bheidh, agus chun go ndéanfar aon chóras nó córais a chur in ionad aon chóras nó córais den sórt sin,

(*o*) chun a cheangal ar gach fostóir a dhéanann íocaíocht lena mbaineann an Chaibidil seo le fostaí fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den tréimhse a shonraítear sna rialacháin maidir leis na sonraí i dtaobh an fhostaí a shonraítear sna rialacháin,

(*p*) chun a cheangal ar gach fostóir a íocann díolaíochtaí lena mbaineann an Chaibidil seo is mó ná an teorainn a shonraítear i bhfo-alt (5) clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den teorainn ama a shonraítear sna rialacháin.",

(*c*) in alt 987(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*c*):

"(*d*) go mainníonn sé nó sí clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim de réir Rialachán 7 de na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) (Comhdhlúite), 2001 (I.R. Uimh. 559 de 2001), nó

(*e*) go mainníonn sé nó sí clár fostaithe a choimeád agus a choinneáil de réir Rialachán 8 de na Rialacháin Cánach Ioncaim (Fostaíochtaí) (Comhdhlúite), 2001 (I.R. Uimh. 559 de 2001),",

(*d*) in alt 990(1A)(*a*), trí "féadfaidh an fógra a bheith urscaoilte agus féadfar aon bhreis cánach a fhéadfaidh a bheith íoctha a aisíoc" a chur in ionad "beidh an fógra urscaoilte agus aisíocfar aon bhreis cánach a fheadfaidh a bheith íoctha",

(*e*) in alt 990(2), trí "faoin alt seo" a chur in ionad "faoi fho-alt (1)",

(*f*) in alt 990(3), trí "faoin alt seo" a chur in ionad "faoi fho-alt (1)",

(*g*) in alt 997A(4), trí "a d'íoc an chuideachta i mbliain mheasúnachta, déileálfar leis an gcáin íoctha don bhliain mheasúnachta sin mar cháin" a chur in ionad "a d'íoc an chuideachta, déileálfar leis an gcáin íoctha mar cháin", agus

(*h*) in alt 997A, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

"(7) D'ainneoin alt 960G agus chun an t-alt seo a chur chun feidhme, i gcás go bhfuil oibleagáid ar chuideachta aon mhéid a chur ar aghaidh—

(*a*) de bhua fhorálacha an Achta Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 agus rialachán arna ndéanamh faoin Acht sin, maidir le ranníocaí fostaíochta,

(*b*) de bhua fhorálacha Chuid 18D agus rialachán arna ndéanamh faoin gCuid sin, maidir le muirear sóisialach uilíoch, agus

(*c*) de bhua fhorálacha na Caibidle seo agus rialachán arna ndéanamh faoin gCaibidil seo, maidir le cáin ioncaim,

déanfar aon mhéid a chuireann an chuideachta ar aghaidh do bhliain mheasúnachta a fhritháireamh—

(i) ar an gcéad ásc, in aghaidh ranníocaí fostaíochta,

(ii) ar an dara hásc, in aghaidh muirear sóisialach uilíoch, agus

(iii) ar deireadh, in aghaidh cáin ioncaim.

(8) I gcás gurb éagóir le haon duine breith ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le héileamh ar chreidmheas i leith cánach arna hasbhaint ó dhíolaíochtaí, a mhéid a thugtar an bhreith sin faoi threoir aon fhorála den alt seo, beidh feidhm ag forálacha alt 949 maidir leis an mbreith sin amhail is dá mba chinneadh ar ní dá dtagraítear in alt 864 í.".

Athruithe i ndáil le faoiseamh cánach i leith léasóirí, caillteanais atá á dtabhairt ar aghaidh agus muirir chothromaíochta.

16.—(1) Leasaítear alt 372AP den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an míniú ar "lá iomchuí" a scriosadh,

(*b*) i bhfo-alt (1), i mír (*b*)(ii) den mhíniú ar "tréimhse iomchuí", trí "tar éis an dáta chríochnaithe sin;" a chur in ionad "tar éis an dáta chríochnaithe sin,",

(*c*) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar "tréimhse iomchuí", trí na focail go léir ó "ach, i ndáil le háitreabh" go dtí deireadh an mhínithe a scriosadh,

(*d*) i bhfo-alt (2), trí "Faoi réir fho-ailt (3), (4) agus (5)," a chur in ionad "Faoi réir fho-ailt (3), (4), (5), (8A), (8B) agus (8C),",

(*e*) i bhfo-alt (3), trí mhír (*c*) a scriosadh,

(*f*) i bhfo-alt (7), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad "méid mar chíos ón áitreabh sin atá comhionann le méid na hasbhainte sin nó, de réir mar a bheidh, le méid comhiomlán na n-asbhaintí sin.":

"méid mar chíos ón áitreabh sin atá comhionann leis an méid arna chinneadh de réir na foirmle—

A — B

i gcás—

gurb ionann A agus méid na hasbhainte nó, de réir mar a bheidh, comhiomlán na n-asbhaintí faoi fho-alt (2) i leith caiteachas cáilithe arna thabhú ar an áitreabh nó i ndáil leis an áitreabh, agus

gurb ionann B agus an chuid sin de mhéid aon bhreise (de réir bhrí alt 384) is inchurtha i leith na hasbhainte nó, de réir mar a bheidh, mhéid comhiomlán na n-asbhaintí faoi fho-alt (2) i leith caiteachas cáilithe a tabhaíodh ar an áitreabh nó i ndáil leis an áitreabh agus a tugadh ar aghaidh faoi alt 384 go dtí an bhliain mheasúnachta ina dtarlaíonn ceachtar de na teagmhais dá dtagraítear i míreanna (*a*) agus (*b*).",

(*g*) i bhfo-alt (8), trí mhír (*c*) a scriosadh, agus

(*h*) trí mhíreanna (8A), (8B), (8C) agus (8D) a scriosadh.

(2) Leasaítear alt 384 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) I gcás go mbeidh feidhm ag alt 372AP(7), déanfar méid na breise, a tugadh ar aghaidh de bhua fho-alt (2) go dtí bliain mheasúnachta ina dtarlaíonn ceachtar de na teagmhais dá dtagraítear in alt 372AP(7), a laghdú de mhéid arb ionannas dó B san fhoirmle atá san alt sin agus ní bheidh feidhm ag an alt seo sa bhliain mheasúnachta sin ná in aon bhliain mheasúnachta dá éis maidir le méid an laghdaithe sin.".

(3) Leasaítear alt 485C den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar "méid an fhaoisimh shonraithe", trí "ach sin faoi réir fho-alt (1A)," a chur isteach i ndiaidh "i leith bliana cánach,", agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) I gcás go ngearrfar muirear cothromaíochta faoi alt 274, i ndáil le foirgneamh nó déanmhas, ar phearsa aonair do bhliain chánach, ansin—

(*a*) a mhéid a bheidh aon liúntais chaipitiúla nár úsáideadh agus is inchurtha i leith caiteachas caipitiúil arna thabhú ar an bhfoirgneamh sin nó an déanmhas sin a fhoirgniú nó a athfheistiú tugtha ar aghaidh de réir alt 304 nó 305 chuig an mbliain chánach, agus a úsáidtear iad sa

bhliain chánach sin chun méid an mhuirir cothromaíochta a laghdú, ní dhéileálfar leis na liúntais sin i gcás iad a úsáid amhlaidh mar mhéid faoisimh shonraithe faoin gCaibidil seo, agus

(*b*) aon mhéid ar de a laghdaíodh an muirear cothromaíochta ar an modh dá dtagraítear i mír (*a*), ní chuirfear i gcuntas é chun ioncam coigeartaithe na pearsan aonair don bhliain chánach a chinneadh.".

(4) (*a*) Tá feidhm ag *fo-ailt (1)(f)* agus *(2)* maidir le teagmhas dá dtagraítear i mír (*a*) nó (*b*) d'alt 372AP(7) den Phríomh-Acht agus a tharlaíonn an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

(*b*) Tá feidhm ag *fo-alt (3)* maidir le muirear cothromaíochta (de réir bhrí alt 274 den Phríomh-Acht) a ghearrtar an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Forálacha i ndáil le dreasachtaí maoine agus liúntais chaipitiúla.

17.—Leasaítear Cuid 12 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Chaibidil 4A (a cuireadh isteach le halt 23 den Acht Airgeadais, 2011):

"Caibidil 4A

Tabhairt ar aghaidh caillteanas áirithe a fhoirceannadh

Léiriú agus ginearálta (Caibidil 4A).

409F.—(1) Tá feidhm ag an gCaibidil seo d'ainneoin aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach.

(2) Sa Chaibidil seo—

tá le 'comhpháirtí gníomhach' an bhrí chéanna atá leis in alt 409A;

tá le 'trádálaí gníomhach' an bhrí chéanna atá leis in alt 409D;

tá le 'liúntas caipitiúil limistéarbhunaithe' aon liúntas, nó cuid de liúntas den sórt sin, a thugtar faoi Chaibidil 1 de Chuid 9 de réir mar a chuirtear an Chaibidil sin chun feidhme—

(*a*) le halt 323, 331, 332, 341, 342, 343, 344, 352, 353, 372C, 372D, 372M, 372N, 372V, 372W, 372AC nó 372AD do thréimhse inmhuirearaithe, nó

(*b*) de bhua mhír 11 de Sceideal 32 do thréimhse inmhuirearaithe,

lena n-áirítear aon liúntas den sórt sin, nó cuid d'aon liúntas den sórt sin, a tugadh do thréimhse inmhuirearaithe roimhe sin agus a tugadh ar aghaidh ón tréimhse inmhuirearaithe sin roimhe sin de réir Chuid 9;

ciallaíonn 'liúntas cothromaíochta' agus 'muirear cothromaíochta' aon liúntas nó muirear, de réir mar a bheidh, a thugtar nó a ghearrtar faoi alt 274;

ciallaíonn 'liúntas caipitiúil' aon liúntas, nó cuid de liúntas den sórt sin, a shonraítear sa mhíniú ar 'liúntas caipitiúil limistéarbhunaithe' nó 'liúntas caipitiúil sonraithe';

tá le 'tréimhse inmhuirearaithe' an bhrí chéanna atá leis in alt 321 agus déanfar tagairt do thréimhse inmhuirearaithe nó dá bonntréimhse a fhorléiriú de réir fho-alt (2) den alt sin;

ciallaíonn 'tréimhse chuntasaíochta iomchuí' an ceann is déanaí díobh seo a leanas—

(*a*) an tréimhse chuntasaíochta a thosaíonn díreach tar éis na tréimhse cuntasaíochta inar chríochnaigh saol cánach an fhoirgnimh nó an déanmhais, nó

(*b*) an tréimhse chuntasaíochta, nó an chéad tréimhse chuntasaíochta má tá níos mó ná ceann amháin ann, a chríochnóidh in 2015;

ciallaíonn 'tréimhse inmhuirearaithe iomchuí' an ceann is déanaí díobh seo a leanas—

(*a*) an tréimhse inmhuirearaithe a thosaíonn díreach tar éis na tréimhse inmhuirearaithe inar chríochnaigh saol cánach an fhoirgnimh nó an déanmhais, nó

(*b*) an tréimhse inmhuirearaithe, nó an chéad tréimhse inmhuirearaithe má tá níos mó ná ceann amháin ann, a chríochnóidh in 2015;

ciallaíonn 'bliain chánach iomchuí' an ceann is déanaí díobh seo a leanas—

(*a*) an bhliain chánach a thosaíonn go díreach tar éis na bliana cánach inar chríochnaigh saol cánach an fhoirgnimh nó an déanmhais, nó

(*b*) an bhliain chánach 2015;

ciallaíonn 'liúntas caipitiúil sonraithe' aon fhaoiseamh sonraithe—

(*a*) ar liúntas síos-scríofa nó liúntas cothromaíochta é arna thabhairt do thréimhse inmhuirearaithe, nó

(*b*) ar liúntas nó cuid de liúntas den sórt sin é arna thabhairt faoi Chaibidil 1 de Chuid 9 mar a chuirtear an Chaibidil sin chun feidhme le halt 372AX, 372AY, 843 nó 843A do thréimhse inmhuirearaithe,

lena n-áirítear aon liúntas den sórt sin nó cuid de liúntas den sórt sin a tugadh do thréimhse inmhuirearaithe roimhe sin agus a tugadh ar aghaidh ón tréimhse inmhuirearaithe sin roimhe sin de réir Chuid 9;

tá le 'faoiseamh sonraithe' an bhrí chéanna atá leis in alt 485C;

ciallaíonn 'saol cánach', i ndáil le foirgneamh nó déanmhas, an tréimhse chuí dá dtagraítear in alt 272(4) i leith an fhoirgnimh nó an déanmhais sin, ar tréimhse í nach ceadmhach, tar éis deireadh a bheith léi, aon liúntas caipitiúil a thabhairt ar an leas iomchuí (de réir bhrí alt 269) san fhoirgneamh sin nó sa déanmhas sin a dhiúscairt;

ciallaíonn 'bliain chánach' bliain mheasúnachta;

ciallaíonn 'liúntas síos-scríofa' aon liúntas arna thabhairt faoi alt 272 agus folaíonn sé aon liúntas den sórt sin arna mhéadú faoi alt 273.

Liúntais chaipitiúla a fhoirceannadh.

409G.—(1) Maidir le haon bhliain chánach, is nialas a bheidh, chun críocha uile na nAchtanna Cánach, ach sin faoi réir fho-ailt (5) agus (6), i méid aon liúntais chaipitiúil shonraithe, i ndáil le foirgneamh nó déanmhas, atá ar fáil lena thabhairt ar aghaidh, de réir alt 304 nó 305, chuig bliain chánach iomchuí nó chuig aon bhliain chánach dá éis.

(2) Maidir le haon tréimhse chuntasaíochta, is nialas a bheidh i méid aon liúntais chaipitiúil shonraithe, chun críocha uile na nAchtanna Cánach, i ndáil le foirgneamh nó le déanmhas—

(*a*) atá ar fáil chun é a thabhairt ar aghaidh chuig tréimhse chuntasaíochta iomchuí, nó chuig aon tréimhse chuntasaíochta dá éis, de réir alt 308(3), nó

(*b*) a fhéadfar a fhritháireamh, de réir alt 308(4), in aghaidh brabúis tréimhse cuntasaíochta roimh an tréimhse chuntasaíochta iomchuí lena mbaineann mír (*a*),

ach sin faoi réir fho-alt (6).

(3) Chun críocha uile na nAchtanna Cánach, maidir le haon bhliain chánach, is nialas a bheidh i méid aon liúntais chaipitiúil limistéarbhunaithe, i ndáil le foirgneamh nó le déanmhas, atá ar fáil lena thabhairt ar aghaidh chuig bliain chánach iomchuí nó chuig aon bhliain chánach dá éis sin, de réir alt 304 nó 305, mar a dhéantar na forálacha sin a chur chun feidhme nó a mhodhnú le haon fhoráil eile de na hAchtanna sin, ach sin faoi réir fho-ailt (5) agus (6).

(4) Maidir le haon tréimhse chuntasaíochta, is nialas, chun críocha uile na nAchtanna Cánach, a bheidh i méid aon liúntais chaipitiúil limistéarbhunaithe, i ndáil le foirgneamh nó déanmhas—

(*a*) atá ar fáil lena thabhairt ar aghaidh chuig tréimhse chuntasaíochta iomchuí nó chuig aon tréimhse chuntasaíochta dá éis sin, de réir alt 308(3), nó

(*b*) a fhéadfar a fhritháireamh, de réir alt 308(4), in aghaidh brabúis tréimhse cuntasaíochta roimh an tréimhse chuntasaíochta iomchuí lena mbaineann mír (*a*),

ach sin faoi réir fho-alt (6).

(5) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (1) agus (3) maidir le pearsa aonair i gcás go dtabharfar aon liúntas caipitiúil le linn trádáil a chur faoi cháin ar comhpháirtí gníomhach nó trádálaí gníomhach an phearsa aonair i ndáil léi.

(6) D'ainneoin fho-ailt (1) go (4), más rud é, i dtréimhse inmhuirearaithe iomchuí nó i dtréimhse inmhuirearaithe dá éis sin, go mbeidh muirear cothromaíochta le gearradh ar dhuine i ndáil le haon fhoirgneamh nó aon déanmhas, féadfar aon liúntas caipitiúil i ndáil leis an bhfoirgneamh sin nó an déanmhas sin a thabharfaí ar aghaidh, murach na fo-ailt sin, chuig an tréimhse inmhuirearaithe sin, a fhritháireamh in aghaidh an mhuirir cothromaíochta sin agus ní in aghaidh aon ioncam, brabúis nó gnóchain eile sa tréimhse inmhuirearaithe sin nó in aon tréimhse inmhuirearaithe eile dá éis sin nó roimhe sin.".

Sochair scoir.

18.—(1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 30 den Phríomh-Acht in alt 772—

(*a*) i bhfo-alt (3A), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an fhorléirithe ar "A" san fhoirmle i mír (*a*):

"gurb é A—

(I) an méid atá comhionann le luach chearta fabhraithe na pearsan aonair iomchuí faoin scéim (lena n-áirítear cearta fabhraithe a bhaineann le ranníocaí saorálacha breise faoin scéim) gan aon chnapshuim arna híoc de réir fho-alt (3)(*f*) a áireamh, nó

(II) an méid atá comhionann le luach chearta fabhraithe na pearsan aonair iomchuí faoin scéim a bhaineann le ranníocaí saorálacha breise a d'íoc an phearsa aonair sin gan aon chuid den mhéid sin arna híoc ar mhodh cnapshuime de réir fho-alt (3)(*f*)

i gcomhréir le rialacha na scéime a áireamh, agus",

(*b*) i bhfo-alt (3A)(*aa*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

"(ii) amhail is nár achtaíodh clásal (I) den fhorléiriú ar 'A' san fhoirmle i mír (*a*) riamh.",

(*c*) i bhfo-alt (3B)(*b*), trí "seachas i gcás pearsan aonair dá dtagraítear i gclásal (II) den fhorléiriú ar 'A' san fhoirmle i bhfo-alt (3A)(*a*) agus i gcás pearsan aonair dá dtagraítear i bhfo-alt (3A)(*aa*)" a chur in ionad "seachas i gcás pearsan aonair dá dtagraítear i bhfo-alt (3A)(*aa*)", agus

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3G):

"(3H) Ní scoirfidh scéim sochar scoir de bheith ina scéim cheadaithe ná ní choiscfear ar na Coimisinéirí Ioncaim scéim sochar scoir a cheadú chun críocha na Caibidle seo mar gheall ar aon fhoráil i rialacha na scéime lena gceadaítear do chomhalta a thagann faoi réim fhorálacha alt 787TA rogha a fheidhmiú de réir an ailt sin lena gceanglaítear ar iontaobhaithe na scéime méid arb ionannas dó luach chearta fabhraithe an chomhalta, nó cuid den luach sin, faoin scéim ar dháta feidhmithe na rogha a aistriú chuig an gcomhalta.".

(2) Leasaítear Caibidil 2 de Chuid 30 den Phríomh-Acht in alt 784 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2D):

"(2E) D'ainneoin aon fhoráil eile den Chaibidil seo, ní scoirfidh conradh blianachta scoir de bheith ina chonradh blianachta arna cheadú de thuras na huaire ag na Coimisinéirí Ioncaim, ná ní choiscfear ar na Coimisinéirí Ioncaim conradh den sórt sin a cheadú d'ainneoin go bhforálfar leis an gconradh go ndéanfar an bhlianacht a bheidh urraithe leis an gconradh don phearsa aonair a iomalartú, i gcás go dtiocfaidh an phearsa aonair faoi réim fhorálacha alt 787TA, a mhéid is gá chun go bhfeidhmeodh an phearsa aonair rogha de réir an ailt sin lena gceanglaítear ar an duine lena ndéantar an conradh méid arb ionannas dó luach, nó cuid de luach, chearta fabhraithe na pearsan aonair faoin gconradh ar dháta feidhmithe na rogha a aistriú chuig an bpearsa aonair.".

(3) Leasaítear Caibidil 2 de Chuid 30 den Phríomh-Acht in alt 784A—

(*a*) trí fho-alt (1BA) a scriosadh,

(*b*) i bhfo-alt (1C), trí "in alt 790D(4)" a chur in ionad "i bhfo-alt (1BA)(*b*)",

(*c*) i bhfo-alt (1E), trí "Chun críocha fho-alt (1B)" a chur in ionad "Chun críocha fho-ailt (1B) agus (1BA)",

(*d*) i bhfo-alt (3), trí "Faoi réir fho-ailt (3A) agus (4)" a chur in ionad "Faoi réir fho-alt (4)",

(*e*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) más rud é go ndéantar an dáileadh dá dtagraítear san fho-alt sin chun aisíocaíocht a dhéanamh le riarthóir (de réir bhrí alt 787O(1)), go hiomlán nó go páirteach, maidir leis an riarthóir sin d'íoc cáin ioncaim, arna muirearú ar bharrachas inmhuirearaithe faoi fhorálacha Chaibidil 2C den Chuid seo i leith an duine ag a bhfuil teideal tairbhiúil chuig na sócmhainní sa chiste.",

agus

(*f*) i bhfo-alt (4)(*c*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad na bhfocal uile ó "déanfaidh an bainisteoir ciste cháilithigh" go dtí deireadh na forála:

"déanfaidh an bainisteoir ciste cháilithigh cáin ioncaim a asbhaint ón dáileadh faoi chás IV de Sceideal D de réir ráta 30 faoi gcéad, agus—

(I) maidir leis an méid a muirearófar cáin amhlaidh air—

(A) ní áireofar é le linn ioncam iomlán chun críocha na nAchtanna Cánach a ríomh, agus

(B) ní thabharfar aird le linn é a ríomh ar aon mhéid is inasbhainte ó ioncam iomlán chun críocha na nAchtanna Cánach, nó is inasbhainte le linn an t-ioncam sin a ríomh,

(II) déanfar an dáileadh a mhuirearú ar an modh sin gan aon fhaoiseamh ná laghdú a shonraítear sa Tábla a ghabhann le halt 458, nó gan aon asbhaint eile ón dáileadh sin, agus

(III) ní bheidh feidhm ag alt 188 i dtaca leis an méid a mhuirearófar amhlaidh.

(*d*) I gcás go ndéanann bainisteoir ciste cháilithigh cáin a asbhaint de réir mhír (*c*), beidh feidhm ag fo-ailt (8) go (15) d'alt 790AA, fara aon mhodhnuithe is gá—

(i) amhail is dá mba thagairt don bhainisteoir ciste cháilithigh aon tagairt sna fo-ailt sin don riarthóir,

(ii) amhail is dá mba thagairt do chiste scoir ceadaithe aon tagairt sna fo-ailt sin do shocrú pinsin iomchuí, agus

(iii) amhail is dá mba thagairt do dháileadh de chineál dá dtagraítear i mír (*c*) aon tagairt sna fo-ailt sin do chnapshuim barrachais.".

(4) Leasaítear Caibidil 2A de Chuid 30 den Phríomh-Acht—

(*a*) in alt 787G(3)(*e*), trí "in alt 787K(2A)," a chur in ionad "in alt 787K(2A).",

(*b*) in alt 787G(3), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*e*):

"(*f*) méid a chuirtear ar fáil ón CCSP, i gcás gur CCSP dílsithe (de réir bhrí alt 790D(1)) an CCSP, chun aisíocaíocht a dhéanamh le riarthóir (de réir bhrí alt 787O(1)), go hiomlán nó go páirteach, i leith an riarthóir sin d'íoc cáin ioncaim arna muirearú ar bharrachas inmhuirearaithe faoi fhorálacha Chaibidil 2C den Chuid seo i leith an ranníocóra CCSP.",

agus

(*c*) in alt 787K, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2A):

"(2B) Ní scoirfidh táirge CCSP (de réir bhrí Chuid X d'Acht na bPinsean, 1990) de bheith ina tháirge ceadaithe faoi alt 94 den Acht sin ná ní choiscfear ar na Coimisinéirí Ioncaim táirge faoin alt sin a cheadú d'ainneoin go gceadaítear leis an táirge don riarthóir CCSP, i gcás go dtagann an ranníocóir CCSP faoi réim fhorálacha alt 787TA, méid a chur ar fáil a mhéid is gá é ó shócmhainní CCSP is méid chun críocha rogha a fheidhmíonn an ranníocóir CCSP de réir an ailt sin lena gceanglaítear ar an riarthóir CCSP méid arb ionannas dó luach, nó cuid de luach, chearta fabhraithe an ranníocóra CCSP faoin táirge ar dháta feidhmithe na rogha a aistriú chuig an ranníocóir CCSP.".

(5) Leasaítear Caibidil 2C de Chuid 30 den Phríomh-Acht in alt 787Q—

(*a*) i bhfo-alt (6)(*a*), trí "nó, i gcás an phearsa aonair a bheith éagtha, dá eastát nó dá heastát",

(*b*) i bhfo-alt (6), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) déanfaidh an phearsa aonair aisíocaíocht leis an riarthóir as an gcáin arna híoc amhlaidh de réir fho-alt (7).",

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

"(7) Déanfar aisíocaíocht ar an tslí seo a leanas le riarthóir dá dtagraítear i bhfo-alt (6) i leith cáin a íoc a eascraíonn ar bharrachas inmhuirearaithe—

(*a*) i gcás gurb é a bheidh sa mhéid cánach a íocadh 50 faoin gcéad nó céatadán is lú de mhéid na cnapshuime is iníoctha leis an bpearsa aonair faoi rialacha an tsocraithe pinsin iomchuí arna laghdú de mhéid na cánach arna mhuirearú

faoi fho-alt (3)(*a*)(*i*) nó (3)(*b*)(*i*)(I) d'alt 790AA ar chnapshuim barrachais (de réir bhrí fho-alt (1)(*e*) den alt sin), más ann, i leith na cnapshuime sin (dá ngairtear 'an ghlan-chnapshuim' san fho-alt seo)—

(i) tríd an gcéatadán sin den ghlan-chnapshuim a leithreasú,

(ii) tríd an bpearsa aonair d'íoc méid leis an riarthóir atá comhionann leis an méid cánach a íocadh, nó

(iii) trí theaglaim d'fhomhíreanna (i) agus (ii) a fhágann go bhfuil comhiomlán chéatadán na glan-chnapshuime arna leithreasú agus an mhéid a d'íoc an phearsa aonair leis an riarthóir comhionann leis an méid cánach a íocadh,

(*b*) i gcás gur mó ná 50 faoin gcéad den ghlan-chnapshuim an méid cánach a íocadh—

(i) (I) trí mhéid nach lú ná 50 faoin gcéad den ghlan-chnapshuim, nó cibé céatadán is airde a chomhaontóidh an riarthóir agus an phearsa aonair, a leithreasú,

(II) tríd an bpearsa aonair d'íoc méid leis an riarthóir nach lú ná 50 faoin gcéad den ghlan-chnapshuim, nó cibé méid is airde a chomhaontóidh an riarthóir agus an phearsa aonair, nó

(III) trí theaglaim de chlásail (I) agus (II) a fhágann nach lú ná 50 faoin gcéad den ghlan-chnapshuim comhiomlán chéatadán na glan-chnapshuime arna leithreasú agus an mhéid a d'íoc an phearsa aonair leis an riarthóir,

agus

(ii) (I) tríd an méid comhlán bliantúil pinsin is iníoctha leis an bpearsa aonair faoi rialacha an tsocraithe pinsin iomchuí a laghdú (dá ngairtear an 'laghdú pinsin' san fho-alt seo), ar feadh tréimhse a chomhaontófar idir an phearsa aonair agus an riarthóir agus nach faide ná 10 mbliana ón dáta a íocadh an pinsean den chéad uair (dá ngairtear an 'tréimhse chomhaontaithe' san fho-alt seo), chun gur leor an laghdú pinsin thar an tréimhse chomhaontaithe chun an chuid sin den cháin íoctha nár aisíocadh faoi fhomhír (i), más ann, (dá ngairtear 'an t-iarmhéid' san fho-alt seo) a aisíoc leis an riarthóir,

(II) tríd an bpearsa aonair d'íoc leis an riarthóir méid atá comhionann leis an

iarmhéid laistigh den tréimhse 3 mhí ó dháta an teagmhais criostalaithe sochair ba bhun leis an mbarrachas inmhuirearaithe, nó

(III) trí laghdú pinsin thar thréimhse chomhaontaithe mar a fhoráiltear i gclásal (I) agus tríd an bpearsa aonair d'íoc méid mar a fhoráiltear i gclásal (II) i gcás go bhfuil comhiomlán mhéid an laghdaithe ar an bpinsean thar an tréimhse chomhaontaithe agus an mhéid is iníoctha ag an bpearsa aonair comhionann leis an iarmhéid,

(*c*) déanfar íocaíocht ag pearsa aonair le riarthóir dá dtagraítear i bhfomhíreanna (ii) agus (iii) de mhír (*a*) agus i gclásail (II) agus (III) d'fhomhír (*b*)(i) (dá ngairtear an 'íocaíocht chéadluaite' sa mhír seo) sula n-íocann an riarthóir méid na glan-chnapshuime nó, de réir mar a bheidh, cibé méid den ghlan-chnapshuim nach ndearnadh a leithreasú chun aisíocaíocht a dhéanamh leis an riarthóir i leith íoc cánach a eascraíonn ar an mbarrachas inmhuirearaithe agus féadfaidh an riarthóir íoc an mhéid sin a choimeád siar go dtí cibé tráth a dhéanann an phearsa aonair an íocaíocht chéadluaite.".

(6) Leasaítear Caibidil 2C de Chuid 30 den Phríomh-Acht in alt 787R—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) Measfar gur tagairt don mhéid cánach ioncaim arna mhuirearú amhlaidh agus arna laghdú, de réir mar is cuí, faoi alt 787RA na tagairtí i bhfo-ailt (2) agus (3) do cháin ioncaim arna muirearú faoi fho-alt (1).",

agus

(*b*) i bhfo-alt (4), trí "agus" a scriosadh i ndeireadh mhír (*d*) agus tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*e*):

"(*e*) i gcás gur riarthóir de chineál dá dtagraítear i mír (*d*) den mhíniú ar 'riarthóir' in alt 787O(1) riarthóir an tsocraithe agus, más iomchuí, mionsonraí maidir le méid na cánach neamhíoctha a cheanglaítear ar an riarthóir a íoc agus a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir faoi fho-ailt (18) agus (19) d'alt 787TA, agus

(*f*) cibé faisnéis eile a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim le réasún chun críocha na Caibidle seo.".

(7) Leasaítear Caibidil 2C de Chuid 30 den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 787R:

"Creidmheas i leith cáin a íocadh ar chnapshuim barrachais.

787RA.—(1) Más rud é, an 1 Eanáir 2011 nó dá éis, go dtarlaíonn teagmhas criostalaithe sochair is bun le barrachas inmhuirearaithe de réir alt 787Q i ndáil le pearsa aonair i leith socrú pinsin iomchuí, ansin, a mhéid a muirearaíodh cáin ioncaim faoi fho-alt (3)(*a*)(i) nó (3)(*b*)(i)(I) d'alt 790AA ar chnapshuim barrachais (de réir bhrí fho-alt (1)(*e*) den alt sin) i leith cnapshuim a íocadh leis an bpearsa aonair, ar an dáta sin nó dá éis—

(*a*) ag riarthóir an tsocraithe pinsin iomchuí sin (dá ngairtear an 'riarthóir céadluaite' san alt seo), cibé acu faoin socrú pinsin iomchuí sin nó faoi aon socrú pinsin iomchuí eile arna riaradh ag an riarthóir céadluaite, nó

(*b*) ag riarthóir ar shocrú pinsin iomchuí eile, i gcás go gcomhlíontar an coinníoll i bhfo-alt (2),

déanfar an cháin ioncaim ar an mbarrachas inmhuirearaithe arna muirearú de réir alt 787R (dá ngairtear 'an cháin ar bharrachas inmhuirearaithe' san alt seo) a laghdú de chomhiomlán an mhéid cánach ioncaim arna mhuirearú faoi fho-alt (3)(*a*)(i) nó (3)(*b*)(i)(I) d'alt 790AA ar an gcnapshuim barrachais agus arna asbhaint ag an riarthóir céadluaite agus mhéid na cánach ioncaim sin arna mhuirearú ar an gcnapshuim barrachais agus arna asbhaint ag an riarthóir eile (dá ngairtear 'an cháin chnapshuime' san alt seo).

(2) Is é an coinníoll dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(*b*) go bhfaighidh an riarthóir céadluaite deimhniú ón riarthóir eile ina luafar—

(*a*) ainm agus seoladh an riarthóra,

(*b*) ainm iomlán, seoladh agus uimhir PSP na pearsan aonair,

(*c*) an socrú pinsin iomchuí ar ina leith a d'eascair an teagmhas criostalaithe sochair ba bhun leis an gcnapshuim barrachais,

(*d*) an dáta a íocadh an chnapshuim ar ina leith a asbhaineadh cáin ar an gcnapshuim barrachais faoi alt 790AA agus méid na cnapshuime, agus

(*e*) méid na cánach cnapshuime i leith na cnapshuime barrachais ar ar muirearaíodh cáin de réir

fho-alt (3)(*a*)(*i*) nó (3)(*b*)(*i*)(I) d'alt 790AA agus a d'asbhain an riarthóir agus a chuir an riarthóir ar aghaidh chun an Ard-Bhailitheora de réir fho-alt (8) den alt sin.

(3) Faoi réir fho-alt (4), i gcás gur mó an cháin chnapshuime dá dtagraítear i bhfo-alt (1) ná an cháin ar bharrachas inmhuirearaithe dá dtagraítear san fho-alt sin, féadfar an méid ar de is mó an cháin chnapshuime ná an cháin ar bharrachas inmhuirearaithe a thabhairt ar aghaidh agus a chomhiomlánú leis an gcáin chnapshuime ar chnapshuim (más ann) a íocfar leis an bpearsa aonair faoin gcéad teagmhas criostalaithe sochair eile a tharlóidh i ndáil leis an bpearsa aonair sin (dá ngairtear 'an t-iarmhéid cánach' san alt seo) agus, a mhéid is féidir, é a úsáid chun méid na cánach ar bharrachas inmhuirearaithe a eascróidh ar an teagmhas criostalaithe sochair sin (dá ngairtear 'an cháin ar bharrachas inmhuirearaithe todhchaí' san alt seo) a laghdú agus mar sin de i leith gach teagmhais criostalaithe sochair dá éis sin go dtí go mbeidh lánúsáid bainte as an iarmhéid cánach.

(4) Más rud é gur cáin i leith teagmhas criostalaithe sochair faoi shocrú pinsin iomchuí nach bhfuil á riaradh ag an riarthóir céadluaite a bheidh i gcáin ar bharrachas inmhuirearaithe todhchaí agus nach mbeidh lánúsáid bainte as an iarmhéid cánach, gheobhaidh riarthóir an tsocraithe pinsin iomchuí sin deimhniú ón riarthóir céadluaite ina luafar—

(*a*) ainm agus seoladh an riarthóra chéadluaite,

(*b*) ainm iomlán, seoladh agus Uimhir PSP na pearsan aonair, agus

(*c*) méid an iarmhéid cánach neamhúsáidte.

(5) I gcás go bhfaighidh riarthóir deimhniú dá dtagraítear i bhfo-alt (4), féadfar an cháin ar bharrachas inmhuirearaithe todhchaí a laghdú de chomhiomlán mhéid an iarmhéid cánach neamhúsáidte dá dtagraítear sa deimhniú sin agus na cánach cnapshuime, más ann, a mhuirearóidh an riarthóir sin i leith an teagmhais criostalaithe sochair is bun leis an gcáin ar bharrachas inmhuirearaithe todhchaí.

(6) Beidh feidhm ag fo-ailt (4) agus (5), de réir mar is cuí, agus fara aon mhodhnuithe is gá, ar gach ócáid chomhleanúnach ar a dtarlóidh teagmhas criostalaithe sochair i ndáil leis an bpearsa aonair i gcás nach é nó nach í an duine céanna riarthóir an teagmhais criostalaithe sochair sin agus riarthóir an teagmhais criostalaithe sochair díreach roimhe sin.

(7) Beidh feidhm ag fo-alt (6) d'alt 787R, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le riarthóir a gheobhaidh deimhniú faoi fho-alt (2) nó (4) amhail is dá mba thagairt do dheimhniú nó do dheimhnithe lena mbaineann fo-alt (2) nó (4) an tagairt do dhearbhú nó do dhearbhuithe san fho-alt sin (6).

(8) Aon cháin chnapshuime nó iarmhéid cánach dá dtagraítear san alt seo—

(*a*) ní úsáidfear í nó é ach uair amháin chun cáin ar bharrachas inmhuirearaithe a laghdú, agus

(*b*) ní úsáidfear chun aon chríche eile í nó é.",

agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 787T:

"Rogha sóinseála.

787TA.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'comhalta gníomhach', i ndáil le scéim earnála poiblí comhalta den scéim atá i seirbhís ináirithe de réir bhrí alt 2(1) d'Acht na bPinsean, 1990;

ciallaíonn 'CSÍC' ciste scoir íosta ceadaithe;

ciallaíonn 'CSC' ciste scoir ceadaithe;

tá le 'Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta' an bhrí a shanntar dó le halt 787A agus forléireofar an abairt 'CCSP' dá réir sin;

ciallaíonn 'scéim earnála príobháidí' socrú pinsin iomchuí de chineál a thuairiscítear i míreanna (*a*) go (*d*) den mhíniú ar 'socrú pinsin iomchuí';

tá le 'riarthóir CCSP' an bhrí a shanntar dó le halt 787A;

ciallaíonn 'scéim earnála poiblí' socrú pinsin iomchuí de chineál a thuairiscítear i míreanna (*e*) agus (*f*) den mhíniú ar 'socrú pinsin iomchuí';

tá le 'bainisteoir ciste cháilithigh' an bhrí a shanntar dó le halt 784A;

ciallaíonn 'pearsa aonair iomchuí' pearsa aonair ar comhalta é nó í an 8 Feabhra 2012—

(*a*) (i) de scéim earnála príobháidí amháin nó níos mó nó ar chomhalta den sórt sin é nó í roimh an dáta sin agus gur tharla teagmhas criostalaithe sochair amháin nó níos mó i leith na scéime nó na scéimeanna sa tréimhse iomchuí, agus

(ii) de scéim earnála poiblí amháin nó níos mó,

nó

(*b*) de scéim earnála príobháidí amháin nó níos mó nó a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin tar éis an dáta sin agus a thiocfaidh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta dá éis sin de scéim earnála poiblí amháin nó níos mó,

agus a leanfaidh de bheith ina chomhalta gníomhach nó ina comhalta gníomhach dá scéim earnála poiblí go dtí a dháta scoir nó a dáta scoir;

ciallaíonn 'bainisteoir iomchuí', i ndáil le pearsa aonair iomchuí, bainisteoir ciste cháilithigh ar CSC nó ar CSÍC nó, de réir mar a bheidh, riarthóir CCSP ar CCSP, ina bhfuil na sócmhainní ar úinéireacht thairbhiúil ag an bpearsa aonair sin;

ciallaíonn 'tréimhse iomchuí' an tréimhse dar tosach an 7 Nollaig 2005 agus dar críoch an 7 Feabhra 2012;

ciallaíonn 'dáta scoir' i ndáil le scéim earnála poiblí, an dáta is luaithe díobh seo a leanas—

(*a*) an dáta a scoireann comhalta den scéim i gcás gurb é an dáta sin an dáta a shlánaíonn an comhalta 60 bliain d'aois nó dáta ina dhiaidh sin, agus

(*b*) an dáta a scoireann comhalta den scéim ar fhorais éagumais faoi rialacha na scéime;

ciallaíonn 'bliain chánach' bliain mheasúnachta chun críocha cánach ioncaim.

(2) Faoi réir fho-alt (11), beidh feidhm ag an alt seo i ndáil le pearsa aonair iomchuí—

(*a*) i gcás nár tharla aon teagmhas criostalaithe sochair i ndáil leis an bpearsa aonair iomchuí sa tréimhse iomchuí,

(*b*) i gcás gur mhó comhiomlán na méideanna a bheidh le criostalú trí theagmhais criostalaithe sochair i ndáil leis an bpearsa aonair iomchuí faoina scéim earnála príobháidí nó faoina scéimeanna earnála príobháidí agus faoina scéim earnála poiblí nó faoina scéimeanna earnála poiblí, murach an t-alt seo, ná an tairseach ciste chaighdeánach nó, de réir mar a bheidh, tairseach ciste phearsanta na pearsan aonair iomchuí (dá ngairtear an 'méid sonraithe' san alt seo), agus

(*c*) i gcás go dtarlaíonn na teagmhais criostalaithe sochair i ndáil le scéim earnála poiblí nó le scéimeanna earnála poiblí na pearsan aonair iomchuí tar éis do na teagmhais criostalaithe sochair eile go léir i ndáil le scéim earnála príobháidí nó le scéimeanna earnála príobháidí na pearsan aonair sin tarlú.

(3) (*a*) I gcás go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bhfo-alt (4), féadfaidh pearsa aonair a mbeidh feidhm ag fo-alt (2) maidir leis nó léi treoir i scríbhinn a thabhairt go neamhinchúlghairthe do riarthóir na scéime nó na scéimeanna earnála príobháidí an rogha (dá ngairtear an 'rogha sóinseála' san alt seo) dá bhforáiltear i bhfo-alt (6) a fheidhmiú.

(*b*) Ní ceadmhach an rogha sóinseála a fheidhmiú i leith pearsa aonair iomchuí ach aon uair amháin agus sin ar an dáta céanna i ndáil le gach ceann de scéimeanna earnála príobháidí na pearsan aonair ar ina leith a thug sé nó sí treoir go neamhinchúlghairthe don riarthóir an rogha a fheidhmiú.

(*c*) I gcás go bhfaigheann riarthóir dá dtagraítear i mír (*a*) nó i bhfo-alt (11)(*a*) nó, de réir mar a bheidh, go bhfaigheann bainisteoir iomchuí da dtagraítear i bhfo-alt (11)(*a*) (dá ngairtear an 'riarthóir iomchuí' sa mhír seo) treoir neamhinchúlghairthe i scríbhinn ó phearsa aonair, déanfaidh an riarthóir iomchuí gach treoir den sórt sin a choimeád agus a choinneáil ar feadh tréimhse 6 bliana agus, ar cheangal a chur air nó uirthi déanamh amhlaidh trí oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim do thabhairt fógra i scríbhinn don riarthóir iomchuí, cibé treoracha a cheanglófar leis an bhfógra a chur ar fáil laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra.

(4) Is iad na coinníollacha go ndéanfaidh an phearsa aonair iomchuí—

(*a*) fógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé ar intinn aige nó aici go ndéanfar an rogha sóinseála a fheidhmiú 3 mhí ar a laghad roimh an dáta a bheidh an chéad teagmhas criostalaithe sochair le tarlú i ndáil leis an scéim earnála poiblí nó leis na scéimeanna earnála poiblí, agus an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar—

(i) a ainm iomlán nó a hainm iomlán, a sheoladh nó a seoladh agus a Uimhir PSP nó a hUimhir PSP,

(ii) meastachán ar luach na gceart fabhraithe ar ina leith atá an rogha sóinseála le feidhmiú nó, de réir mar a bheidh, ar an méid sonraithe,

(iii) sonraí maidir leis an scéim earnála príobháidí, nó na scéimeanna earnála príobháidí ar ina leith a bheidh an rogha sóinseála le feidhmiú,

(iv) ainm, seoladh agus uimhir theileafóin riarthóir gach scéime den sórt sin, agus

(v) cibé faisnéis eile agus cibé sonraí eile a theastóidh le réasún ó na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha an ailt seo,

agus

(*b*) fógra a thabhairt i scríbhinn do na Coimisinéirí Ioncaim, laistigh de 7 lá oibre tar éis fheidhmiú na rogha sóinseála, gur feidhmíodh an rogha agus sceideal a sholáthar, i dteannta an fhógra, ina leagtar amach an méid comhiomlán ar ina leith a feidhmíodh an rogha agus na méideanna i leith gach ceann de na scéimeanna earnála príobháidí lena mbaineann.

(5) Beidh feidhm ag fo-ailt (3) agus (4) d'alt 787P, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le fógra faoi mhír (*a*) nó (*b*) d'fho-alt (4) mar atá feidhm acu maidir le fógra faoi fho-alt (2) den alt sin.

(6) (*a*) Is é atá i bhfeidhmiú na rogha sóinseála riarthóir na scéime nó na scéimeanna earnála príobháidí d'aistriú mhéid luach chearta fabhraithe na pearsan aonair iomchuí faoin scéim earnála príobháidí nó faoi na scéimeanna earnála príobháidí, lena n-áirítear cearta, más ann, a bhaineann le ranníocaí saorálacha breise faoin scéim nó faoi na scéimeanna—

(i) i gcás gurb é an dáta dá dtagraítear i mír (*b*) den mhíniú ar 'dáta scoir' dáta scoir na pearsan aonair iomchuí, ar an dáta sin, nó

(ii) in aon chás eile, ar dháta scoir na pearsan aonair iomchuí nó roimhe ach ní roimh an dáta a shlánaíonn an phearsa aonair iomchuí 60 bliain d'aois,

chuig an bpearsa aonair iomchuí, ar méid é atá comhionann leo seo a leanas—

(I) i gcás go bhfuil feidhm ag an gcoinníoll dá dtagraítear i mír (*b*), luach na gceart sin, agus

(II) in aon chás eile, an méid sonraithe.

(*b*) Is é an coinníoll riachtanach gur mó an méid atá le criostalú leis na teagmhais criostalaithe sochair i ndáil leis an bpearsa aonair iomchuí faoina scéim earnála poiblí nó faoina scéimeanna earnála poiblí ná an tairseach ciste chaighdeánach, nó, de réir mar a bheidh, tairseach ciste phearsanta na pearsan aonair iomchuí.

(*c*) (i) Sa mhír seo—

ciallaíonn 'rialacha' aon ní atá i rialacha scéime nó i dtéarmaí agus coinníollacha aon chonartha i leith scéime;

ciallaíonn 'cnapshuim saor-ó-cháin' an chnapshuim de chineál ab iníoctha saor ó cháin le pearsa aonair iomchuí faoi na rialacha mura n-achtófaí alt 790AA riamh;

ciallaíonn 'cnapshuim saor-ó-cháin shrianta' méid atá coibhéiseach leis an méid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$A \times (1 - \frac{B)}{C}$$

i gcás—

gurb é A méid na cnapshuime saor-ó-cháin,

gurb é B—

(I) an méid sonraithe, nó

(II) i gcás go bhfeidhmítear an rogha sóinseála i leith aon scéim nó scéimeanna eile earnála príobháidí de chuid na pearsan aonair iomchuí, méid atá coibhéiseach leis an méid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$D - E$$

i gcás—

go bhfuil D comhionann leis an méid sonraithe, agus

go bhfuil E comhionann leis an méid sóinseála nó, de réir mar a bheidh, le comhiomlán na méideanna sóinseála a eascraíonn as feidhmiú na rogha sóinseála i leith na scéime earnála príobháidí eile nó na scéimeanna earnála príobháidí eile,

agus

gurb é C an méid atá comhionann le luach chearta fabhraithe na pearsan aonair iomchuí faoin scéim.

(ii) D'ainneoin aon ní atá sa Chuid seo nó aon ní atá sna rialacha, i gcás go bhfeidhmítear rogha sóinseála i leith scéime agus—

(I) go bhfuil an méid sóinseála comhionann le luach chearta fabhraithe na pearsan aonair iomchuí faoin scéim, ní bheidh an chnapshuim saor-ó-cháin iníoctha, nó

(II) gur lú an méid sóinseála ná luach chearta fabhraithe na pearsan aonair iomchuí faoin scéim, beidh an chnapshuim saor-ó-cháin srianta don chnapshuim saor-ó-cháin shrianta.

(7) I gcás go bhfeidhmítear rogha sóinseála i leith pearsa aonair iomchuí, measfar, maidir le hiomlán an mhéid sóinseála i leith gach scéime de scéimeanna earnála príobháidí na pearsan aonair iomchuí ar ina leith a fheidhmítear an rogha sóinseála, gur ioncam é de chuid na pearsan aonair don bhliain chánach ina n-íoctar an méid agus beidh sé inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D.

(8) Muirearófar cáin ioncaim is inmhuirearaithe de réir fho-alt (7) de réir an ráta cánach is airde don bhliain chánach ina ndéantar an íocaíocht (dá ngairtear 'an cháin sóinseála' san alt seo) agus déanfaidh riarthóir gach scéime de na scéimeanna earnála príobháidí dá dtagraítear i bhfo-alt (7) an cháin ioncaim a bheidh dlite a asbhaint ón méid sóinseála agus cuirfidh sé nó sí ar aghaidh chun an Ard-Bhailitheora í de réir fho-alt (10).

(9) I gcás go measfar faoi fho-alt (7) gur ioncam de chuid na pearsan aonair méid sóinseála agus go muirearófar é i leith cánach de réir fho-alt (8)—

(*a*) ní thabharfar aird le linn an t-ioncam sin a ríomh ar aon mhéid is inasbhainte ón ioncam iomlán chun críocha na nAchtanna Cánach, nó is inasbhainte le linn an t-ioncam sin a ríomh,

(*b*) muirearófar an t-ioncam sin i leith cánach ar an tslí sin gan aon fhaoiseamh ná laghdú atá sonraithe sa Tábla a ghabhann le halt 458, nó gan aon asbhaint eile ón ioncam sin, agus

(*c*) ní bheidh feidhm ag alt 188 maidir leis an méid a mhuirearófar amhlaidh.

(10) I gcás go ndéanfaidh riarthóir scéime earnála príobháidí nó, de réir mar a bheidh, bainisteoir iomchuí dá dtagraítear i bhfo-alt (16) cáin sóinseála a asbhaint de réir fho-alt (8) nó, de réir mar a bheidh, fho-alt (16), beidh feidhm ag fo-ailt (1) go (8) d'alt 787S, fara aon mhodhnuithe is gá—

(*a*) amhail is dá bhfolódh aon tagairt sna fo-ailt sin do riarthóir tagairt do bhainisteoir iomchuí,

(*b*) amhail is dá mba thagairt do scéim earnála príobháidí pearsan aonair iomchuí aon tagairt sna fo-ailt sin do shocrú pinsin iomchuí,

(*c*) amhail is dá mba thagairt do rogha sóinseála aon tagairt sna fo-ailt sin do theagmhas criostalaithe sochair,

(*d*) amhail is dá mba thagairt do mhéid sóinseála nó, de réir mar a bheidh, do mhéid sóinseála

measta, aon tagairt sna fo-ailt sin do bharrachas inmhuirearaithe, agus

(*e*) amhail is dá mba thagairt do cháin sóinseála aon tagairt sna fo-ailt sin do cháin.

(11) (*a*) (i) I gcás go gcomhlíontar na coinníollacha (dá ngairtear na 'coinníollacha modhnaithe' san alt seo) a leagtar amach i bhfo-alt (4), arna mhodhnú le fo-alt (12), féadfaidh pearsa aonair, a mbeidh feidhm ag na himthosca a thuairiscítear i mír (*b*) maidir leis nó léi, treoir i scríbhinn a thabhairt go neamhinchúlghairthe do riarthóir nó, de réir mar a bheidh, do bhainisteoir iomchuí na scéime nó na scéimeanna earnála príobháidí an rogha sóinseála a fheidhmiú amhail is dá mba rud é nár tharla an teagmhas criostalaithe sochair nó na teagmhais criostalaithe sochair dá dtagraítear i bhfomhír (i) de mhír (*b*).

(ii) I gcás go bhfeidhmítear an rogha sóinseála i leith scéim nó scéimeanna earnála príobháidí de chineál dá dtagraítear i bhfomhír (i) de mhír (*b*), beidh feidhm ag fo-alt (6)(*a*) amhail is dá mba thagairt do bhainisteoir iomchuí an tagairt san fho-alt sin do riarthóir.

(*b*) Is iad na himthosca dá dtagraítear i mír (*a*) gurb amhlaidh i ndáil le pearsa aonair iomchuí—

(i) gur tharla teagmhas criostalaithe sochair amháin nó níos mó laistigh den tréimhse iomchuí i ndáil le scéim earnála príobháidí amháin nó níos mó de chuid na pearsan aonair iomchuí sin, agus

(ii) gur mhó comhiomlán na méideanna seo a leanas—

(I) na méideanna arna gcriostalú amhlaidh, agus

(II) na méideanna atá le criostalú sa todhchaí trí theagmhais criostalaithe sochair i ndáil leis an bpearsa aonair iomchuí—

(A) faoina scéim eile earnála príobháidí nó faoina scéimeanna eile earnála príobháidí, más ann, agus

(B) faoina scéim earnála poiblí nó faoina scéimeanna earnála poiblí,

murach an t-alt seo, ná an tairseach ciste chaighdeánach nó, de réir mar a bheidh, tairseach ciste phearsanta na pearsan aonair iomchuí (dá ngairtear an 'méid sonraithe eile' i mír (*a*)(ii) d'fho-alt (4), arna mhodhnú le fo-alt (12), agus san fhorléiriú ar 'B' san fhoirmle i bhfo-alt (15)(*b*)), agus

(iii) go dtarlaíonn na teagmhais criostalaithe sochair i ndáil le scéim nó scéimeanna earnála poiblí na pearsan aonair iomchuí tar éis do na teagmhais criostalaithe sochair eile go léir i ndáil le scéim nó scéimeanna earnála príobháidí na pearsan aonair sin tarlú.

(12) Is iad na coinníollacha modhnaithe go gcomhlíonfaidh an phearsa aonair fo-alt (4) amhail is dá gcuirfí an méid seo a leanas in ionad fhomhíreanna (ii), (iii) agus (iv) de mhír (*a*) den fho-alt sin:

'(ii) meastachán ar luach na gceart fabhraithe ar ina leith atá an rogha sóinseála le feidhmiú nó, de réir mar a bheidh, ar an méid sonraithe eile,

(iii) d'ainneoin gur tharla teagmhas criostalaithe sochair amháin nó níos mó i ndáil le scéim earnála príobháidí amháin nó níos mó laistigh den tréimhse iomchuí, sonraí na scéime earnála príobháidí nó na scéimeanna earnála príobháidí a bhfeidhmeofar an rogha sóinseála ina leith, agus

(iv) ainm, seoladh agus uimhir theileafóin riarthóir nó, de réir mar bheidh, bhainisteoir iomchuí gach scéime den sórt sin,'.

(13) I gcás go bhfeidhmítear rogha sóinseála i leith pearsa aonair dá dtagraítear i bhfo-alt (11)(*a*), ar pearsa aonair iomchuí é nó í an tráth sin, ansin a mhéid a bhaineann feidhmiú na rogha sin leis na nithe seo a leanas—

(*a*) scéim earnála príobháidí amháin nó níos mó de chuid na pearsan aonair nár tharla aon teagmhas criostalaithe sochair ina leith sa tréimhse iomchuí, beidh feidhm ag fo-ailt (7) go (10), agus

(*b*) scéim earnála príobháidí amháin nó níos mó de chuid na pearsan aonair ar tharla teagmhas criostalaithe sochair amháin nó níos mó ina leith sa tréimhse iomchuí, beidh feidhm ag fo-ailt (14) nó (15), de réir mar a bheidh.

(14) (*a*) I gcás go mbaineann rogha sóinseála le scéim dá dtagraítear i bhfo-alt (13)(*b*), is é a bheidh i luach chearta fabhraithe na pearsan aonair faoin scéim chun an rogha a fheidhmiú an méid a chriostalófar trí na teagmhais criostalaithe sochair agus i gcás gur feidhmíodh an rogha sóinseála i leith iomlán na scéime is í an chuid den mhéid sóinseála óna n-asbhainfear cáin sóinseála (dá ngairtear an 'méid sóinseála measta' san alt seo) an méid dá dtagraítear i mír (*b*).

(*b*) I gcás gurb é atá sa teagmhas criostalaithe sochair—

(i) cnapshuim a íoctar faoi rialacha na scéime (de chineál a d'íocfaí saor ó cháin leis an bpearsa

aonair, mura n-achtófaí alt 790AA riamh, agus dá ngairtear san alt seo 'an chnapshuim saor-ó-cháin a íoctar'), is é a bheidh sa mhéid sóinseála measta méid na cnapshuime saor-ó-cháin sin a íoctar,

(ii) méid a aistriú chuig CSC a bhfuil na sócmhainní ann ar úinéireacht thairbhiúil ag an bpearsa aonair iomchuí, is é a bheidh sa mhéid sóinseála measta an méid is lú den mhéid a aistríodh chuig an CSC an tráth a tharla an teagmhas criostalaithe sochair agus de luach na sócmhainní sa CSC ar dháta feidhmithe na rogha sóinseála,

(iii) méid a aistriú chuig CSÍC a bhfuil na sócmhainní ann ar úinéireacht thairbhiúil ag an bpearsa aonair iomchuí, is é a bheidh sa mhéid sóinseála measta an méid is lú den mhéid a aistríodh chuig an CSÍC an tráth a tharla an teagmhas criostalaithe sochair agus de luach na sócmhainní sa CSÍC ar dháta feidhmithe na rogha sóinseála,

(iv) sócmhainní CCSP a choinneáil sa CCSP (dá ngairtear an 'CCSP dílsithe' san alt seo) atá ar úinéireacht thairbhiúil ag an bpearsa aonair iomchuí, is é a bheidh sa mhéid sóinseála measta an méid is lú de luach na sócmhainní a bhí á gcoinneáil sa CCSP dílsithe an tráth a tharla an teagmhas criostalaithe sochair agus de luach na sócmhainní sa CCSP dílsithe ar dháta feidhmithe na rogha sóinseála, agus

(v) in aon chás eile, nialas a bheidh sa mhéid sóinseála measta.

(*c*) Maidir le hiomlán an mhéid sóinseála mheasta—

(i) measfar gur ioncam de chuid na pearsan aonair é don

bhliain chánach ina bhfeidhmítear an rogha sóinseála, agus

(ii) beidh an méid a measfar amhlaidh gur ioncam é inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim de réir fho-alt (16) nó, de réir mar a bheidh, de réir fho-alt (19).

(15) (*a*) I gcás go mbaineann rogha sóinseála le scéim dá dtagraítear i bhfo-alt (13)(*b*) agus nach bhfeidhmítear an rogha sin ach amháin i leith cuid den scéim—

(i) is é a bheidh sa mhéid sóinseála méid a bheidh coibhéiseach le B san fhoirmle i mír (*b*), agus

(ii) i gcás gur teagmhas i leith ceann amháin nó níos mó de na teagmhais a thuairiscítear i bhfo-alt (14)(*b*) a bhí sa teagmhas criostalaithe sochair, is é a bheidh sa mhéid sóinseála measta i leith gach ceann de na teagmhais sin méid a bheidh coibhéiseach leis an méid a chinnfear de réir na foirmle sin.

(*b*) Is é atá san fhoirmle—

$$A \times \frac{B}{C}$$

i gcás—

gurb é A—

(i) méid na cnapshuime saor-ó-cháin a íoctar,

(ii) an méid is lú den mhéid a aistríodh chuig an CSC an tráth a tharla an teagmhas criostalaithe sochair agus de luach na sócmhainní sa CSC ar dháta feidhmithe na rogha sóinseála (dá ngairtear an ‘dáta sóinseála’ sa mhír seo),

(iii) an méid is lú den mhéid a aistríodh chuig an CSÍC an tráth a tharla an teagmhas

criostalaithe sochair agus de luach na sócmhainní sa CSÍC ar an dáta sóinseála, nó

(iv) an méid is lú de luach na sócmhainní a bhí á gcoinneáil sa CCSP dílsithe an tráth a tharla an teagmhas criostalaithe sochair agus de luach na sócmhainní sa CCSP dílsithe ar an dáta sóinseála,

go bhfuil le B an bhrí a shanntar dó san fhoirmle sa mhíniú ar 'cnapshuim saor-ó-cháin shrianta' i bhfo-alt (6)(*c*)(i) amhail is dá mba thagairt do mhéid sonraithe eile tagairt do mhéid sonraithe sa mhíniú sin,

agus

gurb é C an méid a chriostalaítear trí na teagmhais criostalaithe sochair faoin scéim.

(*c*) Beidh feidhm ag mír (*c*) d'fho-alt (14) maidir leis na méideanna sóinseála measta dá dtagraítear i mír (*a*).

(16) (*a*) Déanfar aon mhéid sóinseála measta a mhuirearú i leith cáin ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D.

(*b*) De réir fho-alt (10), déanfaidh an bainisteoir iomchuí cáin ioncaim a asbhaint ón méid sóinseála measta de réir an ráta is airde don bhliain chánach ina bhfeidhmítear an rogha sóinseála agus déanfaidh sé nó sí í a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir.

(*c*) Beidh feidhm ag míreanna (*a*) go (*c*) d'fho-alt (9) maidir le méid sóinseála measta a measfar gur ioncam de chuid na pearsan aonair iomchuí faoi fho-alt (14)(*c*) nó (15)(*c*) é agus a mhuirearófar i leith cáin ioncaim de réir mhír (*a*).

(*d*) (i) Beidh ar áireamh ar asbhaint cánach ioncaim ag bainisteoir iomchuí de réir mhír (*b*) asbhaint i leith méid sóinseála measta i leith cnapshuim saor-ó-cháin a íoctar faoi rialacha na scéime earnála príobháidí ónar aistríodh na sócmhainní, go hiomlán nó go páirteach, chuig an CSC nó chuig an CSÍC nó, de réir mar a bheidh, i gcás scéim ar CCSP í, ar coinníodh na sócmhainní go hiomlán nó go páirteach laistigh di.

(ii) (I) A mhéid a muirearaíodh cáin ioncaim faoi fho-alt (3)(*a*)(i) nó (3)(*b*)(i)(I) d'alt 790AA ar chnapshuim barrachais (de réir bhrí fho-alt (1)(*e*) den alt sin) (dá ngairtear 'an cháin ioncaim ráta chaighdeánaigh' sa mhír seo) i leith cnapshuim dá dtagraítear i bhfomhír (i) agus a ndearna riarthóir na scéime earnála príobháidí í a asbhaint agus a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir de réir fho-alt (8) den alt sin, déanfar an cháin ioncaim atá le hasbhaint ag an mbainisteoir iomchuí ón méid sóinseála measta i leith na cnapshuime, i gcás go gcomhlíontar an coinníoll i bhfomhír (iii), a laghdú de mhéid na cánach ioncaim ráta chaighdeánaigh, agus

(II) i gcás go ndearnadh méid sóinseála measta i leith cnapshuim saor-ó-cháin a ríomh de réir na foirmle i bhfo-alt (15), ansin, a mhéid a muirearaíodh an cháin ioncaim ráta chaighdeánaigh i leith na cnapshuime,

déanfar an cháin ioncaim atá le hasbhaint ag an mbainisteoir iomchuí ón méid sóinseála measta, i gcás go gcomhlíontar an coinníoll i bhfomhír (iii), a laghdú de mhéid cánach ioncaim a bheidh coibhéiseach leis an méid arna chinneadh de réir na foirmle sin dá mba é a bhí in 'A' san fhoirmle méid na cánach ioncaim ráta chaighdeánaigh.

(iii) Is é an coinníoll dá dtagraítear i gclásail (I) agus (II) d'fhomhír (ii) go bhfaigheann an bainisteoir iomchuí deimhniú ó riarthóir na scéime earnála príobháidí ina dtugtar an fhaisnéis a leagtar amach i míreanna (*a*) go (*e*) d'fho-alt (2) d'alt 787RA.

(iv) I gcás go laghdaítear cáin ioncaim ar mhéid sóinseála measta de mhéid cánach ioncaim ráta chaighdeánaigh de réir chlásal (I) nó (II) d'fhomhír (ii), ní bheidh an méid sin cánach ioncaim ráta chaighdeánaigh ar fáil chun críocha alt 787RA.

(v) Beidh feidhm ag fo-alt (6) d'alt 787R, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le bainisteoir iomchuí a fhaigheann deimhniú faoi fhomhír (ii) amhail is dá mba thagairt do dheimhniú nó do dheimhnithe lena mbaineann fomhír (ii) an tagairt san fho-alt sin do dhearbhú nó do dhearbhuithe.

(17) Déanfar an cháin a cheanglófar ar an mbainisteoir iomchuí a asbhaint faoi fho-alt (16) a shásamh as na cistí sa CSC, sa CSÍC nó, de réir mar a bheidh, sa CCSP dílsithe atá ar úinéireacht thairbhiúil ag an bpearsa aonair iomchuí agus déanfaidh an phearsa aonair an asbhaint sin a lamháil agus i gcás nach bhfuil aon chistí ar fáil nó nach bhfuil dóthain cistí ar fáil as a

bhféadfaidh an bainisteoir iomchuí an cháin a cheanglófar a asbhaint a shásamh, déanfar méid na cánach sin nach bhfuil dóthain cistí ar fáil lena haghaidh (dá ngairtear 'an cháin neamhíoctha' san alt seo) a urscaoileadh de réir fho-alt (18).

(18) (*a*) Measfar gur cáin ar bharrachas inmhuirearaithe i leith na pearsan aonair iomchuí an cháin neamhíoctha dá dtagraítear i bhfo-alt (17) agus déanfaidh riarthóir scéim earnála poiblí na pearsan aonair iomchuí í a íoc agus a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir an tráth a tharlóidh an chéad teagmhas criostalaithe sochair i leith na pearsan aonair i ndáil leis an scéim sin agus beidh an méid a íocfar amhlaidh ina fhiach a bheidh dlite don riarthóir den phearsa aonair, nó i gcás an phearsa aonair a bheith éagtha, d'eastát na pearsan aonair.

(*b*) Déanfaidh an phearsa aonair iomchuí aisíocaíocht leis an riarthóir dá dtagraítear i mír (*a*) i leith an cháin neamhíoctha a íoc a meastar gur cáin ar bharrachas inmhuirearaithe í ar an tslí dá bhforáiltear i míreanna (*a*) agus (*b*) d'alt 787Q(7).

(*c*) Maidir leis an gcáin mheasta ar bharrachas inmhuirearaithe dá dtagraítear i mír (*a*), ní cáin ar bharrachas inmhuirearaithe í chun aon chríche eile de chuid na Caibidle seo.

(19) (*a*) I gcás ina bhfeidhmítear rogha sóinseála i ndáil le scéim earnála príobháidí de chuid pearsan aonair iomchuí in imthosca inar íocadh cnapshuim saor-ó-cháin agus ina ndearnadh a raibh fágtha de chearta fabhraithe na pearsan aonair sin faoin scéim a úsáid—

(i) trí bhlianacht a cheannach don phearsa aonair, nó

(ii) trí phinsean a íoc leis an bpearsa aonair ón scéim, nó

(iii) trí mhéid a aistriú chuig an bpearsa aonair faoi rialacha

na scéime ar an bpearsa aonair d'fheidhmiú rogha faoi alt 772(3A)(*a*) nó 784(2A) agus arna fhómhas de réir alt 784(2B) (nó, de réir mar a bheidh, arna fhómhas de réir an ailt sin de bhua alt 772(3B)), nó trí mhéid a aistrítear chuig an bpearsa aonair an tráth a chuirtear sócmhainní de chuid an CCSP ar fáil den chéad uair ón CCSP agus arna fhómhas de réir alt 787G(1) a aistriú chuig an bpearsa aonair faoi rialacha na scéime,

ansin beidh cáin ioncaim arna muirearú faoi fho-alt (16)(*a*) ar an méid sóinseála measta i ndáil leis an gcnapshuim saor-ó-cháin inmhuirearaithe i leith cánach de réir an ráta is airde don bhliain chánach ina bhfeidhmítear an rogha sóinseála agus measfar, faoi réir mhír (*c*), gur cáin neamhíoctha chun críocha fho-alt (18) an cháin sóinseála arna muirearú amhlaidh agus déanfar í a urscaoileadh de réir an fho-ailt sin amhail is dá mba thagairt do mhír (*b*) d'alt 787Q(7) amháin an tagairt i bhfomhír (*b*) den fho-alt sin do mhíreanna (*a*) agus (*b*) d'alt 787Q(7).

(*b*) Beidh feidhm ag fomhíreanna (ii) agus (iv) de mhír (*d*) d'fho-alt (16), fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le cáin sóinseála dá dtagraítear i mír (*a*), i gcás go bhfaigheann an phearsa aonair iomchuí deimhniú ina dtugtar an fhaisnéis a leagtar amach i míreanna (*a*) go (*e*) d'fho-alt (2) d'alt 787RA ó riarthóir na scéime earnála príobháidí.

(*c*) Beidh feidhm ag fo-alt (6) d'alt 787R, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le pearsa aonair iomchuí a fhaigheann deimhniú faoi mhír (*b*) amhail is dá mba thagairt do dheimhniú nó do dheimhnithe lena mbaineann mír (*b*) an tagairt san fho-alt sin do dhearbhú nó do dhearbhuithe.

(20) I gcás gur tharla teagmhas criostalaithe sochair i ndáil le pearsa aonair

iomchuí faoi scéim earnála príobháidí ar ina leith a fheidhmítear rogha sóinseála agus gurbh é an toradh a bhí ar an teagmhas criostalaithe sochair gurb é nó í an phearsa aonair úinéir tairbhiúil na sócmhainní i CSC, i CSÍC nó, de réir mar a bheidh, i CCSP dílsithe (dá ngairtear an 'ciste' san fho-alt seo), ansin i gcás gur feidhmíodh an rogha—

(*a*) i leith iomlán na scéime earnála príobháidí, maidir le luach na sócmhainní sa chiste, nó

(*b*) i leith cuid den scéim earnála príobháidí, maidir le luach na sócmhainní sa chiste a meastar gur méid sóinseála iad de réir fho-alt (15),

ní mheasfar a thuilleadh chun críocha na Coda seo gur sócmhainní a shealbhaítear i CSC, i CSÍC nó, de réir mar a bheidh, i CCSP dílsithe iad ó dháta feidhmithe na rogha.

(21) I gcás go bhfeidhmítear rogha sóinseála i leith pearsa aonair iomchuí, maidir leis an méid sóinseála nó, de réir mar a bheidh, maidir leis an méid sóinseála measta—

(*a*) ní bheidh sé ina theagmhas criostalaithe sochair chun críocha na Caibidle seo agus Sceideal 23B agus i gcás go mbaineann an méid sin le scéim earnála príobháidí ar tharla teagmhas criostalaithe sochair amháin nó níos mó ina leith sular feidhmíodh an rogha déanfar, chun críocha na Caibidle seo agus Sceideal 23B, neamhaird a thabhairt ar theagmhais criostalaithe sochair den sórt sin nó, de réir mar a bheidh, ar an gcion de theagmhais criostalaithe sochair den sórt sin arb ionannas dóibh méid B san fhoirmle i bhfo-alt (15)(*b*),

(*b*) ní úsáidfidh an phearsa aonair iomchuí é mar ranníoc le socrú pinsin iomchuí ná mar íocaíocht préimhe faoi shocrú den sórt sin, ná

(*c*) ní mheasfar faoi fhorálacha Chaibidil 2 nó 2A gur dáileadh ó CSC nó ó CSÍC an méid sóinseála nó, de réir mar a bheidh, ní mheasfar gurb

ionann é agus a chóiméid nó a chomhluach de shócmhainní a chur ar fáil do ranníocóir CCSP nó a íoc le ranníocóir CCSP as CCSP.

(22) I gcás go bhfeidhmítear rogha sóinseála i leith pearsa aonair iomchuí i ndáil le scéim earnála príobháidí ar ina leith a tharla teagmhas criostalaithe sochair amháin nó níos mó sa tréimhse iomchuí agus gurb é atá sa mhéid sóinseála measta méid na cnapshuime saor-ó-cháin a íoctar nó, de réir mar a bheidh, cuid den chnapshuim saor-ó-cháin a íoctar, tabharfar neamhaird ar an méid sin, nó ar an gcuid sin, le linn cnapshuim barrachais (de réir bhrí fho-alt (1)(*e*) d'alt 790AA) a chinneadh i leith cnapshuim (de réir bhrí an ailt sin) a íoctar leis an bpearsa aonair sin an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

(23) (*a*) Is iad na daoine a bheidh faoi dhliteanas i leith cáin ioncaim a mhuirearófar de réir fho-alt (8) nó (16) an phearsa aonair iomchuí agus riarthóir na scéime earnála príobháidí, an bainisteoir iomchuí dá dtagraítear i bhfo-alt (16) nó, de réir mar a bheidh, riarthóir na scéime earnála poiblí dá dtagraítear i bhfo-alt (18) agus is comhdhliteanas agus dliteanas leithleach a ndliteanas.

(*b*) Aon duine a bheidh faoi dhliteanas i leith cáin ioncaim a mhuirearófar de réir fho-alt (8) nó (16), beidh sé nó sí faoi dhliteanas amhlaidh cibé acu atá nó nach bhfuil cónaí nó gnáthchónaí sa Stát ar an duine sin nó ar aon duine eile a bheidh faoi dhliteanas i leith an mhuirir.".

(8) Leasaítear Caibidil 4 de Chuid 30 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 790C:

"Dáileadh barúlach ó chistí áirithe.

790D.—(1) San alt seo—

tá le 'ranníocaí CCSP saorálacha breise' an bhrí a shanntar dó le halt 787A(1);

tá le 'ciste scoir íosta ceadaithe' an bhrí a shanntar dó le halt 784C agus, chun críocha an ailt seo, forléireofar an abairt 'CSÍC' dá réir sin;

tá le 'ciste scoir ceadaithe' an bhrí a shanntar dó le halt 784A agus, chun críocha an ailt seo, forléireofar an abairt 'CSC' dá réir sin;

tá le 'ranníocóir' an bhrí a shanntar dó le halt 787A;

ciallaíonn 'dáiltí eisiata' ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(*a*) méid sonraithe a measfar gurb é atá ann dáileadh nó sócmhainní CCSP a chur ar fáil faoi fho-alt (4);

(*b*) sócmhainní CSC a íoc le CSC eile arb é nó í úinéir tairbhiúil na sócmhainní ann an phearsa aonair ag a bhfuil teideal tairbhiúil chuig na sócmhainní sa CSC céadluaite, iad a aistriú chuige nó a shannadh dó cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar iad a íoc leis an bpearsa aonair, a aistriú chuig an bpearsa aonair nó a shannadh don phearsa aonair;

(*c*) idirbheart a measfar gur dáileadh é chun críocha alt 784A de bhua fho-alt (1A) den alt sin;

(*d*) aistriú dá dtagraítear in alt 784C(5)(*a*);

(*e*) sócmhainní a chuirfear ar fáil ó CCSP, ar sócmhainní iad de chineál dá dtagraítear in alt 787G(3);

(*f*) na himthosca a leagtar amach in alt 787G(4A) ina ndéileáiltear le riarthóir CCSP mar dhuine a chuireann sócmhainní CCSP ar fáil do phearsa aonair;

(*g*) dáileadh a dhéantar chun na críche a leagtar amach in alt 784A(3A);

ciallaíonn 'bainisteoir eile', i ndáil le pearsa aonair ag a bhfuil ciste iomchuí, duine seachas an t-ainmnitheach—

(*a*) ar bainisteoir ciste cháilithigh é nó í,

(*b*) ar riarthóir CCSP é nó í, nó

(*c*) ar bainisteoir ciste cháilithigh agus riarthóir CCSP araon é nó í,

agus a bhainistíonn nó a riarann, de réir mar a bheidh, ar an dáta sonraithe—

(i) CSC amháin nó níos mó,

(ii) CCSP dílsithe amháin nó níos mó, nó

(iii) CSC amháin nó níos mó agus CCSP dílsithe amháin nó níos mó,

a bhfuil na sócmhainní ann nó iontu ar úinéireacht thairbhiúil ag an bpearsa aonair;

tá le 'Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta' an bhrí a shanntar dó le halt 787A agus, chun críocha an ailt seo, forléireofar an abairt 'CCSP' dá réir sin;

tá le 'riarthóir CCSP' an bhrí a shanntar dó le halt 787A;

tá le 'bainisteoir ciste cháilithigh' an bhrí a shanntar dó le halt 784A;

ciallaíonn 'dáiltí iomchuí', i ndáil le pearsa aonair, comhiomlán mhéid nó luach na nithe seo a leanas—

(*a*) na dáiltí, más ann, a dhéanann bainisteoir ciste cháilithigh le linn na bliana cánach i leith sócmhainní a shealbhaítear—

(i) i CSC nó, de réir mar a bheidh, i CSCnna, a bhfuil a shócmhainní nó a sócmhainní ar úinéireacht thairbhiúil ag an bpearsa aonair agus á mbainistiú ag an mbainisteoir ciste cháilithigh sin, agus

(ii) i CSÍC, más ann, a bhfuil a shócmhainní ar úinéireacht thairbhiúil ag an bpearsa aonair agus á mbainistiú ag an mbainisteoir ciste cháilithigh sin, (dá ngairtear na 'cistí' sa mhír seo) ar cistí iad ar ghlac an bainisteoir ciste cháilithigh na sócmhainní iontu isteach sna cistí den chéad uair an 6 Aibreán 2000 nó dá éis,

agus

(*b*) na sócmhainní, más ann, a dhéanann riarthóir CCSP a chur ar fáil don phearsa aonair nó d'aon duine eile, nó a íoc leis an bpearsa aonair nó le haon duine eile, le linn na bliana cánach ó CCSP dílsithe amháin nó níos mó atá ar úinéireacht thairbhiúil ag an bpearsa aonair sin agus á riaradh ag an riarthóir CCSP sin,

lúide comhiomlán méid nó luach aon dáiltí eisiata arna ndéanamh le linn na bliana cánach i leith sócmhainní atá ar úinéireacht thairbhiúil ag an bpearsa aonair;

ciallaíonn 'ciste iomchuí'—

(*a*) na CSCnna go léir, agus

(*b*) na CCSPnna dílsithe go léir,

atá ar úinéireacht thairbhiúil ag an bpearsa aonair chéanna ar an dáta sonraithe seachas CSCnna ar ghlac an bainisteoir ciste cháilithigh na sócmhainní iontu isteach sna cistí den chéad uair roimh an 6 Aibreán 2000;

ciallaíonn 'méid sonraithe', do bhliain chánach, méid atá coibhéiseach leis an méid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$\frac{(A \times B)}{100} - C$$

i gcás gur mó ná nialas an méid arna chinneadh amhlaidh agus i gcás—

gurb é A luach na sócmhainní (dá ngairtear an 'luach iomchuí' san alt seo) i gciste iomchuí ar an dáta sonraithe, gan luach sócmhainní a choinníonn an riarthóir CCSP agus a cheanglófaí a aistriú chuig CSÍC dá roghnódh úinéir tairbhiúil an CCSP de réir alt 787H(1) a áireamh, más cuí,

gurb é B—

(i) 5, i gcás nach mó ná €2,000,000 an luach iomchuí, nó

(ii) 6, i gcás gur mó ná €2,000,000 an luach iomchuí,

agus

gurb é C méid nó luach dáiltí iomchuí, más ann, a rinneadh sa bhliain chánach;

ciallaíonn 'dáta sonraithe' an 30 Samhain sa bhliain chánach;

ciallaíonn 'bliain chánach' bliain mheasúnachta chun críocha cánach ioncaim;

ciallaíonn 'CCSP dílsithe'—

(*a*) CCSP ar ina leith a rinne an riarthóir CCSP sócmhainní de chuid an CCSP a chur ar fáil don ranníocóir CCSP nó d'aon duine eile, nó a íoc leis an ranníocóir CCSP nó le haon duine eile, an 7 Samhain 2002 nó dá éis, seachas sócmhainní de chineál dá dtagraítear i míreanna (*b*), (*c*) agus (*d*) d'alt 787G(3), agus, chun críocha an mhínithe seo, beidh feidhm ag forálacha fho-ailt (4) agus (4A) d'alt 787G, agus

(*b*) i gcás CCSP is CCSP lena ndéanann nó lena ndearna pearsa aonair ranníocaí

CCSP saorálacha breise, CCSP den sórt sin i gcás go dtagann sochair chun bheith iníoctha leis an bpearsa aonair faoin bpríomhscéim an 7 Samhain 2002 nó dá éis.

(2) Chun críocha an ailt seo, déanfar tagairtí do luach sócmhainne i gciste iomchuí a fhorléiriú, ach amháin i gcás gur airgead tirim an tsócmhainn, mar thagairt do mhargadhluach na sócmhainne de réir bhrí alt 548.

(3) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon bhliain chánach—

(*a*) ina bhfuil ciste iomchuí ag pearsa aonair, agus

(*b*) ina bhfuil pearsa aonair 60 bliain d'aois nó os a chionn ar feadh iomlán na bliana cánach sin.

(4) Faoi réir fhorálacha eile an ailt seo, measfar, chun críocha fho-ailt (3) agus (7)(*b*) d'alt 784A nó, de réir mar a bheidh, chun críocha fho-ailt (1) agus (2) d'alt 787G, gurb é atá sa mhéid sonraithe—

(*a*) i gcás go gcuimsíonn an ciste iomchuí CSC amháin nó níos mó, dáileadh i leith an mhéid sin ó CSC,

(*b*) i gcás go gcuimsíonn an ciste iomchuí CCSP dílsithe amháin nó níos mó, a chóiméid nó a chomhluach de shócmhainní a chur ar fáil don ranníocóir CCSP nó a íoc leis an ranníocóir CCSP ó CCSP,

(*c*) i gcás go gcuimsíonn an ciste iomchuí CSC amháin nó níos mó agus CCSP dílsithe amháin nó níos mó agus—

(i) go bhfuil an duine céanna ina bhainisteoir nó ina bainisteoir ciste cháilithigh agus ina riarthóir CCSP ar gach CSC agus ar gach CCSP lena mbaineann, dáileadh i leith an mhéid sin ó CSC,

(ii) gur bainisteoir ciste cháilithigh an t-ainmnitheach arna cheapadh nó arna ceapadh de réir fho-alt (5), dáileadh i leith an mhéid sin ó CSC,

(iii) gur riarthóir CCSP an t-ainmnitheach arna cheapadh nó arna ceapadh de réir fho-alt (5), a chóiméid nó a chomhluach de shócmhainní a chur ar fáil don ranníocóir CCSP nó a íoc leis an ranníocóir CCSP ó CCSP, nó

(iv) gur bainisteoir ciste cháilithigh agus riarthóir CCSP an t-ainmnitheach arna cheapadh nó arna ceapadh de réir fho-alt (5), dáileadh i leith an mhéid sin ó CSC,

tráth nach déanaí ná an dara mí den bhliain chánach i ndiaidh na bliana cánach a gcinntear an méid sonraithe ina leith.

(5) Más rud é—

(*a*) go bhfuil ciste iomchuí ag pearsa aonair agus—

(i) gur €2,000,000 nó níos lú an luach iomchuí,

(ii) go gcuimsíonn an ciste iomchuí—

(I) níos mó ná CSC amháin, nó

(II) níos mó ná CCSP dílsithe amháin, nó

(III) CSC amháin nó níos mó agus CCSP dílsithe amháin nó níos mó,

agus

(iii) i ndáil le gach ciste iomchuí den sórt sin, nach bhfuil an duine céanna ina bhainisteoir nó ina bainisteoir ciste cháilithigh ar gach CSC lena mbaineann agus ina riarthóir CCSP ar gach CCSP dílsithe lena mbaineann,

nó

(*b*) i gcás go bhfuil ciste iomchuí ag pearsa aonair agus gur mó ná €2,000,000 an luach iomchuí agus go bhfuil feidhm ag fomhíreanna (ii) agus (iii) d'fho-alt (*a*),

ansin, féadfaidh an phearsa aonair dá dtagraítear i mír (*a*), agus déanfaidh an phearsa aonair dá dtagraítear i mír (*b*), duine de na daoine sin (dá ngairtear 'an t-ainmnitheach' san alt seo) a cheapadh chun críocha an ailt seo.

(6) I gcás go gceapann pearsa aonair ainmnitheach de réir fho-alt (5), déanfaidh an phearsa aonair—

(i) an ceapachán sin a chur in iúl don bhainisteoir eile nó do na bainisteoirí eile, de réir mar a bheidh, chun críocha an ailt seo,

(ii) i gcás gur ceapachán éigeantach an ceapachán faoi fho-alt (5), an méid sin a chur in iúl don bhainisteoir eile nó do na bainisteoirí eile, de réir mar a bheidh, agus

(iii) ainm iomlán, seoladh agus uimhir theileafóin an ainmnithigh a sholáthar don bhainisteoir eile nó do na bainisteoirí eile, de réir mar a bheidh.

(7) I gcás go gceapann pearsa aonair ainmnitheach de réir fho-alt (5)—

(*a*) déanfaidh an bainisteoir eile nó na bainisteoirí eile, de réir mar a bheidh, deimhniú i leith na bliana cánach sin a sholáthar don ainmnitheach, laistigh de 14 lá ón dáta sonraithe, ina luafar an luach comhiomlán (faoi réir mhír (*b*)) a ghabhann leis na sócmhainní ar an dáta sin—

(i) sa CSC nó sna CSCnna, nó

(ii) sa CCSP dílsithe nó sna CCSPnna dílsithe, nó

(iii) sa CSC nó sna CSCnna agus sa CCSP dílsithe nó sna CCSPnna dílsithe,

a bhainistíonn nó a riarann an bainisteoir eile nó na bainisteoirí eile, agus leis na dáiltí iomchuí ón gcéanna,

(*b*) déanfar luach cibé sócmhainní, más ann, a choinníonn an riarthóir CCSP agus a cheanglófaí a aistriú chuig CSÍC dá roghnódh úinéir tairbhiúil an CCSP de réir alt 787H(1) a eisiamh ó luach comhiomlán na sócmhainní dá dtagraítear i mír (*a*), i gcás go bhfuil na sócmhainní i CCSP dílsithe amháin nó níos mó, agus

(*c*) déanfaidh an t-ainmnitheach gach deimhniú arna sholáthar amhlaidh a choimeád agus a choinneáil ar feadh tréimhse 6 bliana agus, ar é a cheangal ar an ainmnitheach le fógra i scríbhinn ó oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, déanfaidh sé nó sí cibé deimhnithe a cheanglófar leis an bhfógra a chur ar fáil laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra.

(8) I gcás go gceapann pearsa aonair ainmnitheach de réir fho-alt (5) agus go bhfaigheann an t-ainmnitheach deimhniú nó, de réir mar a bheidh, deimhnithe a sholáthraítear de réir fho-alt (7)(*a*), ón mbainisteoir eile nó ó bhainisteoir amháin nó níos mó de na bainisteoirí

eile, cinnfidh an t-ainmnitheach an méid sonraithe amhail is dá mba é luach na sócmhainní agus na ndáiltí iomchuí a luaitear i ngach deimhniú a fhaightear amhlaidh luach sócmhainní i CSC nó i CCSP dílsithe agus dáiltí iomchuí as CSC nó CCSP dílsithe a bhainistíonn nó a riarann an t-ainmnitheach an bhliain chánach sin.

(9) Más rud é go gceapann pearsa aonair ainmnitheach de réir fho-alt (5) i leith ciste iomchuí de chineál dá dtagraítear i mír (*a*) den fho-alt sin agus—

(*a*) nach bhfaigheann an t-ainmnitheach deimhniú dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(*a*) ón mbainisteoir eile, nó

(*b*) nach bhfaigheann an t-ainmnitheach deimhniú dá dtagraítear i bhfo-alt (7)(*a*)—

(i) ó aon bhainisteoir de na bainisteoirí eile, nó

(ii) ó bhainisteoir amháin ar bith nó níos mó de na bainisteoirí eile, ach ní uathu go léir,

ansin—

(I) i gcás go bhfuil feidhm ag mír (*a*) nó (*b*)(i), déanfaidh an t-ainmnitheach agus an bainisteoir eile nó, de réir mar a bheidh, an t-ainmnitheach agus gach bainisteoir de na bainisteoirí eile, agus

(II) i gcás go bhfuil feidhm ag mír (*b*)(ii), déanfaidh gach bainisteoir de na bainisteoirí eile nach bhfuair an t-ainmnitheach deimhniú ina leith,

(dá ngairtear an 'bainisteoir iomchuí' san fho-alt seo) an méid sonraithe a chinneadh de réir an ailt seo amhail is dá mba é amháin a chuimseodh ciste iomchuí na pearsan aonair—

(A) an CSC nó na CSCnna,

(B) an CCSP dílsithe nó na CCSPnna dílsithe, nó

(C) an CSC nó na CSCnna agus an CCSP dílsithe nó na CCSPnna dílsithe,

de réir mar a bheidh, a bhainistíonn nó a riarann an bainisteoir iomchuí.

(10) I gcás go gceapann pearsa aonair ainmnitheach de réir fho-alt (5) i leith ciste iomchuí de chineál dá dtagraítear i mír (*b*) den fho-alt sin agus go bhfuil feidhm ag mír (*a*) nó (*b*) d'fho-alt (9), déanfar an méid sonraithe a chinneadh de réir fho-alt (9) amhail is dá mba 6 é B san fhoirmle le haghaidh an mhéid shonraithe.

(11) I gcás go bhfuil ciste iomchuí ag pearsa aonair de chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (5)(*a*) agus go roghnaíonn an phearsa aonair gan ainmnitheach a cheapadh mar a fhoráiltear san fho-alt sin, ansin, maidir le gach duine ar duine díobh seo a leanas é nó í ar an dáta sonraithe—

(*a*) bainisteoir ciste cháilithigh,

(*b*) riarthóir CCSP, nó

(*c*) bainisteoir ciste cháilithigh agus riarthóir CCSP araon,

ar CSC amháin nó níos mó, ar CCSP dílsithe amháin nó níos mó nó, de réir mar a bheidh, ar CSC amháin nó níos mó agus ar CCSP dílsithe amháin nó níos mó, a chuimsítear sa chiste iomchuí sin, déanfaidh sé nó sí an méid sonraithe a chinneadh de réir an ailt seo amhail is dá mba é amháin a chuimseodh an ciste iomchuí—

(i) an CSC nó na CSCnna,

(ii) an CCSP dílsithe nó na CCSPnna dílsithe, nó

(iii) an CSC nó na CSCnna agus an CCSP dílsithe nó na CCSPnna dílsithe,

de réir mar a bheidh, a bhainistíonn nó a riarann gach duine díobh sin.".

(9) (*a*) Measfar éifeacht a bheith le *fo-alt (1)*, seachas *mír (d)*, ón 6 Feabhra 2011.

(*b*) Tá éifeacht le *míreanna (a)* go *(c) d'fho-alt (3)* ón 1 Eanáir 2012.

(*c*) Tá éifeacht le *mír (d) d'fho-alt (1)*, *fo-alt (2)*, *míreanna (d)* agus *(e) d'fho-alt (3)*, *fo-ailt (4)* go *(6)* agus *mír (b) d'fho-alt (7)* ón 8 Feabhra 2012.

(*d*) Tá éifeacht le *mír (f) d'fho-alt (3)* ó dháta rite an Achta seo.

(*e*) Tá éifeacht le *mír (a) d'fho-alt (7)* ón 1 Eanáir 2011.

(*f*) Tá éifeacht le *fo-alt (8)* don bhliain mheasúnachta 2012 agus do bhlianta measúnachta dá éis.

Caibidil 4

Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil

Leasú ar alt 176 (ceannach scaireanna neamhluaite ag an gcuideachta eisiúna nó ag a fochuideachta) den Phríomh-Acht.

19.—(1) Leasaítear alt 176 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)(*b*)(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (I):

"(I) an 31 Deireadh Fómhair nó roimhe sa bhliain ina ndlitear cáin oidhreachta a íoc de réir alt 46(2A) den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 i leith oidhreacht inchánach (de réir bhrí alt 11 den Acht sin) arb éard í scaireanna na cuideachta arna glacadh ag an duine sin, dliteanas i leith cáin oidhreachta maidir leis an oidhreacht sin, nó".

(2) Tá feidhm ag an alt seo amhail ar an agus ón 8 Feabhra 2012.

Cánachas feirme.

20.—Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 664:

"Faoiseamh i leith méadú ar cháin charbóin ar dhíosal feirme.

664A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'tréimhse chuntasaíochta', i ndáil le duine—

(*a*) i gcás gur cuideachta an duine, tréimhse chuntasaíochta arna cinneadh de réir alt 27, nó

(*b*) i gcás nach cuideachta an duine, tréimhse bliana dar críoch an dáta ar anuas go dtí é a dhéantar cuntais an duine amach de ghnáth,

ach, i gcás nach ndearnadh cuntais amach nó i gcás gur in aghaidh tréimhse is faide nó is giorra ná bliain a rinneadh cuntais amach, is í an tréimhse chuntasaíochta cibé tréimhse nach faide ná bliain a chinnfidh na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn 'cáin charbóin' an muirear carbóin dá dtagraítear in alt 96(1A) (a cuireadh isteach le halt 64(1)(*f*) den Acht Airgeadais, 2010) den Acht Airgeadais, 1999;

ciallaíonn 'díosal feirme' an ola mhianra a thuairiscítear mar 'ola throm eile' i Sceideal 2A a ghabhann leis an Acht Airgeadais, 1999 agus a úsáideann duine le linn trádáil feirmeoireachta a sheoladh, ach ní fholaíonn sé ola den sórt sin a úsáidtear chun tithe a théamh;

ciallaíonn 'cáin charbóin iomchuí' méid atá coibhéiseach leis an méid arna chinneadh de réir na foirmle—

A — B

i gcás—

gurb é A an méid cánach carbóin atá ar áireamh in asbhaint i leith díosal feirme le linn do dhuine méid bhrabúis nó ghnóchain an duine sin atá le muirearú i leith cánach faoi Chás I de Sceideal D a ríomh, agus

gurb é B an méid cánach carbóin a bheadh ar áireamh san asbhaint sin dá ríomhfaí méid na cánach carbóin de réir ráta €41.30 an 1,000 lítear de dhíosal feirme.

(2) Más rud é—

(*a*) go seolann duine i dtréimhse chuntasaíochta trádáil feirmeoireachta a bhfuil an duine laistigh de réim cánach faoi Chás I de Sceideal D ina leith, agus

(*b*) le linn méid bhrabúis nó ghnóchain na trádála sin a ríomh, go bhfuil teideal ag an duine, ar leith ón alt seo, chuig aon asbhaint ar chuntas díosail feirme,

ansin, le linn an ríomh sin a dhéanamh, beidh teideal ag an duine sin chuig asbhaint bhreise i leith díosal feirme a bheidh comhionann leis an gcáin charbóin iomchuí.",

(*b*) i mír 1(*k*) den Tábla a ghabhann le halt 667B, trí "Eachaíocht;" a chur in ionad "Eachaíocht.",

(*c*) i mír 1 den Tábla a ghabhann le halt 667B, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (*k*):

"(*l*) Teastas Sainchuspóra Leibhéal 6 sa Riarachán Feirme.",

agus

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 667B:

"Forálacha speisialta le haghaidh comhpháirt-íochtaí feirme cláraithe.

667C.—(1) San alt seo—

tá le 'feirmeoir cáilitheach' an bhrí a shanntar dó le halt 667B;

ciallaíonn 'comhpháirtíocht feirme chláraithe' comhpháirtíocht táirgthe bainne de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuóta Bainne), 2008 (I.R. Uimh. 227 de 2008).

(2) Faoi réir fho-alt (3), i gcás gur comhpháirtí i gcomhpháirtíocht feirme chláraithe duine, beidh feidhm ag alt 666 amhail is dá ndéanfaí san alt sin—

(*a*) i bhfo-alt (1), ‘50 faoin gcéad’ a chur in ionad ‘25 faoin gcéad’, agus

(*b*) an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4)—

‘(4) (*a*) Ní lamhálfar asbhaint faoin alt seo le linn ioncam trádála cuideachta d’aon tréimhse chuntasaíochta a chríochnóidh tar éis an 31 Nollaig 2015 a ríomh.

(*b*) Ní bheidh feidhm chun aon chríche de chuid na nAchtanna Cánach Ioncaim d’aon bhliain mheasúnachta is déanaí ná an bhliain 2015 ag aon asbhaint a lamhálfar de bhua an ailt seo le linn brabúis nó gnóchain ó thrádáil feirmeoireachta do thréimhse chuntasaíochta duine seachas cuideachta a ríomh.’.

(3) I gcás gur feirmeoir cáilitheach duine dá dtagraítear i bhfo-alt (2), beidh feidhm ag alt 667B chun críocha an ailt seo amhail is dá gcuirfí ‘50 faoin gcéad’ in ionad ‘25 faoin gcéad’ i bhfo-alt (5)(*a*) den alt sin.

(4) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le haon tréimhse chuntasaíochta a chríochnaíonn roimh an 1 Eanáir 2012 nó a chríochnaíonn tar éis an 31 Nollaig 2015.

(5) Tagann an t-alt seo i ngníomh ar cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.”.

21.—Leasaítear Sceideal 13 a ghabhann leis an bPríomh-Acht— Leasú ar Sceideal 13 (daoine cuntasacha chun críocha Chaibidil 1 de Chuid 18) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

(*a*) trí mhíreanna 136, 143, 153 agus 170 a scriosadh,

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 177:

“177. Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc Teoranta.”,

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 178:

"178. Banc Ceannais na hÉireann.",

agus

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 187:

"188. An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh.".

Cáin conarthaí iomchuí.

22.—(1) Leasaítear Caibidil 2 de Chuid 18 den Phríomh-Acht—

(*a*) in alt 530(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*c*) sa mhíniú ar "oibríochtaí foirgníochta":

"(*c*) córais teasa, soilsithe, aeroiriúnaithe, fuaimdhíonaithe, aerála, soláthair cumhachta, siltin, sláintíochta, nó soláthair uisce, nó córais cosanta in aghaidh buirgléireachta nó dóiteáin a shuiteáil, a athrú nó a dheisiú in aon fhoirgneamh nó déanmhas,",

(*b*) in alt 530(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*ca*) sa mhíniú ar "oibríochtaí foirgníochta":

"(*ca*) córais teileachumarsáide a shuiteáil, a athrú nó a dheisiú in aon fhoirgneamh nó déanmhas nó ar aon fhoirgneamh nó déanmhas,",

(*c*) in alt 530(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "achoimre asbhainte":

"ciallaíonn 'achoimre asbhainte', i ndáil le tréimhse thuairisceáin, ráiteas (arna choigeartú mar is cuí de réir rialachán arna ndéanamh faoin gCaibidil seo) a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim faoi deara a eisiúint chuig príomhaí cláraithe agus ina leagtar amach, i bhfoirm achomair—

(*a*) mionsonraí i leith gach íocaíochta iomchuí ar thug an príomhaí sin fógra maidir léi faoi alt 530C agus atá, de réir rialachán arna ndéanamh faoin gCaibidil seo, ina hábhar d'údarúchán asbhainte bailí tráth eisiúna na hachoimre asbhainte, agus

(*b*) an méid comhiomlán cánach atá, ar bhonn na mionsonraí dá dtagraítear i mír (*a*), iníoctha ag an bpríomhaí i leith na tréimhse tuairisceáin,

agus folaíonn sé ráiteas á rá nár tugadh fógra maidir le haon íocaíochtaí iomchuí den sórt sin, i gcás gurb amhlaidh atá an cás;",

(*d*) in alt 530(1), sa mhíniú ar "conradh iomchuí", trí "lena n-áirítear daoine i gcomhpháirtíocht" a chur in ionad "lena n-áirítear comhpháirtíocht nach bhfuair an príomhaí cárta íocaíochtaí iomchuí ina leith",

(*e*) in alt 530(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "fochonraitheoir":

"ciallaíonn 'teip córais teicneolaíochta', imthosca nach bhfuil an córas leictreonach a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar bun le haghaidh oibriú éifeachtach na Caibidle seo ag feidhmiú iontu nó nach bhfuil an córas sin ag feidhmiú i gceart aon tráth áirithe ionas nach bhfuil duine in ann oibleagáid faoin gCaibidil seo nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoin gCaibidil seo a chomhlíonadh, nó imthosca nach bhfuil duine lena mbaineann in ann an córas leictreonach a úsáid aon tráth áirithe iontu mar gheall ar theip córais ghinearálta nó pháirteach de chuid soláthraí seirbhíse idirlín nó soláthraí seirbhíse leictreachais a tharlaíonn sa cheantar ginearálta ina bhfuil áit ghnó an duine;",

(*f*) in alt 530A(1), trí "nó" a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé i mír (*f*), trí "iarnróid, nó" a chur in ionad "iarnróid." i mír (*g*) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*g*):

"(*h*) duine a dhéanann córais teileachumarsáide a shuiteáil, a athrú nó a dheisiú in aon fhoirgneamh nó déanmhas nó ar aon fhoirgneamh nó déanmhas.",

(*g*) in alt 530B(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) faisnéis i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(i) céannacht an fhochonraitheora, lena n-áirítear ainm agus uimhir thagartha cánach,

(ii) luach measta an chonartha,

(iii) ré mheasta an chonartha, lena n-áirítear dáta tosaithe measta agus dáta críochnaithe measta an chonartha,

(iv) an t-ionad nó na hionaid ina mbeidh oibríochtaí iomchuí faoin gconradh ar siúl, agus

(v) cibé acu is conradh saothair amháin conradh nó nach ea,",

(*h*) in alt 530B, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) (*a*) Sula soláthróidh príomhaí an fhaisnéis agus an dearbhú dá dtagraítear i bhfo-alt (1), beidh sé nó sí sásta maidir le céannacht an fhochonraitheora lena mbaineann.

(*b*) Chun críocha mhír (*a*), éileoidh príomhaí fianaise dhoiciméadach ar chéannacht ar an bhfochonraitheoir agus déanfaidh sé nó sí, agus coinneoidh sé nó sí, cóip den fhianaise dhoiciméadach a sholáthrófar, nó déanfaidh sé nó sí mionsonraí iomchuí ón bhfianaise dhoiciméadach a thabharfar a thaifeadadh agus a choinneáil.",

(*i*) in alt 530B, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin chun críocha an ailt seo agus féadfar leis na rialacháin sin—

(*a*) an modh a shonrú ar a ndéanfaidh príomhaithe cumarsáid go leictreonach leis na Coimisinéirí Ioncaim,

(*b*) i gcás conartha ar conradh saothair amháin é, foráil a dhéanamh maidir le faisnéis bhreise a thabhairt i ndáil leis an gconradh,

(*c*) foráil a dhéanamh maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim d'eisiúint admháil chuig príomhaí tar éis don phríomhaí fógra a thabhairt i dtaobh conartha faoi fho-alt (1) agus maidir leis an modh ar a bhféadfar admháil den sórt sin a eisiúint,

(*d*) foráil a dhéanamh maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim do thabhairt fógra i dtaobh mionsonraí conartha d'fhochonraitheoir, lena n-áirítear athruithe ar théarmaí conartha, ar ina leith a thug an príomhaí fógra do na Coimisinéirí Ioncaim faoi fho-alt (1) á rá gur páirtí an fochonraitheoir agus maidir leis an modh ar a bhféadfar fógra den sórt sin a eisiúint,

(*e*) foráil a dhéanamh maidir le príomhaí do thabhairt fógra do na Coimisinéirí Ioncaim i dtaobh athruithe ar théarmaí conartha ar tugadh fógra ina leith faoi fho-alt (1),

(*f*) foráil a dhéanamh maidir le príomhaí do thabhairt fógra d'fhochonraitheoir i gcás nach bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim in ann céannacht an fhochonraitheora a fhíorú faoi threoir an ainm agus na huimhreach tagartha cánach a sholáthair an príomhaí do na Coimisinéirí Ioncaim faoi fho-alt (1), agus

(*g*) foráil a dhéanamh maidir le haon nithe gaolmhara eile.",

(*j*) in alt 530C, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin chun críocha an ailt seo agus féadfar leis na rialacháin sin—

(*a*) an modh a shonrú ar a ndéanfaidh príomhaithe cumarsáid go leictreonach leis na Coimisinéirí Ioncaim,

(*b*) foráil a dhéanamh maidir leis na mionsonraí atá le soláthar ag príomhaí i ndáil le híocaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (1),

(*c*) na himthosca a shonrú ina bhféadfaidh príomhaí fógra a tugadh faoi fho-alt (1) a chealú,

(*d*) na himthosca a shonrú ina meastar nár tugadh fógra faoin alt seo,

(*e*) foráil a dhéanamh maidir le fógra a thabhairt d'fhochonraitheoir i gcás fógra íocaíochta a chealú, agus

(*f*) foráil a dhéanamh maidir le haon nithe gaolmhara eile.",

(*k*) in alt 530D, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin chun críocha an ailt seo agus féadfar leis na rialacháin sin—

(*a*) an modh a shonrú ar a ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cumarsáid leictreonach le príomhaí,

(*b*) foráil a dhéanamh maidir leis na himthosca ina mbeidh údarúchán asbhainte bailí agus maidir le tréimhse bhailíochta údarúcháin asbhainte,

(*c*) na mionsonraí a bheidh in achoimre asbhainte a shonrú,

(*d*) na hoibleagáidí a shonrú a bheidh ar phríomhaí chun a chinntiú gur achoimre chruinn achoimre asbhainte maidir le mionsonraí na n-íocaíochtaí iomchuí go léir a dhéanann príomhaí, agus maidir leis an gcáin a asbhaineann príomhaí, i dtréimhse thuairisceáin, agus

(*e*) foráil a dhéanamh maidir le haon nithe gaolmhara eile.",

(*l*) in alt 530E(1), tríd an méid seo a leanas a chur i ionad mhír (*c*):

"(*c*) 35 faoin gcéad, i gcás go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh gur duine nach bhfuil feidhm ag alt 530G ná alt 530H maidir leis nó léi an fochonraitheoir, agus

(*d*) i gcás comhpháirtíochta, an ráta is airde a mbeadh feidhm aige maidir le haon chomhpháirtí de na comhpháirtithe aonair tar éis do na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh a dhéanamh faoi alt 530I.",

(*m*) in alt 530F(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur ar an bpríomhaí agus gan dochar d'alt 1078, dlífear pionós €5,000 nó de mhéid na cánach is

iníoctha faoi mhír (*a*), cibé acu is lú, a chur air nó uirthi.",

(*n*) i mír 530F(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (2)(*a*) agus go ndéanfaidh an príomhaí mionsonraí na híocaíochta iomchuí a chur isteach i dtuairisceán don tréimhse thuairisceáin iomchuí faoin dáta dlite le haghaidh an tuairisceáin agus, más cuí, go ndéanfaidh sé nó sí cibé mionsonraí, i ndáil leis an gconradh iomchuí ar ina leith a rinneadh an íocaíocht iomchuí, a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim, suífidh na Coimisinéirí Ioncaim an méid cánach a bheadh dlite den phríomhaí i leith na híocaíochta sin dá mba é an ráta cánach ba dhéanaí ar thug na Coimisinéirí Ioncaim fógra maidir leis don fhochonraitheoir lena mbaineann faoi alt 530I an ráta cánach agus, d'ainneoin fho-alt (2)(*a*), is é an méid a shuífear amhlaidh an cháin a bheidh dlite den phríomhaí i leith na híocaíochta sin de bhua an fho-ailt sin.",

(*o*) in alt 530F(3), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*b*):

"(*c*) Déanfar méid an phionóis faoi fho-alt (2)(*b*) a ríomh gan tagairt d'aon choigeartú ar an gcáin a bheidh dlite mar thoradh ar fheidhm mhír (*a*).",

(*p*) in alt 530F, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) Más rud é, le linn íocaíocht iomchuí a dhéanamh le fochonraitheoir, go ndéanfaidh príomhaí cáin a asbhaint ón íocaíocht—

(*a*) soláthróidh an príomhaí cóip den údarúchán asbhainte a bhaineann leis an íocaíocht sin don fhochonraitheoir, nó

(*b*) déanfaidh an príomhaí socrú go dtabharfar na mionsonraí seo a leanas as an údarúchán asbhainte don fhochonraitheoir trí mheán scríofa nó leictreonach:

(i) ainm agus uimhir thagartha cánach an phríomhaí,

(ii) ainm agus uimhir thagartha cánach an fhochonraitheora,

(iii) méid comhlán na híocaíochta, lena n-áirítear an méid cánach a asbhaineadh,

(iv) an méid cánach a asbhaineadh,

(v) an ráta ar dá réir a asbhaineadh cáin,

(vi) dáta na híocaíochta, agus

(vii) an uimhir thagartha uathúil a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim ar an údarúchán asbhainte.",

(*q*) in alt 530F, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

"(7) Más rud é, mar gheall ar theip córais teicneolaíochta mharthanach, nach bhfuil príomhaí in ann fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 530C(1) agus nach bhfuil aon rogha aige nó aici ach íocaíocht iomchuí a dhéanamh gan an fhoráil sin a chomhlíonadh, ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir leis an íocaíocht sin más rud é go ndéanann an príomhaí—

(*a*) cáin a asbhaint ón íocaíocht sin de réir an ráta ba dhéanaí ar tugadh fógra maidir leis don phríomhaí i leith an fhochonraitheora lena mbaineann, nó más rud é nár tugadh aon fhógra den sórt sin dó nó di, go ndéanann sé nó sí cáin a asbhaint de réir ráta 35 faoin gcéad ón íocaíocht sin,

(*b*) láithreach ar an teip córais teicneolaíochta a réiteach, fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim, de réir na Caibidle seo nó rialachán arna ndéanamh faoin gCaibidil seo, á rá go ndearnadh an íocaíocht,

(*c*) na mionsonraí go léir a sholáthar a éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leis an íocaíocht, agus

(*d*) an cháin arna hasbhaint de réir mhír (*a*) a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim ar an dáta dlite, nó roimh an dáta dlite, chun tuairisceán a thabhairt i leith na tréimhse ar laistigh di a thugann an príomhaí fógra do na Coimisinéirí Ioncaim faoi mhír (*b*).

(8) I gcás go gcomhlíonann príomhaí ceanglais fho-alt (7)—

(*a*) measfar gur asbhain an príomhaí cáin ó íocaíocht iomchuí de réir téarmaí údarúcháin asbhainte bhailí, agus

(*b*) chun críocha alt 530K, measfar go ndearnadh an íocaíocht sa tréimhse thuairisceáin ina dtugann an príomhaí fógra do na Coimisinéirí Ioncaim faoi fho-alt (7)(*b*).

(9) Déanfaidh príomhaí, ar sin a iarraidh, faisnéis a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leis na himthosca agus na mionsonraí a bhaineann le teip córais teicneolaíochta mharthanach faoi fho-alt (7).",

(*r*) in alt 530G(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) a ghabhann do ghnó arb é atá ann conarthaí iomchuí a sheoladh i gcomhpháirtíocht mura rud é gur chomhlíon an gnó comhpháirtíochta féin na hoibleagáidí dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim go leanfaidh sé de na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh,",

(*s*) in alt 530H(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) maidir le duine a ghabhann do ghnó arb é atá ann conarthaí iomchuí a sheoladh i gcomhpháirtíocht mura rud é gur chomhlíon an gnó comhpháirtíochta féin na hoibleagáidí dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim go leanfaidh sé de na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, nó",

(*t*) in alt 530H, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(4) Tá feidhm ag an alt seo freisin maidir le duine a chruthóidh do na Coimisinéirí Ioncaim gur chóir, sna himthosca go léir, neamhaird a thabhairt chun críocha an ailt seo ar an ní nó na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1), (2) nó (3), a d'fhágfadh thairis sin nach duine lena mbaineann an t-alt seo an duine sin.",

(*u*) in alt 530I, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Tar éis cinneadh a dhéanamh faoi fho-alt (1), tabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim fógra don fhochonraitheoir maidir leis an gcinneadh agus maidir leis an ráta cánach a bheidh ann mar thoradh ar an gcinneadh sin.",

(*v*) in alt 530I, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(4) Ní bheidh d'oibleagáid ar na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh a dhéanamh faoi fho-alt (1)—

(*a*) go dtí go mbeidh tréimhse 30 lá caite tar éis an chinnidh roimhe sin a rinne na Coimisinéirí Ioncaim i leith fochonraitheora,

(*b*) má tá achomharc ó fhochonraitheoir ar feitheamh lena chinneadh faoi fho-alt (3), nó

(*c*) go dtí go mbeidh tréimhse 30 lá caite tar éis achomharc a chinneadh faoi fho-alt (3).",

(*w*) in alt 530J, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin chun críocha an ailt seo agus féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) an clár a choimeád agus a chothabháil,

(*b*) clárú agus an t-am chun clárú,

(*c*) na sonraí atá le cur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim chun duine a chlárú mar phríomhaí,

(*d*) fógra a thabhairt i dtaobh athrú ar mhionsonraí iomchuí,

(*e*) fógra a thabhairt i dtaobh duine do scor de bheith ina phríomhaí nó ina príomhaí,

(*f*) clárú a chealú,

(*g*) meán leictreonach a úsáid i dtaca leis an bpróiseas clárúcháin, agus

(*h*) aon nithe gaolmhara eile.",

(*x*) in alt 530K, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) (*a*) Chun críocha fho-alt (1), i gcás go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim achoimre asbhainte a eisiúint chuig príomhaí faoi alt 530D(3) do thréimhse thuairisceáin, measfar, chun críocha na nAchtanna Cánach, gur tuairisceán arna thabhairt ag an bpríomhaí don Ard-Bhailitheoir i leith na tréimhse tuairisceáin na mionsonraí ar an achoimre sin agus measfar gurb é an méid cánach a shonrófar ar an achoimre sin méid dliteanais cánach an phríomhaí faoin gCaibidil seo i leith na tréimhse tuairisceáin sin arna shonrú aige nó aici.

(*b*) Níl feidhm ag mír (*a*) i gcás go gceanglaítear ar phríomhaí na mionsonraí ar achoimre asbhainte a leasú de réir rialachán arna ndéanamh faoin alt seo agus tuairisceán a chur faoi bhráid an Ard-Bhailitheora faoi fho-alt (1) de réir na mionsonraí leasaithe sin, agus go gcuireann sé nó sí an tuairisceán is gá faoi bhráid an Ard-Bhailitheora amhlaidh.",

(*y*) in alt 530K, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin chun críocha an ailt seo agus féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) an tslí ina ndéanfaidh príomhaithe cumarsáid go leictreonach leis na Coimisinéirí Ioncaim,

(*b*) na sonraí atá le háireamh sa tuairisceán a cheanglaítear a thabhairt faoin alt seo,

(*c*) na hoibleagáidí atá ar phríomhaí a chinntiú, agus na gníomhartha atá le déanamh ag príomhaí chun a chinntiú, go ndéantar aon íocaíocht iomchuí a dhéanann príomhaí agus a bhaineann le tréimhse thuairisceáin agus an dliteanas cánach a bhaineann leis an íocaíocht

sin a léiriú go cruinn ar an tuairisceán a cheanglaítear a thabhairt faoin alt seo,

(*d*) fógra a thabhairt d'fhochonraitheoir i ndáil le gníomhartha a dhéanfaidh príomhaí agus dá dtagraítear i mír (*c*), agus

(*e*) aon nithe gaolmhara eile.",

(*z*) in alt 530M, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) D'ainneoin cheanglais alt 530K(1), agus gan dochar d'aon phionós a dhlífear a chur ar an bpríomhaí, féadfaidh príomhaí, de réir mar is cuí—

(*a*) tuairisceán, a gceanglaítear é a thabhairt faoi alt 530K(1), a thabhairt tar éis an dáta dlite a bhaineann leis an tréimhse thuairisceáin iomchuí, nó

(*b*) tuairisceán a leasú tar éis an tuairisceán a thabhairt nó tar éis tabhairt mheasta tuairisceáin faoi alt 530K(2) ach—

(i) ní fhéadfar aon leasú a dhéanamh i ndáil le haon íocaíocht a bhí ina hábhar d'údarúchán asbhainte faoi alt 530D, ná

(ii) ní fhéadfar aon leasú a dhéanamh ar thuairisceán i gcás gur thosaigh oifigeach Ioncaim ar iniúchadh nó imscrúdú eile i ndáil le gnóthaí cánach an phríomhaí lena mbaineann an tuairisceán don tréimhse inmhuirearaithe ina bhfuil an tréimhse thuairisceáin.",

(*aa*) in alt 530M, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin chun críocha an ailt seo agus féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) an tslí ina ndéanfaidh príomhaithe cumarsáid go leictreonach leis na Coimisinéirí Ioncaim,

(*b*) na sonraí atá le háireamh i dtuairisceán faoin alt seo,

(*c*) na gníomhartha atá le déanamh ag príomhaí chun a chinntiú go ndéantar aon íocaíocht iomchuí a dhéanann príomhaí agus a bhaineann le tréimhse thuairisceáin agus an dliteanas cánach a bhaineann leis an íocaíocht sin a léiriú go cruinn ar thuairisceán faoin alt seo,

(*d*) formáid tuairisceáin a fhéadfar a dhéanamh i gcás ina bhfuil achomharc á dhéanamh ag príomhaí i gcoinne measúnachta faoi alt 530N, agus

(*e*) aon nithe gaolmhara eile.",

(*ab*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 530P:

"Mar a dhéileálfar le cáin asbhainte.

530P.—(1) I gcás go ndéanann príomhaí cáin a asbhaint ó íocaíocht le fochonraitheoir de réir alt 530F, déileálfar leis an gcáin sin mar íocaíocht ón bhfochonraitheoir—

(*a*) ar chuntas cánach ioncaim don bhliain chánach sin, i gcás gur asbhaineadh an cháin sa bhonntréimhse do bhliain chánach, nó

(*b*) ar chuntas cánach corparáide don tréimhse chuntasaíochta sin, i gcás gur asbhaineadh an cháin i dtréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta.

(2) Chun críocha na Caibidle seo, tabharfar cáin asbhainte ar cháin a ndéileálfar léi de réir fho-alt (1).

(3) (*a*) Beidh cáin asbhainte ar fáil lena fritháireamh ag na Coimisinéirí Ioncaim i gcoinne dliteanais chánach eile de chuid fochonraitheora agus, san fho-alt seo, tá le 'cáin' an bhrí chéanna atá leis in alt 960A.

(*b*) Tabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim fógra d'fhochonraitheoir faoin méid cánach asbhainte, más ann, a dhéantar a fhritháireamh i gcoinne dliteanais chánach eile de chuid an fhochonraitheora.

(4) I gcás go ndearnadh measúnacht i leith cáin ioncaim nó, de réir mar a bheidh, i leith cáin chorparáide i ndáil le fochonraitheoir do thréimhse inmhuirearaithe, ansin féadfar cáin asbhainte a bhaineann leis an tréimhse sin, lúide aon mhéid—

(*a*) a bhfuil gá leis faoi chomhair dhliteanas cánach ioncaim nó, de réir mar a bheidh, dhliteanas cánach corparáide an fhochonraitheora, nó

(*b*) a dhéantar a fhritháireamh i gcoinne dliteanais chánach eile de chuid an fhochonraitheora faoi fho-alt (3),

a aisíoc leis an bhfochonraitheoir faoi réir alt 865.

(5) Ní dhéanfar aon aisíoc cánach asbhainte, ach amháin de réir fho-alt (4).

(6) Ní dhéileálfar le haon mhéid cánach asbhainte mar íocaíocht ar chuntas, ná ní dhéanfar aon mhéid cánach asbhainte a fhritháireamh ná a aisíoc níos mó ná uair amháin agus ní dhéileálfar le haon mhéid cánach asbhainte arna fhritháireamh faoi fho-alt (3) nó arna aisíoc faoi fho-alt (4) mar íocaíocht ar chuntas.",

(*ac*) in alt 530R(1), trí ", agus beidh feidhm ag forálacha alt 530P, fara aon mhodhnuithe is gá" a chur isteach i ndiaidh "eatarthu",

(*ad*) in alt 530R, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Ach amháin i gcás go ndéanann an príomhaí lena mbaineann íocaíocht go leithleach le gach duine den drong nó den ghrúpa, déanfaidh duine a bheidh údaraithe ag an drong nó ag an ngrúpa nó, i gcás comhpháirtíochta, déanfaidh an comhpháirtí tosaíochta, i leith cánach arna hasbhaint ó íocaíochtaí iomchuí leis an drong nó leis an ngrúpa, na nithe seo a leanas a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim—

(*a*) ainm, seoladh agus uimhir thagartha cánach gach duine sa drong nó sa ghrúpa, agus

(*b*) mionsonraí i dtaobh na comhréire den cháin arna hasbhaint a mbeidh gach duine, a ainmneofar de bhua na forála seo, ina teideal.",

(*ae*) in alt 530S, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Sula dtugann sé nó sí fógra do na Coimisinéirí Ioncaim faoi alt 530C, gheobhaidh príomhaí, ón bhfochonraitheoir lena mbaineann, ráiteas ina leagfar amach mionsonraí cuí maidir leis an obair is bun leis an íocaíocht, agus an costas a bhí ar an obair, agus beidh sa ráiteas sin ainm, seoladh gnó agus uimhir thagartha cánach an fhochonraitheora.",

(*af*) in alt 530S(4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) Coimeádfaidh agus cothabhálfaidh gach fochonraitheoir—

(i) cóip de gach údarúchán asbhainte a sholáthair príomhaí faoi alt 530F(4)(*a*), nó

(ii) cóip d'aon mhionsonraí a tugadh faoi alt 530F(4)(*b*).",

(*ag*) in alt 530V, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha nó iarmhartacha is dóigh leis na Coimisinéirí Ioncaim is gá nó is fóirsteanach a bheith i rialacháin faoin gCaibidil seo—

(*a*) chun a chumasú do dhaoine a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gCaibidil seo nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoin gCaibidil seo, nó

(*b*) chun éifeacht a thabhairt do chur i ngníomh cuí agus oibriú éifeachtach fhorálacha na Caibidle seo nó rialachán arna ndéanamh faoin gCaibidil seo.

(1A) Déanfar rialacháin arna ndéanamh faoin gCaibidil seo a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis na rialacháin a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán sin, beidh na rialacháin ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin fúthu.

(1B) (*a*) Aon ní a cheanglaítear ar phríomhaí a dhéanamh faoin gCaibidil seo nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoi gCaibidil seo, féadfaidh duine eile atá ag gníomhú faoi údarás an phríomhaí é a dhéanamh.

(*b*) I gcás go ndéanann duine eile den sórt sin aon ní faoi údarás an phríomhaí, beidh feidhm ag an gCaibidil seo amhail is dá mba é nó í an príomhaí a rinne é.

(*c*) Aon ní a airbheartaíonn a bheith déanta ag príomhaí nó thar ceann príomhaí measfar, chun críocha na Caibidle seo, go ndearna an príomhaí é nó go ndearnadh é le húdarás an phríomhaí, de réir mar a bheidh, mura gcruthaítear a mhalairt.",

agus

(*ah*) in alt 530V, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Aon ní atá le déanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an gCaibidil seo nó fúithi, seachas rialacháin a dhéanamh, féadfaidh aon oifigeach Ioncaim é a dhéanamh nó féadfar, más cuí, é a dhéanamh trí cibé córais leictreonacha a chuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim ar bun de thuras na huaire chun aon chríche den sórt sin.".

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh ar agus ó dháta rite an Achta seo.

Leasú ar alt 482 (faoiseamh i leith caiteachais ar fhoirgnimh agus gairdíní suntasacha) den Phríomh-Acht.

23.—Leasaítear alt 482 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (5), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*b*):

"(*ba*) I gcás go dtabhaítear caiteachas cáilitheach tar éis an 8 Feabhra 2012, folóidh an 40 lá dá dtagraítear i mír (*b*)(ii)(I)(B), i ndáil leis an tréimhse inmhuirearaithe

ina dtabhaítear caiteachas, na laethanta arb éard iad an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta, arna hainmniú do gach bliain ag an gComhairle Oidhreachta, a mhéid atá sí laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír (*b*)(ii)(I).".

Leasú ar alt 481 (faoiseamh i leith infheistíochta i scannáin) den Phríomh-Acht.

24.—Leasaítear an Príomh-Acht in alt 481—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "oifigeach údaraithe":

"forléireofar 'stiúrthóir' de réir alt 433(4);",

(*b*) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar "infheistíocht iomchuí", trí "cuideachta cháilitheach," a chur in ionad "cuideachta cháilitheach.",

(*c*) i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "infheistíocht iomchuí":

"ciallaíonn 'duine iomchuí sonraithe' aon stiúrthóir nó rúnaí de chuid na cuideachta cáilithí.",

(*d*) i bhfo-alt (2A)(*g*)(v), trí "de réir fho-alt (2CA)" a chur in ionad "de réir fho-alt (2C)(*ba*)",

(*e*) i bhfo-alt (2C)(*b*), trí "faoi réir fho-alt (2CA)," a chur in ionad "faoi réir mhír (*ba*),",

(*f*) i bhfo-alt (2C), trí mhír (*ba*) a scriosadh,

(*g*) i bhfo-alt (2C), trí "agus" a scriosadh roimh mhír (*d*),

(*h*) i bhfo-alt (2C)(*d*), trí "faoi fho-alt (2A)(*a*)," a chur in ionad "faoi fho-alt (2A)(*a*).",

(*i*) i bhfo-alt (2C), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*d*):

"agus

(*e*) má dhéantar aon suim arb ionannas di—

(i) aisíocaíocht infheistíochta iomchuí, nó

(ii) méid i dtaca le hinfheistíocht iomchuí, as na fáltais ón scannán a chur chun cinn—

a íoc le cuideachta infheistiúcháin incheadaithe nó le pearsa aonair cháilitheach, de réir mar a bheidh, sula dtugann na Coimisinéirí Ioncaim fógra i scríbhinn don chuideachta á rá go bhfuair siad tuarascáil maidir le comhlíonadh dá dtagraítear i mír (*d*)(iii).",

(*j*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2C):

"(2CA) (*a*) Ní bheidh feidhm ag mír (*b*) d'fho-alt (2C) maidir le comhshocraíochtaí airgeadais i ndáil le hidirbheart, nó le sraith idirbheart, i gcás gur

cheadaigh na Coimisinéirí Ioncaim na comhshocraíochtaí sin.

(*b*) Ní cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim comhshocraíochtaí airgeadais, lena mbainfeadh mír (*b*) d'fho-alt (2C) murach an fo-alt seo, mura rud é:

(i) go mbaineann na comhshocraíochtaí le ceachtar díobh seo a leanas nó leo araon—

(I) infheistíocht arna déanamh i scannán cáilitheach, agus

(II) cuid de scannán a scannánú i gcríoch seachas críoch dá dtagraítear i gclásal (I) nó (II) d'fho-alt (2C)(*b*)(i),

(ii) go ndéanann an chuideachta cháilitheach iarraidh ar cheadú chuig na Coimisinéirí Ioncaim sula gcuirtear na comhshocraíochtaí sin i bhfeidhm,

(iii) go léiríonn an chuideachta cháilitheach chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur féidir léi, má iarrtar uirthi é, taifid leordhóthanacha a sholáthar chun a chumasú do na Coimisinéirí Ioncaim na nithe seo a leanas a fhíorú—

(I) i gcás infheistíochta, méid na hinfheistíochta a rinneadh sa chuideachta cháilitheach agus an duine a rinne an infheistíocht, agus

(II) i gcás scannánú i gcríoch, méid gach míre caiteachais a caitheadh sa chríoch ar tháirgeadh an scannáin cháilithigh, cibé acu a chaith an chuideachta cháilitheach nó aon duine eile é,

agus

(iv) gur deimhin leo gur cuí an ceadú sin a dheonú.

(*c*) Le linn dóibh breithniú a dhéanamh i dtaobh ceadú a dheonú faoin bhfo-alt seo i ndáil le comhshocraíochtaí airgeadais, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon fhaisnéis is cuí leo a lorg i ndáil leis na comhshocraíochtaí nó i ndáil le haon duine is páirtí, go díreach nó go neamhdhíreach, sna comhshocraíochtaí.

(*d*) I gcás gur cheadaigh na Coimisinéirí Ioncaim comhshocraíochtaí airgeadais de réir an fho-ailt seo, ní fhéadfar aon mhéid airgid a caitheadh, go díreach nó go neamhdhíreach, mar chuid de na comhshocraíochtaí a mheas, chun críocha fho-alt (2A)(*g*)(iv), mar mhéid airgid a caitheadh ar phearsana aonair incháilithe a fhostú nó ar earraí, seirbhísí agus

saoráidí dá dtagraítear san fho-alt sin a sholáthar.",

(*k*) i bhfo-alt (2E)(*m*), trí "de réir fho-alt (2CA)" a chur in ionad "de réir fho-alt (2C)(*ba*)", agus

(*l*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2E):

"(2F) I gcás go mainníonn cuideachta cháilitheach tuarascáil maidir le comhlíonadh dá dtagraítear i bhfo-alt (2C)(*d*)(iii) a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim, laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear i rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (2E)(*h*), soláthróidh an duine iomchuí sonraithe an tuarascáil sin maidir le comhlíonadh do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 2 mhí tar éis na tréimhse ama sin.".

Leasú ar alt 486B (faoiseamh i leith infheistíochta i nginiúint fuinnimh in-athnuaite) den Phríomh-Acht.

25.—Leasaítear alt 486B(1) den Phríomh-Acht, sa mhíniú ar "tréimhse cháilitheach", trí "31 Nollaig 2014" a chur in ionad "31 Nollaig 2011".

Faoiseamh ó cháin ioncaim i leith infheistíochta i dtrádálacha corpraithe — an dreasacht fostaíochta agus infheistíochta agus an scéim síolchaipitil.

26.—(1) Leasaítear Cuid 16 den Phríomh-Acht (arna leasú le halt 33(1)(*a*) den Acht Airgeadais, 2011 (Uimh. 6 de 2011)) in alt 494(3)—

(*a*) i mír (*a*)(i), trí "agus a sheolann gníomhaíochtaí trádála iomchuí ó bhunáit ghnó sa Stát, nó" a chur in ionad "i gcás go seoltar na gníomhaíochtaí sin go príomha sa Stát, nó",

(*b*) i mír (*a*)(ii), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (II):

"(II) scaireanna nó urrúis den sórt sin a shealbhú nó iasachtaí den sórt sin a thabhairt, mar aon le gníomhaíochtaí trádála iomchuí a sheoladh i gcás ina seoltar gníomhaíochtaí trádála iomchuí ó bhunáit ghnó sa Stát.",

agus

(*c*) trí mhír (*c*) a scriosadh.

(2) Leasaítear alt 33 den Acht Airgeadais, 2011 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) (*a*) Faoi réir mhíreanna (*b*) agus (*c*), tá éifeacht leis an alt seo i leith scaireanna arna n-eisiúint an 25 Samhain 2011 nó dá éis.

(*b*) Níl éifeacht leis an alt seo i leith scaireanna a eisíodh roimh an 25 Samhain 2011 agus, chun críocha uile Chuid 16 den Phríomh-Acht i dtaca leis na scaireanna sin, tá éifeacht leis an bPríomh-Acht amhail is nár achtaíodh an t-alt seo.

(*c*) Níl éifeacht leis an alt seo i leith scaireanna a eisíodh an 25 Samhain 2011 nó dá éis agus an 31 Nollaig 2011 nó roimhe más rud é—

(i) go roghnaíonn an chuideachta a eisíonn na scaireanna, nó

(ii) i gcás gur ciste infheistíochta a fhaigheann na scaireanna, go roghnaíonn an ciste a fhaigheann na scaireanna,

trí fhógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim an 31 Nollaig 2011 nó roimhe, go bhfuil éifeacht leis an bPríomh-Acht, chun críocha uile Chuid 16 den Phríomh-Acht i dtaca leis na scaireanna sin, amhail is nár achtaíodh an t-alt seo.".

Leasú ar Chuid 29 (paitinní, taighde eolaíochta agus taighde áirithe eile, fios feasa agus oiliúint áirithe) den Phríomh-Acht.

27.—(1) Leasaítear Cuid 29 den Phríomh-Acht i gCaibidil 2—

(*a*) in alt 766(1)(*a*), trí "agus" a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé i bhfo-mhír (IA) de mhír (iii) den mhíniú ar "caiteachas ar thaighde agus forbairt" agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an chlásail sin—

"(IB) ní áireofar i gcaiteachas ar thaighde agus forbairt—

(A) ach amháin mar a fhoráiltear i bhfo-mhíreanna (vii) agus (viii) d'fho-alt (1)(*b*), aon mhéid a íoctar le duine eile chun gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a sheoladh, nó

(B) caiteachas a thabhaíonn cuideachta le linn gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a bhainistiú nó a rialú i gcás ina seolann duine eile na gníomhaíochtaí sin,

agus déanfar 'le linn di gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a sheoladh' a fhorléiriú dá réir sin, agus",

(*b*) in alt 766(1)(*a*), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "caiteachas grúpa ar thaighde agus forbairt":

"tá le 'fostaí ríthábhachtach' an bhrí a thugtar dó le halt 472D;",

(*c*) in alt 766(1)(*a*), sa mhíniú ar "caiteachas cáilitheach grúpa ar thaighde agus forbairt", trí "déanfar" a chur in ionad "ciallaíonn", trí "méid is comhionann leis an mbreis atá ag an méid caiteachais grúpa ar thaighde agus forbairt i ndáil le tréimhse iomchuí ar an méid tairsí i ndáil leis an tréimhse iomchuí;" a scriosadh agus tríd an méid seo a leanas a chur ina ionad:

"a chinneadh de réir na foirmle seo a leanas—

$$A + B$$

i gcás—

gurb é A an oiread sin den mhéid caiteachais grúpa ar thaighde agus forbairt i ndáil le tréimhse iomchuí nach mó ná €100,000, agus

gurb é B an méid is comhionann leis an mbreis atá ag an méid caiteachais grúpa ar thaighde agus forbairt i ndáil leis an tréimhse iomchuí ar an méid tairsí i ndáil leis an tréimhse iomchuí,

ach ní mó an méid caiteachais cháilithigh grúpa ar thaighde agus forbairt i ndáil le tréimhse iomchuí ná an méid caiteachais grúpa ar thaighde agus forbairt i ndáil leis an tréimhse iomchuí sin;",

(*d*) in alt 766(1)(*a*), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "lárionad taighde agus forbartha":

"ciallaíonn 'méid sonraithe' méid—

(i) a íocann na Coimisinéirí Ioncaim de réir fho-alt (4B) den alt seo nó alt 766A(4B), de réir mar a bheidh, nó

(ii) a ghéilltear de réir fho-alt (2A),

agus forléireofar éileamh i leith méid sonraithe dá réir sin;",

(*e*) in alt 766(1)(*b*)(v), trí "ag an Stát, ag aon bhord arna bhunú le reacht, ag aon údarás poiblí nó áitiúil nó ag aon ghníomhaireacht eile de chuid an Stáit, nó tríd an gcéanna;" a scriosadh agus tríd an méid seo a leanas a chur ina ionad:

"acu seo a leanas nó tríothu—

(I) an Stát nó Ballstát iomchuí eile, nó

(II) aon bhord arna bhunú le reacht, aon údarás poiblí nó áitiúil nó aon ghníomhaireacht eile de chuid an Stáit nó de chuid Ballstáit iomchuí eile;",

(*f*) in alt 766(1)(*b*)(vii), trí "déileálfar leis an oiread sin den tsuim a íoctar amhlaidh nach mó ná 5 faoin gcéad den chaiteachas sin amhail is dá mba chaiteachas é a thabhaigh an chuideachta ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha a bheith á seoladh aici;" a scriosadh agus trí "déileálfar leis an oiread sin den tsuim a íoctar amhlaidh nach mó ná 5 faoin gcéad den chaiteachas sin nó €100,000, cibé acu is mó, a mhéid nach mó é ná an caiteachas dá dtagraítear i gclásal (I), amhail is dá mba chaiteachas é a thabhaigh an chuideachta le linn di gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a sheoladh;" a chur ina ionad,

(*g*) in alt 766(1)(*b*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (viii):

"(viii) más rud é go ndéanann cuideachta in aon tréimhse—

(I) caiteachas ar thaighde agus forbairt a thabhú, agus

(II) suim (nach suim dá dtagraítear i gclásal (II) d'fhomhír (vii)) a íoc le duine, seachas le duine atá bainteach (de réir bhrí alt 10) leis an gcuideachta, chun go seolfaidh an duine sin gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, agus fógra i scríbhinn a thabhairt don duine sin á rá gur íocaíocht lena mbaineann an clásal seo an íocaíocht agus nach bhféadfaidh an duine éileamh a dhéanamh faoin alt seo i leith na ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha sin,

ansin, déileálfar leis an oiread sin den tsuim a íoctar amhlaidh nach mó ná 10 faoin gcéad den chaiteachas sin nó €100,000, cibé acu is mó, a mhéid nach mó é ná an caiteachas dá dtagraítear i gclásal (I), amhail is dá mba chaiteachas é a thabhaigh an chuideachta le linn di gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a sheoladh, agus maidir le caiteachas a thabhaíonn an duine eile sin i dtaca leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gclásal (II), ní caiteachas ar thaighde agus forbairt a bheidh ann;",

(*h*) in alt 766(2), trí "I gcás" a scriosadh agus "Faoi réir fho-alt (2A), i gcás" a chur ina ionad,

(*i*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 766(2):

"(2A) (*a*) Faoi réir mhír (*c*), i gcás go bhfuil cuideachta i dteideal, i leith aon tréimhse chuntasaíochta, an cháin chorparáide a bhaineann leis an tréimhse chuntasaíochta sin a laghdú de mhéid, de réir fho-alt (2), féadfaidh an chuideachta ina ionad sin, ar éileamh chuige sin a dhéanamh chuig an gcigire cuí, iomlán an mhéid sin nó cuid den mhéid sin a ghéilleadh d'fhostaí ríthábhachtach amháin nó do cibé líon d'fhostaithe ríthábhachtacha a shonróidh an chuideachta ach ní ceadmhach comhiomlán na méideanna sin, is inchurtha síos d'fhostaithe den sórt sin, a bheith níos mó ná an méid arna ghéilleadh amhlaidh.

(*b*) Ní ceadmhach an chuid den mhéid sin a fhéadfaidh an chuideachta a ghéilleadh a bheith níos mó ná an cháin chorparáide a bhaineann leis an tréimhse chuntasaíochta agus ab inmhuirearaithe dá mba rud é nárbh fhéidir aon éileamh a dhéanamh de réir fho-alt (2).

(*c*) Ní fhéadfaidh cuideachta éileamh a dhéanamh faoin bhfo-alt seo i gcás go bhfuil an chuideachta, an tráth a dhéantar éileamh den sórt sin, faoi dhliteanas (de réir bhrí alt 960H) i leith na cánach corparáide a bhaineann leis an tréimhse chuntasaíochta dá dtagraítear i bhfo-alt (2) nó le tréimhse chuntasaíochta roimhe sin.

(*d*) Déanfar éileamh de réir an fho-ailt seo i cibé foirm a fhorordóidh na Coimisinéirí Ioncaim agus tabharfaidh an chuideachta fógra i scríbhinn don fhostaí ríthábhachtach maidir le haon mhéid a géilleadh don fhostaí sin.

(2B) Más rud é go ndéanann cuideachta éileamh faoi fho-ailt (2) agus (2A) maidir le haon tréimhse chuntasaíochta agus más rud é, de réir an éilimh sin—

(*a*) go laghdaítear an cháin chorparáide a bhaineann le tréimhse chuntasaíochta agus go ngéilltear méid, agus

(*b*) go bhfaightear amach dá éis sin nár mhéid mar a údaraítear leis an alt seo an méid a laghdaíodh nó a géilleadh amhlaidh nó an méid a laghdaíodh agus a géilleadh amhlaidh, de réir mar a bheidh,

ansin, beidh an méid nach n-údaraítear amhlaidh inchurtha ar dtús i leith éilimh faoi fho-alt (2) i dtosaíocht ar éileamh faoi fho-alt (2A).

(2C) Más rud é go ndéanann cuideachta éileamh faoi fho-alt (2A) maidir le tréimhse chuntasaíochta agus go bhfaightear amach dá éis sin nach méid mar a údaraítear leis an alt seo an méid a ghéilltear de réir an éilimh sin (dá ngairtear an 'méid tosaigh' san alt seo ina dhiaidh seo), ansin, i ndáil le gach fostaí ríthábhachtach, is é a bheidh sa mhéid a ghéilltear, ar méid é a údaraítear leis an alt seo, méid (dá ngairtear an 'méid údaraithe iomchuí' san alt seo ina dhiaidh seo) a chinnfear de réir na foirmle—

$$A \times \frac{B}{C}$$

i gcás—

gurb é A an cion den mhéid tosaigh is inchurtha síos don fhostaí ríthábhachtach sin de réir an éilimh faoi fho-alt (2A),

gurb é B an méid comhiomlán a fhéadfaidh an chuideachta a ghéilleadh don tréimhse chuntasaíochta sin mar a údaraítear leis an alt seo, agus

gurb é C an méid tosaigh,

agus tabharfaidh an chuideachta fógra i scríbhinn don fhostaí ríthábhachtach maidir leis an méid iomchuí údaraithe.",

(*j*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 766(4B):

"(4C) Más rud é go scoireann cuideachta (dá ngairtear an 'réamhtheachtaí' san alt seo agus in alt 766A), a rinne éileamh de réir an ailt seo, de thrádáil a sheoladh ar cuid di gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a sheoladh agus go dtosaíonn cuideachta eile (dá ngairtear an 'comharba' san alt seo agus in alt 766A) ar an trádáil agus na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha sin a sheoladh (is scor agus tosach dá ngairtear an 'teagmhas' san alt seo agus in alt 766A) agus—

(*a*) gur chomhaltaí den ghrúpa céanna cuideachtaí de réir bhrí alt 411(1), tráth an teagmhais, an réamhtheachtaí agus an comharba araon, agus

(*b*) ar an teagmhas nó aon tráth laistigh de 2 bhliain tar éis an teagmhais, nach bhfuil an trádáil agus na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha á seoladh seachas ag an gcomharba,

ansin, a mhéid nach ndearna an réamhtheachtaí méid a úsáid chun an cháin chorparáide a bhaineann le tréimhse chuntasaíochta a laghdú de réir fho-alt (2), méid a ghéilleadh de réir fho-alt (2A) ná éileamh a dhéanamh faoi fho-alt (4A) nó (4B), féadfaidh an comharba aon bhreis a thabhairt ar aghaidh a mbeadh an réamhtheachtaí i dteideal í a thabhairt ar aghaidh de réir fho-alt (4).",

(*k*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt 766(7B):

"(7B) (*a*) Aon mhéid is iníoctha ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an gcuideachta nó le cuideachta eile de bhua fho-alt (4B), measfar gur ró-íocaíocht cánach corparáide é chun críocha alt 960H(2), agus chun na gcríoch sin amháin.

(*b*) Aon éileamh i leith méid sonraithe, measfar chun críocha alt 1077E gur éileamh é i dtaca le creidmheas agus, chun méid a chinneadh de réir alt 1077E(11) nó 1077E(12), déanfar tagairt do mhéid cánach a bheadh iníoctha do na tréimhsí iomchuí ag an duine lena mbaineann a léamh amhail is dá mba thagairt do mhéid sonraithe í.

(*c*) I gcás go ndéanann cuideachta éileamh i leith méid sonraithe agus go bhfaightear amach dá éis sin nach éileamh mar a údaraítear leis an alt seo nó le halt 766A, de réir mar a bheidh, an t-éileamh, ansin féadfar cáin a mhuirearú ar an gcuideachta faoi Chás IV de Sceideal D don tréimhse chuntasaíochta ar ina leith a rinneadh an íocaíocht nó a géilleadh an méid, de réir mar a bheidh, ar cáin í i méid atá comhionann le 4 oiread an mhéid shonraithe nach n-údaraítear amhlaidh.

(*d*) Más rud é go ndéanann cigire measúnacht i leith méid sonraithe de réir mhír (*c*), measfar, chun críocha alt 1080, gur cáin atá dlite agus iníoctha an méid a mhuirearófar amhlaidh agus

béarfaidh sé ús arna chinneadh de réir fho-alt (2)(*c*) d'alt 1080 amhail is dá mba rud é, maidir le tagairt don dáta a tháinig an cháin chun bheith dlite agus iníoctha, gur thagairt í don dáta a d'íoc na Coimisinéirí Ioncaim an méid, nó don dáta ab iníoctha cáin chorparáide na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta ar ina leith a géilleadh an méid, de réir mar a bheidh.",

(*l*) in alt 766A(1)(*a*), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "tréimhse iomchuí shonraithe":

"ciallaíonn 'tréimhse ama shonraithe', i ndáil le foirgneamh nó déanmhas, an tréimhse 10 mbliana dar tosach tús na tréimhse cuntasaíochta ina dtabhaíonn an réamhtheachtaí caiteachas iomchuí ar an bhfoirgneamh sin nó ar an déanmhas sin;",

(*m*) in alt 766A(1)(*b*)(i), trí "ag an Stát;" a scriosadh agus tríd an méid seo a leanas a chur ina ionad:

"acu seo a leanas nó tríothu—

(I) an Stát nó Ballstát iomchuí eile, nó

(II) aon bhord arna bhunú le reacht, aon údarás poiblí nó áitiúil nó aon ghníomhaireacht eile de chuid an Stáit nó de chuid Ballstáit iomchuí eile;",

(*n*) in alt 766A(3), trí "ansin, maidir leis an gcuideachta" a scriosadh agus "ansin, faoi réir fho-alt (3A), maidir leis an gcuideachta" a chur ina ionad, agus

(*o*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt 766A(3):

"(3A) Más rud é go dtarlaíonn teagmhas dá dtagraítear in alt 766(4C) agus—

(*a*) go ndéanann an réamhtheachtaí, i dtaca leis an teagmhas, foirgneamh nó déanmhas a aistriú chuig an gcomharba ar foirgneamh nó déanmhas é—

(i) a ndearna an réamhtheachtaí éileamh faoi alt 766A ina leith,

(ii) ar aistriú lena mbaineann alt 617 an t-aistriú ina leith, agus

(iii) nach raibh an tréimhse iomchuí shonraithe ná an tréimhse ama shonraithe, nó an dá thréimhse sin, caite ina leith tráth an aistrithe,

(*b*) ar an teagmhas, nó aon tráth laistigh de 2 bhliain tar éis an teagmhais, nach bhfuil an trádáil agus na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha á seoladh seachas ag an gcomharba, agus

(*c*) maidir leis an bhfoirgneamh nó an déanmhas ar ina leith a thabhaigh an réamhtheachtaí caiteachas iomchuí—

(i) i gcás nach raibh an tréimhse iomchuí shonraithe caite, go leanfadh sé de bheith ina fhoirgneamh cáilitheach dá ndéanfaí tagairt, sa mhíniú ar 'foirgneamh cáilitheach', do ghníomhaíochtaí a sheolann an chuideachta a fhorléiriú mar thagairt do ghníomhaíochtaí a sheolann an chuideachta agus an comharba, agus

(ii) go leanann an comharba dá úsáid i gcaitheamh an chuid eile den 'tréimhse ama shonraithe' chun críocha gníomhaíochtaí taighde agus forbartha,

ansin—

(I) ní bheidh feidhm ag fomhíreanna (i) ná (ii) d'fho-alt (3) i ndáil leis an aistriú ag an réamhtheachtaí,

(II) féadfaidh an comharba, a mhéid nach ndearna an réamhtheachtaí méid a úsáid chun an cháin chorparáide a bhaineann le tréimhse chuntasaíochta a laghdú de réir fho-alt (2) ná éileamh a dhéanamh faoi fho-alt (4A) nó (4B), aon bhreis a thabhairt ar aghaidh a mbeadh an réamhtheachtaí i dteideal í a thabhairt ar aghaidh, de réir fho-alt (4), agus

(III) beidh éifeacht le fo-alt (3) amhail is dá mba thagairt don chomharba tagairt don chuideachta i bhfo-alt (3)(*c*) agus i bhfo-alt (3) ina dhiaidh sin.".

(2) (*a*) Beidh feidhm ag *míreanna (f)* agus *(g)* maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

(*b*) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt, tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Polasaithe árachais saoil agus cistí infheistíochta: rátaí.

28.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 730F(1)—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) faoi réir mhír (*b*), i gcás go dtarlaíonn an teagmhas inmhuirearaithe an 1 Eanáir 2001 nó dá éis, de réir ráta—

(i) 25 faoin gcéad i gcás gur cuideachta an sealbhóir polasaí, agus

(ii) 33 faoin gcéad i gcás aon sealbhóra polasaí eile,",

agus

(*b*) i mír (*b*), trí "(S + 33) faoin gcéad" a chur in ionad "(S + 30) faoin gcéad".

(2) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 730J—

(*a*) i mír (*a*)(i)(I), trí "30 faoin gcéad" a chur in ionad "27 faoin gcéad",

(*b*) i mír (*a*)(i)(II)(A), trí "(S + 33) faoin gcéad" a chur in ionad "(S + 30) faoin gcéad",

(*c*) i mír (*a*)(i)(II)(B), trí "33 faoin gcéad" a chur in ionad "30 faoin gcéad", agus

(*d*) i mír (*a*)(ii)(I), trí "(H +30) faoin gcéad" a chur in ionad "(H +27) faoin gcéad".

(3) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 730K(1)—

(*a*) i mír (*a*), trí "(S +33) faoin gcéad" a chur in ionad "(S +30) faoin gcéad", agus

(*b*) i mír (*b*), trí "33 faoin gcéad" a chur in ionad "30 faoin gcéad".

(4) Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 1A de Chuid 27—

(*a*) in alt 739D, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5A):

"(5A) Is é an méid dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(*dd*) an méid a chinnfear—

(*a*) i gcás gur cuideachta an sealbhóir aonad, de réir na foirmle—

$$A \times G \times \frac{100}{100 - (G \times 25)}$$

agus

(*b*) in aon chás eile, de réir na foirmle—

$$A \times G \times \frac{100}{100 - (G \times 33)}$$

más rud é, i ndáil leis an bhfoirmle i míreanna (*a*) agus (*b*)—

gurb é A an cháin chuí is iníoctha ar shealbhóir aonad d'aistriú teidil chuig aonad de réir fho-alt (2)(*d*), agus

gurb é G méid an ghnóchain ar aistriú sin an aonaid sin arna roinnt ar luach an aonaid sin.",

(*b*) in alt 739E(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) faoi réir mhír (*ba*), i gcás go bhfaightear méid an ghnóchain trí bhíthin alt 739D(2)(*a*), de réir ráta—

(i) 25 faoin gcéad i gcás gur cuideachta an sealbhóir aonad, agus

(ii) 30 faoin gcéad in aon chás eile,",

(*c*) in alt 739E(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) faoi réir mhír (*ba*), i gcás go dtarlaíonn an teagmhas inmhuirearaithe an 1 Eanáir 2001 nó dá éis agus go bhfaightear méid an ghnóchain trí bhíthin mhír (*b*), (*c*), (*d*), (*dd*) nó (*ddd*) d'alt 739D(2), de réir ráta—

(i) 25 faoin gcéad i gcás gur cuideachta an sealbhóir aonad, agus

(ii) 33 faoin gcéad in aon chás eile,",

(*d*) in alt 739E(1)(*ba*), trí "(S + 33) faoin gcéad" a chur in ionad "(S + 30) faoin gcéad",

(*e*) in alt 739G(2)(*c*), trí "de réir alt 739E(1)(*a*)(i)" a chur in ionad "de réir alt 739E(1)(*a*)", agus

(*f*) in alt 739G(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*e*):

"(*e*) i gcás gur cuideachta an sealbhóir aonad, nach íocaíocht iomchuí an íocaíocht agus gur asbhaineadh cáin chuí ón íocaíocht, déileálfar, faoi réir mhír (*g*), chun críocha na nAchtanna Cánach, leis an méid a fhaigheann an sealbhóir aonad mar ghlanmhéid íocaíochta bliantúla is inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás IV de Sceideal D agus ar asbhaineadh cáin ioncaim óna méid comhlán de réir an ráta a shonraítear in alt 739E(1)(*b*)(i),".

(5) Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 4 de Chuid 27—

(*a*) in alt 747D(*a*)(i)(I)(A), trí "(S + 33) faoin gcéad" a chur in ionad "(S + 30) faoin gcéad",

(*b*) in alt 747D(*a*)(i)(I)(B), trí "30 faoin gcéad" a chur in ionad "27 faoin gcéad",

(*c*) in alt 747D(*a*)(i)(II)(A), trí "(S + 33) faoin gcéad" a chur in ionad "(S + 30) faoin gcéad",

(*d*) in alt 747D(*a*)(i)(II)(B), trí "33 faoin gcéad" a chur in ionad "30 faoin gcéad",

(*e*) in alt 747D(*a*)(ii)(I), trí "(H + 30) faoin gcéad" a chur in ionad "(H + 27) faoin gcéad",

(*f*) in alt 747E(1), trí mhír (*a*) a scriosadh,

(*g*) in alt 747E(1)(*b*)(i), trí "(S + 33) faoin gcéad" a chur in ionad "(S + 30) faoin gcéad", agus

(*h*) in alt 747E(1)(*b*)(ii), trí "33 faoin gcéad" a chur in ionad "30 faoin gcéad".

(6) (*a*) Tá feidhm ag *fo-alt (1)*, agus tá éifeacht leis, maidir le teagmhas inmhuirearaithe do tharlú i ndáil le polasaí

saoil (de réir bhrí Chaibidil 5 de Chuid 26 den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

(*b*) Tá feidhm ag *fo-alt (2)*, agus tá éifeacht leis, maidir le duine d'fháil íocaíocht i leith polasaí saoil coigríche (de réir bhrí Chaibidil 6 de Chuid 26 den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

(*c*) Tá feidhm ag *fo-alt (3)*, agus tá éifeacht leis, maidir le polasaí saoil coigríche (de réir bhrí Chaibidil 6 de Chuid 26 den Phríomh-Acht) a dhiúscairt go hiomlán nó go páirteach an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

(*d*) Tá feidhm ag *fo-alt (4)*, agus tá éifeacht leis, maidir le teagmhas inmhuirearaithe do tharlú i ndáil le gnóthas infheistíochta (de réir bhrí alt 739B(1) den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

(*e*) Tá feidhm ag *míreanna (a)* go *(e) d'fho-alt (5)*, agus tá éifeacht leo, maidir le duine d'fháil íocaíocht i leith leas ábhartha i gciste eischósta (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 27 den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

(*f*) Tá feidhm ag *míreanna (f)* go *(h) d'fho-alt (5)*, agus tá éifeacht leo, maidir le duine do dhiúscairt leas ábhartha i gciste eischósta (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 27 den Phríomh-Acht) go hiomlán nó go páirteach an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Leasú ar Chaibidil 5 (sealbhóirí polasaithe — bonn nua) de Chuid 26 den Phríomh-Acht.

29.—Leasaítear Caibidil 5 de Chuid 26 den Phríomh-Acht—

(*a*) in alt 730D(2)(*b*)(vi), trí "aon Chúirte," a chur in ionad "aon Chúirte, nó",

(*b*) in alt 730D(2)(*b*), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (vii):

"(viii) scéim pinsin is scéim cheadaithe dhíolmhaithe de réir bhrí alt 774 nó scéim iontaobhais lena mbaineann alt 784 nó 785, nó

(ix) ciste scoir ceadaithe de réir bhrí alt 784A nó ciste scoir íosta ceadaithe de réir bhrí alt 784C,",

(*c*) in alt 730E(3)(*e*)(vi), trí "aon Chúirte," a chur in ionad "aon Chúirte, nó", agus

(*d*) in alt 730E(3)(*e*), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (vii):

"(viii) scéim pinsin is scéim cheadaithe dhíolmhaithe de réir bhrí alt 774 nó scéim iontaobhais lena mbaineann alt 784 nó 785, nó

(ix) ciste scoir ceadaithe de réir bhrí alt 784A nó ciste scoir íosta ceadaithe de réir bhrí alt 784C,".

Gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta agus sealbhóirí aonad.

30.—(1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 27 den Phríomh-Acht—

(*a*) in alt 738(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) (i) Faoi réir fhomhír (ii), maidir le gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta is cuideachta, is é a bheidh, chun críocha na nAchtanna Cánach, sa cháin chorparáide is inmhuirearaithe ar a brabúis ar a bhfuil cáin chorparáide le híoc faoi dheoidh do thréimhse inmhuirearaithe dar tosach an 8 Feabhra 2012 nó dá éis an cháin sin sula laghdaítear í d'aon chreidmheas, faoiseamh nó laghdú eile faoi na hAchtanna sin, arna ríomh amhail is dá mba 30 faoin gcéad an ráta cánach corparáide.

(ii) Chun críocha na míre seo, maidir le gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta is cuideachta, i gcás go dtosaíonn tréimhse chuntasaíochta de chuid na cuideachta roimh an 8 Feabhra 2012 agus go gcríochnaíonn sí an dáta sin nó dá éis, roinnfear an tréimhse ina 2 cuid, ceann acu ag tosú an dáta a thosaíonn an tréimhse chuntasaíochta agus ag críochnú an 7 Feabhra 2012, agus an ceann eile ag tosú an 8 Feabhra 2012 agus ag críochnú an dáta a chríochnaíonn an tréimhse chuntasaíochta, agus déileálfar leis an dá chuid amhail is dá mba thréimhsí cuntasaíochta ar leithligh de chuid na cuideachta iad agus ríomhfar an cháin chorparáide don tréimhse inmhuirearaithe dar críoch an 7 Feabhra 2012 amhail is dá mba 20 faoin gcéad an ráta cánach corparáide.",

(*b*) in alt 738(2)(*d*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

"(i) is éard a bheidh sa cháin ioncaim is inmhuirearaithe ar an ioncam a eascraíonn, agus sa cháin ghnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar na gnóchain inmhuirearaithe a fhabhraíonn, i mbliain mheasúnachta chuig an ngnóthas, méid na cánach sin sula laghdaítear é d'aon chreidmheas, faoiseamh nó asbhaint eile faoi aon fhoráil, seachas faoin alt seo, de na hAchtanna Cánach nó de na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, arb é atá ann ráta 30 faoin gcéad den ioncam a eascraíonn, agus de na gnóchain inmhuirearaithe a fhabhraíonn, chuig an ngnóthas, ach, i ndáil leis an mbliain mheasúnachta dar tosach an 1 Eanáir 2012, beidh íocaíochtaí a dhéantar agus gnóchain a réadaítear sa tréimhse ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 7 Feabhra 2012 inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim nó

cáin ghnóchan caipitiúil, de réir mar a bheidh, de réir ráta 20 faoin gcéad, agus"

(*c*) in alt 739(1)(*b*), trí "de réir ráta 30 faoin gcéad" a chur in ionad "de réir an ráta chaighdeánaigh",

(*d*) in alt 739(2)(*d*), san fhorléiriú ar "A", trí "30" a chur in ionad "an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht", agus

(*e*) in alt 739(4)(*a*)(i), trí "de réir ráta 30 faoin gcéad" a chur in ionad "de réir an ráta chaighdeánaigh cánach ioncaim".

(2) (*a*) Tá feidhm ag *míreanna (c)* agus *(d) d'fho-alt (1)* maidir le híocaíochtaí a dhéantar an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

(*b*) Tá feidhm ag *mír (e) d'fho-alt (1)* maidir le haon diúscairt a dhéantar an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

Leasú ar alt 739D (gnóchan a éiríonn as teagmhas inmhuirearaithe) den Phríomh-Acht.

31.—Leasaítear alt 739D den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (7B)(*a*) agus (*b*), trí "fo-alt (7) nó (9), de réir mar a bheidh," a chur in ionad "fo-alt (7)" gach áit a bhfuil sé, agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8D):

"(8E) (*a*) San fho-alt seo—

tá le 'dlínse iomchuí' an bhrí chéanna atá leis in alt 256F(1) d'Acht na gCuideachtaí, 1990;

ciallaíonn 'scéim imirce' ceachtar díobh seo a leanas—

(i) cuideachta imirceach (de réir bhrí alt 256F d'Acht na gCuideachtaí, 1990) a shealbhaíonn údarú ó Bhanc Ceannais na hÉireann chun gnó a sheoladh sa Stát faoi Chuid XIII den Acht sin, agus ar údarú é nár cúlghaireadh, nó

(ii) iontaobhas aonad a chuaigh ar imirce ó dhlínse iomchuí agus a shealbhaíonn údarú ó Bhanc Ceannais na hÉireann chun gnó a sheoladh sa Stát mar scéim iontaobhais aonad údaraithe faoin Acht um Iontaobhais Aonad, 1990 nó mar iontaobhas aonad de réir bhrí na Rialachán iomchuí, agus ar údarú é nár cúlghaireadh.

(*b*) Más rud é, faoi scéim imirce, go dtagann cuideachta nó iontaobhas aonad, de réir mar a bheidh, faoi réim an mhínithe ar 'gnóthas infheistíochta' in alt 739B(1), tá feidhm ag na forálacha seo a leanas—

(i) faoi réir fhomhír (iii), ní dhéileálfar le gnóchan mar ghnóchan a éiríonn chuig an

ngnóthas infheistíochta sin ar theagmhas inmhuirearaithe do tharlú i leith sealbhóir aonad a shealbhaíonn aonaid sa ghnóthas infheistíochta sin tráth na scéime imirce, seachas i leith sealbhóir aonad a bhfuil a ainm nó a hainm sa sceideal dá dtagraítear i bhfomhír (ii), i gcás go ndéanann an gnóthas infheistíochta dearbhú de chineál dá dtagraítear i bhfomhír (ii) a chur ar aghaidh, laistigh de 30 lá ón tráth a tharlaíonn an scéim imirce, chuig an gcigire nó chuig an oifigeach eile do na Coimisinéirí Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú faoi fho-alt (7B)(*d*),

(ii) maidir leis an dearbhú dá dtagraítear i bhfomhír (i), is dearbhú i scríbhinn é a dhéanann agus a shíníonn an gnóthas infheistíochta agus—

(I) ina ndearbhaítear, de réir mar is fearr is eol don ghnóthas infheistíochta agus mar a chreideann sé, nach raibh, tráth na scéime imirce, aon aonaid sa ghnóthas infheistíochta sin i seilbh duine a raibh cónaí air nó uirthi sa Stát, seachas na daoine a leagtar a n-ainmneacha agus a seoltaí amach sa sceideal a ghabhann leis an dearbhú, agus

(II) ina bhfuil sceideal ina leagtar amach ainm agus seoladh gach duine a raibh cónaí air nó uirthi sa Stát tráth na scéime imirce,

agus

(iii) maidir le gnóchan nach ndéileálfaí leis thairis sin, de bhua fhomhír (i), mar ghnóchan a éiríonn chuig an ngnóthas infheistíochta sin ar theagmhas inmhuirearaithe do tharlú i leith sealbhóir aonad, déileálfar leis dá ainneoin sin mar ghnóchan a éiríonn amhlaidh i gcás go bhfuil, díreach roimh an teagmhas inmhuirearaithe, aon fhaisnéis ina sheilbh ag an ngnóthas infheistíochta óna dtuigfí le réasún go bhfuil cónaí ar an sealbhóir aonad sa Stát.”.

Leasú ar alt 739G (cánachas ar shealbhóirí aonad i ngnóthais infheistíochta) den Phríomh-Acht.

32.—Leasaítear 739G(2) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*h*):

“(*h*) maidir le méid íocaíochta—

(i) a dhéanann gnóthas infheistíochta le sealbhóir aonad, nó

(ii) a dhéantar le sealbhóir aonad agus a éiríonn as teideal chuig aonad i ngnóthas infheistíochta a aistriú ar mhodh díola nó ar mhodh eile,

ní bheidh sé inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim ná cáin ghnóchan caipitiúil i gcás gur cuideachta nach bhfuil cónaí uirthi sa Stát an sealbhóir aonad nó i gcás nach bhfuil cónaí ná gnáthchónaí sa Stát ar an sealbhóir aonad agus nach cuideachta é nó í,".

Gnóthais infheistíochta agus cistí eischósta a chónascadh.

33.—Leasaítear Cuid 27 den Phríomh-Acht—

(*a*) i gCaibidil 1A, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 739H:

"Gnóthais infheistíochta: cónascthaí le cistí eischósta.

739HA.—(1) San alt seo—

forléireofar 'leas ábhartha' de réir alt 743;

tá le 'ciste eischósta' an bhrí a shanntar dó le halt 743;

tá le 'stát eischósta' an bhrí chéanna atá leis in alt 747B(1);

ciallaíonn 'scéim cónasctha' socrú trína n-aistrítear sócmhainní gnóthais infheistíochta chuig ciste eischósta de chuid stáit eischósta mar mhalairt ar chiste eischósta stáit eischósta d'eisiúint leas ábhartha sa chiste eischósta sin chuig gach sealbhóir aonad de na sealbhóirí aonad sa ghnóthas infheistíochta, i gcomhréir le luach na n-aonad a shealbhaíonn gach sealbhóir aonad, agus a dtagann luach na n-aonad sin chun bheith neamhbhríoch mar thoradh air.

(2) Ní teagmhas inmhuirearaithe cealú aonad i ngnóthas infheistíochta a éiríonn as malairt i ndáil le scéim cónasctha agus, chun críocha Chaibidil 4, is é a bheidh sa mhéid a infheistíonn sealbhóir aonad chun leas ábhartha a fháil i gciste eischósta de chuid stáit eischósta faoin scéim sin an méid a infheistíonn an sealbhóir aonad chun na haonaid sin sa ghnóthas infheistíochta a fháil, agus is é dáta fála leasa ábhartha i gciste eischósta de chuid stáit eischósta faoin scéim sin dáta fála na n-aonad sin sa ghnóthas infheistíochta.",

agus

(*b*) i gCaibidil 4, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 747F:

"Cistí eischósta: cónascthaí le gnóthais infheistíochta.

747FA.—(1) San alt seo—

tá le 'gnóthas infheistíochta' an bhrí chéanna atá leis in alt 739B(1);

ciallaíonn 'scéim cónasctha' socrú trína n-aistrítear sócmhainní ciste eischósta chuig gnóthas infheistíochta mar mhalairt ar an ngnóthas infheistíochta d'eisiúint aonad chuig gach duine de na daoine a bhfuil leas ábhartha sa chiste eischósta acu, i gcomhréir le luach an leasa sin, agus a dtagann luach an leasa sin chun bheith neamhbhríoch mar thoradh air.

(2) Más rud é, i dtaca le scéim cónasctha, go ndiúscraíonn duine leas ábhartha i gciste eischósta agus go bhfaigheann sé nó sí, in ionad an leasa sin, aonaid i ngnóthas infheistíochta, ní éireoidh gnóchan as diúscairt an leasa sa chiste eischósta ach déileálfar, chun críocha Chaibidil 1A, leis na haonaid a fhaightear sa ghnóthas infheistíochta faoin scéim sin mar aonaid a fhaightear an tráth céanna agus ar an gcostas céanna leis an leas sa chiste eischósta.".

Leasú ar alt 747E (leas i gcistí eischósta a dhiúscairt) den Phríomh-Acht.

34.—Leasaítear alt 747E den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí "Faoi réir fho-alt (1A), más rud é," a chur in ionad "Más rud é,", agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) (*a*) San fho-alt seo—

ciallaíonn 'bratscéim' ciste eischósta—

(i) atá roinnte ina fhochistí éagsúla, agus

(ii) ina bhfuil teideal ag gach duine, ag a bhfuil leas ábhartha i bhfochiste, iomlán an leasa sin nó cuid de a mhalartú ar leas i bhfochiste eile de chuid an chiste eischósta.

(*b*) Ní fholaíonn diúscairt faoi fho-alt (1) aon mhalartú ag duine, ag a bhfuil leas ábhartha i bhfochiste de chuid ciste eischósta is bratscéim, a dhéantar ar mhodh margán ar neamhthuilleamaí ag an gciste eischósta sin, i leith iomlán an leasa sin nó cuid de ar leas i bhfochiste eile de chuid an chiste eischósta sin.

(*c*) Aon mhalartú dá dtagraítear i mír (*b*), ní mheasfar gur diúscairt é ag duine ar leas ábhartha i gciste eischósta is bratscéim.".

Scéim imirce agus cónasctha.

35.—Leasaítear alt 739D den Phríomh-Acht i bhfo-alt (8D)—

(*a*) i mír (*a*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "scéim imirce agus cónasctha":

"ciallaíonn 'scéim imirce agus cónasctha' socrú trína n-aistrítear sócmhainní ciste eischósta chuig gnóthas infheistíochta mar mhalairt ar an ngnóthas infheistíochta d'eisiúint aonad—

(i) chuig gach duine de na daoine a bhfuil leas acu sa chiste eischósta, i gcomhréir le luach an leasa sin, agus a dtagann luach an leasa sin chun bheith neamhbhríoch mar thoradh air, nó

(ii) chuig an gciste eischósta sin.",

(*b*) i mír (*b*), trí "Faoi réir mhír (*d*), ní mheasfar go n-éiríonn gnóchan" a chur in ionad "Ní mheasfar go n-éiríonn gnóchan",

(*c*) i mír (*b*)(ii), trí "chuig an gcigire nó chuig an oifigeach eile do na Coimisinéirí Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú faoi fho-alt (7B)(*d*)" a chur in ionad "chuig an Ard-Bhailitheoir", agus

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*c*):

"(*d*) Maidir le gnóchan nach ndéileálfaí leis thairis sin, de bhua fhomhír (*b*), mar ghnóchan a éiríonn chuig gnóthas infheistíochta ar theagmhas inmhuirearaithe do tharlú i leith sealbhóir aonad, déileálfar leis dá ainneoin sin mar ghnóchan a éiríonn amhlaidh i gcás go bhfuil, díreach roimh an teagmhas inmhuirearaithe, aon fhaisnéis ina sheilbh ag an ngnóthas infheistíochta óna dtuigfí le réasún go bhfuil cónaí ar an sealbhóir aonad sa Stát.".

Leasú ar Chuid 8 (íocaíochtaí bliantúla, muirir agus ús) den Phríomh-Acht.

36.—(1) Leasaítear Cuid 8 den Phríomh-Acht—

(*a*) in alt 256(1), sa mhíniú ar "cáin chuí"—

(i) i mír (*a*), trí "30 faoin gcéad" a chur in ionad "27 faoin gcéad",

(ii) i mír (*b*), trí "30 faoin gcéad" a chur in ionad "27 faoin gcéad", agus

(iii) i mír (*c*), trí "33 faoin gcéad" a chur in ionad "30 faoin gcéad",

(*b*) in alt 256(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "scéim pinsin":

"tá le 'Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta' an bhrí chéanna atá leis in alt 787A;",

(*c*) in alt 256(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*k*) den mhíniú ar "taisce iomchuí"—

"(*k*) a dhéanann soláthraí CCSP agus a shealbhaítear chun críocha Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta, i gcás go ndearna an soláthraí CCSP sin an uimhir a shann na Coimisinéirí Ioncaim don soláthraí sin a sholáthar don ghlacadóir taisce iomchuí;",

(*d*) in alt 267B—

(i) i bhfo-alt (2)(*b*), trí "30 faoin gcéad" a chur in ionad "27 faoin gcéad", agus

(ii) i bhfo-alt (3)(*b*), trí "30 faoin gcéad" a chur in ionad "27 faoin gcéad",

(*e*) in alt 267F, trí fho-alt (2) a scriosadh,

(*f*) sa teideal a ghabhann le Caibidil 7, trí "lasmuigh den Stát" a chur in ionad "laistigh de na Comhphobail Eorpacha",

(*g*) in alt 267M(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar "ús sonraithe"—

"ciallaíonn 'ús taisce coigríche' ús a éiríonn i gcríoch choigríche agus arbh ús ab iníoctha i leith taisce iomchuí de réir bhrí alt 256(1) é—

(*a*) dá scriosfaí míreanna (*c*), (*d*) agus (*g*) den mhíniú ar 'taisce iomchuí' in alt 256(1), agus

(*b*) dá n-áireofaí sa mhíniú ar 'glacadóir taisce iomchuí' in alt 256(1) comhlachtaí—

(i) arna mbunú de réir dlí críche coigríche, agus

(ii) arna n-údarú faoi dhlíthe na críche coigríche sin chun taiscí airgid a ghlacadh;

ciallaíonn 'críoch choigríche' críoch seachas Ballstát de na Comhphobail Eorpacha;",

agus

(*h*) in alt 267M, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2)—

"(2) (*a*) D'ainneoin alt 15 agus faoi réir mhír (*b*), i gcás go bhfuil na nithe seo a leanas ar áireamh in ioncam inchánach pearsan aonair—

(i) ús sonraithe, beidh an chuid d'ioncam inchánach, atá comhionann leis an ús sonraithe sin, inmhuirearaithe i leith cánach de réir an ráta a shonraítear i mír (*b*) den mhíniú ar 'cáin chuí' in alt 256(1), nó

(ii) ús taisce coigríche, maidir leis an oiread sin den chuid d'ioncam inchánach, atá comhionann leis an ús taisce coigríche sin a bheadh inmhuirearaithe i leith cánach de réir an ráta chaighdeánaigh thairis sin, beidh sé inmhuirearaithe ina ionad sin i leith cánach de réir an ráta a shonraítear i mír (*b*) den mhíniú ar 'cáin chuí' in alt 256(1).

(*b*) Ní bheidh feidhm ag mír (*a*) más rud é, maidir le haon dliteanas de chuid na pearsan aonair do bhliain mheasúnachta i leith an úis shonraithe nó an úis taisce coigríche, de réir mar a bheidh, nach ndearnadh é a urscaoileadh ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe (de réir bhrí alt 950) don

bhliain sin, nó roimh an dáta sin, agus i gcás nach bhfuil feidhm ag an mír sin, beidh an chuid d'ioncam inchánach, atá comhionann leis an ús sonraithe sin nó leis an ús taisce coigríche sin, inmhuirearaithe i leith cánach de réir an ráta cánach ar a dtugtar an t-ardráta sa Tábla a ghabhann le halt 15.".

(2) (*a*) Tá feidhm ag *míreanna (a)* go *(e) d'fho-alt (1)* maidir le haon íocaíocht nó creidiúnú úis iomchuí (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 8 den Phríomh-Acht) a dhéantar an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

(*b*) Tá feidhm ag *míreanna (f)* go *(h) d'fho-alt (1)* maidir le hús taisce coigríche nó le hús sonraithe (de réir bhrí alt 267M(1) (arna leasú le *fo-alt (1)(g)*) den Phríomh-Acht i ngach cás), de réir mar a bheidh, a fhaightear an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

Leasú ar Chuid 8A (idirbhearta airgeadais sonraithe) den Phríomh-Acht.

37.—Leasaítear Cuid 8A den Phríomh-Acht—

(*a*) in alt 267N, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "cuideachta airgeadais":

"ciallaíonn 'cuideachta airgeadais' cuideachta arb é atá ina hioncam, go hiomlán nó go formhór, ceachtar díobh seo a leanas nó iad araon—

(*a*) ioncam ó innealra nó gléasra a léasú, agus

(*b*) ioncam ó idirbhearta airgeadais sonraithe a sheoladh;",

agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 267U:

"267U.—(1) Tá feidhm ag an gCuid seo maidir le hidirbheart airgeadais sonraithe i gcás go ndéanann duine—

(*a*) is páirtí san idirbheart, agus

(*b*) a thagann faoi réim an mhuirir i leith cánach,

rogha i scríbhinn chuig an gcigire (de réir bhrí alt 950) go bhfuil feidhm ag an gCuid seo maidir leis an idirbheart sin.

(2) Maidir le rogha faoin alt seo—

(*a*) déanfar í i bhfoirm a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim agus ina mbeidh cibé sonraí a bhaineann leis an idirbheart lena mbaineann, agus leis na páirtithe san idirbheart sin, a shonrófar san fhoirm sin, agus

(*b*) féadfar í a dhéanamh i leith idirbheart aonair nó i leith sraith idirbheart den tsamhail chéanna.

(3) I gcás go ndéantar rogha de réir an ailt seo—

(*a*) tá feidhm ag an gCuid seo maidir leis an idirbheart sin nó leis an tsraith idirbheart sin, agus

(*b*) tabharfaidh an páirtí a dhéanann an rogha fógra d'aon duine eile is páirtí in idirbheart

airgeadais sonraithe, á rá gur idirbheart airgeadais sonraithe an t-idirbheart.".

Cáin iarchoimeádta a bhaineann le díbhinní agus ús áirithe.

38.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 33(1), trí "Is iad a íocfaidh cáin faoi Sceideal C" a chur in ionad "Déanfaidh na Coimisinéirí a ainmnítear chuige sin leis na hAchtanna Cánach Ioncaim cáin faoi Sceideal C a mhuirearú, agus is iad a íocfaidh í",

(*b*) in alt 64(5), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*c*):

"(*c*) amhail is dá ndéanfaí clásail (1) agus (2) den mhíniú ar 'duine inmhuirearaithe' a scriosadh i mír 1A de Chuid 1 de Sceideal 2.",

(*c*) trí alt 853 a scriosadh,

(*d*) i gCuid 1 de Sceideal 2, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 1:

"1A. Sa Sceideal seo—

ciallaíonn 'duine inmhuirearaithe' aon duine díobh seo a leanas:

(*a*) duine a gcuirtear ar a iontaoibh nó ar a hiontaoibh aon díbhinní a íoc is iníoctha le haon daoine sa Stát as aon ioncam poiblí;

(*b*) duine sa Stát a gcuirtear ar a iontaoibh nó ar a hiontaoibh aon díbhinní lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 4 a íoc;

(*c*) baincéir nó duine eile sa Stát a fhaigheann íocaíocht aon díbhinní in imthosca a fhágann go bhfuil na díbhinní inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Sceideal C nó, i gcás díbhinní lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 4, faoi Sceideal D;

(*d*) baincéir sa Stát a dhíolann cúpóin nó a réadaíonn ar shlí eile iad ar mhodh a fhágann go bhfuil na fáltais ón díol nó ón réadú inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Sceideal C nó, i gcás díbhinní lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 4, faoi Sceideal D;

(*e*) déileálaí i gcúpóin sa Stát a cheannaíonn cúpóin ar mhodh a fhágann go bhfuil an praghas a íoctar ar an gceannach inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Sceideal C nó, i gcás díbhinní lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 4, faoi Sceideal D;

ciallaíonn 'ioncam díbhinne sonraithe'—

(*a*) an méid díbhinní is iníoctha le haon duine sa Stát as aon ioncam poiblí,

(*b*) an méid díbhinní lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 4,

(*c*) an méid díbhinní a fhaigheann duine inmhuirearaithe sa Stát in imthosca a fhágann go bhfuil na díbhinní inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Sceideal C nó, i gcás díbhinní lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 4, faoi Sceideal D,

(*d*) na fáltais ó dhíol nó réadú cúpón i gcás go bhfuil na fáltais sin inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Sceideal C nó, i gcás díbhinní lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 4, faoi Sceideal D, nó

(*e*) an praghas a íoctar ar chúpóin a cheannach i gcás go bhfuil an praghas sin a íoctar ar cheannach inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Sceideal C nó, i gcás díbhinní lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 4, faoi Sceideal D.",

(*e*) trí Chodanna 2 agus 3 de Sceideal 2 a scriosadh,

(*f*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Chuid 4 de Sceideal 2—

"CUID 4

Díbhinní ioncaim phoiblí, díbhinní lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 4, fáltais ó chúpóin agus an praghas a íoctar ar chúpóin a cheannach

14. (1) Faoi réir Chaibidil 2 de Chuid 3, déanfaidh gach duine inmhuirearaithe, ar íocaíocht i leith ioncam díbhinne sonraithe a dhéanamh, suim arb ionannas di méid na cánach ioncaim atá dlite ar an ioncam sin a asbhaint agus a choimeád agus an cháin ioncaim sin a íoc thar ceann an duine a bhfuil teideal aige nó aici chun an ioncaim sin.

(2) Maidir leis an íocaíocht i leith na cánach ioncaim ag an duine inmhuirearaithe, measfar gur íocaíocht í i leith na cánach ioncaim ag na daoine a bhfuil teideal acu chun an ioncaim díbhinne shonraithe agus lamhálfaidh na daoine sin í ar iarmhar na ndíbhinní a fháil.

15. (1) Gach duine inmhuirearaithe a dhéanann íocaíocht i leith ioncam díbhinne sonraithe, tabharfaidh sé nó sí tuairisceán don Ard-Bhailitheoir do gach bliain mheasúnachta laistigh de 20 lá tar éis dheireadh na bliana measúnachta i dtaobh an ioncaim díbhinne shonraithe sin agus i dtaobh na cánach ioncaim i ndáil leis an ioncam díbhinne sonraithe sin.

(2) Maidir leis an gcáin ioncaim i ndáil le híocaíochtaí i leith ioncam díbhinne sonraithe a cheanglaítear a áireamh i dtuairisceán—

(*a*) beidh sí dlite an tráth faoina mbeidh an tuairisceán le tabhairt, agus

(*b*) íocfaidh an duine inmhuirearaithe leis an Ard-Bhailitheoir í,

agus beidh an cháin ioncaim a bheidh dlite amhlaidh iníoctha ag an duine inmhuirearaithe gan measúnacht a dhéanamh; ach féadfar cáin ioncaim a tháinig chun bheith dlite amhlaidh a mheasúnú ar an duine inmhuirearaithe (cibé acu a bheidh nó nach mbeidh sí íoctha faoin tráth a dhéantar an mheasúnacht) má tá an cháin sin, nó aon chuid di, gan íoc an dáta dlite nó roimhe.

(3) Beidh tuairisceán a bheidh dlite faoin Sceideal seo i bhfoirm a fhorordóidh na Coimisinéirí Ioncaim agus beidh dearbhú ann á rá go bhfuil an tuairisceán ceart agus iomlán.

16. (1) I gcás gur dealraitheach don chigire go bhfuil aon mhéid cánach ioncaim i ndáil le híocaíocht i leith ioncam díbhinne sonraithe ba chóir a áireamh, ach nár áiríodh, i dtuairisceán, nó i gcás go bhfuil an cigire míshásta le haon tuairisceán, féadfaidh an cigire measúnacht a dhéanamh ar an duine inmhuirearaithe go feadh a bhreithiúnais nó a breithiúnais. Maidir le haon mhéid cánach ioncaim i ndáil le híocaíocht i leith ioncam díbhinne sonraithe a bheidh dlite faoi mheasúnacht a dhéanfar de bhua na fomhíre seo, déileálfar leis chun críche úis ar cháin neamhíoctha mar cháin ab iníoctha an tráth ab iníoctha í dá mba rud é gur tugadh tuairisceán ceart.

(2) Beidh aon cháin ioncaim arna measúnú ar dhuine inmhuirearaithe faoin Sceideal seo dlite laistigh de mhí amháin tar éis an fógra measúnachta a eisiúint (mura bhfuil an cháin sin dlite roimhe sin faoi mhír 15) faoi réir aon achomharc i gcoinne na measúnachta, ach ní dhéanfaidh aon achomharc den sórt sin difear don dáta a bhfuil aon mhéid dlite faoi mhír 15.

(3) Ar achomharc i gcoinne measúnachta faoin gCaibidil seo a chinneadh, déanfar aon cháin ioncaim a ró-íocadh a aisíoc.

17. I gcás gur cuireadh isteach aon ítim go mícheart i dtuairisceán mar cháin ioncaim, féadfaidh an cigire cibé measúnachtaí, coigeartuithe nó frithárimh a dhéanamh is dóigh leis nó léi is gá chun a áirithiú gur mar a chéile, a mhéid is féidir é, do na dliteanais chánach, lena n-áirítear ús ar cháin neamhíoctha, a bheidh dá thoradh sin ar an duine inmhuirearaithe nó ar aon duine eile, agus na dliteanais a bheadh air nó uirthi mura gcuirfí an ítim isteach amhlaidh.

18. (1) Déanfaidh duine inmhuirearaithe taifid a choimeád chun cuntais ar leithligh gach duine de na daoine atá i dteideal ioncam díbhinne sonraithe a fháil a idirdhealú ó chéile agus beidh sna taifid sin—

(*a*) ainm agus seoladh gach duine den sórt sin,

(*b*) sonraí i dtaobh na méideanna is iníoctha, agus

(*c*) i gcás méideanna is iníoctha as aon ioncam poiblí, sonraí i dtaobh an ioncaim phoiblí as a bhfuil gach méid ar leithligh iníoctha.

(2) Maidir le taifid a choimeádfaidh duine inmhuirearaithe de réir fhomhír (1)—

(*a*) coimeádfaidh agus coinneoidh an duine inmhuirearaithe iad go ceann tréimhse 6 bliana ón lá a rinneadh an íocaíocht, agus

(*b*) ar é a cheangal trí chigire do thabhairt fógra i scríbhinn don duine inmhuirearaithe, cuirfear ar fáil don chigire iad laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra.

19. Beidh feidhm ag forálacha alt 898N fara aon mhodhnuithe is gá maidir le cumhachtaí oifigigh údaraithe amhail is—

(*a*) dá mba thagairt do leabhair agus taifid a choimeádtar chun críocha an Sceidil seo tagairt san alt sin do leabhair agus taifid,

(*b*) dá mba thagairt d'oifigeach Ioncaim arna mhíniú in alt 898B tagairt san alt sin d'oifigeach údaraithe, agus

(*c*) dá mba thagairt do dhuine inmhuirearaithe tagairt san alt sin do ghníomhaire íoca.

20. Beidh feidhm ag na forálacha de chuid na nAchtanna Cánach Ioncaim a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

(*a*) measúnachtaí i leith cáin ioncaim,

(*b*) achomhairc i gcoinne measúnachtaí den sórt sin (lena n-áirítear achomhairc a athéisteacht agus cás a shonrú chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil), agus

(*c*) cáin ioncaim a bhailiú agus a ghnóthú,

a mhéid is infheidhme iad, maidir le cáin ioncaim atá dlite faoin Sceideal seo a mheasúnú, a bhailiú agus a ghnóthú.

21. (1) Aon mhéid cánach ioncaim is iníoctha de réir an Sceidil seo, béarfaidh sé ús de réir ráta 0.0274 faoin gcéad, gan measúnacht a dhéanamh, le haghaidh aon lá nó cuid de

lá a bhfuil an méid gan íoc lena linn ón dáta a thagann an méid chun bheith dlite agus iníoctha go dtí go n-íoctar é.

(2) Beidh feidhm ag fo-ailt (3) go (5) d'alt 1080 i ndáil le hús is iníoctha faoi fhomhír (1) mar atá feidhm acu maidir le hús is iníoctha faoi alt 1080.

(3) Ina fheidhm maidir le haon cháin ioncaim a mhuirearaítear le haon mheasúnacht a dhéantar de réir an Sceidil seo, beidh feidhm ag alt 1080 amhail is dá scriosfaí fo-alt (2)(*b*) den alt sin.

22. Más rud é—

(*a*) maidir le cáin ioncaim i leith na bhfáltas ó dhíol nó ó réadú aon chúpóin nó i leith an phraghais a íocadh ar cheannach aon chúpóin, gur thug aon bhaincéir nó aon déileálaí i gcúpóin cuntas sa cháin sin faoin gCuid seo, agus

(*b*) gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim go ndearnadh na díbhinní is iníoctha ar na cúpóin ar i ndáil leo a éiríonn na fáltais nó an praghas sin a íoc ina dhiaidh sin ar mhodh a d'fhág gur asbhaineadh cáin ioncaim ó na díbhinní sin faoi aon cheann d'fhorálacha an Sceidil seo,

ansin déanfar an cháin ioncaim a asbhaineadh amhlaidh a aisíoc.",

agus

(*g*) i gCuid 5 de Sceideal 2, trí mhír 27 a scriosadh.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Leasú ar alt 198 (ní inmhuirearaithe ús áirithe) den Phríomh-Acht.

39.—(1) Leasaítear alt 198 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(*c*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-mhír (iii)—

"(iii) ní bheidh cáin ioncaim inmhuirearaithe ar dhuine i leith ús a íocann cuideachta más rud é—

(I) nach cónaitheoir sa Stát an duine agus go meastar gur cónaitheoir é nó í i gcríoch iomchuí chun críocha an fho-ailt seo, nó

(II) gur cuideachta a rialaítear de réir alt 172D(3)(*b*)(ii) an duine, nó gur cuideachta é nó í ar scaireanna lena mbaineann alt 172D(3)(*b*)(iii) a príomhaicme scaireanna,

agus gurb éard é an t-ús ús lena mbaineann alt 64(2), íocaíocht úis lena mbaineann alt 246A nó ús arna íoc i leith urrús faoi chumhdach

sócmhainne de réir bhrí alt 3 den Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001,".

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le hús a íoctar tráth rite an Achta seo nó dá éis.

Leasú ar alt 80A (cánachas ar léasanna gearrthéarma áirithe gléasra agus innealra) den Phríomh-Acht.

40.—(1) Leasaítear alt 80A den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar "sócmhainní sonraithe", trí "sócmhainní nach faide ná 8 mbliana a saol úsáideach intuartha agus" a chur in ionad "sócmhainní gearrthéarma iomchuí".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Leasú ar alt 110 (urrúsú) den Phríomh-Acht.

41.—(1) Leasaítear alt 110 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1) sa mhíniú ar "cúitimh carbóin"—

(*a*) i mír (*b*), trí "tuairisciú tréimhsiúil neamhspleách aitheanta," a chur in ionad "tuairisciú tréimhsiúil neamhspleách aitheanta, nó",

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*b*)—

"(*ba*) cúiteamh carbóin foraoise arna eisiúint de bhun chlár na Náisiún Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Laghdaithe ó Dhífhoraoisiú agus ó Dhíghrádú Foraoise, nó",

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*c*)—

"(*c*) aon cheart is inchurtha go díreach i leith cúiteamh, lamháltas, cead, ceadúnas nó ceart chun astú a dhéanamh faoi réim mhír (*a*), (*b*) nó (*ba*);".

(2) Leasaítear alt 110 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1), i mír (*f*) den mhíniú ar "cuideachta cháilitheach", trí "an dáta tuairisceáin sonraithe (de réir bhrí alt 950) don chéad tréimhse chuntasaíochta, ar i ndáil léi is cuideachta den sórt sin í, nó roimh an dáta sin," a chur isteach i ndiaidh "ar an bhfoirm fhorordaithe,".

(3) Leasaítear alt 110 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (4A), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*)(i):

"(i) duine a chónaíonn sa Stát nó, mura gcónaíonn sé nó sí sa Stát, atá thairis sin laistigh de réim cánach corparáide sa Stát maidir leis an ús sin nó leis an dáileadh eile sin, nó".

Feidhm alt 130 den Phríomh-Acht maidir le hús neamhbhliantúil áirithe.

42.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 452—

"452A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'cáin bhreise', i ndáil le críoch i leith cuideachta cháilitheach do thréimhse chuntasaíochta, an méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$A \times B/100$$

i gcás—

gurb é A an méid sonraithe don chríoch sin i leith na cuideachta cáilithí don tréimhse chuntasaíochta, agus

gurb é B an ráta faoin gcéad a shonraítear in alt 21(1)(*f*);

ciallaíonn 'méid inasbhainte', i ndáil le críoch i leith cuideachta cháilitheach do thréimhse chuntasaíochta, an méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$C \times D/E$$

i gcás—

gurb é C an méid sonraithe don chríoch sin i leith na cuideachta cáilithí don tréimhse chuntasaíochta,

gurb é D an cháin shonraithe i ndáil leis an méid sonraithe sin, agus

gurb é E an cháin bhreise i ndáil leis an méid sonraithe sin;

ciallaíonn 'cáin choigríche i leith cuideachta cháilitheach do thréimhse chuntasaíochta', i ndáil le cuideachta a sheolann gnó i gcríoch, an méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$F \times G/100$$

i gcás—

gurb é F an oiread sin den mhéid sonraithe don chríoch i leith na cuideachta cáilithí don tréimhse chuntasaíochta is iníoctha leis an gcuideachta a sheolann gnó, agus

gurb é G an ráta cánach faoin gcéad sa chríoch is inmhuirearaithe—

(*a*) ar ús a fhaigheann cuideachta sa chríoch ó fhoinsí lasmuigh den chríoch, nó

(*b*) i gcás go ndéantar an méid úis is iníoctha leis an gcuideachta a sheolann gnó a chur i gcuntas le linn brabúis ghnó de chuid na cuideachta sin a ríomh, ar bhrabúis ghnó;

ciallaíonn 'ús' ús seachas—

(*a*) ús bliantúil, agus

(*b*) ús lena mbaineann fo-alt (2B) d'alt 130, fo-alt (2)(*a*), (3)(*a*) nó (3A)(*a*) d'alt 452 nó fo-alt (2) d'alt 845A;

ciallaíonn 'cuideachta cháilitheach' cuideachta—

(*a*) a airleacann airgead i ngnáthchúrsa trádála a sheoltar sa Stát ar cuid di airgead a thabhairt ar iasacht, agus

(*b*) a ndéantar aon ús is iníoctha i leith airgead a airleactar amhlaidh a chur i gcuntas le linn ioncam na trádála sin de chuid na cuideachta a ríomh;

ciallaíonn 'méid sonraithe', i ndáil le críoch i leith cuideachta cháilitheach do thréimhse chuntasaíochta, an méid úis shonraithe is iníoctha don tréimhse chuntasaíochta sin ag an gcuideachta cháilitheach le cuideachta, nó le níos mó ná

cuideachta amháin, a sheolann gnó sa chríoch i gcás ina ndéantar an t-ús a chur i gcuntas sa chríoch sin le linn ioncam, brabúis nó gnóchain an ghnó sin a ríomh;

ciallaíonn 'ús sonraithe', i ndáil le cuideachta cháilitheach, ús is iníoctha ag an gcuideachta i gcúrsa trádála dá dtagraítear sa mhíniú ar 'cuideachta cháilitheach' agus a ndéileálfaí leis, ar leith ón alt seo, mar dháileadh de bhua alt 130(2)(*d*)(iv) agus dá bhua sin amháin;

ciallaíonn 'cáin shonraithe', i ndáil le méid sonraithe i leith cuideachta cháilitheach do thréimhse chuntasaíochta, an méid is lú díobh seo a leanas—

(*a*) an cháin bhreise i ndáil leis an méid sonraithe sin, agus

(*b*) an méid comhiomlán cánach coigríche i leith na cuideachta cáilithí don tréimhse chuntasaíochta, i ndáil le cuideachtaí a sheolann gnó sa chríoch lena mbaineann an méid sonraithe;

ciallaíonn 'críoch' críoch seachas críoch iomchuí de réir bhrí alt 246.

(2) Ní bheidh feidhm ag alt 130(2)(*d*)(iv) maidir leis an méid inasbhainte le haghaidh críche i leith cuideachta cháilitheach do thréimhse chuntasaíochta.".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Cáin ioncaim ar íocaíochtaí ó chuideachtaí neamh-chónaitheacha.

43.—(1) Leasaítear alt 238 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (6), trí "a chónaíonn sa Stát" a scriosadh.

(2) Leasaítear alt 241 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (2)—

(*a*) i mír (*a*)(i), trí "de bhua alt 238(2) nó 246(2)" a chur in ionad "de bhua alt 238(2)",

(*b*) i mír (*a*)(ii), trí "de bhua alt 238(2) nó 246(2)" a chur in ionad "de bhua alt 238(2)",

(*c*) trí "agus" a scriosadh roimh mhír (*b*), agus

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) beidh feidhm ag alt 239(5) maidir le cáin ioncaim i leith íocaíochtaí dá dtagraítear i mír (*a*), agus

(*c*) maidir le cáin ioncaim a bhfuil tuairisceán le tabhairt ina leith faoi mhír (*a*), déileálfar léi, chun an cháin sin agus aon ús nó pionóis ar an gcáin sin a mhuirearú, a mheasúnú, a bhailiú agus a ghnóthú ón gcuideachta a dhéanann na híocaíochtaí, amhail is dá mba cháin chorparáide í ab inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta a gceanglaítear an tuairisceán a thabhairt ina leith faoi mhír (*a*).".

44.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht— Lamháltais i gcomhair astaíochtaí.

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 81B:

"Lamháltais i gcomhair astaíochtaí.

81C.—(1) San alt seo—

tá le 'Treoir' an bhrí chéanna atá leis in alt 540A;

ciallaíonn 'lamháltas i gcomhair astaíochtaí'—

(*a*) lamháltas de réir bhrí Airteagal 3 den Treoir,

(*b*) aonad laghdaithe astaíochtaí nó ALA, de réir bhrí Airteagal 3 den Treoir, nó

(*c*) laghdú astaíochtaí deimhnithe nó LAR, de réir bhrí Airteagal 3 den Treoir;

tá le 'cuntas sochair agus dochair', i ndáil le tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta, an bhrí a shanntar dó le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis agus folaíonn sé cuntas ioncaim agus caiteachais i gcás go n-ullmhaíonn cuideachta cuntais de réir caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta.

(2) D'ainneoin aon ní in alt 81, maidir le haon mhéid, arna ríomh de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis, a mhuirearaítear ar chuntas sochair agus dochair cuideachta, don tréimhse chuntais arb ionann í agus an tréimhse chuntasaíochta, i leith caiteachais, chun críocha trádála a sheolann an chuideachta, ar lamháltas i gcomhair astaíochtaí a cheannach, lamhálfar é a asbhaint mar chaiteachais le linn méid bhrabúis nó ghnóchain na cuideachta a mhuirearófar i leith cánach faoi Chás I de Sceideal D don tréimhse chuntasaíochta a ríomh.

(3) Faoi réir alt 540A, i gcás go ndiúscraíonn cuideachta lamháltas i gcomhair astaíochtaí a cheannaigh sí chun críocha trádála a sheolann sí, déileálfar leis an gcomaoin i leith na diúscartha sin mar fháltas trádála de chuid na trádála.",

agus

(*b*) tríd an méid seo leanas a chur isteach i ndiaidh alt 540:

"Lamháltais áirithe i gcomhair astaíochtaí a dhiúscairt.

540A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'Gníomhaireacht' an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ar údarás inniúil arna ainmniú faoi Airteagal 18 den Treoir í;

tá le 'oibritheoir aerárthaigh' an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 3 den Treoir;

ciallaíonn 'Treoir' Treoir 2003/87/CE an 13 Deireadh Fómhair 2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] (arna leasú le Treoir 2004/101/CE an 27 Deireadh Fómhair 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], le Treoir 2008/101/CE an 19 Samhain 2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] agus le Treoir 2009/29/CE an 23 Aibreán 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]);

ciallaíonn 'lamháltas i gcomhair astaíochtaí' lamháltas de réir bhrí Airteagal 3 den Treoir;

tá le 'suiteáil' agus 'oibritheoir' na bríonna céanna, faoi seach, atá leo in Airteagal 3 den Treoir;

ciallaíonn 'cead' cead astuithe gáis ceaptha teasa de réir bhrí Airteagal 3 den Treoir;

ciallaíonn 'duine iomchuí'—

(*a*) duine ar eisíodh cead chuige nó chuici de réir Airteagail 5 agus 6 den Treoir i leith suiteáil ar oibritheoir i ndáil léi an duine, nó

(*b*) oibritheoir aerárthaigh;

ciallaíonn 'scéim iomchuí'—

(*a*) scéim athchóirithe nó cónasctha a bhfuil feidhm ag alt 615 i ndáil léi,

(*b*) aistriú sócmhainne a bhfuil feidhm ag alt 617 i ndáil leis, nó

(*c*) aistriú trádála, nó cuid de thrádáil, a bhfuil feidhm ag alt 631 i ndáil leis.

(2) (*a*) Faoi réir mhíreanna (*b*), (*c*) agus (*d*) agus d'ainneoin alt 110 nó aon fhoráil eile de chuid na nAchtanna Cánach, más rud é—

(i) go ndéanann duine iomchuí lamháltas i gcomhair astaíochtaí (dá ngairtear 'lamháltas iomchuí i

[2]IO Uimh. L275, 25.10.2003, lch.32
[3]IO Uimh. L338, 13.11.2004, lch.18
[4]IO Uimh. L8, 13.1.2009, lch.3
[5]IO Uimh. L140, 5.6.2009, lch.63

gcomhair astaíochtaí' san alt seo) a fuair an duine sin nó is infhaighte aige nó aici saor in aisce ón nGníomhaireacht de réir na Treorach a dhíol, a aistriú nó a dhiúscairt ar shlí eile, nó

(ii) go ndéanann cuideachta lamháltas iomchuí i gcomhair astaíochtaí a fuair an chuideachta faoi scéim iomchuí nó mar chuid de scéim iomchuí a dhíol, a aistriú nó a dhiúscairt ar shlí eile,

is éard é díol, aistriú nó diúscairt den sórt sin diúscairt sócmhainne chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil agus déileálfar leis nó léi mar dhiúscairt nach diúscairt stoic trádála chun na gcríoch sin.

(*b*) Folóidh tagairtí i mír (*a*) do lamháltas iomchuí i gcomhair astaíochtaí a dhíol, a aistriú nó a dhiúscairt tagairtí d'aon leas nó cearta i lamháltas den sórt sin nó thairis a dhíol, a aistriú nó a dhiúscairt.

(*c*) Ní bheidh feidhm ag mír (*a*) maidir le lamháltas i gcomhair astaíochtaí a ghéilleadh agus a chealú de réir Airteagal 12 den Treoir.

(*d*) Ní bheidh feidhm ag mír (*a*)(ii) maidir le haon díol, aistriú nó diúscairt lamháltais iomchuí i gcomhair astaíochtaí más rud é go ndearnadh an lamháltas iomchuí i gcomhair astaíochtaí, aon tráth roimh an teagmhas sin, a aistriú ó chuideachta amháin chuig cuideachta eile in imthosca nach ndearnadh an t-aistriú faoi scéim iomchuí nó mar chuid de scéim iomchuí.

(3) Chun aon ghnóchan a fhabhraíonn chuig duine iomchuí nó chuig cuideachta, de réir mar a bheidh, ar dhiúscairt dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a ríomh faoin gCuid seo—

(*a*) d'ainneoin alt 547 nó 552, ní lamhálfar aon suim mar asbhaint ón gcomaoin i leith na

diúscartha ar leith ó chostais theagmhasacha a bhaineann don duine nó don chuideachta a dhéanann an diúscairt, agus

(*b*) measfar go ndearnadh lamháltais i gcomhair astaíochtaí, seachas lamháltais iomchuí i gcomhair astaíochtaí, a dhiúscairt sula ndiúscraíonn an duine nó an chuideachta lamháltais iomchuí i gcomhair astaíochtaí.

(4) Ní bheidh feidhm ag alt 596 i gcás go ndéantar lamháltas iomchuí i gcomhair astaíochtaí a fhaigheann duine a leithreasú mar stoc trádála de chuid na trádála a sheolann an duine.”.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)(b)* maidir le diúscairtí dá dtagraítear in alt 540A (a chuirtear isteach le *fo-alt (1)(b)*) den Phríomh-Acht agus a dhéantar an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

Caibidil 5

Cáin Chorparáide

Leasú ar alt 486C (faoiseamh ó cháin do chuideachtaí nua-thionscanta áirithe) den Phríomh-Acht.

45.—Leasaítear alt 486C den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2)(*a*), trí “aon tráth le linn na tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2009 agus dar críoch an 31 Nollaig 2014” a chur in ionad “sa bhliain 2009, 2010 nó 2011”.

Leasú ar Sceideal 4 (comhlachtaí stáit-tionscanta neamhthráchtála sonraithe a dhíolmhú ó fhorálacha áirithe cánach) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

46.—(1) Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 39:

“39A. Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.”,

agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 92:

“92A. Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.”.

(2) (*a*) Measfar gur tháinig *fo-alt (1)(a)* i bhfeidhm agus go raibh éifeacht leis amhail ar an agus ón 1 Eanáir 1999.

(*b*) Measfar gur tháinig *fo-alt (1)(b)* i bhfeidhm agus go raibh éifeacht leis amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2002.

Leasú ar alt 411 (géilleadh faoisimh idir comhaltaí grúpaí agus comheagras) den Phríomh-Acht.

47.—(1) Leasaítear alt 411 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)—

(*a*) i mír (*a*), sa mhíniú ar “Ballstát iomchuí”, trí “rialtas; ” a chur in ionad “rialtas.” i bhfomhír (ii),

(*b*) i mír (*a*), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “Ballstát iomchuí”:

“ciallaíonn ‘críoch iomchuí’—

(i) Ballstát iomchuí,

(ii) mura Ballstát den sórt sin í, críoch a bhfuil socruithe, a bhfuil feidhm dlí acu de bhua alt 826(1), déanta lena rialtas, nó

(iii) mura críoch dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó (ii) í, críoch a bhfuil socruithe, a mbeidh feidhm dlí acu ar na nósanna imeachta a leagtar amach in alt 826(1) a chríochnú, déanta lena rialtas;",

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*c*):

"(*c*) Le linn cinneadh a dhéanamh, chun críocha an ailt seo agus na n-alt ina dhiaidh seo den Chaibidil seo, i dtaobh an fochuideachta 75 faoin gcéad de chuid cuideachta eile cuideachta amháin, déileálfar leis an gcuideachta eile mar chuideachta nach úinéir—

(i) ar aon scairchaipiteal atá ar úinéireacht go díreach aici i gcuideachta dá ndéileálfaí le brabús ar na scaireanna a dhíol mar fháltas trádála de chuid a trádála,

(ii) ar aon scairchaipiteal atá ar úinéireacht go neamhdhíreach aici agus atá ar úinéireacht go díreach ag cuideachta arbh fháltas trádála di brabús ar na scaireanna a dhíol, nó

(iii) ar aon scairchaipiteal atá ar úinéireacht go díreach aici i gcuideachta, nach cuideachta—

(I) a bhfuil, de bhua dlí críche iomchuí, cónaí uirthi chun críocha cánach i gcríoch iomchuí den sórt sin, nó

(II) a ndéantar a príomhaicme scaireanna nó, i gcás gur fochuideachta 75 faoin gcéad de chuid cuideachta eile an chuideachta, príomhaicme scaireanna na cuideachta eile sin, a thrádáil go substaintiúil agus go rialta ar stocmhalartán sa Stát, ar stocmhalartán aitheanta amháin nó níos mó i gcríoch iomchuí nó i gcríocha iomchuí nó ar cibé stocmhalartán eile a cheadóidh an tAire Airgeadais chun críocha Chaibidil 8A de Chuid 6.

(*d*) Ní bheidh feidhm ag tagairtí sa Chaibidil seo do chuideachta is cuideachta ghéillteach nó cuideachta éilimh ach amháin maidir le cuideachta a bhfuil, de bhua dlí Ballstáit iomchuí, cónaí uirthi chun críocha cánach i mBallstát den sórt sin.".

(2) (*a*) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

(*b*) Ní bheidh éifeacht leis an alt seo i ndáil le cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid caillteanais nó le méid eile a bheidh ar fáil lena ghéilleadh faoi alt 411(2) den Phríomh-Acht do tréimhse chuntasaíochta a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2012 agus a chríochnaíonn tar éis an dáta sin a mhéid atá an caillteanas nó an méid eile inchurtha i leith an chuid den tréimhse chuntasaíochta atá ann roimh an dáta sin.

(*c*) Aon chionroinnt is gá chun éifeacht a thabhairt do *mhír (b)*, déanfar í de réir alt 4(6) den Phríomh-Acht.

Leasú ar alt 835D (na prionsabail maidir le rialacha a fhorléiriú de réir threoirlínte ECEF) den Phríomh-Acht.

48.—(1) Leasaítear alt 835D den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1), i mír (*b*) den mhíniú ar "treoirlínte maidir le praghsáil aistrithe", trí "agus an 22 Iúil 2010 agus leis an athbhreithniú a cheadaigh Comhairle ECEF an 22 Iúil 2010", a chur isteach i ndiaidh "an 16 Iúil 2009".

(2) Tá feidhm ag an alt seo amhail ar agus ó dháta rite an Achta seo.

Leasú ar Sceideal 24 (faoiseamh ó cháin ioncaim agus ó cháin chorparáide trí bhíthin creidmheasa i leith cánach coigríche) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

49.—(1) Leasaítear Sceideal 24 a ghabhann leis an bPríomh-Acht i mír 9DB tríd an méid seo a leanas a chur isteach ag deireadh na míre sin:

"(4) Más rud é, maidir le haon ríchíosanna iomchuí a fhaigheann cuideachta i dtréimhse chuntasaíochta, go bhfuil aon chuid den cháin choigríche nach féidir déileáil léi, mar gheall ar neamhdhóthanacht ioncaim, mar cháin a laghdaíonn ioncam faoi mhír 7(3)(*c*) nó faoi alt 77(6B), ansin, chun críocha na míre seo, is cáin choigríche neamhfhaoisimh an méid nach féidir déileáil leis amhlaidh.

(5) Más rud é, maidir le tréimhse chuntasaíochta, go bhfuil ríchíosanna á bhfáil ag cuideachta ó dhaoine nach gcónaíonn sa Stát agus go gcuirtear na ríchíosanna sin i gcuntas le linn ioncam trádála de chuid trádála a sheolann an chuideachta a ríomh, féadfaidh an chuideachta—

(*a*) an t-ioncam (dá ngairtear 'ioncam ríchíosa' san fhomhír seo) is inchurtha i leith aon íocaíochtaí den sórt sin a laghdú d'aon cháin choigríche neamhfhaoisimh, agus

(*b*) cibé laghduithe ar na méideanna sin a leithroinnt agus iad a leithroinnt ar cibé cuid dá hioncam ríchíosa don tréimhse chuntasaíochta sin is cuí léi.

(6) Ní cead méid comhiomlán laghduithe faoi fhomhír (5) i dtréimhse chuntasaíochta a bheith níos mó ná comhiomlán na cánach coigríche neamhfhaoisimh i leith na ríchíosanna iomchuí go léir don tréimhse chuntasaíochta sin.".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le ríchíosanna iomchuí (de réir bhrí mhír 9DB(1)(*a*) de Sceideal 24 a ghabhann leis an bPríomh-Acht) a fhaightear an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Leasú ar alt 77 (rialacha speisialta ilghnéitheacha chun ioncam a ríomh) den Phríomh-Acht.

50.—(1) Leasaítear alt 77 den Phríomh-Acht, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

"(6A) (*a*) San fho-alt seo—

déanfar 'méid an ioncaim is inchurtha i leith an úis iomchuí' a fhorléiriú de réir mhír 9D(1)(*b*)(ii) de Sceideal 24;

tá le 'cáin choigríche iomchuí' agus 'ús iomchuí' na bríonna céanna, faoi seach, atá leo i mír 9D(1)(*a*) de Sceideal 24.

(*b*) Más rud é, maidir le tréimhse chuntasaíochta cuideachta, go bhfuil méid úis iomchuí ar áireamh in ioncam trádála ó thrádáil a sheolann an chuideachta, déileálfar le méid an ioncaim is inchurtha i leith an úis iomchuí mar mhéid arna laghdú den cháin choigríche iomchuí i ndáil leis an ús iomchuí (i gcás nach féidir asbhaint den sórt sin a dhéanamh faoi aon fhoráil de na hAchtanna Cánach Ioncaim, agus nach dtoirmisctear asbhaint den sórt sin le haon fhoráil de na hAchtanna Cánach Ioncaim, a chuirtear chun feidhme leis na hAchtanna Cánach Corparáide).

(6B) (*a*) San fho-alt seo—

déanfar 'méid an ioncaim is inchurtha i leith na ríchíosanna iomchuí' a fhorléiriú de réir mhír 9DB(1)(*b*)(ii) de Sceideal 24;

tá le 'cáin choigríche iomchuí' agus 'ríchíosanna iomchuí' na bríonna céanna, faoi seach, atá leo i mír 9DB(1)(*a*) de Sceideal 24.

(*b*) Más rud é, maidir le tréimhse chuntasaíochta cuideachta, go bhfuil méid ríchíosanna iomchuí ar áireamh in ioncam trádála ó thrádáil a sheolann an chuideachta, déileálfar le méid an ioncaim is inchurtha i leith na ríchíosanna mar mhéid arna laghdú den cháin choigríche iomchuí i ndáil leis na ríchíosanna iomchuí (i gcás nach féidir asbhaint den sórt sin a dhéanamh faoi aon fhoráil de na hAchtanna Cánach Ioncaim, agus nach dtoirmisctear asbhaint den sórt sin le haon fhoráil de na hAchtanna Cánach Ioncaim, a chuirtear chun feidhme leis na hAchtanna Cánach Corparáide).".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Cumaisc i gcás go ndíscaoiltear cuideachta gan í a leachtú.

51.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 633C—

"633D.—Maidir le haistriú sócmhainní agus dliteanas uile cuideachta is fochuideachta atá ar lánúinéireacht ag cuideachta eile (dá ngairtear 'an mháthairchuideachta' san alt seo) chuig an máthairchuideachta, ar an bhfochuideachta sin a dhíscaoileadh gan í a leachtú, ní dhéileálfar leis mar aistriú lena ngabhann diúscairt ag an máthairchuideachta ar an scairchaipiteal a shealbhaigh sí san fhochuideachta díreach roimh an díscaoileadh.".

(2) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)* maidir le sócmhainní agus dliteanas a aistrítear an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Faoiseamh aontaobhach (ioncam ó léasú).

52.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht i Sceideal 24—

(*a*) i mír 4(5)(*a*), trí "mhíreanna 9D, 9DB agus 9DC" a chur in ionad "mhíreanna 9D agus 9DB",

(*b*) i mír 4(5)(*b*), trí "agus" a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé i bhfochlásal (iv), trí "agus" a chur isteach i ndiaidh "na míre sin)," i bhfochlásal (v), agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhochlásal (v):

"(vi) maidir leis an méid d'ioncam cuideachta a ndéileálfar leis chun críocha mhír 9DC mar ioncam is inchurtha i leith méid ioncaim iomchuí ó léasú (de réir bhrí na míre sin),",

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 9DB:

"*Faoiseamh Aontaobhach (ioncam ó léasú)*

9DC. (1) (*a*) Sa mhír seo—

ciallaíonn 'ioncam ó léasú' íocaíochtaí d'aon chineál mar chomaoin i leith trealamh tionscail, tráchtála nó eolaíochta a úsáid, nó i leith an chirt chun an céanna a úsáid;

ciallaíonn 'cáin choigríche iomchuí', i ndáil le hioncam ó léasú is infhaighte ag cuideachta, cáin—

(i) a asbhaineadh faoi dhlíthe aon chríche coigríche ó mhéid na híocaíochta léasa,

(ii) atá ar comhréir le cáin ioncaim nó cáin chorparáide,

(iii) nár aisíocadh leis an gcuideachta,

(iv) nach inlamhála creidmheas ina leith faoi shocruithe, agus

(v) nach ndéileáiltear léi faoin Sceideal seo, ar leith ón mír seo, mar cháin a laghdaíonn an méid ioncaim;

ciallaíonn 'ioncam iomchuí ó léasú' ioncam ó léasú is infhaighte ag cuideachta agus—

(i) atá le cur i gcuntas le linn ioncam trádála ó thrádáil a sheolann an chuideachta a ríomh, agus

(ii) óna n-asbhaintear cáin choigríche iomchuí.

(*b*) Chun críocha na míre seo—

(i) maidir leis an méid cánach corparáide ab iníoctha, ar leith ón mír seo, ag cuideachta do

thréimhse chuntasaíochta agus is inchurtha síos do mhéid ioncaim iomchuí ó léasú, is é a bheidh ann méid is comhionann le 12.5 faoin gcéad den mhéid ar mó méid ioncaim na cuideachta is inchurtha i leith mhéid an ioncaim iomchuí ó léasú ná an cháin choigríche iomchuí, agus

(ii) measfar, faoi réir mhír 4(5), gurb é atá i méid aon ioncaim de chuid cuideachta is inchurtha i leith méid ioncaim iomchuí ó léasú i dtréimhse chuntasaíochta cibé suim a bhfuil idir í agus méid iomlán ioncam trádála na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta roimh aon cháin choigríche iomchuí a asbhaint an chomhréir chéanna atá idir an méid ioncaim iomchuí ó léasú sa tréimhse chuntasaíochta agus an méid iomlán is infhaighte ag an gcuideachta i gcúrsa na trádála sa tréimhse chuntasaíochta.

(2) Más rud é, maidir le tréimhse chuntasaíochta cuideachta, go bhfuil ar áireamh san ioncam trádála ó thrádáil a sheolann an chuideachta méid ioncaim iomchuí ó léasú, déanfar an méid cánach corparáide ab iníoctha, ar leith ón mír seo, ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta a laghdú den oiread sin de 87.5 faoin gcéad d'aon cháin choigríche iomchuí a bhéarfaidh an chuideachta i leith ioncam iomchuí ó léasú sa tréimhse sin nach mó ná an cháin chorparáide ab iníoctha amhlaidh agus is inchurtha síos do mhéid an ioncaim iomchuí ó léasú.".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hioncam ó léasú (de réir bhrí mhír 9DC(1)(*a*) (a chuirtear isteach le *fo-alt (1)*) de Sceideal 24 a ghabhann leis an bPríomh-Acht) a fhaightear an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Leasú ar alt 21B (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le díbhinní áirithe) den Phríomh-Acht.

53.—(1) Leasaítear alt 21B den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(*a*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "críoch iomchuí":

"ciallaíonn 'críoch iomchuí'—

(i) Ballstát de na Comhphobail Eorpacha,

(ii) mura Ballstát den sórt sin í, críoch a bhfuil socruithe, a bhfuil feidhm dlí acu de bhua alt 826(1), déanta lena rialtas,

(iii) mura críoch dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó (ii) í, críoch a bhfuil socruithe, a mbeidh feidhm dlí acu ar na nósanna imeachta a leagtar amach in alt 826(1) a chríochnú, déanta lena rialtas, nó

(iv) mura críoch dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó (ii) nó (iii) í, críoch ar dhaingnigh a rialtas an Coinbhinsiún dá dtagraítear in alt 826(1C);".

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le díbhinní a fhaightear an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Leasuithe iarmhartacha ar an bPríomh-Acht ar dhul in éag don scéim faoisimh le haghaidh cuideachtaí monaraíochta áirithe.

54.—De dhroim an scéim faoisimh do chuideachtaí monaraíochta áirithe faoi Chuid 14 den Phríomh-Acht do dhul in éag, déantar na forálacha den Acht sin dá dtagraítear i *Sceideal 1* a leasú de réir mar a fhoráiltear sa Sceideal sin.

Caibidil 6

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

Gnóchain chaipitiúla: ráta muirir.

55.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 28(3), trí "30 faoin gcéad" a chur in ionad "25 faoin gcéad", agus

(*b*) in alt 649A(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) i gcás diúscairt iomchuí a dhéantar an 7 Nollaig 2011 nó dá éis, 30 faoin gcéad.".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí a dhéantar an 7 Nollaig 2011 nó dá éis.

Leasú ar alt 533 (suíomh sócmhainní) den Phríomh-Acht.

56.—(1) Leasaítear alt 533 den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*d*):

"(*da*) faoi réir mhír (*d*), maidir le scaireanna i gcuideachta nó urrúis de chuid cuideachta atá corpraithe sa Stát, beidh siad suite sa Stát agus, chun críocha na míre seo, folaíonn 'scaireanna' barántais i leith scaireanna (lena n-áirítear barántais scaire (de réir bhrí alt 88 d'Acht na gCuideachtaí, 1963)) agus aon ionstraim nó urrús eile a ndíorthaítear a luach ó scaireanna nó a ríomhtar a luach faoi threoir scaireanna;",

agus

(*b*) i mír (*e*), trí "faoi réir mhíreanna (*d*) agus (*da*)" a chur in ionad "faoi réir mhír (*d*)".

(2) Tá feidhm ag an alt seo amhail ar an agus ón 8 Feabhra 2012.

Leasú ar alt 562 (dliteanais theagmhasacha) den Phríomh-Acht.

57.—(1) Leasaítear alt 562 den Phríomh-Acht, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Ní dhéanfar aon choigeartú de réir fho-alt (2) mura suitear chun sástacht an chigire gur íoc an sannóir, an díoltóir, an léasóir nó an deontóir, de réir mar a bheidh, i leith rogha méid is comhionann le méid an dliteanais theagmhasaigh i leith an dliteanais sin.".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí a dhéantar an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

Idirbhearta scaire áirithe le gnóthais infheistíochta.

58.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 584(3), trí "(10)" a chur in ionad "(9)",

(*b*) in alt 584, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

"(10) (*a*) San fho-alt seo, tá le 'gnóthas infheistíochta' agus 'aonad' na bríonna céanna, faoi seach, atá leo in alt 739B.

(*b*) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) i gcás gurb é atá sa sealbhán nua aonaid i ngnóthas infheistíochta is cuideachta.",

(*c*) in alt 585(1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar "slándáil":

"tá le 'gnóthas infheistíochta' agus 'aonad' na bríonna céanna, faoi seach, atá leo in alt 739B;",

(*d*) in alt 585, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Chun críocha an ailt seo, ní fholóidh urrúis a chomhshó urrúis a chomhshó ina n-aonaid i ngnóthas infheistíochta is cuideachta.",

(*e*) in alt 586(3), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*c*):

"(*d*) Ní bheidh feidhm ag an alt seo i gcás gur gnóthas infheistíochta de réir bhrí 739B an chuideachta a eisíonn na scaireanna nó na bintiúir.",

agus

(*f*) in alt 587(4), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*c*):

"(*d*) Ní bheidh feidhm ag an alt seo i gcás gur gnóthas infheistíochta de réir bhrí alt 739B an chuideachta a eisíonn na scaireanna nó na bintiúir.".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon scaireanna nó bintiúir a eisíonn cuideachta an 22 Feabhra 2012 nó dá éis.

Leasú ar alt 598 (gnó nó feirm a dhiúscairt ar "scor") den Phríomh-Acht.

59.—Leasaítear alt 598 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) (*a*) Faoi réir an ailt seo, i gcás go ndéanann pearsa aonair a bhfuil 55 bliana d'aois slánaithe aige nó aici ach nach bhfuil 66 bliana d'aois slánaithe aige nó aici iomlán a shócmhainní cáilitheacha nó a sócmhainní cáilitheacha, nó cuid díobh, a dhiúscairt, ansin—

(i) mura mó méid nó luach na comaoine i leith na diúscartha ná €750,000, tabharfar faoiseamh i leith an mhéid iomláin cánach gnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar aon ghnóchan a fhabhraíonn ar an diúscairt;

(ii) más mó méid nó luach na comaoine i leith na diúscartha ná €750,000, ní mó an méid cánach gnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar an ngnóchan a fhabhraíonn ar an diúscairt ná 50 faoin gcéad den difríocht idir méid na comaoine sin agus €750,000.

(*b*) Faoi réir an ailt seo, i gcás go ndéanann pearsa aonair a bhfuil 66 bliana d'aois slánaithe aige nó aici iomlán a shócmhainní cáilitheacha nó a sócmhainní cáilitheacha, nó cuid díobh, a dhiúscairt an 31 Nollaig 2013 nó dá éis, ansin—

(i) mura mó méid nó luach na comaoine i leith na diúscartha ná €750,000, tabharfar faoiseamh i leith an mhéid iomláin cánach gnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar aon ghnóchan a fhabhraíonn ar an diúscairt;

(ii) más mó méid nó luach na comaoine i leith na diúscartha ná €750,000, ní mó an méid cánach gnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar an ngnóchan a fhabhraíonn ar an diúscairt ná 50 faoin gcéad den difríocht idir méid na comaoine sin agus €750,000.

(*c*) Faoi réir an ailt seo, i gcás go ndéanann pearsa aonair a bhfuil 66 bliana d'aois slánaithe aige nó aici iomlán a shócmhainní cáilitheacha nó a sócmhainní cáilitheacha, nó cuid díobh, a dhiúscairt an 1 Eanáir 2014 nó dá éis, ansin—

(i) mura mó méid nó luach na comaoine i leith na diúscartha ná €500,000, tabharfar faoiseamh i leith an mhéid iomláin cánach gnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar aon ghnóchan a fhabhraíonn ar an diúscairt;

(ii) más mó méid nó luach na comaoine i leith na diúscartha ná €500,000, ní mó an méid cánach gnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar an ngnóchan a fhabhraíonn ar an diúscairt ná 50 faoin gcéad den difríocht idir méid na comaoine sin agus €500,000.

(*d*) Chun críocha mhíreanna (*a*), (*b*) agus (*c*), is é an méid cánach gnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe i leith an ghnóchain an méid cánach nach mbeadh inmhuirearaithe mura mbeadh an gnóchan sin.".

Leasú ar alt 599 (gnó nó feirm a dhiúscairt laistigh de theaghlach) den Phríomh-Acht.

60.—Leasaítear alt 599(1) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) Faoi réir an ailt seo—

(i) i gcás go ndéanann pearsa aonair a bhfuil 55 bliana d'aois slánaithe aige nó aici ach nach bhfuil 66 bliana d'aois slánaithe aige nó aici iomlán a shócmhainní cáilitheacha nó a sócmhainní cáilitheacha, nó cuid díobh, a dhiúscairt chuig leanbh dá chuid nó dá cuid, tabharfar faoiseamh i leith na cánach gnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar aon ghnóchan a fhabhraíonn ar an diúscairt;

(ii) i gcás go ndéanann pearsa aonair a bhfuil 66 bliana d'aois slánaithe aige nó aici iomlán a shócmhainní cáilitheacha nó a sócmhainní cáilitheacha, nó cuid díobh, a dhiúscairt chuig leanbh dá chuid nó dá cuid an 31 Nollaig 2013 nó dá éis, tabharfar faoiseamh i leith na cánach gnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar aon ghnóchan a fhabhraíonn ar an diúscairt;

(iii) i gcás go ndéanann pearsa aonair a bhfuil 66 bliana d'aois slánaithe aige nó aici iomlán a shócmhainní cáilitheacha nó a sócmhainní cáilitheacha, nó cuid díobh, a dhiúscairt chuig leanbh dá chuid nó dá cuid an 1 Eanáir 2014 nó dá éis agus gur mó margadhluach na sócmhainní cáilitheacha ná €3,000,000, tabharfar faoiseamh i leith na cánach gnóchan caipitiúil is inmhuirearaithe ar aon ghnóchan a fhabhraíonn ar an diúscairt amhail is dá mba €3,000,000 an chomaoin i leith na diúscartha.".

Leasú ar alt 611 (diúscairtí chun an Stáit, comhlachtaí poiblí agus carthanas) den Phríomh-Acht.

61.—(1) Leasaítear alt 611(1)(*a*) den Phríomh-Acht, i bhfomhír (iii), trí "an Bhoird Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil, an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil, na Comhpháirtíochta um Thithe Incheannaithe, an Chomhlachais Snámha agus Tarrthála, Gníomhaireacht Athbheochana Thuaisceart Luimnigh, Gníomhaireacht Athbheochana Dheisceart Luimnigh," a chur isteach i ndiaidh "Cairde Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann,".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí a dhéantar an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

Leasú ar alt 613 (díolúintí ilghnéitheacha do chineálacha áirithe maoine) den Phríomh-Acht.

62.—Leasaítear alt 613 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

"(7) Ní éireoidh aon ghnóchan inmhuirearaithe ar mhéid cúitimh, cibé acu in airgead nó i luach airgid, a fháil faoin Scéim Chúitimh maidir le Scor de Mhóin a Bhaint ar scéim í a riarann an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i ndáil le scor de mhóin a bhaint i Limistéir Chaomhantais Speisialta nó Limistéir Oidhreachta Nádúrtha portaigh ardaithe, de réir mar a cheanglaítear faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011) nó faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000.".

Leasú ar Sceideal 15 (liosta de chomhlachtaí chun críocha alt 610) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

63.—(1) Leasaítear Sceideal 15 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 9:

"9. Teagasc—an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia.",

agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 31:

"31A. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i leith aon diúscairt a dhéanann sí chuig Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin.

31B. Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin.".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí a dhéantar an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

Faoiseamh i leith diúscairtí áirithe talún nó foirgneamh.

64.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 604:

"604A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'Comhaontú LEE' an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a síníodh in Oporto an 2 Bealtaine 1992, arna choigeartú leis an bPrótacal a síníodh sa Bhruiséil an 17 Márta 1993;

ciallaíonn 'Stát de chuid LEE' stát is páirtí conarthach i gComhaontú LEE.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le talamh nó le foirgnimh atá suite in aon Stát de chuid LEE (lena n-áirítear an Stát)—

(*a*) ar talamh é nó foirgnimh iad—

(i) a fuarthas ar chomaoin atá comhionann lena margadhluach sa tréimhse dar tosach an 7 Nollaig 2011 agus dar críoch an 31 Nollaig 2013, nó

(ii) a fuarthas sa tréimhse dá dtagraítear i bhfomhír (i) ó ghaol (de réir bhrí alt 10) agus nár lú an chomaoin ná 75 faoin gcéad dá margadhluach ar an dáta a fuarthas iad,

agus

(*b*) a leanann de bheith ar úinéireacht ag an duine a fuair an talamh sin nó na foirgnimh sin go ceann tréimhse 7 mbliana ar a laghad ón dáta a fuarthas iad.

(3) Ar dhiúscairt talún nó foirgneamh lena mbaineann an t-alt seo, ní gnóchan inmhuirearaithe an cion sin den ghnóchan arb ionannas dó an chomhréir chéanna den ghnóchan atá idir 7 mbliana agus tréimhse úinéireachta na talún sin nó na bhfoirgneamh sin.

(4) Ní bheidh feidhm ag faoiseamh faoi fho-alt (3)—

(*a*) maidir le talamh nó foirgnimh lena mbaineann an t-alt seo mura rud é gur ioncam nó brabúis nó gnóchain lena mbaineann na hAchtanna Cánach Ioncaim nó na hAchtanna Cánach Corparáide aon ioncam nó brabúis nó gnóchain ón talamh nó ó na foirgnimh lena mbaineann sa tréimhse 7 mbliana ón dáta a fuarthas iad ag an duine a fuair iad, nó

(*b*) i gcás go ndearnadh socruithe (de réir bhrí alt 546A) a chur ar bun agus gur féidir a shuíomh go mbeadh an faoiseamh sin (ar leith ón bhfaoiseamh a thugtar faoi fho-alt (3)) níos lú mura gcuirfí na socruithe ar bun.".

Airgeadra coigríche a eisiamh mar shócmhainn de chuid cuideachtaí áirithe.

65.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 79B:

"79C.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'caighdeáin chuntasaíochta cheadaithe' caighdeáin atá de réir prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo sa Stát nó de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (arna bhfógairt ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta);

ciallaíonn 'glanghnóchan malartaithe coigríche' an bhreis atá ag gnóchain malartaithe coigríche ar chaillteanais malartaithe coigríche a eascraíonn ar chuideachta shealbhaíochta iomchuí do dhiúscairt airgeadra i dtaisce bhainc iomchuí, ach ní fholaíonn sé na gnóchain sin ná na caillteanais sin is inmhuirearaithe i leith cáin chorparáide faoi Chás I de Sceideal D;

ciallaíonn 'glanchaillteanas malartaithe coigríche' an bhreis atá ag caillteanais malartaithe coigríche ar ghnóchain malartaithe coigríche a eascraíonn ar chuideachta shealbhaíochta iomchuí do dhiúscairt airgeadra i dtaisce bhainc iomchuí, ach ní fholaíonn sé na gnóchain sin ná na caillteanais sin is inmhuirearaithe i leith cáin chorparáide faoi Chás I de Sceideal D;

tá le 'cuntas sochair agus dochair' an bhrí chéanna atá leis in alt 81C;

ciallaíonn 'taisce bhainc iomchuí' suim atá chun creidiúna cuideachta sealbhaíochta iomchuí i mbanc agus nach airgeadra Éireannach í;

ciallaíonn 'cuideachta shealbhaíochta iomchuí' cuideachta—

(*a*) a bhfuil ar a laghad fochuideachta amháin ar lánúinéireacht aici ar fochuideachta í a fhaigheann an chuid is mó dá hioncam ó ghníomhaíochtaí trádála, nó

(*b*) a dhéanann fochuideachta ar lánúinéireacht a fhaigheann an chuid is mó dá hioncam ó ghníomhaíochtaí trádála a fháil nó a bhunú laistigh de bhliain amháin tar éis glanghnóchan malartaithe coigríche a chreidiúnú dá cuntais.

(2) Ní sócmhainn lena mbaineann alt 532 airgeadra i dtaisce bhainc iomchuí.

(3) Maidir le méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$A \times \frac{6}{5}$$

i gcás gurb é A an glanghnóchan malartaithe coigríche a chreidiúnaítear i gcuntas sochair agus dochair cuideachta sealbhaíochta iomchuí, arna laghdú den oiread sin d'aon chaillteanas faoi alt 383 is inchurtha síos do ghlanchaillteanas malartaithe coigríche agus nár asbhaineadh ó aon mhéid eile ioncaim, is ioncam is inmhuirearaithe faoi Chás IV de Sceideal D é.

(4) Ní bheidh feidhm ag an alt seo mura ndéantar na cuntais a tharraingt suas de réir caighdeáin chuntasaíochta cheadaithe.

(5) Maidir le caillteanas inlamhála faoi alt 546 atá neamhúsáidte ar an dáta a thagann an t-alt seo in éifeacht agus a d'eascair, nó a d'eascródh, ar dhiúscairt airgeadra i dtaisce bhainc iomchuí de chuid cuideachta sealbhaíochta iomchuí, féadfar déileáil leis mar chaillteanas neamhúsáidte, ar an dáta céanna, faoi alt 383.

(6) Féadfaidh caillteanas inlamhála faoi alt 546 lena mbaineann fo-alt (5) cáiliú le haghaidh faoisimh faoi alt 383 nó 546 ach ní fhéadfaidh sé cáiliú le haghaidh faoisimh faoin dá fhoráil sin.".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1 Eanáir 2012 nó dá éis.

Leasú ar alt 579 (iontaobhais neamh-chónaitheacha) den Phríomh-Acht.

66.—(1) Leasaítear alt 579 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí "sainchónaí agus" a scriosadh i ngach áit,

(*b*) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) D'ainneoin mhír (*a*), i gcás nach raibh cónaí ná gnáthchónaí sa Stát ar thairbhí faoin tsocraíocht i mbliain mheasúnachta ar fhabhraigh gnóchan chuig na hiontaobhaithe lena linn, ach go raibh cónaí nó gnáthchónaí air nó uirthi amhlaidh i mbliain mheasúnachta roimhe sin agus i mbliain mheasúnachta dá éis, déileálfar leis an ngnóchan a d'fhabhródh chuig an tairbhí sin dá mbeadh feidhm ag mír (*a*) mar ghnóchan a fhabhraíonn sa chéad bhliain mheasúnachta ina dtagann sé nó sí dá éis sin chun cónaí nó gnáthchónaí a bheith air nó uirthi sa Stát.

(*c*) D'ainneoin mhír (*a*), i gcás go ndearnadh duine a eisiamh mar thairbhí faoin tsocraíocht ar feadh tréimhse ama ach gur áiríodh é nó í ina dhiaidh sin mar thairbhí de chuid na socraíochta sin agus gur fhabhraigh gnóchan chuig na hiontaobhaithe le linn bliain mheasúnachta nuair a bhí an tairbhí sin eisiata

amhlaidh, déileálfar le haon ghnóchan a d'fhabhródh chuig an tairbhí dá mbeadh feidhm ag mír (*a*) mar ghnóchan a fhabhraíonn sa chéad bhliain mheasúnachta inar áiríodh an duine sin ina dhiaidh sin mar thairbhí de chuid na socraíochta lena mbaineann.

(*d*) D'ainneoin mhír (*a*), mura ndéileáiltear le tairbhí faoi fhorálacha mhír (*a*), (*b*) nó (*c*) amhail is dá mba rud é gur fhabhraigh aon chuid chionroinnte de ghnóchan chuige nó chuici i mbliain mheasúnachta agus—

(i) gur réadaigh na hiontaobhaithe gnóchan inmhuirearaithe roimhe sin, agus

(ii) go bhfaigheann an tairbhí íocaíocht chaipitiúil (de réir bhrí alt 579A(1)) ón iontaobhas le linn bliain mheasúnachta ina bhfuil cónaí nó gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát,

ansin, déileálfar leis an tairbhí amhail is dá mbeadh méid is comhionann—

(I) leis an íocaíocht chaipitiúil, nó

(II) leis an ngnóchan cionroinnte a d'fhabhródh chuige nó chuici dá mbeadh feidhm ag míreanna (*a*), (*b*) nó (*c*),

cibé acu is lú, ina ghnóchan inmhuirearaithe a fhabhraíonn chuige nó chuici sa bhliain mheasúnachta ina bhfaightear an íocaíocht chaipitiúil.

(*e*) Chun críocha an ailt seo, déanfar aon mhéid dá dtagraítear i mír (*a*), (*b*) nó (*c*) a chionroinnt ar cibé dóigh atá cóir réasúnach idir daoine a bhfuil leasanna acu sa mhaoin shocraithe, cibé acu is leas saoil nó leas i bhfrithdhílse an leas, agus sin ar shlí go ndéantar an gnóchan inmhuirearaithe a chionroinnt, chomh gar agus is féidir, de réir luachanna na leasanna sin faoi seach agus, i gcás leasa inchloíte, neamhshuim a dhéanamh den leas sin a bheith inchloíte.",

agus

(*c*) i bhfo-alt (3), trí mhír (*b*) a scriosadh.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí a dhéantar an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

Díolúine i leith fáltais ó dhiúscairt ag comhlachtaí spóirt.

67.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 610:

"610A.—(1) Faoi réir fho-alt (2), ní gnóchan inmhuirearaithe gnóchan má fhabhraíonn sé chuig comhlacht ceadaithe a mhéid a rinneadh, laistigh de 5 bliana tar éis fáltais na diúscartha is bun leis an ngnóchan

nó an chomaoin i leith na diúscartha faoi na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, de réir mar a bheidh, a fháil, fáltais na diúscartha nó, más mó í, an chomaoin a chur chun feidhme d'aon toisc chun cluichí nó spóirt lúthchleasa nó amaitéaracha a chur chun cinn.

(2) Ní gnóchan inmhuirearaithe gnóchan más rud é go bhfabhraíonn sé chuig comhlacht ceadaithe a mhéid a rinneadh, laistigh de 5 bliana tar éis fáltais na diúscartha is bun leis an ngnóchan nó an chomaoin i leith na diúscartha, de réir mar a bheidh, a fháil, fáltais na diúscartha (nó cuid díobh) nó, más mó í, an chomaoin (nó cuid di) a dheonú chun críocha carthanúla do dhuine nó do chomhlacht daoine agus—

(*a*) go ndearnadh iarratas chuig an Aire Airgeadais ina sonraítear an duine nó an comhlacht daoine dá mbeartaíonn an comhlacht ceadaithe deonachán a thabhairt agus gur cheadaigh sé nó sí an deonachán a thabhairt don duine nó don chomhlacht daoine a shonraítear san iarratas,

(*b*) go bhfianaítear an deonachán le gníomhas ina sonraítear go bhfuil an deonachán infheidhme agus nach mór é a chur chun feidhme chun críocha an charthanais agus chun na gcríoch sin amháin, agus

(*c*) nach bhfaigheann an deontóir ná duine atá bainteach leis an deontóir tairbhe mar thoradh ar an deonachán a thabhairt, go díreach nó go neamhdhíreach.

(3) Féadfaidh an tAire Airgeadais diúltú an deonachán don duine nó don chomhlacht daoine dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a cheadú má chreideann sé nó sí nárbh é leas an phobail é an deonachán sin a thabhairt.

(4) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a cheadú fadú a dhéanamh ar an tréimhse 5 bliana dá dtagraítear i bhfo-alt (1) chun fáltais a chur chun feidhme chun críocha spóirt más deimhin leo go bhfuil comhlacht ceadaithe i mbun fáltais a chur chun feidhme chun na críche sin.

(5) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a cheadú fadú a dhéanamh ar an tréimhse 5 bliana dá dtagraítear i bhfo-alt (2) chun deonachán a thabhairt chun críocha carthanúla más deimhin leo go bhfuil comhlacht ceadaithe i mbun deonachán den sórt sin a thabhairt.

(6) San alt seo, ciallaíonn 'comhlacht ceadaithe' comhlacht ceadaithe daoine de réir bhrí alt 235(1).",

agus

(*b*) i Sceideal 15, trí mhír 37 a scriosadh.

(2) Measfar go raibh éifeacht le fo-ailt (2), (3) agus (5) d'alt 610A (a chuirtear isteach le *fo-alt (1)*) den Phríomh-Acht i leith diúscairtí an 1 Eanáir 2005 nó dá éis.

CUID 2

MÁL

Cáin ola mianra: muirear carbóin.

68.—(1) Leasaítear an tAcht Airgeadais, 1999 le héifeacht amhail ar an agus ón 7 Nollaig 2011—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 (arna leasú le halt 42 den Acht Airgeadais, 2011):

"SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH OLA MIANRA

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 7 Nollaig 2011)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta Cánach
Ola Éadrom:	
Peitreal	€587.71 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€587.71 an 1,000 lítear
Ola Throm:	
A úsáidtear mar thiomántán	€479.02 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh aerloingseoireachta	€479.02 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach	€479.02 an 1,000 lítear
Ceirisín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€38.02 an 1,000 lítear
Ola bhreosla	€60.73 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€88.66 an 1,000 lítear
Gás Peitriliam Leachtaithe:	
A úsáidtear mar thiomántán	€88.23 an 1,000 lítear
Gás peitriliam leachtaithe eile	€24.64 an 1,000 lítear
Gual:	
Le haghaidh úsáid ghnó	€4.18 an tona
Le haghaidh úsáid eile	€8.36 an tona

",

agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2A (arna leasú le halt 64(1)(*e*) den Acht Airgeadais, 2010):

"SCEIDEAL 2A

Muirear Carbóin

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 7 Nollaig 2011)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta
Ola Éadrom:	
Peitreal	€45.87 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€45.87 an 1,000 lítear
Ola Throm:	
A úsáidtear mar thiomántán	€53.30 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh aerloingseoireachta	€53.30 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach	€53.30 an 1,000 lítear
Ceirisín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€38.02 an 1,000 lítear
Ola bhreosla	€45.95 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€41.30 an 1,000 lítear
Gás Peitriliam Leachtaithe:	
A úsáidtear mar thiomántán	€24.64 an 1,000 lítear
Gás peitriliam leachtaithe eile	€24.64 an 1,000 lítear

".

(2) Leasaítear an tAcht Airgeadais, 1999 tuilleadh le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2012—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 (arna leasú le *fo-alt (1)(a)*):

"SCEIDEAL 2

Rátaí Cánach Ola Mianra

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2012)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta Cánach
Ola Éadrom:	
Peitreal	€587.71 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€587.71 an 1,000 lítear
Ola Throm:	
A úsáidtear mar thiomántán	€479.02 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh aerloingseoireachta	€479.02 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach	€479.02 an 1,000 lítear
Ceirisín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€50.73 an 1,000 lítear
Ola bhreosla	€76.53 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€102.28 an 1,000 lítear

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta Cánach
Gás Peitriliam Leachtaithe:	
A úsáidtear mar thiomántán	€96.45 an 1,000 lítear
Gás peitriliam leachtaithe eile	€32.86 an 1,000 lítear
Gual:	
Le haghaidh úsáid ghnó	€4.18 an tona
Le haghaidh úsáid eile	€8.36 an tona

”,

agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2A (arna leasú le *fo-alt (1)(b)*):

“SCEIDEAL 2A

MUIREAR CARBÓIN

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2012)

Tuairisc na hOla Mianra	An Ráta
Ola Éadrom:	
Peitreal	€45.87 an 1,000 lítear
Gásailín eitlíochta	€45.87 an 1,000 lítear
Ola Throm:	
A úsáidtear mar thiomántán	€53.30 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh aerloingseoireachta	€53.30 an 1,000 lítear
A úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach	€53.30 an 1,000 lítear
Ceirisín a úsáidtear ar shlí seachas mar thiomántán	€50.73 an 1,000 lítear
Ola bhreosla	€61.75 an 1,000 lítear
Ola throm eile	€54.92 an 1,000 lítear
Gás Peitriliam Leachtaithe:	
A úsáidtear mar thiomántán	€32.86 an 1,000 lítear
Gás peitriliam leachtaithe eile	€32.86 an 1,000 lítear

”.

(3) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 (le héifeacht amhail ar an agus ón 7 Nollaig 2011) in alt 96(1B) (a cuireadh isteach le halt 64(1)(*f*) den Acht Airgeadais, 2010), trí “gurb é A an méid a mhuirearófar in aghaidh an tona CO_2 a astaítear, ar €20 é i gcás peitril, gásailín eitlíochta agus ola throm a úsáidtear mar thiomántán nó le haghaidh aerloingseoireachta nó le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach, agus €15 i gcás gach tuairisc eile ola mianra i Sceideal 2A” a chur in ionad “gurb é A an méid, €15, a mhuirearófar an tona CO_2 a astaítear”.

(4) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 tuilleadh le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2012—

(*a*) in alt 96(1B) (arna leasú le *fo-alt (3)*), trí "gurb é A an méid, €20, a mhuirearófar in aghaidh an tona CO_2 a astaítear" a chur in ionad "gurb é A an méid a mhuirearófar in aghaidh an tona CO_2 a astaítear, ar €20 é i gcás peitril, gásailín eitlíochta agus ola throm a úsáidtear mar thiomántán nó le haghaidh aerloingseoireachta nó le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach, agus €15 i gcás gach tuairisc eile ola mianra i Sceideal 2A", agus

(*b*) in alt 98(1) (arna leasú le halt 64(1)(*h*) den Acht Airgeadais, 2010), trí "€56.31" a chur in ionad "€43.60" agus "€38.44" a chur in ionad "€30.22".

Rátaí cánach táirgí tobac.

69.—(1) Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2005 le héifeacht amhail ar an agus ón 7 Nollaig 2011 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin (arna leasú le halt 16 den Acht Airgeadais, 2009):

"SCEIDEAL 2

Rátaí Cánach Táirgí Tobac

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 7 Nollaig 2011)

Tuairisc an Táirge	An Ráta Cánach
Toitíní.....	Ráta cánach €192.44 an míle i dteannta méid atá comhionann le 18.03 faoin gcéad den phraghas ar a miondíoltar na toitíní.
Todóga.....	Ráta cánach €271.337 an cileagram.
Tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh.....	Ráta cánach €228.968 an cileagram.
Tobac eile chun a chaite ina dheatach	Ráta cánach €188.243 an cileagram.

".

(2) Déantar an tAcht Airgeadais, 2005 a leasú tuilleadh le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2012 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin (arna leasú le *fo-alt (1)*):

"SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH TÁIRGÍ TOBAC

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2012)

Tuairisc an Táirge	An Ráta Cánach
Toitíní.....	Ráta cánach—
	(*a*) ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag mír (*b*), €233.11 an míle i dteannta méid atá comhionann le 9.04 faoin gcéad den phraghas ar a miondíoltar na toitíní, nó
	(*b*) €268.14 an míle i leith toitíní a mhiondíoltar i gcás gur lú an ráta cánach ná an ráta sin dá ríomhfaí an ráta sin de réir mhír (*a*).
Todóga.....	Ráta cánach €271.337 an cileagram.
Tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh.....	Ráta cánach €228.968 an cileagram.
Tobac eile chun a chaite ina dheatach	Ráta cánach €188.243 an cileagram.

".

70.—Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001— Leasú ar Chaibidil 1 (léiriú, dliteanas agus íocaíocht) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

(*a*) in alt 96(1), trí na mínithe ar "doiciméad riaracháin tionlacain", "saorstóras" agus "saorchrios" a scriosadh,

(*b*) in alt 96(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "ionadaí cánach":

"ciallaíonn 'ionadaí cánach' duine atá ceadaithe ag na Coimisinéirí faoi alt 109U chun críocha an ailt sin;",

(*c*) in alt 96(1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn 'idirbheart' aon ghníomh is bun le dliteanas i leith aon dleacht mháil nó le faoiseamh ó aon dleacht mháil;",

(*d*) in alt 96(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "feithicil";

"ciallaíonn 'feithicil' feithicil inneallghluaiste nó aon chóir iompair eile agus folaíonn sé—

(*a*) aon árthach nó aerárthach, agus

(*b*) aon choimeádán, leantóir, umar nó aon ní eile—

(i) a úsáidtear nó a fhéadfar a úsáid chun earraí a stóráil i gcúrsa a n-iompair, agus

(ii) atá deartha nó déanta lena chur ar aon fheithicil nó cóir iompair eile den sórt sin nó inti nó lena cheangal di;",

(*e*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 97:

"97.—Chun críocha na Coda seo is táirgí inmháil iad seo a leanas:

(*a*) táirgí alcóil de réir bhrí alt 73 den Acht Airgeadais, 2003,

(*b*) táirgí tobac de réir bhrí alt 71 den Acht Airgeadais, 2005, agus

(*c*) olaí mianra de réir bhrí alt 94 den Acht Airgeadais, 1999.",

(*f*) in alt 98A(2), trí "scaoilfear an choinsíneacht sin lena tomhailt, seachas i gcás scaoileadh neamhrialta," a chur in ionad "scaoilfear an choinsíneacht sin lena tomhailt",

(*g*) in alt 99, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2) agus (3):

"(2) Déantar an dliteanas faoi fho-alt (1)(*b*) a urscaoileadh go hiomlán nó go páirteach, maidir leis an gcoinsíneacht lena mbaineann—

(*a*) i gcás go bhfuarthas í, agus a mhéid a fuarthas í, faoi shocrú fionraí, isteach i stóras cánach eile sa Stát, nó

(*b*) i gcás gur tháinig, agus a mhéid a tháinig, deireadh léi de réir fho-alt (1) d'alt 109K, agus go bhfuarthas fianaise sa chéill sin de réir fho-alt (2) den alt sin,

(de réir mar a bheidh).

(3) Tá coinsíneoir cláraithe faoi dhliteanas an dleacht mháil a íoc ar aon choinsíneacht a sheolann an coinsíneoir cláraithe sin faoi alt 109E(1)(*b*), agus déantar an dliteanas sin a urscaoileadh go hiomlán nó go páirteach i gcás gur tháinig, agus a mhéid a tháinig, deireadh leis an gcoinsíneacht de réir fho-alt (1) d'alt 109K, agus go bhfuarthas fianaise sa chéill sin de réir fho-alt (2) den alt sin.",

(*h*) in alt 99A, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) San alt seo, ciallaíonn 'oifigeach údaraithe' oifigeach atá údaraithe i scríbhinn ag na Coimisinéirí chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú.",

(*i*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 99A:

"Meastachán ar an dleacht mháil atá dlite.

99AA.—(1) Maidir le duine ar a gceanglaítear, le haon fhoráil den dlí máil, tuairisceán a thabhairt ar an dleacht mháil is iníoctha ag an duine sin i leith aon tréimhse, i gcás go mainníonn sé nó sí déanamh amhlaidh laistigh den tréimhse

ama a shonraítear san fhoráil lena mbaineann, féadfaidh na Coimisinéirí, faoi réir fho-alt (2)—

(*a*) an méid dleachta is iníoctha ag an duine sin i leith na tréimhse sin a mheas, agus

(*b*) fógra (dá ngairtear 'fógra meastacháin' san alt seo) a sheirbheáil ar an duine maidir leis an méid measta.

(2) (*a*) I gcás gur deimhin leis na Coimisinéirí go bhfuil méid aon mheastacháin iomarcach nó easnamhach, nó nach bhfuil aon dliteanas ann don tréimhse lena mbaineann, ansin féadfaidh siad meastachán den sórt sin a laghdú, a mhéadú nó a tharraingt siar dá réir sin.

(*b*) In aon chás ina laghdaítear nó ina méadaítear meastachán faoi mhír (*a*), déanfaidh na Coimisinéirí fógra meastacháin leasaithe a sheirbheáil ar an duine lena mbaineann.

(3) Más rud é, aon tráth tar éis fógra meastacháin nó fógra meastacháin leasaithe, de réir mar bheidh, a sheirbheáil, go dtugtar an tuairisceán dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus go n-íoctar dleacht mháil de réir an tuairisceáin sin mar aon le haon ús agus costais a bheidh tabhaithe i dtaca leis an íocaíocht sin, ansin beidh an fógra meastacháin nó an fógra meastacháin leasaithe arna urscaoileadh.

Teorainneacha ama.

99AB.—(1) San alt seo, ciallaíonn 'tréimhse inchánach' tréimhse ar ina leith a cheanglaítear ar dhuine, le haon fhoráil den dlí máil, tuairisceán a thabhairt ar an dleacht mháil is iníoctha ag an duine sin i leith na tréimhse sin agus an méid sin a íoc.

(2) Faoi réir fho-alt (4), féadfar measúnacht faoi alt 99A nó meastachán faoi alt 99AA a dhéanamh aon tráth nach déanaí ná 4 bliana—

(*a*) ó dháta an idirbhirt is bun leis an dliteanas lena mbaineann, ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag mír (*b*),

(*b*) i gcás gur i leith tréimhse inchánach an dliteanas, ón lá deiridh den tréimhse sin.

(3) Faoi réir fho-alt (4), ní fhéadfar imeachtaí a thionscnamh chun méid dleachta máil a ghnóthú, ná ní fhéadfar gníomh eile a dhéanamh chun méid dleachta máil a ghnóthú, mura ndearna na Coimisinéirí fógra measúnachta, nó fógra eile i scríbhinn ina luaitear go bhfuil an méid sin dlite, a eisiúint roimh dhul in éag do thréimhse 4 bliana—

(*a*) ó dháta an idirbhirt is bun leis an dliteanas lena mbaineann, ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag mír (*b*),

(*b*) i gcás gur i leith tréimhse inchánach an dliteanas, ón lá deiridh den tréimhse sin.

(4) (*a*) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (2) ná (3) in aon chás go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go ndearna aon duine calaois nó faillí d'aon chineál i dtaca leis an dliteanas lena mbaineann nó go ndearnadh an céanna thar ceann aon duine.

(*b*) Chun críocha mhír (*a*), agus faoi réir mhír (*c*), ciallaíonn 'faillí' faillí nó mainneachtain aon fhógra, faisnéis, taifead nó tuairisceán a thabhairt, a cheanglaítear a thabhairt faoi aon fhoráil den dlí máil, laistigh de cibé teorainn ama a cheadófar faoin bhforáil lena mbaineann.

(*c*) Aon duine a mhainníonn, laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i mír (*b*), aon cheanglas dá dtagraítear sa mhír sin a chomhlíonadh, measfar nár fhailligh sé nó sí déanamh amhlaidh más rud é—

(i) go gcomhlíonann an duine na ceanglais laistigh de cibé tréimhse ama bhreise a cheadóidh na Coimisinéirí in aon chás áirithe, nó

(ii) go suíonn an duine chun sástacht na gCoimisinéirí go raibh leithscéal leordhóthanach ann chun an mhainneachtain sin a dhéanamh agus i gcás go gcomhlíonann an duine na ceanglais a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.",

(*j*) trí alt 100 a scriosadh,

(*k*) in alt 103(2)(*a*), trí "I gcás go dtagann aon mhéid dleachta máil chun bheith iníoctha" a chur in ionad "Gan dochar d'fhorálacha alt 74 den Acht Airgeadais, 2002 a bhaineann le dleacht gealltóireachta, más rud é go dtiocfaidh aon mhéid dleachta máil chun bheith iníoctha",

(*l*) in alt 103, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(3) I gcás gur aisíocadh méid dleachta máil le duine, agus i gcás go bhfaightear amach ina dhiaidh sin go bhfuil an méid go léir gan a bheith inaisíoctha go cuí, nó go bhfuil aon chuid de nach bhfuil inaisíoctha go cuí, faoi aon fhoráil den dlí máil, íocfaidh an duine ús simplí ar an méid sin nó ar an gcuid sin den mhéid sin de réir ráta 0.0274 faoin gcéad in aghaidh gach lae ón dáta a rinneadh an aisíocaíocht go dtí an dáta a cuireadh ar ais chuig na Coimisinéirí í nó a tugadh cuntas uirthi ar shlí eile chun a sástachta.",

(*m*) in alt 104, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1), (2) agus (3):

"(1) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, deonófar faoiseamh iomlán ó dhleacht mháil, ar mhodh loghtha nó aisíocaíochta, ar aon táirgí inmháil a suitear chun sástacht na gCoimisinéirí gur seachadadh iad—

(*a*) faoi shocruithe taidhleoireachta sa Stát,

(*b*) ar eagraíochtaí idirnáisiúnta atá aitheanta mar eagraíochtaí den sórt sin ag an Stát, agus ar chomhaltaí eagraíochtaí den sórt sin atá bunaithe sa Stát, laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha a leagtar síos le coinbhinsiúin idirnáisiúnta lena mbunaítear eagraíochtaí den sórt sin nó le comhaontuithe eile,

(*c*) lena dtomhailt faoi aon chomhaontú arna dhéanamh idir an Stát agus tír seachas Ballstát i gcás go bhfuil foráil sa chomhaontú sin maidir le díolúine ó cháin bhreisluacha,

(*d*) lena n-onnmhairiú nó lena n-athonnmhairiú ón Stát chuig áit lasmuigh den Aontas Eorpach, nó

(*e*) ar shiopa saor-ó-cháin in aerfort lena soláthar do phaisinéirí atá ag taisteal go dtí ceann scríbe lasmuigh den Aontas Eorpach.

(2) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, deonófar faoiseamh iomlán ó dhleacht mháil ar aon táirgí alcóil nó táirgí tobac a scaoiltear lena dtomhailt i mBallstát eile agus—

(*a*) a bhfuair pearsa aonair phríobháideach sa Bhallstát eile sin iad lena n-úsáid aige féin nó aici féin agus ní chun críocha tráchtála, agus

(*b*) a n-iompraíonn an phearsa aonair phríobháideach sin isteach sa Stát iad agus a mbeidh sé nó sí ina dteannta le linn iad a iompar amhlaidh.

(3) Chun críche fho-alt (2), déanfar an cheist i dtaobh an táirgí alcóil nó táirgí tobac lena n-úsáid ag pearsa aonair phríobháideach féin nó chun críocha tráchtála na táirgí alcóil nó na táirgí tobac, de réir mar a bheidh, a chinneadh de réir rialachán faoi alt 153.",

(*n*) in alt 104, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(5) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, deonófar faoiseamh iomlán ó dhleacht mháil, ar mhodh aisíocaíochta, ar aon táirgí inmháil a scaoileadh lena dtomhailt sa Stát agus—

(*a*) a seoladh chuig Ballstát eile de réir alt 109V, nó

(*b*) a ndearna díoltóir Stáit iad a dhíol le pearsa aonair phríobháideach i mBallstát eile agus a sheoladh chuige nó chuici de réir alt 109W.",

(*o*) trí alt 105 a scriosadh,

(*p*) trí alt 105A a scriosadh,

(*q*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 105B:

"105B.—(1) Faoi réir fho-ailt (2) agus (3), agus gan dochar d'fhorálacha alt 960H den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a bhaineann le ró-íocaíochtaí a fhritháireamh, i gcás gur íoc duine méid dleachta máil nó ús ar dhleacht mháil, i leith aon tréimhse nó idirbhirt, nach raibh dlite, aisíocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an méid sin leis an duine sin.

(2) Faoi réir fho-alt (3), ní dhéanfar aisíocaíocht faoi fho-alt (1) ach amháin i gcás go ndéantar éileamh ar an aisíocaíocht sin, i scríbhinn nó i cibé foirm eile a cheadóidh na Coimisinéirí, laistigh de thréimhse 4 bliana ó dháta na híocaíochta lena mbaineann an t-éileamh nó ó dháta aon idirbhirt eile is bun le teideal chuig aisíocaíocht.

(3) Níl feidhm ag fo-alt (2) i gcás go mbeadh duine, ar éileamh cuí a dhéanamh, i dteideal aisíocaíocht dleachta máil nó úis arna íoc ar an dleacht sin a fháil faoi aon fhoráil den dlí máil lena ndéantar foráil le haghaidh tréimhse is giorra ar laistigh di atá éileamh ar aisíocaíocht le déanamh.

(4) Ach amháin mar a fhoráiltear leis an alt seo nó le haon fhoráil eile den dlí máil, nó le halt 941 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 mar atá feidhm aige chun críocha dleachtanna máil, ní dhéanfaidh na Coimisinéirí méid dleachta máil a íocadh leo a aisíoc ná ús i leith méid dleachta máil a íocadh leo a íoc.",

(*r*) trí alt 105C a scriosadh,

(*s*) in alt 105D(1), tríd an míniú ar "éileamh bailí" a scriosadh,

(*t*) in alt 108A(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*c*):

"(*c*) táirgí inmháil a mheascadh nó a chumasc le táirgí inmháil eile nó le hábhair eile, ach sin amháin más rud é—

(i) gur íocadh dleacht mháil ina hiomláine ar na táirgí inmháil arna meascadh nó arna gcumasc amhlaidh, agus

(ii) nach lú an méid a íocadh amhlaidh ná an méid is inmhuirearaithe ar an meascán nó ar an gcumasc,

(*d*) pearsa aonair phríobháideach do tháirgeadh fíona, beorach nó deoch ghiosáilte eile lena mbaineann faoiseamh ó cháin táirgí alcóil faoi alt 77(*f*) den Acht Airgeadais, 2003.",

agus

(*u*) in alt 109(7), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) (i) Gan dochar do mhír (*a*) agus faoi réir fhomhír (ii), déanfaidh tionónta, ag leibhéal a shonrófar sa doiciméad údarúcháin, urrús a sholáthar i leith aon táirgí inmháil a fhaigheann an tionónta sin mar choinsíní faoi shocrú fionraí.

(ii) Níl feidhm ag fomhír (i) maidir le coinsíneachtaí ola mianra ar muir a fhaigheann tionónta agus a sheachadtar láithreach isteach in umair stórála sa stóras cánach atá faoi rialú díreach an dílseánaigh.".

Leasú ar Chaibidil 2A (gluaiseacht laistigh den Aontas Eorpach faoi shocrú fionraí) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

71.—Leasaítear Caibidil 2A de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001—

(*a*) in alt 109E, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Ach amháin más rud é, de réir alt 109I(1)(*b*), go bhfuil doiciméad páipéir i dteannta coinsíneachta, seolfar coinsíneacht ó áit sa Stát go dtí Ballstát eile faoin gcóras ríomhairithe agus faoi chlúdach an doiciméid riaracháin leictreonaigh.",

(*b*) in alt 109H, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) I gcás coinsíneachta ola mianra, féadfaidh na Coimisinéirí, faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh siad nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, a cheadú don

choinsíneoir an choinsíneacht a roinnt ina dhá coinsíneacht nó níos mó—

(*a*) más rud é go ndéantar an roinnt—

(i) i gcríoch Ballstáit ina gceadaítear roinnt den sórt sin, agus gur chuir an Ballstát an méid sin in iúl don Choimisiún Eorpach faoi Airteagal 23 den Treoir, agus

(ii) faoin gcóras ríomhairithe de réir Airteagal 6(1) den Rialachán ón gCoimisiún, agus go ndéantar, ar an modh sin, an áit ina ndéanfar an roinnt sin a chur in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit dá dtagraítear i mír (*a*),

agus

(*b*) i gcás nach n-athraíonn an chainníocht a dhéantar a choinsíniú.",

(*c*) in alt 109J(3)(*a*), trí "cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin" a chur in ionad "cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí", agus

(*d*) trí alt 109P a scriosadh.

Leasú ar Chaibidil 3 (cionta, pionóis agus imeachtaí) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

72.—Leasaítear Caibidil 3 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001—

(*a*) in alt 121, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) aon táirgí inmháil a ghlacadh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina chúram nó faoina cúram agus a fhios aige nó aici go ndearnadh cion faoi mhír (*a*) i ndáil leis na táirgí inmháil sin.",

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 122:

"122.—Is cion é faoin alt seo d'aon duine aon tuairisceán, ráiteas nó cuntais atá mícheart a sheachadadh nó aon fhaisnéis atá mícheart a thabhairt—

(*a*) i dtaca leis na nithe seo a leanas—

(i) aon éileamh ar fhaoiseamh nó aisíocaíocht faoin dlí máil,

(ii) ceadúnas a dheonú faoi alt 101 den Acht Airgeadais, 1999, nó

(iii) aon iarratas—

(I) ar údarú mar choimeádaí stórais údaraithe, nó ar cheadú stórais cánach, faoi alt 109,

(II) ar údarú mar choinsíneoir cláraithe faoi alt 109A,

(III) ar chlárú mar choinsíneoir cláraithe faoi alt 109J, nó

(IV) ar cheadú mar ionadaí cánach faoi alt 109U,

nó

(*b*) chun aon chríocha eile i ndáil le haon dleacht mháil.",

(*c*) in alt 123, trí mhír (*a*) a scriosadh,

(*d*) in alt 131(1), trí "aon cheist fíorais" a chur in ionad "aon díospóid",

(*e*) in alt 131(1), trí "is orthu seo a leanas a bheidh an dualgas cruthúnais" a chur in ionad "is orthu seo a leanas a bheidh an dualgas cruthúnais sa díospóid sin", agus

(*f*) trí alt 132 a scriosadh.

Leasú ar Chaibidil 4 (cumhachtaí oifigeach) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

73.—Leasaítear Caibidil 4 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 133:

"133.—Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn 'paicéad coigríche' aon mhír ar a bhfuil seoladh agus í san fhoirm dheiridh ina bhfuil sí le hiompar ó áit lasmuigh den Stát agus le seachadadh ar sheoladh sa Stát agus folaíonn sé postphaicéad de réir bhrí an Achta um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011;

tá le 'seirbhísí poist' an bhrí chéanna atá leis san Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011;

ciallaíonn 'oifigeach' oifigeach do na Coimisinéirí atá údaraithe acu i scríbhinn chun na cumhachtaí a thugtar dóibh leis an gCaibidil seo a fheidhmiú.",

(*b*) in alt 135(1)(*b*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (ii):

"(ii) an ndéantar aon táirgí inmháil atá á n-iompar san fheithicil nó uirthi, nó i gceangal léi ar aon slí, a iompar de réir aon fhorála de Chaibidil 2A nó 2B a mbeidh siad faoina réir, agus an bhfuil siad i gcomhréir, i ngach ponc ábhartha, leis an tuairisc ar na táirgí inmháil sin in aon doiciméad riaracháin leictreonach, doiciméad simplithe tionlacain, nó doiciméad eile a cheanglaítear, faoi aon fhoráil den sórt sin, chun na táirgí inmháil lena mbaineann a choinsíniú, nó

(iii) ar cláraíodh an fheithicil, nó an gceanglaítear an fheithicil a chlárú, in aon cheann de na cláir arna mbunú agus arna gcothabháil faoi Chaibidil IV de Chuid II den Acht Airgeadais, 1992,",

(*c*) in alt 135(1)(*d*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):

"(iii) aon doiciméad dá dtagraítear i mír (*b*)(ii) a thabhairt ar aird don oifigeach nó don oifigeach atá i dteannta an oifigigh sin.",

(*d*) in alt 136(1)(*b*), trí "á ndiúscairt," a chur in ionad "á ndiúscairt, nó",

(*e*) in alt 136(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (*bb*) agus (*c*):

"(*c*) a gcreidtear le réasún go nglactar ann le geallta a ndlitear dleacht gealltóireachta a chur orthu,

(*d*) a bhfuil, nó a gcreideann an t-oifigeach le réasún go bhfuil, aon ghníomhaíocht chun seirbhísí poist a sholáthar nó chun aon seirbhís eile a sholáthar chun paicéid choigríche a sheachadadh á seoladh ann,

(*e*) a bhfuil, nó a gcreideann an t-oifigeach le réasún go bhfuil, aon ghníomhaíocht chun leictreachas nó gás nádúrtha a sholáthar á seoladh ann, nó

(*f*) a bhfuil aon taifid a bhaineann, nó a gcreideann an t-oifigeach le réasún go mbaineann siad, leis na táirgí nó na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i míreanna (*a*), (*b*), (*c*) nó (*e*) á gcoimeád ann nó a gcreideann an t-oifigeach le réasún go bhfuil siad á gcoimeád ann.",

(*f*) in alt 136(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) cibé cuardach agus imscrúdú a sheoladh is cuí leis an oifigeach sin, lena n-áirítear scrúdú agus cuardaigh a dhéanamh, faoi alt 135, ar aon fheithicil san áitreabh sin nó san áit sin,",

(*g*) in alt 136(3)(*c*), trí "i bhfo-alt (1)(*f*)" a chur in ionad "i bhfo-alt (1)(*c*)",

(*h*) in alt 136(3)(*d*), trí "i bhfo-alt (1)(*f*)" a chur in ionad "i bhfo-alt (1)(*c*)",

(*i*) in alt 136(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*e*):

"(*e*) na cumhachtaí coinneála faoi alt 140 agus na cumhachtaí urghabhála faoi alt 141 a fheidhmiú.",

(*j*) in alt 136, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(3A) I gcás go bhfuil cúis réasúnach ag oifigeach údaraithe in aon áitreabh nó áit, nó ar aon áitreabh nó áit, dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(*d*) nó de bhun barántais arna eisiúint faoi fho-alt (5), chun a chreidiúint go bhfuil táirgí inmháil i bpaicéad coigríche agus go bhfuil aon cheanglas—

(*a*) faoin dlí máil, chun dleacht mháil a íoc ar na táirgí sin, nó

(*b*) i dtaobh aon dearbhú faoi Rialachán 2913/92/CEE an 12 Deireadh Fómhair 1992 ón gComhairle[6], Rialachán 2454/93/CEE an 2 Iúil 1993 ón gCoimisiún[7] nó Rialachán 450/2008/CE an 23 Aibreán 2008 ón gComhairle[8] i ndáil leis an bpaicéad coigríche sin,

gan chomhlíonadh, ansin féadfaidh an t-oifigeach sin an paicéad coigríche sin a oscailt agus ábhair an phaicéid a scrúdú.",

(*k*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 136:

"Cumhacht chun stopadh, ceistiú agus cuardach a dhéanamh maidir le bagáiste ionChomhphobail.

136A.—Féadfaidh oifigeach, ar údarú an oifigigh sin a thabhairt ar aird má cheanglaíonn aon duine dá ndéantar difear air nó uirthi déanamh amhlaidh, a cheangal ar aon duine a thagann isteach sa Stát ó Bhallstát eile stopadh agus na nithe seo a leanas a thabhairt don oifigeach sin—

(*a*) ainm, seoladh agus dáta breithe an duine sin,

(*b*) aon fhaisnéis i ndáil le haon táirgí inmháil a bheidh i seilbh nó faoi chúram an duine sin,

(*c*) na táirgí inmháil sin lena scrúdú,

agus, i gcás go bhfuil cúis ag an oifigeach sin chun a chreidiúint go bhfuil cion á dhéanamh ag an duine sin i ndáil leis na táirgí inmháil sin faoi alt 119 nó 121, féadfaidh an t-oifigeach sin bagáiste an duine sin a chuardach agus aon táirgí inmháil den sórt sin a scrúdú.",

agus

(*l*) trí alt 137 a scriosadh.

74.—Leasaítear Caibidil 5 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001— Leasú ar Chaibidil 5 (ilghnéitheach) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001.

(*a*) in alt 144A, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fo-alt (2):

"(2) Faoi réir stiúradh agus rialú na gCoimisinéirí, féadfaidh oifigeach atá údaraithe acu i scríbhinn chun críocha na forála lena mbaineann aon chumhacht, feidhm nó dualgas a thugtar do na Coimisinéirí nó a fhorchuirtear orthu le haon fhoráil d'alt 108A, 109, 109A, fo-ailt (3) agus (4) d'alt 109J nó fo-alt (2) d'alt 109U a fheidhmiú thar a gceann.",

[6]IO Uimh. L302, 19.10.1992, lch.1
[7]IO Uimh. L253, 11.10.1993, lch.1
[8]IO Uimh. L145, 04.06.2008, lch.1

(*b*) in alt 145(3), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*e*):

"(*ee*) diúltú ceadúnas faoi alt 101 den Acht Airgeadais, 1999 a dheonú nó cúlghairm faoin alt sin ar aon cheadúnas a deonaíodh,",

(*c*) in alt 145, trí fho-alt (13) a scriosadh,

(*d*) in alt 153(2), trí "in alt 97" a chur in ionad "in alt 97(1)",

(*e*) in alt 153(2)(*e*), trí "coinsíneora chláraithe" a chur in ionad "trádálaí chláraithe",

(*f*) in alt 153(2), trí mhír (*f*) a scriosadh,

(*g*) in alt 153(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*h*):

"(*h*) ina sonraítear an méid seo a leanas i ndáil leis an doiciméad riaracháin leictreonach (de réir bhrí Chaibidil 2A) agus gluaiseachtaí táirgí inmháil idir Ballstáit faoi shocrú fionraí—

(i) comhlánú ceart an doiciméid sin agus an duine atá freagrach as an gcomhlánú sin,

(ii) cur isteach an doiciméid sin agus cealú nó leasú an doiciméid sin tar éis é a chur isteach,

(iii) cur isteach tuarascála fála nó tuarascála maidir le honnmhairiú (iad araon de réir bhrí Chaibidil 2A),

(iv) daingniú fála nó onnmhairithe i gcás nach bhfuil an córas ríomhairithe ar fáil,",

(*h*) in alt 153(2), trí mhír (*i*) a scriosadh,

(*i*) in alt 153(2)(*j*), trí "an doiciméad simplithe tionlacain" a chur in ionad "an doiciméad tionlacain sin",

(*j*) in alt 153(2), trí mhír (*k*) a scriosadh,

(*k*) in alt 153(2)(*l*), trí "in alt 109J(7)" a chur in ionad "in alt 117",

(*l*) in alt 153(2)(*t*), trí "faoi alt 104(5)" a chur in ionad "faoi alt 105", agus

(*m*) in alt 153(2)(*t*)(iv), trí "dá bhforáiltear in alt 117," a scriosadh.

Leasú ar Chaibidil 1 (cáin táirgí alcóil) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2003.

75.—Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2003—

(*a*) in alt 73(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "táirge alcóil aindleathach":

"ciallaíonn 'táirge alcóil aindleathach' aon táirge alcóil—

(*a*) a táirgeadh nó a próiseáladh sa Stát, ar shlí seachas i stóras cánach, contrártha do cheanglais alt 108A den Acht Airgeadais, 2001, nó

(*b*) arb earraí góchumtha é;",

(*b*) in alt 75, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo agus aon rialachán arna ndéanamh fúithi, déanfar dleacht mháil, ar a dtabharfar cáin táirgí alcóil, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir na rátaí a shonraítear i Sceideal 2, ar gach táirge alcóil—

(*a*) a scaoiltear lena thomhailt sa Stát, nó

(*b*) a scaoiltear lena thomhailt i mBallstát eile agus a thugtar isteach sa Stát.

(1A) Níl feidhm ag fo-alt (1)(*b*) maidir le haon táirgí alcóil a scaoileadh lena dtomhailt i mBallstát eile agus a choimeádtar ar bord loinge nó aerárthaigh a dhéanann turas farraige idir Ballstát eile agus an Stát, i gcás nach bhfuil na táirgí alcóil sin ar fáil lena ndíol nó lena soláthar le linn don long nó don aerárthach a bheith laistigh de chríoch an Stáit.",

(*c*) in alt 77(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*a*):

"(*aa*) go bhfuil siad le seachadadh lena loingsiú lena n-úsáid mar stórais ar bord loinge nó aerárthaigh ar thuras ó áit sa Stát go dtí áit lasmuigh den Stát,",

(*d*) in alt 78(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) Ach amháin i gcás go gceadaíonn na Coimisinéirí a mhalairt, in aon chás ar leith, déanfar éileamh ar aisíocaíocht laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír (*a*).",

(*e*) in alt 79(1), trí "Is cion é faoin bhfo-alt seo" a chur in ionad "Ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag fo-alt (2), (3) nó (5), is cion é faoin bhfo-alt seo",

(*f*) in alt 79, trí fho-ailt (3) agus (4) a scriosadh,

(*g*) in alt 79(5), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*d*):

"(*d*) earraí toirmiscthe a choinneáil ar aon áitreabh nó talamh eile nó ar aon fheithicil, nó",

agus

(*h*) trí alt 82 a scriosadh.

Leasú ar Chaibidil 3 (cáin táirgí tobac) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2005.

76.—Leasaítear Caibidil 3 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2005—

(*a*) in alt 71(1), tríd an míniú ar "ionadaí cánach" a scriosadh,

(*b*) in alt 71, trí fho-ailt (2) agus (4) a scriosadh,

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 72:

"72.—(1) Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo agus aon rialachán arna ndéanamh fúithi, déanfar dleacht mháil, ar a dtabharfar cáin táirgí tobac, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, de réir na rátaí a shonraítear i Sceideal 2, ar gach táirge tobac—

(*a*) a scaoiltear lena thomhailt sa Stát, nó

(*b*) a scaoiltear lena thomhailt i mBallstát eile agus a thugtar isteach sa Stát.

(2) Níl feidhm ag fo-alt (1)(*b*) maidir le haon táirgí tobac a scaoileadh lena dtomhailt i mBallstát eile agus a choimeádtar ar bord loinge nó aerárthaigh a dhéanann turas farraige idir Ballstát eile agus an Stát, i gcás nach bhfuil na táirgí tobac sin ar fáil lena ndíol nó lena soláthar le linn don long nó don aerárthach a bheith laistigh de chríoch an Stáit.",

(*d*) in alt 75, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (3) agus (4):

"(3) I gcás nach bhfuil praghas arna dhearbhú de thuras na huaire faoi fho-alt (2), féadfaidh na Coimisinéirí, i ndáil leis na toitíní lena mbaineann, praghas a chinneadh a measfar, chun críocha na Caibidle seo, gurb é an praghas ar a miondíoltar na toitíní sin é.

(4) I gcás go ndearnadh praghas a dhearbhú faoi fho-alt (2), nó go ndearna na Coimisinéirí praghas a chinneadh faoi fho-alt (3), ní mholfaidh monaróir nó allmhaireoir táirgí tobac, go sainráite ná go hintuigthe, na toitíní lena mbaineann a mhiondíol ar phraghas is airde ná an praghas arna dhearbhú nó arna chinneadh amhlaidh.",

(*e*) in alt 76, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) San alt seo, ciallaíonn 'stampa cánach cuí' stampa cánach ar ina leith a íocadh méid atá coibhéiseach leis an gcáin is inmhuirearaithe ar an bpacáiste táirgí tobac dá bhfuil an stampa cánach sin le greamú.

(1A) Faoi réir fho-alt (1B), maidir leis na táirgí tobac sonraithe go léir a mbeartaítear iad a dhíol, a sheachadadh nó a thomhailt sa Stát, déanfaidh an monaróir stampa cánach cuí a ghreamú de gach pacáiste ina mbeartaítear na táirgí tobac sonraithe lena mbaineann a chur ar miondíol.

(1B) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1A) maidir le táirgí tobac sonraithe—

(*a*) a fuair pearsa aonair phríobháideach i mBallstát eile agus a dtugtar faoiseamh ó dhleacht mháil

ina leith faoi alt 104(2) den Acht Airgeadais, 2001,

(*b*) atá díolmhaithe ó cháin bhreisluacha agus ó dhleacht mháil faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Díolúine ó Cháin le haghaidh Earraí Neamh-Thráchtála Áirithe a Allmhairítear i mBagáiste Pearsanta Taistealaithe ó Thríú Tíortha), 2008 (I.R. Uimh. 480 de 2008),

(*c*) atá á gcoimeád nó á seachadadh faoi shocrú fionraí, nó

(*d*) faoi alt 73(2), atá faoi réir na bhforálacha den Chaibidil seo lena rialaítear táirgí tobac eile.",

(*f*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 77—

"Faoisimh.

77.—(1) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, deonófar faoiseamh ó cháin táirgí tobac ar aon táirgí tobac a suitear chun sástacht na gCoimisinéirí—

(*a*) gur díothaíodh iad de réir a gceanglas,

(*b*) gur fágadh iad neamhoiriúnach lena n-úsáid mar tháirgí tobac agus gur úsáideadh iad chun críocha tionscail nó gairneoireachta,

(*c*) gur cuireadh ar ais iad chuig stóras cánach lena n-athmhonarú,

(*d*) go mbeartaítear nó go ndearnadh iad a úsáid le haghaidh tástálacha eolaíochta nó tástálacha a bhaineann le cáilíocht táirgí agus le haghaidh na nithe sin amháin, nó

(*e*) gur seachadadh iad lena loingsiú lena n-úsáid mar stórais ar bord loinge nó aerárthaigh ar thuras ó áit sa Stát go dtí áit lasmuigh den Stát.

(2) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, déanfaidh na Coimisinéirí aon mhéid a íocadh faoi alt 73(3) a aisíoc agus loghadh a dhéanamh ar aon mhéid atá dlite faoi alt 73(3) ar stampaí cánach a eisiúint ar suíodh chun sástacht na gCoimisinéirí—

(*a*) gur díothaíodh iad nó go ndearnadh damáiste dóibh nó

gur fágadh iad neamhoiriúnach ar shlí eile lena n-úsáid mar stampaí cánach, nó

(*b*) gur greamaíodh iad de na táirgí tobac sonraithe a bhí ina n-ábhar mírialtachta, de réir bhrí Airteagal 38 de Threoir Uimh. 2008/118/CE an 16 Nollaig 2008 ón gComhairle[9], i mBallstát eile, agus i gcás gur íocadh dleacht mháil ar na táirgí sin i mBallstát eile.

(3) (*a*) Chun críocha an fhaoisimh faoi fho-alt (1)(*c*), ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag mír (*b*), is é an méid is inaisíoctha an méid iomlán cánach a íocadh ar na táirgí tobac lena mbaineann.

(*b*) Chun críocha an fhaoisimh faoi fho-alt (1)(*c*), más rud é, ar an lá a chuirtear na táirgí tobac lena mbaineann ar ais chuig an stóras cánach, gurb ísle an ráta cánach ar aon cheann de na táirgí tobac sin ná an ráta ar dá réir a íocadh an cháin, déanfar an méid is inaisíoctha i leith na dtáirgí tobac a ríomh de réir an ráta is ísle sin.

(4) (*a*) Déanfar éilimh ar aisíocaíocht faoi fho-alt (1) nó (2) i cibé foirm a ordóidh na Coimisinéirí agus is éilimh i leith teagmhais cháilitheacha is bun leis an bhfaoiseamh lena mbaineann agus a tharlaíonn laistigh de thréimhse 3 mhí a bheidh iontu.

(*b*) Ach amháin i gcás go gceadóidh na Coimisinéirí a mhalairt in aon chás áirithe, déanfar éileamh ar aisíocaíocht laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír (*a*).",

(*g*) in alt 78(1), trí "Is cion é faoin bhfo-alt seo" a chur in ionad "Ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (4) nó (5), is cion é faoin bhfo-alt seo",

(*h*) in alt 80(1), trí "Féadfaidh na Coimisinéirí" a chur in ionad "Faoi réir fho-alt (2), féadfaidh na Coimisinéirí",

(*i*) in alt 80, trí fho-alt (2) a scriosadh,

(*j*) trí alt 82 a scriosadh, agus

[9]IO Uimh. L9, 14.1.2009, lch.12

(*k*) in alt 83(1A), trí "do Threoir Uimh. 2011/64/AE an 21 Meitheamh 2011 ón gComhairle[10]" a chur in ionad "do Threoir Uimh. 92/79/CEE an 19 Deireadh Fómhair 1992 ón gComhairle[11], Treoir Uimh. 92/80/CEE an 19 Deireadh Fómhair 1992 ón gComhairle[12] agus Treoir Uimh. 95/59/CE an 27 Samhain 1995 ón gComhairle[13]".

Leasú ar Chaibidil 1 (an dlí gealltóireachta a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002.

77.—Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002 trí ailt 72, 73, 73A, 74, 75, 75A agus 76 a scriosadh.

Leasú ar Chaibidil 1 (cáin ola mianra) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999.

78.—(1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999—

(*a*) in alt 94(1), trí na mínithe ar "úsáid ghnó", "eagraíocht charthanúil", "dé-úsáid", "gnó dlúthfhuinnimh", "táirgí gortóireachta", "táirgeoir gortóireachta", "teaghlach", "talamh", "próiseas mianreolaíoch" agus "stórais loinge" a scriosadh,

(*b*) in alt 94(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "ASTM":

"ciallaíonn 'ASTM' *ASTM International* (ar a dtugtaí *the American Society for Testing and Materials* roimhe seo);",

(*c*) in alt 94(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "bithbhreosla":

"ciallaíonn 'bithbhreosla' aon bhreosla ionaid a dhéantar as bithmhais;",

(*d*) in alt 94(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "gual":

"folaíonn 'gual' gual agus lignít, breosla soladach arna mhonarú as gual agus lignít, agus aon táirge fuinnimh eile de réir bhrí Airteagal 2.1 den Treoir i bhfoirm sholadach;",

(*e*) in alt 94(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "dumpaire":

"ciallaíonn 'dumpaire' feithicil a thuairiscítear i mír 2(*a*) de Chuid 1 den Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952;",

(*f*) in alt 94(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "ola bhreosla":

"ciallaíonn 'ola gháis' ola throm a ndriogann 50 faoin gcéad ar a mhéad di de réir toirte ag teocht nach mó ná 240 céim Celsius agus a ndriogann níos mó ná 50 faoin gcéad di de réir toirte ag teocht nach mó ná 340 céim Celsius;",

(*g*) in alt 94(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "marcáil":

[10] IO Uimh. L176, 5.7.2011, lch.24
[11] IO Uimh. L316, 31.10.1992, lch.8
[12] IO Uimh. L316, 31.10.1992, lch.10
[13] IO Uimh. L291, 6.12.1996, lch.40

"ciallaíonn 'marcáil' aon substaint a cheanglaítear, faoin dlí máil nó ag Ballstát eile, a chur le hola mhianra chun an ola mhianra sin a shainaithint mar ola mhianra atá le húsáid ar shlí seachas mar thiomántán;",

(*h*) in alt 94(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "ola mhianra":

"ciallaíonn 'ola mhianra' ola hidreacarbóin, gás peitriliam leachtaithe, breosla ionaid agus breiseáin;",

(*i*) in alt 94(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "dumpaire eisbhóthair":

"ciallaíonn 'dumpaire eisbhóthair' feithicil a thuairiscítear i mír 2(*b*) de Chuid 1 den Sceideal a ghabhann leis an Acht Airgeadais (Dleachta Máil)(Feithiclí), 1952;",

(*j*) in alt 94(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "tiomántán":

"ciallaíonn 'tiomántán'—

(*a*) i ndáil le hola mhianra sa Stát, ola mhianra a úsáidtear lena dó in inneall mótarfheithicle, nó

(*b*) i ndáil le hola mhianra i mBallstát eile, ola mhianra atá faoi réir ráta íosta a shonraítear le haghaidh breosla mótair faoi Airteagal 7.1 den Treoir agus faoi Iarscríbhinn 1 Tábla A a ghabhann leis an Treoir;",

(*k*) in alt 94(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "coimeádán speisialta":

"ciallaíonn 'coimeádán speisialta' aon choimeádán fartha atá feistithe le gaireas atá deartha go speisialta chun críche cuisnithe, ocsaiginithe, inslithe theirmigh nó chun críocha eile dá samhail;",

(*l*) in alt 94(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "breosla ionaid":

"ciallaíonn 'breosla ionaid' aon táirge i bhfoirm leachtach, seachas—

(*a*) ola mhianra de thuairisc a sonraítear ráta ina leith i Sceideal 2, nó

(*b*) breiseán,

a úsáidtear, atá beartaithe lena úsáid, nó atá oiriúnach lena úsáid, mar bhreosla mótair nó mar bhreosla téimh;",

(*m*) in alt 94, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) (*a*) Sa Chaibidil seo, ciallaíonn 'umar breosla' aon umar nó soitheach eile i mótarfheithicil nó ar mhótarfheithicil a úsáidtear nó is féidir a úsáid chun breosla a sholáthar lena dhó—

(i) in inneall na mótarfheithicle chun an fheithicil sin a ghluaiseacht, nó

(ii) in inneall mótarfheithicle eile ar féidir léi tarraingt a chur ar fáil chun na gcríoch sin.

(*b*) Chun críocha mhír (*a*) toimhdeofar, go dtí go suífear a mhalairt, gur féidir umar nó soitheach eile dá dtagraítear sa mhír sin a úsáid chun breosla a sholáthar chun críocha gluaiste má tá aon asraon as an umar nó as an soitheach ann seachas—

(i) asraon atá ann go buan agus d'aon toisc chun breosla a sholáthar le haghaidh córais chuisnithe, ocsaiginithe nó inslithe theirmigh nó sainchórais eile sa mhótarfheithicil nó ar an mótarfheithicil, nó

(ii) i gcás olathancaer bóthair, asraon atá ann d'aon toisc chun breosla a scairdeadh as an tancaer.",

(*n*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 95:

"95.—(1) Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo, agus aon rialachán arna ndéanamh fúithi, déanfar dleacht mháil, ar a dtabharfar cáin ola mianra, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc—

(*a*) ar an ola mhianra uile—

(i) a scaoiltear lena tomhailt sa Stát, nó

(ii) a scaoiltear lena tomhailt i mBallstát eile, agus a thugtar isteach sa Stát,

agus

(*b*) ar an ngual uile a thugtar isteach sa Stát, nó a tháirgtear ann.

(2) Éireoidh dliteanas i leith cáin ola mianra ar ola mhianra an tráth a dhéantar an ola mhianra sin—

(*a*) a scaoileadh lena tomhailt sa Stát, nó

(*b*) a thabhairt isteach sa Stát tar éis í a scaoileadh lena tomhailt i mBallstát eile.

(3) D'fhonn cáin ola mianra a mhuirearú ar ola mhianra, déanfar toirt na hola mianra a fhionnadh ag teocht 15 chéim Celsius agus sa tslí a shonróidh na Coimisinéirí.

(4) Tá aon ola mhianra ar táirge athchúrsála í faoi dhliteanas cánach ola mianra de réir alt 96(3), agus ní thabharfar aon lamháltas i leith aon cháin ola mianra a bheidh íoctha ar an ola mhianra a cuireadh faoi athchúrsáil.

(5) D'ainneoin ghinearáltacht fho-alt (1), is ola mhianra agus gual a thagann faoi réim an mhínithe ar 'táirgí fuinnimh' in Airteagal 2.1 den Treoir, breosla ionaid agus breiseáin, agus iad sin amháin, a bheidh faoi réir cáin ola mianra.",

(*o*) trí alt 95A a scriosadh,

(*p*) in alt 96, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Is é an ráta cánach ola mianra a mhuirearófar ar ola mhianra athchúrsáilte faoi alt 95(4)—

(*a*) i gcás go n-úsáidtear an ola mhianra sin, nó go mbeartaítear í a úsáid, mar thiomántán, an ráta a shonraítear i Sceideal 2 le haghaidh ola throm a úsáidtear mar thiomántán, agus

(*b*) i gcás go n-úsáidtear an ola mhianra sin, nó go mbeartaítear í a úsáid, ar shlí seachas mar thiomántán, an ráta a shonraítear amhlaidh le haghaidh ola throm eile.",

(*q*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 100:

"100.—(1) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, deonófar faoiseamh ó cháin ola mianra ar aon ola mhianra a suífear chun sástacht na gCoimisinéirí—

(*a*) go mbeartaítear í a úsáid, nó gur úsáideadh í, chun críocha seachas mar bhreosla mótair nó breosla téimh,

(*b*) go mbeartaítear í a úsáid, nó gur úsáideadh í, le haghaidh dí-ocsaídiú ceimiceach nó i bpróisis leictrilíteacha nó mhiotalóireachta,

(*c*) gur ola mhianra í ar cuí leis an Aire ina leith cáin ola mianra nó cuid den cháin sin a aisíoc nó a loghadh a mhéid is cuí leis an Aire,

(*d*) go mbeartaítear í a úsáid, nó gur úsáideadh í, ag monaróir le linn ola mhianra a tháirgeadh,

(*e*) gur ola throm í a bheartaítear a úsáid, nó a úsáideadh, in innill aerárthaí le linn na hinnill sin a thástáil agus a chothabháil, nó

(*f*) go mbeartaítear í a úsáid, nó gur úsáideadh í, d'aon toisc chun leictreachas a tháirgeadh, i gcás go bhfuil an leictreachas sin faoi réir cáin leictreachais faoi alt 58(1) den Acht Airgeadais, 2008 nó go soláthraítear é lena thomhailt lasmuigh den Stát.

(2) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, deonófar faoiseamh ó cháin ola mianra ar aon ola mhianra a suífear chun sástacht na gCoimisinéirí—

(*a*) go mbeartaítear í a úsáid, nó gur úsáideadh í, mar bhreosla chun críche loingseoireachta mara, lena n-áirítear iascaireacht mhara, ach gan loingseoireacht áineasa phríobháideach a áireamh, nó

(*b*) gur ola throm í a bheartaítear a úsáid, nó gur úsáideadh í, mar bhreosla chun críche aerloingseoireachta seachas eitilt áineasa phríobháideach.

(3) Tá feidhm ag an bhfaoiseamh faoi fho-alt (2)(*a*) maidir le hola mhianra a úsáidtear le haghaidh téamh, cuisniú nó insliú teirmeach ar bord long agus bád, ach níl feidhm aige maidir le hola mhianra a úsáidtear chun críocha tionscail ar dhéanmhais shnámha atá deartha chun na gcríoch sin.

(4) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, deonófar faoiseamh ó cháin ola mianra ar aon ola mhianra—

(*a*) atá in umar breosla mótarfheithicle, an tráth a thugann pearsa aonair phríobháideach an fheithicil sin isteach sa Stát ó Bhallstát eile, nó i soitheach iniompair aonair nach mó a thoilleadh ná 10 lítear agus atá san fheithicil an tráth sin, i gcás gur scaoileadh an ola mhianra sa Bhallstát sin lena tomhailt mar thiomántán,

(*b*) atá in umar caighdeánach mótarfheithicle tráchtála, nó aon fheithicle inneallghluaiste tráchtála eile, an tráth a thugtar an fheithicil sin isteach sa Stát ó Bhallstát eile, i gcás go ndearnadh an ola mhianra sin—

(i) a scaoileadh lena tomhailt mar thiomántán i mBallstát eile, nó

(ii) a scaoileadh lena tomhailt seachas mar thiomántán i mBallstát eile agus a gceadaítear, faoin dlí atá i bhfeidhm sa Bhallstát sin, í a úsáid san fheithicil sin,

nó

(*c*) atá in umar caighdeánach árthaigh a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach an tráth a thugann pearsa aonair phríobháideach an t-árthach sin isteach sa Stát ó Bhallstát eile, lena n-áirítear aon ola mhianra den sórt sin a marcáladh de réir cheanglais an Bhallstáit eile sin, i gcás go gceadaítear sa Bhallstát sin ola mhianra a mharcáiltear amhlaidh a úsáid le haghaidh loingseoireacht áineasa phríobháideach.

(5) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, beidh feidhm ag faoiseamh ón muirear carbóin—

(*a*) maidir le haon ola mhianra a suífear chun sástacht na gCoimisinéirí gur bithbhreosla í, agus

(*b*) i gcás go ndearnadh bithbhreosla a mheascadh nó a chumasc le haon ola mhianra eile, maidir leis an gcion bithbhreosla in aon mheascán nó cumasc den sórt sin.

(6) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, beidh feidhm ag faoiseamh ón muirear carbóin maidir le haon ola mhianra a suífear chun sástacht na gCoimisinéirí go mbeartaítear í a úsáid nó gur úsáideadh í—

(*a*) i suiteáil a thagann faoi réim cead astuithe gáis ceaptha teasa, nó

(*b*) le haghaidh comhghiniúint teasa is cumhachta nach bhfuil díobhálach don chomhshaol (seachas micrea-chomhghiniúint de réir bhrí Threoir 2004/8/CE an 11 Feabhra 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14]), i gcás go gcinneann údarás inniúil, arna ainmniú chun na críche ag an Aire, go gcomhlíonann an chomhghiniúint sin na ceanglais le haghaidh comhghiniúint ardéifeachtúlachta faoi Threoir 2004/8/CE an 11 Feabhra 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(7) I gcás go bhfuil ola mhianra incháilithe le haghaidh faoisimh faoi aon fhoráil den alt seo, féadfar éifeacht a thabhairt don fhaoiseamh sin trí cháin ola mianra a loghadh nó a aisíoc.

(8) (*a*) Déanfar éilimh ar aisíoc faoi fho-alt (7) i cibé foirm a ordóidh na Coimisinéirí agus is éilimh iad i leith ola mhianra a úsáideadh laistigh de thréimhse nach giorra ná mí agus nach faide ná 6 mhí.

(*b*) Ach amháin i gcás go gceadóidh na Coimisinéirí a mhalairt in aon chás áirithe, déanfar éileamh ar aisíoc laistigh de 4 mhí tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír (*a*).”,

(*r*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 100:

“Cáin ola mianra ar ghual.

100A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘úsáid ghnó’, faoi réir Airteagal 11 den Treoir, úsáid ag eintiteas gnó a dhéanann go neamhspleách, in aon áit, earraí agus seirbhísí a sholáthar;

ciallaíonn ‘eagraíocht charthanúil’ aon chomhlacht daoine nó iontaobhas arna bhunú chun críocha carthanúla;

ciallaíonn ‘dé-úsáid’ úsáid mar bhreosla téimh agus chun críocha seachas mar

[14]IO Uimh. L52, 21.02.2004, lch.50

bhreosla mótair agus breosla téimh agus folaíonn sé úsáid le haghaidh dí-ocsaídiú ceimiceach agus i bpróisis leictrilíteacha agus mhiotalóireachta;

ciallaíonn 'gnó dianfhuinnimh' aon eintiteas gnó inarb ionann ceannach táirgí fuinnimh agus leictreachais agus 3 faoin gcéad ar a laghad den luach táirgthe, nó inarb ionann an cháin ola mianra is iníoctha agus 0.5 faoin gcéad ar a laghad den luach breise;

ciallaíonn 'teaghlach' áitreabh a úsáidtear mar theaghais;

ciallaíonn 'próiseas mianreolaíoch' próiseas a aicmítear san ainmníocht NACE faoi chód DI 26 'táirgí mianra neamh-mhiotalacha eile a mhonarú' i Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 an 9 Deireadh Fómhair 1990 ón gComhairle[15] ar aicmiú staidrimh maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíochta sa Chomhphobal Eorpach.

(2) Éireoidh dliteanas i leith cáin ola mianra ar ghual an tráth is ábhar do sheachadadh deiridh an gual sin, agus íocfaidh an duine ar a seachadtar é an cháin.

(3) Gach duine a dhéanann seachadadh deiridh guail, seachas ar theaghlaigh nó ar eagraíochtaí carthanúla agus gach duine a dhlíonn cáin ola mianra a íoc ar ghual, cláróidh sé nó sí leis na Coimisinéirí chun na críche sin de réir cibé nósanna imeachta a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin.

(4) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, deonófar faoiseamh ó cháin ola mianra i leith gual a suífear chun sástacht na gCoimisinéirí go mbeartaítear é a úsáid nó gur úsáideadh é—

(*a*) chun leictreachas a ghiniúint,

(*b*) chun teas is cumhacht in éineacht a ghiniúint,

(*c*) le haghaidh oibreacha talmhaíochta, gairneoireachta nó iascshaothraithe, agus san fhoraoiseacht,

(*d*) le haghaidh dé-úsáide,

(*e*) le haghaidh próisis mhianreolaíocha,

[15]IO Uimh. L293, 24.10.1990, lch.1

(*f*) le haghaidh úsáid tís,

(*g*) ag eagraíocht charthanúil,

(*h*) mar bhreosla le haghaidh traenacha,

(*i*) ag gnó dlúthfhuinnimh a shealbhaíonn cead astuithe gáis ceaptha teasa, nó

(*j*) chun críoch seachas mar bhreosla mótair nó mar bhreosla téimh.

(5) Gan dochar d'fho-alt (4), agus faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, déanfar faoiseamh ó cháin ola mianra is ionann agus leath an ráta inmhuirearaithe a dheonú i leith gual a suífear chun sástacht na gCoimisinéirí go mbeartaíonn gnó nó go ndearna gnó, nach gnó dlúthfhuinnimh agus a shealbhaíonn cead astuithe gáis ceaptha teasa, é a úsáid.

(6) I gcás go bhfuil gual incháilithe le haghaidh faoisimh faoi aon fhoráil den alt seo, féadfar éifeacht a thabhairt don fhaoiseamh sin trí cháin ola mianra a loghadh nó a aisíoc.

(7) (*a*) Déanfar éilimh ar aisíoc faoi fho-alt (6) i cibé foirm a ordóidh na Coimisinéirí agus is éilimh iad i leith gual a seachadadh laistigh de thréimhse nach giorra ná mí agus nach faide ná 6 mhí.

(*b*) Ach amháin i gcás go gceadóidh na Coimisinéirí a mhalairt in aon chás áirithe, déanfar éileamh ar aisíoc laistigh de 4 mhí tar éis na tréimhse dá dtagraítear i mír (*a*).",

(*s*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 101:

"Trádálaithe ola mianra a cheadúnú.

101.—(1) Gach duine a dhéanann aon ola mhianra (seachas breiseáin) atá le húsáid mar thiomántán, nó aon ghásailín eitlíochta—

(*a*) a tháirgeadh nó a dhíol nó déileáil inti nó ann,

(*b*) a choimeád lena díol nó lena dhíol nó lena seachadadh nó lena sheachadadh, nó

(*c*) a sheachadadh,

beidh ceadúnas (dá ngairtear 'ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla') arna dheonú ag na

Coimisinéirí faoin alt seo ina sheilbh aige nó ina seilbh aici.

(2) Gach duine a dhéanann aon ola gháis nó ceirisín a bhfuil ráta níos ísle dlite ina leith, faoi alt 97, ná an ráta caighdeánach cuí—

(*a*) a tháirgeadh nó a dhíol nó déileáil inti nó ann,

(*b*) a choimeád lena díol nó lena dhíol nó lena seachadadh nó lena sheachadadh, nó

(*c*) a sheachadadh,

beidh ceadúnas (dá ngairtear 'ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte' san alt seo) arna dheonú ag na Coimisinéirí faoin alt seo ina sheilbh aige nó ina seilbh aici.

(3) Chun críocha fho-ailt (1) agus (2), ní mór do dhuine ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla ar leithligh nó ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte ar leithligh a shealbhú le haghaidh gach áitreabh ina dtáirgtear an ola mhianra lena mbaineann agus gach áitreabh nó, i gcás ceadúnais trádálaí breosla mharcáilte, gach áit, ina ndéanann an duine—

(*a*) í a dhíol nó déileáil inti, nó

(*b*) í a choimeád lena díol nó lena seachadadh.

(4) (*a*) Ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag mír (*c*), ní sheachadfaidh duine ola mhianra dá dtagraítear i bhfo-alt (1) ach amháin ó áitreabh a bhfuil ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla i bhfeidhm ina leith.

(*b*) Ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag mír (*c*), ní sheachadfaidh duine ola mhianra dá dtagraítear i bhfo-alt (2) ach amháin ó áitreabh a bhfuil ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte i bhfeidhm ina leith.

(*c*) Ní bheidh feidhm ag míreanna (*a*) agus (*b*) maidir le haon seachadadh ola mianra ó áit lasmuigh den Stát, i gcás gur coinsíneacht an seachadadh sin a dhéantar de réir na gceanglas áirithe a bhfuil feidhm acu maidir léi faoi Chaibidil 2A nó 2B de Chuid 2 den Acht

Airgeadais, 2001 agus faoi na Rialacháin um Rialú Táirgí Inmháil, 2010 (I.R. Uimh. 146 de 2010).

(5) (*a*) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (2) agus (3) maidir le daoine agus áitribh nó áiteanna atá ceadaithe, de thuras na huaire, faoi Rialachán 38 de na Rialacháin um Cháin Ola Mianra, 2001 (I.R. Uimh. 442 de 2001).

(*b*) Scoirfidh na ceaduithe dá dtagraítear i mír (*a*) d'éifeacht a bheith leo ar cibé dáta a fhorordóidh na Coimisinéirí.

(6) Féadfaidh na Coimisinéirí, faoi réir fho-ailt (7) agus (8), ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla nó ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte a dheonú do dhuine—

(*a*) ar iarratas i scríbhinn a dhéanamh chuig na Coimisinéirí agus ar na Coimisinéirí d'fháil cibé faisnéis a éileoidh siad le réasún, agus

(*b*) i gcás gur íocadh an dleacht mháil chuí faoi fho-alt (10).

(7) (*a*) Féadfaidh na Coimisinéirí an ghníomhaíocht áirithe nó na gníomhaíochtaí áirithe dá dtagraítear i bhfo-ailt (1) agus (2) agus a bhfuil duine ceadúnaithe ina leith a shonrú i ndáil le gach ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla nó gach ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte, de réir mar a bheidh.

(*b*) Maidir le ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla agus ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte—

(i) beidh sé faoi réir coinníollacha a shonrófar i ndáil leis an gceadúnas, maidir le haon áitreabh nó áit lena mbaineann agus gach umar agus trealamh eile a úsáidtear le haghaidh olaí mianra ar an áitreabh sin nó san áit sin a bheith slán agus oiriúnach, chun sástacht na gCoimisinéirí, agus

(ii) féadfaidh sé a bheith faoi réir cibé coinníollacha eile a shonróidh na Coimisinéirí amhlaidh.

(*c*) Féadfar coinníollacha éagsúla a shonrú faoi mhír (*b*), ag féachaint don ghníomhaíocht nó do na gníomhaíochtaí lena mbaineann an ceadúnas, don ola mhianra lena mbaineann agus do na himthosca a bhaineann le gach cás áirithe.

(*d*) Féadfaidh na Coimisinéirí na coinníollacha dá dtagraítear i mír (*b*) a athrú aon tráth.

(8) Ní dheonófar ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla ná ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte—

(*a*) i gcás go ndearnadh an t-iarratasóir (nó, i gcás gur cuideachta an t-iarratasóir, go ndearnadh aon stiúrthóir nó duine a rialaíonn an chuideachta sin de réir bhrí alt 11 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) a chiontú, sa tréimhse 10 mbliana roimh an iarratas, in aon chion indíotáilte faoi na hAchtanna dá dtagraítear in alt 1078(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 nó in aon chion comhréire faoi dhlí Ballstáit eile,

(*b*) i gcás nach sealbhaíonn an t-iarratasóir deimhniú imréitigh cánach reatha arna eisiúint faoi alt 1094 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó

(*c*) i gcás nach suíonn an t-iarratasóir, chun sástacht na gCoimisinéirí, nuair a cheanglaítear air nó uirthi é, gur féidir leis an iarratasóir, agus leis an áitreabh nó leis an áit lena mbaineann, cibé coinníollacha a fhorchuirfidh na Coimisinéirí a chomhlíonadh.

(9) Féadfaidh na Coimisinéirí ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla nó ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte a chúlghairm más rud é—

(*a*) go sáraíonn sealbhóir an cheadúnais na coinníollacha a shonraítear i ndáil leis an gceadúnas, nó go mainníonn sé

nó sí nó iad a chomhlíonadh nó go sáraítear iad nó go mainnítear iad a chomhlíonadh san áitreabh nó san áit lena mbaineann,

(*b*) go bhfuil sealbhóir an cheadúnais ciontach i gcion dá dtagraítear i bhfo-alt (8)(*a*), nó go sáraíonn sé nó sí aon cheanglas de chuid an dlí máil i ndáil le hola mhianra a tháirgeadh, a dhíol nó déileáil inti, í a choimeád nó í a sheachadadh, nó go mainníonn sé nó sí an céanna a chomhlíonadh.

(10) Déanfar dleacht mháil a mhuirearú, a thobhach agus a íoc, de réir ráta €250, ar gach ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla agus ar gach ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte arna dheonú faoin alt seo.

(11) Beidh ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla agus ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte ar taispeáint go soiléir gach tráth ag an áitreabh nó san áit ar deonaíodh an ceadúnas sin ina leith.

(12) Leanfaidh ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla agus ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte i bhfeidhm go dtí an chéad 30 Meitheamh eile tar éis an dáta a tháinig sé i bhfeidhm ach amháin más rud é—

(*a*) go bhforordaítear dáta eile, nó

(*b*) go gcúlghairtear ceadúnas faoi fho-alt (9).

(13) Féadfaidh na Coimisinéirí liosta de dhaoine a shealbhaíonn ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla nó ceadúnas trádálaí breosla mharcáilte, agus de na háitribh nó na háiteanna a bhfuil na ceadúnais sin i bhfeidhm ina leith a thiomsú, agus, d'ainneoin aon oibleagáid rúndacht a choimeád nó aon srian eile ar fhaisnéis a fhaigheann siad nó a thugtar dóibh a nochtadh nó a thabhairt ar aird, féadfaidh na Coimisinéirí, ar mhodh leictreonach nó ar shlí eile, na liostaí sin a chur ar fáil don phobal.",

(*t*) trí alt 101A a scriosadh,

(*u*) in alt 102(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii) de mhír (*b*):

"(iii) aon ola mhianra ina bhfuil aon mharcáil a cheanglaíonn aon Bhallstát eile,",

(*v*) in alt 102(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (*d*), (*da*) agus (*e*):

"(*d*) aon ola mhianra (seachas breiseáin) atá le húsáid mar thiomántán, nó aon ghásailín eitlíochta, a tháirgeadh, a dhíol nó déileáil inti nó ann, a choimeád lena díol nó lena dhíol nó lena seachadadh nó lena sheachadadh, nó a sheachadadh, i gcás nach sealbhóir ar cheadúnas trádálaí gluaisbhreosla arna dheonú faoi alt 101(1) an duine sin i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin,

(*e*) aon ola gháis nó ceirisín a bhfuil ráta is ísle ná an ráta caighdeánach cuí dlite ina leith faoi alt 97 a tháirgeadh, a dhíol nó déileáil inti nó ann, a choimeád lena díol nó lena dhíol nó lena seachadadh nó lena sheachadadh, nó a sheachadadh, i gcás nach sealbhóir ar cheadúnas trádálaí breosla mharcáilte arna dheonú faoi alt 101(2) an duine sin i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin,

(*f*) i gcás inar sealbhóir ar cheadúnas trádálaí gluaisbhreosla arna dheonú faoi alt 101(1), nó ar cheadúnas trádálaí breosla mharcáilte arna dheonú faoi alt 101(2), an duine sin, mainneachtain an ceadúnas a chur ar taispeáint ag an áitreabh nó san áit lena mbaineann an ceadúnas sin, nó

(*g*) ordú maidir le toirmeasc sealadach ar thrádáil faoi alt 102A a shárú nó mainneachtain a dhéanamh é a chomhlíonadh.",

(*w*) in alt 102 (1A), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii) de mhír (*b*):

"(iii) aon ola mhianra ina bhfuil aon mharcáil a cheanglaíonn Ballstát eile.",

(*x*) in alt 102, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Is cion é faoin bhfo-alt seo—

(*a*) gan toiliú i scríbhinn ó na Coimisinéirí, aon mharcáil a bhaint, nó iarracht a dhéanamh í a bhaint, as aon ola mhianra nó a bheith páirteach go feasach ina baint, nó in iarracht í a bhaint,

(*b*) déileáil go feasach in aon ola mhianra as ar baineadh marcáil nó lenar cuireadh aon ní chun é a dhéanamh deacair marcáil in aon ola mhianra a aithint, nó

(*c*) earraí toirmiscthe a choimeád nó a bheith ag duine ar aon áitreabh nó ar aon talamh eile nó ar aon fheithicil.",

(*y*) in alt 102, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) (*a*) Dlitear aon ola mhianra a ndearnadh cion faoi fho-alt (1), (1A), (1B) nó (3) ina leith agus aon

substaint atá measctha leis an ola mhianra sin a fhorghéilleadh.

(*b*) I gcás go ndlitear aon ola mhianra a fhorghéilleadh faoi mhír (*a*), mar gheall ar chion a bhaineann le hola mhianra a dhíol, déileáil inti, nó í a choimeád lena díol nó lena seachadadh ag áitreabh nó in áit, dlitear aon chaidéil, soithí nó trealamh eile, a úsáidtear ag an áitreabh sin nó san áit sin chun an ola mhianra lena mbaineann a sholáthar, a fhorghéilleadh.",

agus

(*z*) trí alt 105 a scriosadh.

(2) Tagann *míreanna (s)*, *(v)* agus *(y) d'fho-alt (1)* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla agus chun críoch éagsúil.

Leasú ar alt 65 (scor d'fheidhm a bheith ag cáin ola mianra maidir le gual) den Acht Airgeadais, 2010.

79.—Leasaítear alt 65 den Acht Airgeadais, 2010 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999—

(*a*) in alt 94(1) (arna leasú le *halt 78* den *Acht Airgeadais*, *2012*), tríd an míniú ar 'gual' a scriosadh,

(*b*) in alt 95, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (arna leasú le *halt 78* den *Acht Airgeadais, 2012*):

'(1) Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo, agus aon rialachán arna ndéanamh fúithi, déanfar dleacht mháil, ar a dtabharfar cáin ola mianra, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar an ola mhianra uile—

(*a*) a scaoiltear lena tomhailt sa Stát, nó

(*b*) a scaoiltear lena tomhailt i mBallstát eile, agus a thugtar isteach sa Stát.',

(*c*) in alt 95(2) (arna leasú le *halt 78* den *Acht Airgeadais, 2012*), trí "Éireoidh dliteanas i leith cáin ola mianra an tráth a dhéantar an ola mhianra" a chur in ionad "Éireoidh dliteanas i leith cáin ola mianra ar ola mhianra an tráth a dhéantar an ola mhianra sin",

(*d*) in alt 95(5) (arna leasú le *halt 78* den *Acht Airgeadais, 2012*), trí "is ola mhianra" a chur in ionad "is ola mhianra agus gual" agus trí "agus í sin amháin" a chur in ionad "agus iad sin amháin", agus

(*e*) trí alt 100A (a chuirtear isteach le *halt 78* den *Acht Airgeadais, 2012*) a scriosadh.".

Leasú ar Chaibidil 1 (cáin leictreachais) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2008.

80.—Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2008—

(*a*) in alt 58(1), trí "Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo" a chur in ionad "I dteannta aon dleachta eile is inmhuirearaithe, agus faoi réir fhorálacha na Caibidle seo",

(*b*) in alt 59(2), trí "(3)," a scriosadh,

(*c*) in alt 59, trí fho-alt (3) a scriosadh, agus

(*d*) in alt 60, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Déanfaidh aon soláthróir nach bhfuil bunaithe sa Stát cibé socruithe leis na Coimisinéirí a cheanglóidh na Coimisinéirí chun an cháin a íoc agus cuntas a thabhairt inti, agus beidh ar áireamh ar na socruithe sin duine inniúil a cheapadh sa Stát chun éifeacht a thabhairt dóibh.".

Leasú ar Chaibidil 2 (cáin charbóin gáis nádúrtha) de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010.

81.—Leasaítear Caibidil 2 de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010—

(*a*) in alt 66(1), sa mhíniú ar "Cód AC", trí "Rialachán (CE) Uimh. 2031/2001" a chur in ionad "Rialachán (CEE) Uimh. 2031/2001",

(*b*) in alt 67(1), le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2012, trí "€4.10" a chur in ionad "€3.07",

(*c*) in alt 67(3), le héifeacht amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2012, trí "€0.020" a chur in ionad "€0.015",

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 68:

"68.—(1) Muirearófar cáin an tráth a sholáthróidh soláthróir an gás nádúrtha do thomhaltóir agus, ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (2), beidh an soláthróir sin cuntasach sa cháin a mhuirearófar ar an ngás nádúrtha a sholáthróidh an soláthróir sin agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin sin a íoc.

(2) Beidh tomhaltóir faoi dhliteanas i leith aon easnamh sa mhéid cánach a íocfar ar sholáthar, i gcás gur tharla an t-easnamh sin de dheasca faisnéis bhréagach nó faisnéis mhíthreorach a thug an tomhaltóir sin don soláthróir lena mbaineann, agus ní bheidh aon dliteanas den sórt sin ar an soláthróir.",

(*e*) in alt 70, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(3) Déanfaidh aon soláthróir nach bhfuil bunaithe sa Stát cibé socruithe leis na Coimisinéirí a cheanglóidh na Coimisinéirí chun an cháin a íoc agus cuntas a thabhairt inti, agus beidh ar áireamh ar na socruithe sin duine inniúil a cheapadh sa Stát chun éifeacht a thabhairt dóibh.",

(*f*) in alt 71(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) chun leictreachas a ghiniúint, agus chuige sin amháin, nó",

(*g*) in alt 71, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, deonófar faoiseamh páirteach ó cháin i leith aon ghás nádúrtha a suífear chun sástacht na gCoimisinéirí gur soláthraíodh é lena úsáid—

(*a*) i suiteáil atá faoi réim cead astuithe gáis ceaptha teasa,

(*b*) le haghaidh comhghiniúint teasa is cumhachta nach bhfuil díobhálach don chomhshaol (seachas micrea-chomhghiniúint de réir bhrí Threoir 2004/8/CE an 11 Feabhra 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16]), i gcás ina gcinneann údarás inniúil, arna ainmniú chun na críche ag an Aire, go gcomhlíonann an chomhghiniúint sin na ceanglais le haghaidh comhghiniúint ardéifeachtúlachta faoi Threoir 2004/8/CE an 11 Feabhra 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.",

agus

(*h*) in alt 71, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(3) Ríomhfar an faoiseamh faoi fho-alt (2) mar an méid cánach is inmhuirearaithe ar an ngás nádúrtha a sholáthrófar, lúide méid arna ríomh de réir ráta €0.54 in aghaidh na huaire meigeavata.".

Leasú ar Chaibidil 3 (cáin charbóin bhreosla sholadaigh) de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010.

82.—Leasaítear Caibidil 3 de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010—

(*a*) in alt 77, sa mhíniú ar "Cód AC", trí "Rialachán (CE) Uimh. 2031/2001 ón gCoimisiún" a chur in ionad "Rialachán (CEE) Uimh. 2031/2001 ón gCoimisiún",

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 79:

"79.—(1) Muirearófar cáin an tráth a sholáthróidh soláthróir an breosla soladach sa Stát den chéad uair agus, ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (2), beidh an soláthróir sin cuntasach sa cháin a mhuirearófar agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin sin a íoc.

(2) Beidh tomhaltóir faoi dhliteanas i leith aon easnamh sa mhéid cánach a mhuirearófar ar sholáthar, i gcás gur tharla an t-easnamh sin de dheasca faisnéis bhréagach nó faisnéis mhíthreorach a thug an tomhaltóir sin don soláthróir lena mbaineann, agus ní bheidh aon dliteanas den sórt sin ar an soláthróir.",

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 82:

[16]IO Uimh. L52, 21.02.2004, lch.50

"82.—(1) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, deonófar faoiseamh iomlán ó cháin ar aon bhreosla soladach a suífear chun sástacht na gCoimisinéirí gur seachadadh é lena úsáid—

(*a*) chun leictreachas a ghiniúint, agus chuige sin amháin, nó

(*b*) le haghaidh dí-ocsaídiú ceimiceach nó i bpróisis leictrilíteacha nó mhiotalóireachta.

(2) Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, deonófar faoiseamh ó cháin ar aon bhreosla soladach a suífear chun sástacht na gCoimisinéirí gur seachadadh é lena úsáid—

(*a*) i suiteáil atá faoi réim cead astuithe gáis ceaptha teasa, nó

(*b*) le haghaidh comhghiniúint teasa is cumhachta nach bhfuil díobhálach don chomhshaol (seachas micrea-chomhghiniúint de réir bhrí Threoir 2004/8/CE an 11 Feabhra 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17]), i gcás ina gcinneann údarás inniúil, arna ainmniú chun na críche ag an Aire, go gcomhlíonann an chomhghiniúint sin na ceanglais le haghaidh comhghiniúint ardéifeachtúlachta faoi Threoir 2004/8/CE an 11 Feabhra 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(3) Is é atá san fhaoiseamh faoi fho-alt (2)—

(*a*) i gcás móna, faoiseamh iomlán, agus

(*b*) i gcás guail, faoiseamh páirteach, a ríomhfar mar an méid cánach is inmhuirearaithe ar an gcainníocht guail a sheachadfar, lúide méid arna ríomh de réir ráta €4.18 an tona.".

Cáin cláraithe feithiclí.

83.—(1) Leasaítear Caibidil IV (a bhaineann le clárú agus cánachas feithiclí) de Chuid II den Acht Airgeadais, 1992—

(*a*) in alt 130, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "an clár":

"folaíonn 'clárú' athchlárú;",

(*b*) in alt 130, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "feithicil":

"ciallaíonn 'feithicil' feithicil inneallghluaiste, lena n-áirítear feithicil neamhcláraithe—

(*a*) a dhéantar aníos ón bhfonnadh, nó

(*b*) a dhéantar trí mhonacóc nó cóimeáil a úsáid arb ionann cuspóir dó nó di agus fonnadh,

[17]IO Uimh. L52, 21.02.2004, lch.50

ar fonnadh, monacóc nó cóimeáil é nó í atá nua nó neamhúsáidte nó a fhaightear as feithicil neamhchláraithe eile;",

(*c*) trí ailt 130A, 130B agus 131A a scriosadh,

(*d*) in alt 132, trí "Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo" a chur in ionad "I dteannta aon dleachta eile is inmhuirearaithe, faoi réir fhorálacha na Caibidle seo" i bhfo-alt (1),

(*e*) trí alt 132(5)(*b*) a scriosadh,

(*f*) in alt 133, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad "feithicil nua":

"ciallaíonn 'feithicil nua' feithicil nach ndearnadh a chlárú ná a thaifeadadh roimhe sin ar bhonn buan—

(*a*) sa Stát faoin gCaibidil seo nó, roimh an 1 Eanáir 1993, faoi aon achtachán a aisghairtear nó a chúlghairtear le halt 144A nó faoi aon fhoráil eile a bhfuil an éifeacht chéanna léi atá leis an gCaibidil seo nó le haon achtachán den sórt sin, nó

(*b*) faoi chóras comhréire chun taifead a chothabháil ar fheithiclí agus ar a n-úinéireacht i stát eile,

agus i gcás go bhfuarthas an fheithicil faoi choinníollacha ginearálta cánachais atá i bhfeidhm sa mhargadh intíre;",

(*g*) trí fho-ailt (1) go (5) d'alt 135B a scriosadh,

(*h*) in alt 135B(6)(*a*), trí "ailt 105B agus 105D" a chur in ionad "ailt 105B, 105C agus 105D",

(*i*) trí ailt 135BA agus 135C(3)(*a*) a scriosadh,

(*j*) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 135C:

"Méideanna cánach cláraithe feithiclí a aisíoc ar fheithiclí áirithe a onnmhairiú.

135D.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí méid cánach cláraithe feithiclí arna ríomh de réir an ailt seo a aisíoc le duine bunaithe ar phraghas díola feithicle ar an margadh oscailte ar feithicil í a aistríodh as an Stát, más rud é—

(*a*) gur feithicil de chuid earnáil M1 an fheithicil,

(*b*) gur cláraíodh an fheithicil faoi alt 131 agus gur íocadh an cháin cláraithe feithiclí,

(*c*) go raibh an fheithicil cláraithe faoi alt 131 díreach sular aistríodh amhlaidh í,

(*d*) go ndearna duine inniúil scrúdú laistigh de 30 lá sular aistríodh amhlaidh í—

(i) ar an bhfeithicil agus ar aon doiciméadacht lena mbaineann mír (*b*) nó (*c*), agus

(ii) más infheidhme, ar dheimhniú tástála bailí (de réir bhrí na Rialachán um Thrácht ar Bhóithre (An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán), 2003 (I.R. Uimh. 405 de 2003)) i leith na feithicle,

agus gur chinn an duine sin go raibh gach ní iomchuí in ord,

(*e*) nach lú ná €2,000 praghas díola na feithicle ar an margadh oscailte (arb é an praghas lena mbaineann fo-alt (2) é) tráth an scrúdaithe lena mbaineann mír (*d*), agus

(*f*) gur comhlíonadh ceanglais fho-alt (3).

(2) Déanfar an méid cánach cláraithe feithiclí a bheidh le haisíoc a ríomh faoi threoir phraghas díola na feithicle ar an margadh oscailte (arb é an praghas sin arna chinneadh ag na Coimisinéirí é) tráth an scrúdaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(*d*).

(3) Déanfar éileamh chun méid cánach cláraithe feithiclí a aisíoc faoin alt seo ar cibé slí agus i cibé foirm a cheadóidh na Coimisinéirí chun na críche sin agus beidh ag gabháil leis—

(*a*) doiciméadacht lena chruthú chun sástacht na gCoimisinéirí gur aistríodh an fheithicil as an Stát laistigh de 30 lá tar éis a scrúdaithe faoin alt seo, agus

(*b*) cruthúnas gur cláraíodh an fheithicil dá éis sin i mBallstát eile nó gur onnmhairíodh go dtí áit lasmuigh den Aontas Eorpach go buan í.

(4) Déanfar an méid cánach cláraithe feithiclí a ríomhfar lena aisíoc faoin alt seo i leith feithicle a laghdú d'fhonn na nithe seo a leanas a chur i gcuntas—

(*a*) glanmhéid aon loghtha nó aisíoca ar an gcáin sin a lamháladh roimhe sin ar an bhfeithicil faoin gCaibidil seo, agus

(*b*) muirear riaracháin €500.

(5) Is leis an duine a bheidh ainmnithe, tráth an scrúdaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(*d*), ar an deimhniú cláraithe arna eisiúint de réir alt 131(5)(*a*), a dhéanfar aon aisíoc cánach cláraithe feithiclí faoin alt seo.",

(*k*) in alt 136A, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad na brí a shanntar do "B" sa chéad abairt d'fho-alt (4) chun críche na foirmle san fho-alt sin:

"gurb é B méid (más ann) is iníoctha ag an duine inniúil leis na Coimisinéirí agus a ríomhtar ar mhodh foirmle amháin nó níos mó nó ar mhodh eile ríofa a fhorordófar.",

(*l*) in alt 141, i bhfo-alt (2), trí "agus" a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé i mír (*m*), trí "ar fheithiclí, agus" a chur in ionad "ar fheithiclí." i mír (*w*), agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*w*):

"(*x*) chun críche na foirmle i bhfo-alt (4) d'alt 136A, foirmle amháin nó níos mó nó modh eile ríofa a fhorordú chun críche na brí a shanntar do 'B' san fho-alt sin.",

agus

(*m*) trí alt 142 a scriosadh.

(2) Tagann *fo-alt (1)(j)* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

CUID 3

Cáin Bhreisluacha

Léiriú (*Cuid 3*). **84**.—Sa Chuid seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

Orduithe ón Aire. **85**.—Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 2(1), sa mhíniú ar "gníomhaíocht dhíolmhaithe", tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) soláthar aon earraí nó seirbhísí de chineál a shonraítear i Sceideal 1;",

(*b*) in alt 52(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) Féadfaidh an tAire Sceideal 1 a leasú le hordú.",

(*c*) in alt 103(1), trí "Faoi réir fho-alt (2A), féadfaidh an tAire" a chur in ionad "Féadfaidh an tAire",

(*d*) in alt 103(2), trí "Faoi réir fho-alt (2A), féadfaidh an tAire" a chur in ionad "Féadfaidh an tAire", agus

(*e*) in alt 103, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) I gcás go ndéanann an tAire ordú faoin alt seo, beidh aird ag an Aire, le linn dó nó di an t-ordú a dhéanamh, ar cheann amháin de na nithe seo a leanas nó orthu araon:

(*a*) cineál nó cuspóir na n-earraí nó na seirbhísí lena mbaineann an t-aisíoc is ábhar don ordú, lena n-áirítear aon chuspóir sóisialach;

(*b*) cineál nó cuspóir an duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) i ndáil leis na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann an t-aisíoc is ábhar don ordú.

(2B) I gcás go ndéanann an tAire ordú faoin alt seo, féadfaidh an tAire ceanglais a shonrú san ordú, a bheidh le comhlíonadh ag an duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) tar éis an t-aisíoc is ábhar don ordú a íoc leis nó léi, maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) athbhreithniú a dhéanamh—

(i) ag cibé tráth, nó

(ii) ar cibé teagmhas do tharlú,

a shonrófar sa cheanglas lena mbaineann, chun a fháil amach an leantar de na coinníollacha a shonraítear san ordú a chomhlíonadh i ndáil leis an duine sin, nó i ndáil leis na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann an t-aisíoc sin, nó i ndáil leo araon, agus

(*b*) an t-aisíoc sin go léir nó cuid de a aisíoc leis na Coimisinéirí Ioncaim, de réir mar a shonraítear sa cheanglas lena mbaineann, más rud é, tar éis an athbhreithnithe sin, go bhfaightear amach maidir le ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha sin—

(i) nach gcomhlíontar é a thuilleadh, nó

(ii) gur scoireadh go sealadach dá chomhlíonadh aon tráth tar éis an t-aisíoc sin a íoc leis an duine sin.".

Soláthairtí seirbhísí foirgníochta idir daoine bainteacha — muirear freaschurtha.

86.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 16, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

"(5) (*a*) San fho-alt seo, folaíonn 'obair foirgníochta' i ndáil le hearraí dochorraithe—

(i) seirbhísí a bhaineann le foirgniú, méadú, athrú agus scartáil, agus

(ii) obair innealtóireachta nó oibríochtaí eile lena ndéantar na hearraí dochorraithe sin

a oiriúnú le haghaidh malairt ábhartha úsáide.

(*b*) I gcás go soláthraíonn duine cuntasach obair foirgníochta sa Stát do dhuine inchánach (dá ngairtear 'faighteoir' san fho-alt seo) lena bhfuil an duine cuntasach bainteach (de réir bhrí alt 97(3)), ansin—

(i) is duine cuntasach an faighteoir, nó measfar gur duine cuntasach é nó í, i ndáil leis na soláthairtí sin agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin is inmhuirearaithe a íoc amhail is dá ndéanfadh an faighteoir sin an soláthar sin i gcúrsa nó ag bisiú gnó, agus

(ii) ní bheidh an duine a sholáthair an obair foirgníochta cuntasach sa cháin sin, ná ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin sin a íoc, i leith na soláthairtí sin.",

(*b*) in alt 19(1), trí mhír (*d*) a scriosadh,

(*c*) in alt 41(4), trí "nó (5)" a chur isteach i ndiaidh "alt 16(3)",

(*d*) in alt 59(2), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*ia*):

"(*ib*) an cháin is inmhuirearaithe le linn na tréimhse, is cáin a bhfuil an faighteoir (de réir bhrí alt 16(5)(*b*)) faoi dhliteanas í a íoc de bhua alt 16(5)(*b*) i leith soláthairtí oibre foirgníochta a fuair an faighteoir sin, ach sin sa chás sin amháin go mbeadh an faighteoir sin i dteideal an cháin sin a asbhaint in áit eile faoin bhfo-alt seo dá ndéanfadh duine cuntasach an cháin sin a mhuirearú ar an bhfaighteoir sin,",

agus

(*e*) in alt 66, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4A):

"(4B) (*a*) I gcás go soláthraíonn duine cuntasach obair foirgníochta lena mbaineann alt 16(5)(*b*), eiseoidh an duine doiciméad chuig faighteoir na soláthairtí sin ina léireofar—

(i) go bhfuil an faighteoir faoi dhliteanas cuntas a thabhairt sa cháin is inmhuirearaithe ar an soláthar sin, agus

(ii) cibé sonraí eile a cheanglófaí a bheith ar áireamh sa doiciméad sin dá mba shonrasc a cheanglófaí a eisiúint de réir fho-alt (1) an doiciméad sin ach gan an ráta ar dá réir atá an cháin inmhuirearaithe ná an méid cánach is iníoctha a áireamh.

(*b*) I gcás go gcomhaontaíonn an faighteoir agus an duine a sholáthair an obair foirgníochta

amhlaidh, féadfaidh feidhm a bheith ag alt 71(1) maidir leis an doiciméad sin amhail is dá mba shonrasc é.".

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* amhail ar an agus ón 1 Bealtaine 2012.

Leasú ar alt 46 (rátaí cánach) den Phríomh-Acht.

87.—Leasaítear alt 46(1)(*a*) den Phríomh-Acht, le héifeacht ón 1 Eanáir 2012, trí "23 faoin gcéad" a chur in ionad "21 faoin gcéad".

Leasú ar alt 66 (sonraisc agus doiciméid eile a eisiúint) den Phríomh-Acht.

88.—Leasaítear alt 66 den Phríomh-Acht trí fho-alt (5) a scriosadh.

Leasú ar alt 84 (dualgas taifid a choimeád) den Phríomh-Acht.

89.—Leasaítear alt 84 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (3), trí "agus d'ainneoin aon dlí eile" a chur isteach i ndiaidh "faoi réir fho-alt (4)", agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Ní cheanglófar leis an gCaibidil seo taifid nó sonraisc nó aon cheann de na doiciméid eile a choinneáil a gcuirfidh na Coimisinéirí in iúl don duine lena mbaineann nach gá iad a choinneáil.".

Leasú ar alt 95 (bearta idirthréimhseacha le haghaidh soláthairtí earraí dochorraithe) den Phríomh-Acht.

90.—Leasaítear alt 95(12)(*c*) den Phríomh-Acht, trí "(seachas forbairt is athfheistiú de réir bhrí alt 63(1))" a chur isteach i ndiaidh "a forbraíodh na hearraí sin".

Leasú ar alt 111 (an cháin atá dlite a mheasúnú) den Phríomh-Acht.

91.—Leasaítear alt 111(1) den Phríomh-Acht—

(*a*) i mír (*c*), trí "leis an duine;" a chur in ionad "leis an duine,",

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*c*):

"(*d*) gur mhó an méid iomlán cánach a aisíocadh leis an duine de réir ordú faoi alt 103 ná an méid (más ann) ab inaisíoctha go cuí leis an duine sin,",

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (i):

"(i) de réir rialachán ach faoi réir alt 113, measúnacht a dhéanamh in aon suim amháin—

(I) ar an méid iomlán cánach is dóigh leis nó léi ba cheart a bheith íoctha,

(II) ar an méid iomlán cánach (lena n-áirítear méid nialais) ba cheart, de réir alt 99(1), a bheith aisíoctha, nó

(III) ar an méid iomlán cánach (lena n-áirítear méid nialais) ba cheart, de réir an ordaithe faoi alt 103, a bheith aisíoctha,

de réir mar a bheidh, i leith na tréimhse sin, agus".

Ús is iníoctha in imthosca áirithe.

92.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 114:

"114A.—(1) I gcás go n-aisíoctar méid cánach le duine de réir ordú faoi alt 103 agus—

(*a*) nach raibh aon mhéid cánach inaisíoctha go cuí leis an duine sin faoin ordú, nó

(*b*) gur mó an méid cánach a aisíocadh ná an méid ab inaisíoctha go cuí leis an duine sin faoin ordú sin,

ansin íocfaidh an duine sin ús simplí ar aon mhéid cánach a aisíocadh leis an duine sin nach raibh inaisíoctha go cuí leis an duine sin faoin ordú sin, ón dáta a rinneadh an t-aisíoc, de réir ráta 0.0274 faoin gcéad in aghaidh gach lae nó cuid de lá nach ndéanann an duine lena linn cuntas a thabhairt i gceart ar aon mhéid den sórt sin a aisíocadh agus nárbh inaisíoctha go cuí.

(2) Beidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le cáin is inghnóthaithe de bhua fógra faoi alt 111 (cibé acu a fhaightear nó nach bhfaightear fógra achomhairc faoin alt sin) amhail is dá mba cháin í an cháin a raibh an duine faoi dhliteanas í a íoc don tréimhse inchánach nó, de réir mar a bheidh, don tréimhse inchánach is déanaí sa tréimhse atá ar áireamh san fhógra.".

Leasú ar alt 115 (pionóis i gcoitinne) den Phríomh-Acht.

93.—Leasaítear alt 115 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7A):

"(7B) Dlífear pionós €4,000 a chur ar dhuine nach gcomhlíonann ceanglas a shonraítear in ordú faoi alt 103.".

Leasú ar Sceideal 2 (earraí agus seirbhísí nialasrátaithe) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

94.—Leasaítear Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(*a*) i mír 8(1), i gcolún (2) de Chuid F de Thábla 1, trí "nó de phlúr eile" a chur isteach i ndiaidh "de phlúr gránaigh", agus

(*b*) i mír 8(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Thábla 2:

"Tábla 2

Táthchodanna agus a dTeorainneacha Meáchain le haghaidh Aráin mar a mhínítear i gcolún (2) de Chuid F de Thábla 1

(1) Na Táthchodanna	(2) Na teorainneacha meáchain le haghaidh na dtáthchodanna, mar chéatadán de mheáchan an phlúir sa taos
Saill agus siúcra (lena n-áirítear aon saill agus siúcra atá in aon fheabhsaí aráin)	Nach mó ná 12% sa chomhiomlán
Torthaí triomaithe, glasraí, luibheanna agus spíosraí	Nach mó ná 10% sa chomhiomlán

(1) Na Táthchodanna	(2) Na teorainneacha meáchain le haghaidh na dtáthchodanna, mar chéatadán de mheáchan an phlúir sa taos
Gabháil nó gníomhaire eile deascaidh nó aeraithe, síolta, salann, eastóscán braiche, bainne, uisce, glútan agus feabhsaí aráin	Gan teorainn

".

Leasú ar Sceideal 3 (earraí agus seirbhísí is inmhuirearaithe de réir an ráta laghdaithe) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

95.—(1) Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(*a*) i mír 1(1), i mír (*b*) den mhíniú ar "soláthar imeallscéime", trí "alt 89(3);" a chur in ionad "alt 89(3).",

(*b*) i mír 1(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "soláthar imeallscéime":

"ciallaíonn 'feirm oscailte' saoráid arb í a príomhfheidhm ainmhithe agus gníomhaíochtaí talmhaíochta a thaispeáint (seachas ar bhonn ócáideach), agus féadfaidh oidhreacht tuaithe a bheith san áireamh i dtaispeáint den sórt sin freisin.",

agus

(*c*) i mír 8, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (4):

"(4) Daoine a ligean isteach—

(*a*) chuig taispeántais, den chineál a sheoltar de ghnáth i músaeim agus i ndánlanna, is taispeántais de rudaí is díol spéise ó thaobh staire, cultúir, ealaíne nó eolaíochta (nach seirbhísí iad den chineál a shonraítear i mír 3(5) de Sceideal 1), nó

(*b*) chuig saoráidí oidhreachta tógtha nó nádúrtha atá ar oscailt don phobal ar bhonn seachas ar bhonn ócáideach (nach seirbhísí iad den chineál a shonraítear i mír 3(5) de Sceideal 1),

ach gan aon chuid den táille chun daoine a ligean isteach amhlaidh a bhaineann le hearraí nó le seirbhísí seachas daoine a ligean isteach amhlaidh a áireamh.

(5) Daoine a ligean isteach chuig feirm oscailte, ach gan aon chuid den táille chun daoine a ligean isteach amhlaidh a bhaineann le hearraí nó le seirbhísí seachas daoine a ligean isteach amhlaidh a áireamh.".

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2012.

(3) Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 2:

"CUID 2A

SOLÁTHAIRTÍ ÁIRITHE LENA nGABHANN RÁTA LAGHDAITHE: FORÁLACHA ÁIRITHE DE RÉIR AIRTEAGAL 102 DEN TREOIR CBL

Téamh ceantair.

13A. Téamh ceantair a sholáthar.".

(4) Tá feidhm ag *fo-alt (3)* amhail ar an agus ón 1 Márta 2012.

CUID 4

Dleachtanna Stampa

Léiriú (*Cuid 4*).

96.—Sa Chuid seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999.

Dleacht is inmhuirearaithe ar mhaoin neamhchónaithe a laghdú.

97.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 90A, trí fho-alt (4) a scriosadh,

(*b*) in alt 101, trí fho-alt (4) a scriosadh,

(*c*) in alt 101A, trí fho-alt (4) a scriosadh, agus

(*d*) i Sceideal 1, de réir mar a chuirtear in iúl i *Sceideal 2*.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú an 7 Nollaig 2011 nó dá éis.

(3) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le haon ionstraim arna forghníomhú roimh an 1 Iúil 2012 más rud é—

(*a*) gurb é an éifeacht a bheadh le feidhmiú an fho-ailt sin an dleacht a mhéadú ab inmhuirearaithe thairis sin ar an ionstraim, agus

(*b*) go bhfuil san ionstraim ráiteas, i cibé foirm a shonróidh na Coimisinéirí Ioncaim, á dheimhniú nár forghníomhaíodh an ionstraim ach amháin de bhun conradh ceangailteach a rinneadh roimh an 7 Nollaig 2011.

Faoiseamh do thithe imréitigh.

98.—Leasaítear alt 75A den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar "teach imréitigh aitheanta", tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*c*):

"(*c*) *SIX x-clear AG*, nó",

agus

(*b*) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*d*):

"(*da*) ó theach imréitigh aitheanta nó ó ainmnitheach de chuid tí imréitigh aitheanta, chuig teach

imréitigh aitheanta eile nó chuig ainmnitheach de chuid an tí imréitigh aitheanta sin,".

Cuideachtaí a chumasc.

99.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 87A:

"87B.—(1) San alt seo—

tá le 'cumasc trasteorann' an bhrí chéanna atá leis i Rialachán 2(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cumaisc Thrasteorann), 2008 (I.R. Uimh. 157 de 2008);

tá le 'cumasc' an bhrí chéanna atá leis i Rialachán 4 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí a Chumasc agus a Roinnt), 1987 (I.R. Uimh. 137 de 1987);

ciallaíonn 'SE' cuideachta phoiblí dliteanais theoranta Eorpach (*Societas Europaea* nó SE) dá bhforáiltear leis an Rialachán SE;

ciallaíonn 'cumasc SE' SE a fhoirmiú trí 2 chuideachta nó níos mó a chumasc de réir Airteagal 2(1) agus fhomhír (*a*) nó (*b*) d'Airteagal 17(2) den Rialachán SE;

ciallaíonn 'Rialachán SE' Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 an 8 Deireadh Fómhair 2001 ón gComhairle[18] maidir leis an Reacht do Chuideachta Eorpach (SE).

(2) Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar ionstraim arna déanamh chun sócmhainní a aistriú de bhun cumaisc, cumasc trasteorann nó cumasc SE.".

Leasú ar fhorálacha a bhaineann leis an tionscal seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta.

100.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 1(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "stoc":

"folaíonn 'stoc' aon scair in aon stoic nó cistí is inaistrithe sa *Bank of England* nó i mBanc na hÉireann agus aon scair i stoic nó i gcistí aon stáit nó rialtais coigríche, nó i stoc caipitil nó i bhfiacha maoinithe aon chomhairle contae, bardais, cuideachta nó cumainn sa Stát, nó aon chorparáide, cuideachta, nó cumainn coigríche, agus folaíonn sé aon rogha ar aon scair sna stoic nó sna cistí sin;",

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 82B:

"Scéimeanna pinsin agus carthanais.

82C.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'Acht 1997' an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

ciallaíonn 'carthanas' comhlacht daoine nó iontaobhas a bhunaítear chun críocha carthanúla amháin;

tá le 'comhchiste conarthach' an bhrí a shanntar dó le halt 739I(1)(*a*)(i) d'Acht 1997;

[18]IO Uimh. L294, 10.11.2001, lch.1

tá le 'gnóthas infheistíochta' an bhrí a shanntar dó le halt 739B(1) d'Acht 1997;

ciallaíonn 'scéim pinsin'—

(*a*) scéim sochar scoir, de réir bhrí alt 771 d'Acht 1997, arna ceadú ag na Coimisinéirí chun críocha Chaibidil 1 de Chuid 30 den Acht sin,

(*b*) conradh blianachta nó scéim iontaobhais nó cuid de scéim iontaobhais arna cheadú nó arna ceadú ag na Coimisinéirí faoi alt 784 d'Acht 1997,

(*c*) conradh CCSP, de réir bhrí alt 787A d'Acht 1997, i leith táirge CCSP, de réir bhrí an ailt sin,

(*d*) ciste scoir ceadaithe de réir bhrí alt 784A d'Acht 1997,

(*e*) ciste scoir íosta ceadaithe de réir bhrí alt 784C d'Acht 1997, nó

(*f*) scéim de réir bhrí alt 790B d'Acht 1997;

ciallaíonn 'ciste sonraithe' comhchiste conarthach, gnóthas infheistíochta, ciste saoil aonadnasctha, nó iontaobhas aonad, a bhfuil na haonaid eisithe nó na scaireanna eisithe go léir ann ina sócmhainní de chineál a d'fhágfadh, dá ndiúscródh an sealbhóir aonad nó an scairshealbhóir na sócmhainní sin, go mbeadh aon ghnóchan a d'fhabhródh díolmhaithe go hiomlán ó cháin ghnóchan caipitiúil (ar shlí seachas mar gheall ar chónaí);

ciallaíonn 'ciste saoil aonadnasctha' ciste ina sealbhaíonn cuideachta árachais sócmhainní chun críocha a gnó boinn nua;

ciallaíonn 'iontaobhas aonad' iontaobhas aonad lena mbaineann fo-alt (5)(*a*)(i) d'alt 731 d'Acht 1997;

tá le 'cuideachta árachais' agus 'gnó boinn nua' na bríonna a thugtar dóibh, faoi seach, le halt 730A d'Acht 1997.

(2) Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon ionstraim a dhéanfar chun maoin a aistriú ar maoin í—

(*a*) a shealbhaíonn scéim pinsin nó carthanas, nó a shealbhaítear chun tairbhe do scéim pinsin nó do charthanas, in imthosca ina leantar den mhaoin a shealbhú

amhlaidh tar éis an t-aistriú a dhéanamh,

(*b*) a shealbhaíonn scéim pinsin nó carthanas a bhaineann le ciste sonraithe, nó a shealbhaítear chun tairbhe do scéim pinsin nó do charthanas a bhaineann le ciste sonraithe, in imthosca ina n-eisíonn an ciste sonraithe aonaid nó scaireanna atá le sealbhú ag an scéim pinsin nó ag an gcarthanas nó chun tairbhe don scéim pinsin nó don charthanas,

(*c*) a shealbhaíonn ciste sonraithe a bhaineann le scéim pinsin nó carthanas nó chun tairbhe do scéim pinsin nó do charthanas, nó

(*d*) a shealbhaíonn ciste sonraithe (dá ngairtear 'ciste aistritheach' sa mhír seo) a bhaineann le ciste sonraithe eile (dá ngairtear 'ciste glactha' sa mhír seo) in imthosca ina n-eisíonn an ciste glactha aonaid nó scaireanna—

(i) chuig an gciste aistritheach, nó

(ii) chuig na sealbhóirí aonad nó na scairshealbhóirí sa chiste aistritheach i leith a sealbhán aonad nó scaireanna sa chiste aistritheach agus i gcomhréir leis na sealbháin sin (nó i gcomhréir leis na sealbháin sin a mhéid is féidir é),

atá le sealbhú ag an scéim pinsin nó ag an gcarthanas nó chun tairbhe don scéim pinsin nó don charthanas.",

(*c*) in alt 88(1)(*b*)(iii), trí "(5) nó (6)" a chur in ionad "(6)",

(*d*) in alt 88(1)(*b*)(iv), trí "de chuid cuideachta nó comhlachta chorpraithe eile" a chur in ionad "de chuid cuideachta",

(*e*) in alt 88B, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon ionstraim a dhéanfar chun críocha aon socraithe, nó i dtaca le haon socrú, idir ciste coigríche agus ciste intíre, ar socrú é a rinneadh chun críocha scéime athchóiriúcháin nó cónasctha, nó i dtaca léi—

(*a*) faoina n-aistríonn an ciste coigríche sócmhainní chuig an gciste intíre agus—

(i) faoina n-eisíonn an ciste intíre aonaid chuig daoine a shealbhaíonn aonaid sa chiste coigríche i leith a sealbhán aonad sa chiste coigríche agus i gcomhréir leis na sealbháin sin (nó i gcomhréir leis na sealbháin sin a mhéid is féidir é), nó

(ii) faoina n-eisíonn an ciste intíre aonaid go díreach chuig an gciste coigríche,

nó

(*b*) faoina n-aistríonn an ciste intíre sócmhainní chuig an gciste coigríche agus—

(i) faoina n-eisíonn an ciste coigríche aonaid chuig daoine a shealbhaíonn aonaid sa chiste intíre i leith a sealbhán aonad sa chiste intíre agus i gcomhréir leis na sealbháin sin (nó i gcomhréir leis na sealbháin sin a mhéid is féidir é), nó

(ii) faoina n-eisíonn an ciste coigríche aonaid go díreach chuig an gciste intíre.",

(*f*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 88E:

"Athchóiriú nó cónascadh cistí eischósta.

88F.—Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon ionstraim a dhéanfar chun críocha na nithe seo a leanas nó i dtaca leo—

(*a*) scéim athchóiriúcháin nó cónasctha de chuid ciste eischósta dá dtagraítear in alt 747F den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó

(*b*) malartú dá dtagraítear i mír (*b*) d'alt 747E(1A) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.",

(*g*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 88F (a chuirtear isteach le *mír (f)*):

"Cónascadh iontaobhas aonad.

88G.—Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon ionstraim a dhéanfar chun críocha scéime cónasctha dá dtagraítear in alt 739D(8C) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó i dtaca leis an gcéanna.",

(*h*) in alt 90(2)(*g*)(ii), trí "léas nó leas i léas," a chur in ionad "léas,", agus

(*i*) in alt 98(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) le stoic nó urrúis inmhargaidh cuideachta, seachas cuideachta is gnóthas infheistíochta de

réir bhrí alt 739B den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, atá cláraithe sa Stát.".

(2) Tá éifeacht le *fo-alt (1)(b)* i leith ionstraimí arna bhforghníomhú an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

Cúitimh carbóin.

101.—Leasaítear alt 90A den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) San alt seo, ciallaíonn 'lamháltas i gcomhair astaíochtaí gáis ceaptha teasa' cúitimh carbóin de réir bhrí alt 110(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.".

Leasú ar alt 101 (maoin intleachtúil) den Phríomh-Acht.

102.—Leasaítear alt 101 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) San alt seo, ciallaíonn 'maoin intleachtúil' sócmhainn dholáimhsithe shonraithe de réir bhrí alt 291A(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.".

Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin.

103.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 106B:

"106C.—Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon tíolacas, ar aon aistriú ná ar aon léasú talún chuig Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin i dtaca lena feidhmeanna.".

Leasú ar alt 123B (airgead tirim, comhchártaí agus cártaí dochair) den Phríomh-Acht.

104.—Leasaítear alt 123B den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar "banc":

"ciallaíonn 'sealbhóir cuntais' an duine atá údaraithe chun méideanna a mhuirearú ar chuntas cárta;",

(*b*) i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "banc":

"ciallaíonn 'bunchuntas íocaíochta' cuntas cárta a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas—

(*a*) sna 3 bliana díreach roimh dó nó di an cuntas cárta a oscailt—

(i) nach raibh rochtain ag an sealbhóir cuntais ar chuntas cárta, nó

(ii) go raibh rochtain ag an sealbhóir cuntais ar chuntas cárta (dá ngairtear an 'seanchuntas' san fhomhír seo) ach nár muirearaíodh aon mhéideanna ar an seanchuntas sa tréimhse sin, gur dúnadh an seanchuntas an tráth a osclaíodh an cuntas cárta agus gur aistríodh aon iarmhéid cistí chuig an gcuntas cárta,

(*b*) go ndéantar na méideanna go léir is iníoctha leis an sealbhóir cuntais faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc isteach sa chuntas cárta, agus

(*c*) i leith 2 thréimhse 3 mhí as a chéile dar críoch an 31 Márta, an 30 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair nó an 31 Nollaig, nach mó na méideanna go léir a íoctar isteach sa chuntas cárta, seachas na méideanna sin dá dtagraítear i mír (*b*), ná €2,000 i dtréimhse 3 mhí;",

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) D'ainneoin fho-alt (2)—

(*a*) mura n-úsáidtear an cárta airgid, an comhchárta nó an cárta dochair aon tráth le linn bliana,

(*b*) má eisítear an cárta airgid, an comhchárta nó an cárta dochair i leith cuntas cárta—

(i) ar cuntas taisce é, agus

(ii) nach mó ná €12.70 meánmhéid na n-iarmhéideanna dearfacha laethúla sa chuntas le linn na bliana sin,

nó

(*c*) i ndáil leis an mbliain 2012, má eisítear an cárta airgid, an comhchárta nó an cárta dochair i leith bunchuntas íocaíochta,

ansin ní áireofar é sa ráiteas a bhaineann leis an mbliain sin.".

Tobhaigh ar fhorais áirithe.

105.—(1) Leasaítear alt 125 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), trí "25 lá" a chur in ionad "30 lá".

(2) Leasaítear alt 125A den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar "duine árachaithe", trí "céile nó páirtnéir sibhialta na pearsan aonair" a chur in ionad "céile na pearsan aonair" agus "chéile nó pháirtnéir sibhialta na pearsan aonair" a chur in ionad "chéile na pearsan aonair",

(*b*) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar "conradh iomchuí", trí "céile nó páirtnéir sibhialta na pearsan aonair" a chur in ionad "céile na pearsan aonair" agus "chéile nó pháirtnéir sibhialta na pearsan aonair" a chur in ionad "chéile na pearsan aonair",

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Déanfar dleacht stampa a mhuirearú ar gach ráiteas arna sheachadadh ag árachóir údaraithe de bhun fho-alt (2) de réir ráta—

(*a*) i gcás gur athnuadh nó go ndearnadh an conradh iomchuí roimh an 1 Eanáir 2010—

(i) €53 i leith gach duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus

(ii) €160 i leith gach duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn,

(*b*) i gcás gur athnuadh nó go ndearnadh an conradh iomchuí an 1 Eanáir 2010 nó dá éis agus roimh an 1 Eanáir 2011—

(i) €55 i leith gach duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus

(ii) €185 i leith gach duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn,

(*c*) i gcás gur athnuadh nó go ndearnadh an conradh iomchuí an 1 Eanáir 2011 nó dá éis agus roimh an 1 Eanáir 2012—

(i) €66 i leith gach duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus

(ii) €205 i leith gach duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn,

agus

(*d*) i gcás gur athnuadh nó go ndearnadh an conradh iomchuí an 1 Eanáir 2012 nó dá éis—

(i) €95 i leith gach duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus

(ii) €285 i leith gach duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn,

agus atá ar áireamh sa ráiteas.",

agus

(*d*) trí fho-alt (12) a scriosadh.

(3) Leasaítear alt 125B(1) den Phríomh-Acht, sa mhíniú ar "scéim", tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (i) agus (ii) de mhír (*a*):

"(i) atá ceadaithe ag na Coimisinéirí chun críocha Chaibidil 1 de Chuid 30 den Acht sin, nó

(ii) atá ceadaithe ag na Coimisinéirí faoi aon achtachán eile (lena n-áirítear achtachán atá aisghairthe) agus ar cuireadh forálacha Chaibidil 1 de Chuid 30 d'Acht 1997 chun feidhme ina leith,".

(4) Leasaítear alt 126B(1) den Phríomh-Acht—

(*a*) sa mhíniú ar "duine iomchuí", tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (*d*) agus (*e*):

"(*d*) árachóir de réir bhrí alt 124B,

(*e*) árachóir de réir bhrí alt 125,

(*f*) árachóir údaraithe de réir bhrí alt 125A, nó

(*g*) duine inmhuirearaithe de réir bhrí alt 125B;",

agus

(*b*) sa mhíniú ar "alt sonraithe", trí "125, 125A" a chur in ionad "125".

(5) Leasaítear an Príomh-Acht tuilleadh, le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 125A:

"125A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'tréimhse chuntasaíochta'—

(*a*) an tréimhse 7 mí dar tosach an 1 Eanáir 2013 agus dar críoch an 31 Iúil 2013, agus

(*b*) gach tréimhse 12 mhí dá éis sin dar tosach an 1 Lúnasa agus dar críoch an 31 Iúil;

ciallaíonn 'árachóir údaraithe' aon ghnóthas (nach gnóthas comhaltais shrianta) atá taifeadta i gClár na nGnóthas Sochar Sláinte agus a sheolann go dleathach an gnó árachais liachta sin dá dtagraítear sa mhíniú ar 'conradh iomchuí' ach, i ndáil le pearsa aonair, ciallaíonn sé freisin aon ghnóthas (nach gnóthas comhaltais shrianta) arna údarú de bhun Threoir Uimh. 73/239/CEE an 24 Iúil 1973 ón gComhairle[19], Threoir Uimh. 88/357/CEE an 22 Meitheamh 1988 ón gComhairle[20] agus Threoir Uimh. 92/49/CEE an 18 Meitheamh 1992 ón gComhairle[21], i gcás gur cuireadh conradh den sórt sin i gcrích leis an bpearsa aonair tráth nach raibh cónaí ar an bpearsa aonair sa Stát ach go raibh cónaí air nó uirthi i mBallstát eile de na Comhphobail Eorpacha;

ciallaíonn 'dáta dlite', i ndáil le tréimhse chuntasaíochta, an 21 Meán Fómhair díreach tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta;

ciallaíonn 'conradh árachais eisiata'—

(*a*) conradh árachais a thagann faoi réim bhrí mhír (*d*) den mhíniú ar 'conradh árachais sláinte' in alt 2(1) den Acht Árachais Sláinte, 1994, nó

(*b*) conradh árachais nach mbaineann ach le táillí le haghaidh seirbhísí ospidéil phoiblí d'othair chónaithe arna dhéanamh faoi na Rialacháin Sláinte (Táillí d'Othair Chónaithe), 1987 (I.R. Uimh. 116 de 1987);

tá le 'íocaíocht slánaíochta othair cónaithe' an bhrí chéanna atá leis in alt 2(1) den Acht Árachais Sláinte, 1994;

ciallaíonn 'duine árachaithe', i ndáil le conradh iomchuí, pearsa aonair, céile nó páirtnéir sibhialta na pearsan aonair, nó leanaí nó cleithiúnaithe eile na pearsan aonair nó chéile nó pháirtnéir sibhialta na pearsan aonair, a bhforáiltear leis an gconradh iomchuí go sonrach ina leith, cibé acu i dteannta sochair eile nó nach ea, go n-aisíocfar nó go n-urscaoilfear, go hiomlán nó go páirteach, caiteachais sláinte iarbhír (de réir bhrí alt 469 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997);

[19]IO Uimh. L228, 16.08.1973, lch.3
[20]IO Uimh. L172, 04.07.1988, lch.1
[21]IO Uimh. L228, 11.08.1992, lch.1

ciallaíonn 'conradh iomchuí' conradh árachais (nach conradh árachais eisiata) lena ndéantar foráil maidir le híocaíochtaí slánaíochta othair cónaithe a dhéanamh faoin gconradh agus lena ndéantar foráil go sonrach, i ndáil le pearsa aonair, céile nó páirtnéir sibhialta na pearsan aonair, nó leanaí nó cleithiúnaithe eile na pearsan aonair nó chéile nó pháirtnéir sibhialta na pearsan aonair, cibé acu i dteannta sochair eile nó nach ea, go n-aisíocfar nó go n-urscaoilfear, go hiomlán nó go páirteach, caiteachais sláinte iarbhír (de réir bhrí alt 469 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997), ar conradh árachais liachta é;

tá le 'gnóthas comhaltais shrianta' an bhrí chéanna atá leis in alt 2(1) den Acht Árachais Sláinte, 1994;

ciallaíonn 'ráta sonraithe'—

(*a*) €95 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus

(*b*) €285 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn.

(2) Faoi réir fho-ailt (7), (10) agus (11), déanfaidh árachóir údaraithe, i leith gach tréimhse cuntasaíochta agus tráth nach déanaí ná an dáta dlite, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh ar na Coimisinéirí ina dtaispeánfar an líon daoine árachaithe—

(*a*) atá faoi bhun 18 mbliana d'aois an 1 Eanáir sa tréimhse chuntasaíochta, agus

(*b*) atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn an 1 Eanáir sa tréimhse chuntasaíochta,

agus a bhfuil conradh iomchuí ann ina leith idir an t-árachóir údaraithe agus an duine árachaithe, arb é nó í an phearsa aonair dá dtagraítear sa mhíniú ar 'duine árachaithe' é nó í, arna athnuachan, nó arna dhéanamh, le linn na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann.

(3) Déanfar dleacht stampa a mhuirearú de réir an ráta shonraithe ar gach ráiteas arna sheachadadh ag árachóir údaraithe de bhun fho-alt (2) i leith gach duine árachaithe.

(4) Maidir leis an dleacht a mhuirearófar le fo-alt (3) ar ráiteas arna sheachadadh ag árachóir údaraithe de bhun fho-alt (2), íocfaidh an t-árachóir údaraithe í ar an ráiteas a sheachadadh.

(5) Déanfaidh árachóir údaraithe cibé sonraí a thabhairt do na Coimisinéirí a mheasfaidh na Coimisinéirí is gá i ndáil le haon ráiteas a cheanglaítear leis an alt seo ar an árachóir údaraithe a sheachadadh.

(6) I gcás go mainneoidh árachóir údaraithe i leith tréimhse chuntasaíochta—

(*a*) tráth nach déanaí ná an dáta dlite, aon ráiteas a sheachadadh a gceanglaítear ar an árachóir údaraithe le fo-alt (2) é a sheachadadh, nó

(*b*) an dleacht stampa is inmhuirearaithe ar aon ráiteas den sórt sin a íoc ar an ráiteas a sheachadadh,

dlífidh an t-árachóir údaraithe—

(i) ón dáta dlite sin go dtí an lá a íoctar an dleacht stampa, i dteannta na dleachta, ús arna ríomh de réir alt 159D a íoc ar an dleacht stampa, agus

(ii) ón dáta dlite sin, pionós €380 a íoc in aghaidh gach lae a fhanann an dleacht gan íoc.

(7) Más rud é, le linn aon tréimhse chuntasaíochta, ach roimh an dáta dlite—

(*a*) go scoireann árachóir údaraithe de ghnó a sheoladh ar ina chúrsa a cheanglaítear ar an árachóir ráiteas (dá ngairtear an 'ráiteas céadluaite' san fho-alt seo) a sheachadadh de bhun fho-alt (2) (lena n-áirítear aon chás ina gceanglaítear amhlaidh ar an árachóir údaraithe de bhua oibriú an fho-ailt seo roimh ré) ach nach ndearna sé nó sí amhlaidh roimh an scor sin, agus

(*b*) go bhfaigheann duine eile (dá ngairtear an 'comharba' san fho-alt seo) an gnó iomlán, nó bunáite an ghnó,

ansin—

(i) ní cheanglaítear ar an árachóir údaraithe an ráiteas céadluaite a sheachadadh, agus

(ii) déanfaidh an comharba—

(I) más rud é go gceanglaítear ar an gcomharba, ar leith ón bhfo-alt seo, ráiteas (dá ngairtear an 'dara ráiteas a luaitear' san fho-alt seo) a sheachadadh de bhun fho-alt (2) (lena n-áirítear aon chás ina gceanglaítear amhlaidh ar an gcomharba de bhua oibriú an fho-ailt seo roimh ré) i leith na tréimhse cuntasaíochta céanna ach nach ndearna sé nó sí amhlaidh roimh an bhfáil sin, an líon daoine árachaithe a áireamh sa dara ráiteas sin a luaitear a cheanglófaí a thaispeáint sa ráiteas céadluaite dá mba rud é nár scoir an t-árachóir údaraithe den ghnó lena mbaineann a sheoladh,

(II) mura bhfuil fomhír (I) infheidhme, an ráiteas céadluaite a sheachadadh amhail is dá mba é nó í an comharba an t-árachóir údaraithe.

(8) Féadfaidh na Coimisinéirí seachadadh aon ráitis a cheanglaítear le fo-alt (2) a fhorfheidhmiú faoi alt 47 den *Succession Duty Act* 1853 ar gach cuma amhail is dá mba chuntas den sórt a luaitear san alt sin an ráiteas sin agus amhail is dá mba fhaillí den sórt a luaitear san alt sin an mhainneachtain an ráiteas sin a sheachadadh.

(9) Ní dhéanfar an dleacht stampa, an t-ús agus aon phionós is iníoctha faoin alt seo a lamháil mar asbhaint chun aon cháin nó dleacht is iníoctha ag an árachóir údaraithe agus atá faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí a ríomh.

(10) I gcás go ndéanfaidh duine árachaithe, arb é nó í an phearsa aonair dá dtagraítear sa mhíniú ar 'duine árachaithe' é

nó í, a shuíomh chun sástacht árachóra údaraithe (dá ngairtear an 'dara hárachóir údaraithe' san fho-alt seo) gur ceanglaíodh ar árachóir údaraithe eile (dá ngairtear 'an chéad árachóir údaraithe' san fho-alt seo) lenar athnuaigh, nó lena ndearna, an phearsa aonair sin conradh iomchuí le linn tréimhse chuntasaíochta, an duine árachaithe sin a áireamh i ráiteas a bheidh le seachadadh ar na Coimisinéirí de bhun fho-alt (2) i leith na tréimhse cuntasaíochta céanna, ansin féadfaidh an dara hárachóir údaraithe, lena ndearna an phearsa aonair conradh iomchuí is déanaí le linn na tréimhse cuntasaíochta céanna, an duine árachaithe sin a eisiamh as an ráiteas a bheidh le seachadadh ar na Coimisinéirí de bhun fho-alt (2) ag an dara hárachóir údaraithe i leith na tréimhse cuntasaíochta céanna.

(11) I gcás go ndéanfaidh duine árachaithe, is duine árachaithe faoi chonradh iomchuí nach é nó í an phearsa aonair dá dtagraítear sa mhíniú ar 'duine árachaithe' i ndáil leis an gconradh iomchuí lena mbaineann é nó í, a shuíomh chun sástacht árachóra údaraithe (dá ngairtear an 'dara hárachóir údaraithe' san fho-alt seo) gur ceanglaíodh ar árachóir údaraithe eile (dá ngairtear 'an chéad árachóir údaraithe' san fho-alt seo) lena raibh an duine sin ina dhuine árachaithe nó ina duine árachaithe a bhí ainmnithe ar chonradh iomchuí a d'athnuaigh, nó a rinne, pearsa aonair dá dtagraítear sa mhíniú ar 'duine árachaithe' le linn tréimhse chuntasaíochta, an duine árachaithe sin a áireamh i ráiteas a bheidh le seachadadh ar na Coimisinéirí de bhun fho-alt (2) don tréimhse chuntasaíochta chéanna, ansin féadfaidh an dara hárachóir údaraithe, lena ndearna an duine árachaithe conradh iomchuí le linn na tréimhse cuntasaíochta céanna, an duine árachaithe sin a eisiamh as an ráiteas a bheidh le seachadadh ag an dara hárachóir údaraithe ar na Coimisinéirí de bhun fho-alt (2) i leith na tréimhse cuntasaíochta céanna.

(12) Más rud é—

(*a*) go n-athnuafaidh nó go ndéanfaidh pearsa aonair dá dtagraítear sa mhíniú ar 'duine árachaithe' conradh iomchuí le linn tréimhse chuntasaíochta (dá ngairtear an 'tréimhse chuntasaíochta thosaigh' san fho-alt seo), agus

(*b*) gur conradh ar feadh tréimhse is faide ná 12 mhí an conradh iomchuí,

ansin, gan dochar don chaoi a ndéileálfar, de réir fho-alt (2), leis an gconradh iomchuí agus leis an tréimhse chuntasaíochta thosaigh, measfar, chun críocha an ailt seo, an conradh iomchuí a bheith athnuaite—

(i) le linn na tréimhse cuntasaíochta a thagann díreach tar éis na tréimhse cuntasaíochta tosaigh má thosaíonn an dara 12 mhí, nó tréimhse is giorra ná sin, den chonradh iomchuí le linn na tréimhse cuntasaíochta sin díreach tar éis na tréimhse cuntasaíochta tosaigh, agus

(ii) le linn gach tréimhse cuntasaíochta eile i gcás go dtosaíonn aon tréimhse 12 mhí dá éis sin, nó tréimhse is giorra ná sin, den chonradh iomchuí le linn tréimhse chuntasaíochta eile den sórt sin.".

(6) Níl feidhm ag *fo-alt (5)* maidir le haon tréimhse chuntasaíochta a chríochnaíonn roimh an 1 Eanáir 2013 agus leanann

alt 125A d'fheidhm a bheith aige maidir le haon dleacht is iníoctha i leith aon tréimhse chuntasaíochta den sórt sin mar atá feidhm aige díreach roimh an dáta sin.

Leasú ar Sceideal 2B (cáilíochtaí chun iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh ó dhleacht stampa i leith aistrithe chuig feirmeoirí óga oilte) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

106.—Leasaítear Sceideal 2B a ghabhann leis an bPríomh-Acht, i mír 1, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (*k*):

"(*k*) Ardteastas Leibhéal 6 san Eachaíocht;

(*l*) Teastas Sainchuspóra Leibhéal 6 sa Riarachán Feirme.".

Stampáil ionstraimí a nuachóiriú: féinmheasúnacht a thabhairt isteach agus athruithe iarmhartacha, etc.

107.—(1) Faoi réir fho-alt (2), leasaítear an Príomh-Acht a mhéid agus ar an modh a shonraítear i *Sceideal 3*.

(2) Tá éifeacht leis an alt seo agus le *Sceideal 3* maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú den chéad uair cibé dáta a shonróidh an tAire le hordú nó dá éis agus, dá réir sin, leanfaidh forálacha an Phríomh-Achta d'fheidhm a bheith acu maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú den chéad uair roimh an dáta sin mar a bhí feidhm acu maidir le hionstraimí arna bhforghníomhú den chéad uair roimh an dáta sin.

CUID 5

Cáin Fháltas Caipitiúil

Léiriú (*Cuid 5*).

108.—Sa chuid seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.

Leasú ar Sceideal 2 (cáin a ríomh) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

109.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht, i mír 1 de Chuid 1 de Sceideal 2, sa mhíniú ar "grúpthairseach"—

(*a*) i bhfomhír (*a*), trí "€250,000" a chur in ionad "€244,000",

(*b*) i bhfomhír (*b*), trí "€33,500" a chur in ionad "€24,400", agus

(*c*) i bhfomhír (*c*), trí "€16,750" a chur in ionad "€12,200".

(2) Déantar an Príomh-Acht a leasú tuilleadh—

(*a*) i mír 1 de Chuid 1 de Sceideal 2, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "méid tairsí":

"ciallaíonn 'méid tairsí', i ndáil le cáin a ríomh ar aon chomhiomlán de luachanna inchánach faoi mhír 3, an ghrúpthairseach a bhfuil feidhm aici i ndáil leis na bronntanais inchánach agus na hoidhreachtaí inchánach go léir atá ar áireamh sa chomhiomlán sin.",

agus

(*b*) sa Tábla i gCuid 2 de Sceideal 2, trí "30" a chur in ionad "25".

(3) Tá feidhm ag an alt seo maidir le bronntanais agus oidhreachtaí a ghlactar an 7 Nollaig 2011 nó dá éis.

Leasú ar alt 2 (léiriú) den Phríomh-Acht.

110.—(1) Leasaítear alt 2(1) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*) den mhíniú ar "leanbh":

"(*b*) leanbh a uchtaítear faoi ordú uchtála de réir bhrí alt 3(1) den Acht Uchtála, 2010 nó is ábhar d'uchtáil idir tíortha a dhéantar lasmuigh den Stát agus a aithnítear faoin Acht sin;".

(2) Tá feidhm ag an alt seo amhail ar an agus ón 8 Feabhra 2012.

Leasú ar fhorálacha a bhaineann le hiontaobhais lánroghnacha.

111.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 2, tríd an méid seo a leanas chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Chun críocha an mhínithe ar 'iontaobhas lánroghnach' i bhfo-alt (1), déileálfar mar iontaobhas lánroghnach le haon eintiteas a bhfuil éifeacht den tsamhail chéanna leis atá le hiontaobhas lánroghnach is cuma conas a thuairiscítear é san áit ina bhfuil sé bunaithe.

(1B) Aon tagairt san Acht seo d'iontaobhaithe i ndáil le hiontaobhas lánroghnach, measfar go bhfolaíonn sí daoine a ghníomhaíonn i gcáil den tsamhail chéanna le hiontaobhaithe i ndáil le heintiteas dá dtagraítear i bhfo-alt (1A).",

(*b*) in alt 15, tríd an méid seo a leanas chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Chun críocha an ailt seo agus alt 20, i gcás ina gcruthaítear iontaobhas lánroghnach faoi uacht éagaigh (lena n-áirítear faoi chodaisíl leis an uacht sin), measfar maoin a bheith faoi réir an iontaobhais ar dháta báis an duine sin.",

(*c*) in alt 18, sa mhíniú ar "tréimhse iomchuí" i bhfo-alt (1), trí "agus" a chur isteach ag deireadh mhír (*b*) agus trí mhír (*c*) a scriosadh,

(*d*) in alt 18, tríd an míniú ar "an t-iontaobhas cuí" a scriosadh i bhfo-alt (1) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar "oidhreacht iomchuí is luaithe":

"ciallaíonn 'iontaobhas cuí', i ndáil le hoidhreacht iomchuí, an t-iontaobhas ar measadh gur ghlac sé an oidhreacht sin;",

(*e*) in alt 18, tríd an míniú ar "oidhreacht iomchuí iontaobhais uachta" a scriosadh,

(*f*) in alt 18, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Más rud é, i gcás gach oidhreachta iomchuí is luaithe, gach oidhreachta iomchuí socraithe nó gach oidhreachta iomchuí is déanaí, de réir mar a bheidh, a glacadh ón diúscróir céanna, gur tháinig duine amháin nó níos mó d'ábhair an iontaobhais chuí, sula ndeachaigh an

tréimhse iomchuí in éag, chun teideal tairbhiúil seilbhe a bheith aige nó aici nó acu chuig leas iomlán sa mhaoin go léir arbh í an oidhreacht sin í ar dháta na hoidhreachta sin agus gach tráth dá éis (seachas maoin a scoir de bheith faoi réir théarmaí an iontaobhais chuí de bhua leas iomlán sa mhaoin sin a dhíol nó a mhalartú ar chomaoin iomlán in airgead nó i luach airgid), ansin, i ndáil le gach oidhreacht iomchuí is luaithe den sórt sin, gach oidhreacht iomchuí shocraithe den sórt sin nó gach oidhreacht iomchuí is déanaí den sórt sin, de réir mar a bheidh, déantar an cháin is inmhuirearaithe amhlaidh a ríomh de réir ráta 3 faoin gcéad.",

agus

(*g*) in alt 21, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) (i) faoi réir fhomhír (ii), is é dáta luachála na hoidhreachta inchánach an dáta inmhuirearaithe iomchuí,

(ii) más rud é—

(I) go n-éiríonn muirear cánach ar dháta áirithe mar gheall ar alt 15 nó alt 118 (a mhéid a bhaineann an t-alt sin le foráil a aisghairtear leis an Acht seo agus a fhreagraíonn d'alt 15) is bun le hoidhreacht inchánach (dá ngairtear 'an chéad oidhreacht inchánach' san fhomhír seo),

(II) go n-éiríonn muirear cánach, ar dháta is déanaí, faoi réim nó de dhroim na diúscartha céanna mar gheall ar alt 20 is bun le hoidhreacht inchánach (dá ngairtear an 'dara hoidhreacht inchánach' san fhomhír seo) arb é atá inti an mhaoin chéanna nó maoin in ionannas leis an maoin sin, agus

(III) gur dáta i ndiaidh dháta inmhuirearaithe an dara hoidhreacht inchánach dáta luachála na chéad oidhreachta inchánach,

ansin is é a bheidh i ndáta luachála an dara hoidhreacht inchánach an dáta céanna le dáta luachála na chéad oidhreachta inchánach.".

(2) Tá feidhm ag an alt seo amhail ar an agus ón 8 Feabhra 2012.

Leasú ar alt 36 (diúscairtí lena mbaineann cumhachtaí ceapacháin) den Príomh-Acht.

112.—(1) Leasaítear alt 36 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) I bhfo-ailt (1B) agus (1C), folaíonn 'socrú' aon chomhaontú, comhthuiscint, scéim, idirbheart nó sraith idirbheart (cibé acu is infhorfheidhmithe an céanna le dlí nó nach ea).

(1B) D'ainneoin fho-alt (1), i gcás gur cuid de shocrú, arb é an príomhchuspóir nó ceann de na príomhchuspóirí atá leis cáin a sheachaint, cumhacht cheapacháin ghinearálta a fheidhmiú nó mainneachtain í a fheidhmiú, nó an chumhacht sin a scaoileadh, beidh cáin inmhuirearaithe amhail is dá mba í an diúscairt an diúscairt faoinar bunaíodh an chumhacht agus amhail is dá mba é nó í an duine a bhunaigh an chumhacht an diúscróir.

(1C) I gcás gur cuid de shocrú, arb é an príomhchuspóir nó ceann de na príomhchuspóirí atá leis muirear cánach a éiríonn faoi ailt 15(1) nó 20(1) a sheachaint, cumhacht cheapacháin ghinearálta i maoin nó thar maoin a dheonú d'aon duine, ní dochar d'aon mhuirear cánach den sórt sin an chumhacht cheapacháin ghinearálta sin a dheonú.".

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le bronntanais agus oidhreachtaí (lena n-áirítear oidhreachtaí dá dtagraítear in ailt 15(1) agus 20(1) den Phríomh-Acht) a ghlactar an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

Leasú ar fhorálacha a bhaineann le maoin oidhreachta.

113.—(1) Leasaítear alt 77(3) den Phríomh-Acht, trí "le Leabharlann Chester Beatty, le Dánlann Crawford, Corcaigh, le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann, leis an gCartlann Náisiúnta, leis an gCeoláras Náisiúnta, le Dánlann Náisiúnta na hÉireann, le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, le hArd-Mhúsaem na hÉireann," a chur in ionad "le Dánlann Náisiúnta na hÉireann, leis an Músaem Náisiúnta Eolaíochta agus Ealaíne nó le haon fhoras náisiúnta eile dá samhail sin,".

(2) Leasaítear alt 78(7) den Phríomh-Acht, trí "le Leabharlann Chester Beatty, le Dánlann Crawford, Corcaigh, le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann, leis an gCartlann Náisiúnta, leis an gCeoláras Náisiúnta, le Dánlann Náisiúnta na hÉireann, le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, le hArd-Mhúsaem na hÉireann," a chur in ionad "le Dánlann Náisiúnta na hÉireann, leis an Músaem Náisiúnta Eolaíochta agus Ealaíne nó le haon fhoras náisiúnta eile dá samhail sin,".

(3) Tá feidhm ag an alt seo maidir le díol a dhéantar an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

Leasú ar alt 89 (forálacha a bhaineann le maoin talmhaíochta) den Phríomh-Acht.

114.—(1) Leasaítear alt 89 den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Chun críche mhír (*a*) den mhíniú ar 'feirmeoir' i bhfo-alt (1), ní dhéileálfar mar fhiach ná mar eire le hiasacht arna hurrú ar an teach cónaithe dá dtagraítear sa mhír sin nach n-úsáidtear chun an teach cónaithe sin a cheannach, a dheisiú nó a fheabhsú.",

agus

(*b*) i bhfo-alt (4), trí mhír (*c*) a scriosadh.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le bronntanais agus oidhreachtaí a ghlactar an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

Riarachán cánach fáltas caipitiúil a nuachóiriú: leasuithe ilghnéitheacha.

115.—(1) Leasaítear alt 45AA den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí ", agus an t-aturnae dá dtagraítear in alt 48(10)," a scriosadh,

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Beidh an t-aturnae dá dtagraítear in alt 48(10) inmheasúnaithe agus inmhuirearaithe i leith na cánach is iníoctha ag an duine nó ag na daoine dá dtagraítear i mír (*a*) den fho-alt sin a mhéid céanna atá na daoine sin inmhuirearaithe i leith cánach faoi alt 11.",

(*c*) i bhfo-alt (2), trí "ná ag fo-alt (1A)" a chur isteach i ndiaidh "ag fo-alt (1)",

(*d*) i bhfo-ailt (2), (3) agus (4), trí "agus i bhfo-alt (10)(*a*) d'alt 48" a chur isteach i ndiaidh "i bhfo-alt (1)(*a*)" gach áit a bhfuil sé, agus

(*e*) i bhfo-alt (4), trí "i mír (*b*) den fho-alt sin agus i bhfo-alt (10)(*a*) d'alt 48" a chur in ionad "i mír (*b*) den fho-alt sin".

(2) Leasaítear alt 46 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2B):

"(2C) I gcás oidhreachtaí dá dtagraítear in ailt 15(1) agus 20(1), déanfar tuairisceáin a sheachadadh agus cáin a íoc laistigh de 4 mhí ó dháta luachála na n-oidhreachtaí sin.",

(3) Leasaítear alt 51 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Déileáiltear le híocaíocht cánach ó dhuine cuntasach mar íocaíocht ar chuntas cánach chun críocha an ailt seo, d'ainneoin an íocaíocht a bheith coinníollach nó an mheasúnacht cánach a bheith mícheart.".

(4) Leasaítear alt 57 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3), trí "dar tosach an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain inar dlíodh an cháin sin a íoc de réir alt 46(2A)." a chur in ionad "dar tosach an dáta luachála nó an dáta a íoctar an cháin lena mbaineann (i gcás gur íocadh an cháin sin laistigh de 4 mhí tar éis an dáta luachála).".

(5) Leasaítear Cuid 1 de Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht trí mhír 5 a scriosadh.

(6) D'ainneoin fho-alt (4) d'alt 147 den Acht Airgeadais, 2010, measfar go raibh feidhm ag fo-alt (1)(*p*) den alt sin ar an agus ón 14 Meitheamh 2010 (arb é an lá ceaptha chun críocha fho-alt (4)(*b*) den alt sin é).

(7) Tá feidhm ag *fo-ailt (1)* go *(5)* ar an agus ón 8 Feabhra 2012.

Leasú ar an bhforáil a bhaineann le cáin a íoc agus tuairisceán a chomhdú agus leasuithe iarmhartacha.

116.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 46(2A), trí "31 Deireadh Fómhair" a chur in ionad "30 Meán Fómhair" gach áit a bhfuil sé,

(*b*) in alt 51(2)(*a*), trí "1 Samhain" a chur in ionad "1 Deireadh Fómhair" gach áit a bhfuil sé, agus

(*c*) in alt 53A(1), trí "31 Deireadh Fómhair" a chur in ionad "30 Meán Fómhair" gach áit a bhfuil sé.

(2) Tá feidhm ag an alt seo ar an agus ón 8 Feabhra 2012.

CUID 6

Ilghnéitheach

Léiriú (*Cuid 6*).

117.—Sa Chuid seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Leasú ar alt 886 (oibleagáid taifid áirithe a choinneáil) den Phríomh-Acht.

118.—Leasaítear alt 886 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (4)(*a*), trí "D'ainneoin aon dlí eile" a chur in ionad "Faoi réir mhír (*b*)",

(*b*) i bhfo-alt (4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) Ní cheanglófar le mír (*a*) doiciméid nascacha ná taifid a choimeád ar ina leith a dhéanann an cigire fógra i scríbhinn, á rá nach gá iad choimeád, a thabhairt don duine a gceanglaítear air nó uirthi iad a choimeád.",

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4)—

"(4A) Chun críocha an ailt seo—

(*a*) i gcás go ndéantar cuideachta a fhoirceannadh, déanfaidh an leachtaitheoir, agus

(*b*) i gcás go ndíscaoiltear cuideachta gan leachtaitheoir a cheapadh, déanfaidh na stiúrthóirí deiridh, lena n-áirítear aon duine ag a bhfuil post stiúrthóra ar an gcuideachta, cibé ainm a thugtar ar an bpost sin,

doiciméid nascacha agus taifid na cuideachta a choinneáil nó a choimeád ar feadh na tréimhse a shonraítear i bhfomhír (i) nó (ii), de réir mar is cuí, d'fho-alt (4)(*a*).",

agus

(*d*) i bhfo-alt (5), trí "Aon duine a mhainníonn fo-alt (2), (3), (4) nó (4A) a chomhlíonadh" a chur in ionad "Aon duine a mhainníonn fo-alt (2), (3) nó (4) a chomhlíonadh".

Leasú ar alt 912A (faisnéis d'údaráis cánach i gcríocha eile) den Phríomh-Acht.

119.—Leasaítear alt 912A den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí "902A, 905," a chur in ionad "902A,", agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) I gcás go bhfuil éifeacht le hailt 902A, 905, 907 agus 908 de bhua an ailt seo agus dá bhua sin amháin, beidh éifeacht leo amhail is—

(*a*) dá mba thagairtí do cháin choigríche na tagairtí sna hailt sin do cháin, agus

(*b*) dá mba thagairtí d'aon fhoráil de dhlí críche ar dá réir a mhuirearaítear nó a bhailítear cáin choigríche na tagairtí sna hailt sin d'aon fhoráil de na hAchtanna.".

Leasú ar alt 851A (rúndacht faisnéise i dtaobh cáiníocóirí) den Phríomh-Acht.

120.—Leasaítear alt 851A den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar "na hAchtanna", tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*a*):

"(*aa*) na hAchtanna Custam,",

agus

(*b*) i bhfo-alt (7)(*a*), trí "faisnéis i dtaobh cáiníocóirí" a chur in ionad "faisnéis phearsanta".

Tuairisceáin faisnéise áirithe ó ghnóthais infheistíochta.

121.—Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 891B(1), tríd an míniú ar "ciste comhchoiteann" a scriosadh,

(*b*) in alt 891B(1), i mír (*a*) den mhíniú ar "íocaíocht iomchuí", trí ", ciste comhchoiteann" a scriosadh,

(*c*) in alt 891B(1), sa mhíniú ar "duine iomchuí"—

(i) i mír (*b*), trí "aon fhoras airgeadais, nó" a chur in ionad "aon fhoras airgeadais,", agus

(ii) trí mhír (*c*) a scriosadh,

(*d*) in alt 891B(7)(*b*)(ii), trí "aon duine nach gcomhlíonfaidh" a scriosadh, agus

(*e*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 891B:

"Tuairisceáin faisnéise áirithe ó ghnóthais infheistíochta.

891C.—(1) San alt seo—

(*a*) tá le 'gnóthas infheistíochta' an bhrí chéanna atá leis in alt 739B(1) ach ní fholaíonn sé comhchiste conarthach de réir bhrí alt 739I;

(*b*) tá le 'aonad' agus 'sealbhóir aonad' na bríonna céanna, faoi seach, atá leo in alt 739B(1);

(*c*) tá le 'uimhir thagartha cánach' an bhrí chéanna atá leis in alt 891B(1).

(2) Forléireofar tagairt san alt seo do rialachán nó do rialacháin mar thagairt do rialachán nó do rialacháin arna dhéanamh nó arna ndéanamh faoi fho-alt (3).

(3) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, le toiliú an Aire Airgeadais, foráil a dhéanamh le rialacháin go gceanglófar ar ghnóthas infheistíochta—

(*a*) tuairisceán faisnéise maidir le haonaid de chuid an ghnóthais infheistíochta lena mbaineann a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim faoi threoir cibé dáta nó dátaí, seachas dáta roimh an 1 Eanáir 2012, a shonrófar sna rialacháin, agus

(*b*) faoi réir fho-alt (5)(*a*)(vi), uimhreacha tagartha cánach na sealbhóirí aonad an tráth sin a chur san áireamh in aon tuairisceán den sórt sin.

(4) Ní bheidh faisnéis i ndáil le haonaid san áireamh i dtuairisceán a bheidh le tabhairt faoi rialacháin má tá faisnéis i ndáil leis na haonaid sin san áireamh, nó dá ndlífí faisnéis i ndáil leis na haonaid sin a áireamh, i dtuairisceán a thabharfar de réir Chaibidil 3A.

(5) Chun críocha an ailt seo—

(*a*) beidh feidhm ag forálacha fho-alt (4) d'alt 891B faoi réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá:

(i) i mír (*a*), trí 'gnóthas infheistíochta' a chur in ionad 'duine sonraithe';

(ii) i mír (*d*), trí 'luach na n-aonad' a chur in ionad 'an cineál nó na cineálacha íocaíochtaí iomchuí';

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*e*):

'(*e*) na sealbhóirí aonad nó na haicmí sealbhóirí aonad a mhíniú chun na sealbhóirí aonad nó na haicmí sealbhóirí aonad atá le cur san áireamh i dtuairisceán atá le tabhairt faoi

rialacháin a chinneadh,';

(iv) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*f*):

'(*f*) céannacht agus áit chónaithe nó bunaíocht sealbhóra aonad a chinneadh, chun sealbhóirí aonad a chur san áireamh i dtuairisceán atá le tabhairt faoi rialacháin,';

(v) i mír (*g*), trí 'le haonad' a chur in ionad 'le híocaíocht iomchuí';

(vi) i mír (*h*)—

(I) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

'(i) ar ghnóthais infheistíochta uimhir thagartha cánach a fháil ó shealbhóirí aonad—

(I) lena mbunóidh siad caidreamh conarthach, nó

(II) dá ndéanfaidh siad aon idirbheart a ghabháil de láimh,

ar dháta a bheidh sonraithe i rialacháin nó dá éis, is dáta nach luaithe ná an dáta a thiocfaidh na rialacháin sin i bhfeidhm, chun an uimhir sin a áireamh i dtuairisceán

faoi rialacháin, agus',

agus

(II) i bhfomhír (ii)—

(A) trí 'do ghnóthas infheistíochta' a chur in ionad 'do dhuine sonraithe', 'ón ngnóthas infheistíochta' a chur in ionad 'ón duine sonraithe', 'leis an ngnóthas infheistíochta' a chur in ionad 'leis an duine sonraithe', agus 'an gnóthas infheistíochta' a chur in ionad 'an duine sonraithe',

(B) trí 'ar shealbhóirí aonad' a chur in ionad 'ar chustaiméirí' agus 'sealbhóirí aonad' a chur in ionad 'custaiméirí', agus

(C) trí 'i gcás ina bhféadfaidh an caidreamh nó an t-idirbheart a bheith ina chúis le híocaíocht iomchuí' a scriosadh,

agus

(vii) i mír (*k*), trí 'i ndáil le haonaid agus i ndáil leis na sealbhóirí aonad' a chur in ionad 'i ndáil le híocaíochtaí iomchuí agus i ndáil leis na daoine a ndearnadh na híocaíochtaí sin leo',

agus

(*b*) beidh feidhm ag forálacha fho-ailt (6) agus (7) d'alt 891B faoi réir an mhodhnaithe go ndéanfar tagairtí sna fo-ailt sin do 'duine', 'duine iomchuí' nó 'duine sonraithe', de réir mar a bheidh, a fhorléiriú, más féidir é sa chomhthéacs, mar thagairtí do 'gnóthas infheistíochta'.

(6) Gach rialachán a dhéanfar, leagfar é faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an rialachán a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.".

Tuairisceáin ar idirbhearta íocaíochta ó shocróirí íocaíochta.

122.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 891C (a chuirtear isteach le *halt 121*):

"891D.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'oifigeach údaraithe' oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim arna údarú nó arna húdarú acu i scríbhinn chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú;

tá le 'eagraíocht lárnach' an bhrí a shanntar dó sa mhíniú ar 'líonra íocaíochta leictreonaí';

ciallaíonn 'idirbheart líonra leictreonaigh' aon idirbheart a shocraítear trí líonra íocaíochta leictreonaí;

ciallaíonn 'éascaitheoir íocaíochta leictreonaí' aon duine, seachas eintiteas socraíochta íocaíochta, a ghníomhaíonn thar ceann eintiteas socraithe íocaíochta a thugann treoracha cistí a aistriú chuig cuntas an cheannaí chun an t-idirbheart íocaíochta intuairiscithe a shocrú;

ciallaíonn 'líonra íocaíochta leictreonaí' aon chomhaontú nó socrú—

(*a*) lena ngabhann cuntais a bhunú le comhlacht (dá ngairtear 'eagraíocht lárnach' san alt seo) ag daoine—

(i) nach bhfuil baint acu leis an eagraíocht lárnach,

(ii) a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí, agus

(iii) a chomhaontaigh idirbhearta a shocrú chun na hearraí nó na seirbhísí sin a sholáthar de bhun an chomhaontaithe nó an tsocraithe sin,

(*b*) lena ndéantar foráil maidir le caighdeáin agus sásraí chun na hidirbhearta sin a shocrú, agus

(*c*) lena ráthaítear do dhaoine a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí de bhun comhaontú nó socrú den sórt sin go n-íocfar na daoine sin as na hearraí nó na seirbhísí sin a sholáthar,

ach ní fholaíonn sé aon chomhaontú nó socrú lena ndéantar foráil maidir le cártaí íocaíochta a eisiúint;

ciallaíonn 'eagraíocht socraíochta leictreonaí' an eagraíocht lárnach ar a bhfuil an oibleagáid chonarthach íocaíocht a dhéanamh le ceannaithe in idirbhearta líonra leictreonaigh;

ciallaíonn 'ceannaí'—

(*a*) i gcás idirbhirt cárta íocaíochta, aon duine ag a bhfuil seoladh sa Stát agus a ghlacann le cárta íocaíochta mar íocaíocht, agus

(*b*) i gcás idirbhirt líonra leictreonaigh, aon duine ag a bhfuil seoladh sa Stát agus a ghlacann le híocaíocht ó eagraíocht socraíochta leictreonaí mar shocraíocht ar idirbheart den sórt sin;

ciallaíonn 'faighteoir ceannaithe' an duine ar a bhfuil an oibleagáid chonarthach íocaíocht a dhéanamh le ceannaithe mar shocraíocht ar idirbhearta cárta íocaíochta;

ciallaíonn 'cárta íocaíochta' aon chárta a eisítear de bhun comhaontú nó socrú lena ndéantar foráil maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) eisitheoir nó eisitheoirí cártaí den sórt sin,

(*b*) líonra daoine nach bhfuil baint acu le chéile, ná leis an eisitheoir, agus a chomhaontaíonn glacadh le cártaí den sórt sin mar íocaíocht, agus

(*c*) caighdeáin agus sásraí chun na hidirbhearta idir na faighteoirí ceannaithe agus na daoine a chomhaontaíonn glacadh le cártaí den sórt sin mar íocaíocht a shocrú,

agus, maidir le haon uimhir chuntais nó táscairí eile a ghabhann le cárta íocaíochta a ghlacadh mar íocaíocht, déileálfar leo chun críocha an ailt seo ar an tslí chéanna a ndéileáiltear le cárta íocaíochta den sórt sin a ghlacadh mar íocaíocht;

ciallaíonn 'idirbheart cárta íocaíochta' aon idirbheart ina nglactar le cárta íocaíochta mar íocaíocht;

ciallaíonn 'eintiteas socraíochta íocaíochta'—

(*a*) i gcás idirbhirt cárta íocaíochta, an faighteoir ceannaithe, agus

(*b*) i gcás idirbhirt líonra leictreonaigh, an eagraíocht socraíochta leictreonaí;

ciallaíonn 'Uimhir PSP', i ndáil le pearsa aonair, uimhir phearsanta seirbhíse poiblí na pearsan aonair (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005);

faoi réir rialachán, ciallaíonn 'idirbhearta íocaíochta intuairiscithe' aon idirbheart cárta íocaíochta agus aon idirbheart líonra leictreonaigh;

folaíonn 'seirbhísí', i ndáil le líonra íocaíochta leictreonaí, socruithe a dhéanamh go díreach nó go neamhdhíreach le go ndéanfaidh daoine íocaíochtaí saorálacha chun sochair, go hiomlán nó go páirteach, do dhuine eile fara comaoin nó gan chomaoin;

ciallaíonn 'uimhir thagartha cánach', i ndáil le duine—

(*a*) i gcás duine ar pearsa aonair é nó í, Uimhir PSP na pearsan aonair, agus

(*b*) in aon chás eile—

(i) an uimhir thagartha a luaitear ar aon fhoirm thuairisceáin ioncaim nó ar aon fhógra measúnachta a eisíonn oifigeach Ioncaim chuig an duine, nó

(ii) uimhir chláraithe an duine sin chun críocha na nAchtanna Cánach Breisluacha.

(2) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim foráil a dhéanamh le rialacháin go gceanglófar ar eintiteas socraíochta íocaíochta—

(*a*) tuairisceán leictreonach a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim do cibé bliain nó blianta, nó faoi threoir cibé bliain nó blianta, seachas bliain is luaithe ná 2010, ar idirbhearta íocaíochta intuairiscithe agus cibé faisnéis eile a shonrófar sna rialacháin, agus

(*b*) faoi réir fho-alt (4)(*b*), uimhreacha tagartha cánach ceannaithe atá ar áireamh sa tuairisceán a áireamh in aon tuairisceán den sórt sin.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (2), féadfar, go háirithe, foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) an dáta a chinneadh faoina dtabharfar do na Coimisinéirí Ioncaim tuairisceán a cheanglaítear a thabhairt faoi na rialacháin,

(*b*) an modh ar a mbeidh tuairisceáin le tabhairt a fhorordú,

(*c*) an cineál idirbheart íocaíochta intuairiscithe a bheidh le háireamh sa tuairisceán a shonrú,

(*d*) oibleagáid a fhorchur ar eintitis socraíochta íocaíochta uimhir thagartha cánach a iarraidh ar cheannaithe ar dháta a shonrófar i rialacháin nó dá éis ar dáta é nach luaithe ná an dáta a thagann na rialacháin sin i bhfeidhm, d'fhonn an uimhir sin a áireamh i dtuairisceán faoi rialacháin,

(*e*) oibleagáid a fhorchur ar gach ceannaí an uimhir thagartha cánach iomchuí a sholáthar don eintiteas socraíochta íocaíochta lena mbaineann ar iarraidh ón eintiteas socraíochta íocaíochta sin, agus

(*f*) na mionsonraí a shonrú a bhaineann leis na hidirbhearta íocaíochta intuairiscithe atá le háireamh sa tuairisceán, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh—

(i) uimhreacha cuntais agus tagartha,

(ii) faisnéis maidir leis an ngnó nó maidir leis an tseirbhís a sheolann an ceannaí,

(iii) faisnéis a bhaineann leis na teirminéil a úsáideann an ceannaí, amhail an líon teirminéal atá in úsáid, sraithuimhreacha na dteirminéal sin agus cá bhfuil na teirminéil sin,

(iv) faisnéis a bhaineann leis an gceannaí, lena n-áirítear ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhreacha teagmhála, agus

(v) faisnéis faoi chuntais bhainc ceannaithe a n-aistríonn an t-eintiteas socraíochta íocaíochta cistí chucu agus uathu.

(4) (*a*) Déanfaidh eintiteas socraíochta íocaíochta gach iarracht réasúnach uimhir thagartha cánach ceannaí a fháil ón duine sin agus soláthróidh an ceannaí a

uimhir thagartha cánach nó a huimhir thagartha cánach don eintiteas socraíochta íocaíochta.

(*b*) I gcás gur Uimhir PSP an uimhir thagartha cánach a sholáthrófar chun críocha an ailt seo, ní úsáidfidh an t-eintiteas socraíochta íocaíochta an uimhir sin (arna soláthar amhlaidh) ach amháin chun í a áireamh sa tuairisceán atá le tabhairt faoi fho-alt (2) agus ní chun aon chríche eile.

(5) Féadfaidh oifigeach údaraithe, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh nó in aon áit ghnó de chuid eintitis socraíochta íocaíochta—

(*a*) chun cinneadh a dhéanamh—

(i) maidir le faisnéis a bhí ar áireamh i dtuairisceán a thug eintiteas socraíochta íocaíochta, i dtaobh an raibh sí ceart iomlán, nó

(ii) maidir le faisnéis nach raibh ar áireamh i dtuairisceán den sórt sin, i dtaobh ar cheart gan í a áireamh amhlaidh,

nó

(*b*) chun scrúdú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a chuir an t-eintiteas socraíochta íocaíochta sin ar bun chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí an duine sin faoin alt seo.

(6) (*a*) Beidh feidhm ag alt 898O—

(i) maidir le mainneachtain ag eintiteas socraíochta íocaíochta tuairisceán a sheachadadh, agus maidir le gach uile mhainneachtain den sórt sin, agus

(ii) maidir le tuairisceán mícheart nó neamhiomlán a thabhairt,

mar atá feidhm aige maidir le mainneachtain tuairisceán a sheachadadh nó maidir le tuairisceán mícheart nó neamhiomlán a thabhairt dá dtagraítear in alt 898O.

(*b*) Aon eintiteas socraíochta íocaíochta nach gcomhlíonann—

(i) ceanglais ó oifigeach údaraithe le linn cumhachtaí nó dualgais an oifigigh faoin alt seo nó faoi rialacháin a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, nó

(ii) aon cheanglas arna fhorchur ar an eintiteas socraíochta íocaíochta le rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (2),

dlífear pionós €3,000 a chur air.".

Leasú ar alt 898K (socruithe speisialta le haghaidh urrúis áirithe) den Phríomh-Acht.

123.—Leasaítear an Príomh-Acht in alt 898K—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Scoirfidh an t-alt seo d'fheidhm a bheith aige amhail ar an agus ón 31 Nollaig 2011.",

agus

(*b*) trí fho-alt (4) a scriosadh.

Leasú ar alt 1077E (pionós mar gheall ar thuairisceáin mhíchruinne, etc., a dhéanamh d'aon turas nó go míchúramach) den Phríomh-Acht.

124.—Leasaítear alt 1077E den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), sa mhíniú ar "na hAchtanna", trí "Codanna 18A, 18B, 18C agus 18D" a chur in ionad "Codanna 18A agus 18B".

Cumhacht an Ard-Bhailitheora a cheangal ar dhaoine áirithe tuairisceán ar mhaoin a thabhairt.

125.—Leasaítear Cuid 42 den Phríomh-Acht—

(*a*) in alt 960A, trí "1B, 1C agus 1D" a chur in ionad "1B agus 1C",

(*b*) in alt 960B, trí "Caibidlí 1B, 1C agus 1D" a chur in ionad "Caibidlí 1B agus 1C", agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 1C:

"Caibidil 1D

Cumhacht chun a cheangal ráiteas gnóthaí a thabhairt, urrús, etc.

960R.—(1) San alt seo—

folaíonn 'sócmhainn' aon leas i sócmhainn;

ciallaíonn 'forordaithe' forordaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn 'dáta sonraithe', i ndáil le fógra faoi fho-alt (3), an dáta a shonraítear san fhógra.

(2) Chun críocha an ailt seo, áireofar ar an gcostas a bhainfidh do dhuine as sócmhainn a fháil—

(*a*) méid nó luach na comaoine, in airgead nó i luach airgid, a thug an duine nó a tugadh thar ceann an duine chun an tsócmhainn a fháil, mar aon leis na costais theagmhasacha a bhain don duine as an tsócmhainn a fháil nó, i gcás nach bhfuair an duine an tsócmhainn, aon chaiteachas a thabhaigh an duine le linn an tsócmhainn a fháil, agus

(*b*) méid aon chaiteachais a thabhaigh an duine nó a tabhaíodh thar ceann an duine sin ar an tsócmhainn chun luach na sócmhainne a mhéadú, ar caiteachas é a léiríodh i staid nó i gcineál na sócmhainne ar an dáta sonraithe, agus aon chaiteachas a thabhaigh an duine le linn teideal an duine chun na sócmhainne, nó chun cirt thar an tsócmhainn, a bhunú, a chaomhnú nó a chosaint.

(3) I gcás go bhfuil cáin dlite agus gan íoc ag duine agus gur mhainnigh an duine sin an cháin sin a urscaoileadh, féadfaidh an tArd-Bhailitheoir a cheangal—

(*a*) ar an duine sin, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don duine sin, agus

(*b*) i gcás go ndéantar an duine sin agus a chéile nó a céile nó a pháirtnéir sibhialta nó a páirtnéir sibhialta a mheasúnú i gcomhpháirt i leith cáin ioncaim faoi alt 1017 nó 1031C, ar chéile nó ar pháirtnéir sibhialta an duine sin, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don chéile nó don pháirtnéir sibhialta,

ráiteas gnóthaí san fhoirm fhorordaithe amhail ar an dáta a shonrófar san fhógra a sheachadadh ar an Ard-Bhailitheoir laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san fhógra nó laistigh de cibé tréimhse a cheadóidh an tArd-Bhailitheoir.

(4) Chun críocha fho-alt (3), measfar gur ceanglas ráiteas gnóthaí a sheachadadh iarraidh i scríbhinn ón Ard-Bhailitheoir ar shoiléiriú ar aon ní atá sa ráiteas gnóthaí.

(5) San alt seo, ciallaíonn 'ráiteas gnóthaí', i ndáil le fógra faoi fho-alt (3)—

(*a*) i gcás go bhfuil an duine dá dtugtar fógra ag gníomhú seachas i gcáil ionadaitheach nó mar iontaobhaí, ráiteas maidir leis na sócmhainní go léir, cibé áit a bhfuil siad, a bhfuil teideal tairbhiúil ag an duine sin chucu ar an dáta sonraithe agus na dliteanais go léir a bhfuil an duine sin faoi dhliteanas ina leith ar an dáta sonraithe,

(*b*) maidir leis an duine dá dtugtar fógra, i gcás gur duine é nó í ('an duine céadluaite') atá ag gníomhú i gcáil ionadaitheach do dhuine ('an dara duine a luaitear'), ráiteas maidir leis na sócmhainní go léir, cibé áit a bhfuil siad, a bhfuil teideal tairbhiúil ag an dara duine a luaitear chucu agus is bun le cáin a bhfuil an duine céadluaite faoi dhliteanas ina leith i gcáil ionadaitheach nó ar sócmhainní iad ar chomhlíon an duine céadluaite feidhmeanna nó dualgais ina leith i gcáil ionadaitheach agus na dliteanais go léir a bhfuil an duine céadluaite faoi dhliteanas ina leith ar an dáta sonraithe,

(*c*) i gcás gur iontaobhaí iontaobhais an duine dá dtugtar fógra, ráiteas maidir leis na sócmhainní go léir agus na dliteanais go léir a chuimsítear san iontaobhas ar an dáta sonraithe, nó

(*d*) i gcás gurb é nó í an céile nó an páirtnéir sibhialta dá dtagraítear in alt (3)(*b*) an duine dá dtugtar fógra, ráiteas maidir leis na sócmhainní go léir, cibé áit a bhfuil siad, a bhfuil teideal tairbhiúil ag an gcéile sin nó ag an bpáirtnéir sibhialta sin chucu ar an dáta

sonraithe agus na dliteanais go léir a bhfuil an céile nó an páirtnéir sibhialta sin faoi dhliteanas ina leith ar an dáta sonraithe.

(6) Aon sócmhainní a bhfuil teideal tairbhiúil chucu ag leanbh mionaoiseach de chuid duine dá dtagraítear i mír (*a*) nó (*b*) d'fho-alt (3), nó ag leanbh mionaoiseach de chuid pháirtnéir sibhialta an duine sin, áireofar iad i ráiteas gnóthaí an duine sin faoin alt seo más rud é—

(*a*) gur dhiúscair an duine sin na sócmhainní sin aon tráth sula bhfuair an leanbh mionaoiseach iad, cibé acu chuig an leanbh mionaoiseach sin nó nach ea, nó

(*b*) gur sholáthair an duine sin, go díreach nó go neamhdhíreach, an chomaoin i leith an leanbh mionaoiseach d'fháil na sócmhainní sin.

(7) Maidir le ráiteas gnóthaí a sheachadfar faoin alt seo, beidh na nithe seo a leanas ann maidir le gach sócmhainn a bheidh ar áireamh sa ráiteas—

(*a*) tuairisc iomlán,

(*b*) an áit ina bhfuil an tsócmhainn ar an dáta iomchuí,

(*c*) an costas a bhain don duine a bhfuil teideal tairbhiúil aige nó aici chuig an tsócmhainn sin as an tsócmhainn sin a fháil,

(*d*) dáta na fála,

(*e*) má fuarthas í ar shlí seachas ar mhodh margán ar neamhthuilleamaí, ainm agus seoladh an duine óna bhfuarthas í agus an chomaoin, más ann, a tugadh don duine sin i leith í a fháil, agus

(*f*) mionsonraí maidir le gach polasaí árachais (más ann) trína ndéantar fiontar aon chineáil damáiste nó díobhála, nó cailleadh nó díluachadh na sócmhainne, a árachú.

(8) I gcás sócmhainn ar leas seachas leas iomlán é, beidh sonraí maidir leis an teideal faoina n-eascraíonn an teidlíocht thairbhiúil i ráiteas gnóthaí a sheachadfar faoin alt seo.

(9) Déanfaidh an duine a sheachadfaidh ráiteas gnóthaí a sheachadfar faoin alt seo é a shíniú agus beidh dearbhú ann ón duine sin go bhfuil an ráiteas gnóthaí cruinn iomlán, de réir mar is fearr is eol agus is feasach dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí.

(10) Féadfaidh an tArd-Bhailitheoir nó oifigeach a bheidh ainmnithe ag na Coimisinéirí Ioncaim a cheangal gur faoi mhionn a dhéanfar an dearbhú dá dtagraítear i bhfo-alt (9).".

Urrús i leith cánacha áirithe.

126.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 960R (a chuirtear isteach le *halt 125*):

"960S.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'gnó' gnó a bhí nó atá á sheoladh ag cuideachta nó comhpháirtíocht agus folaíonn sé gnó a bhí nó atá á sheoladh ag pearsa aonair;

ciallaíonn 'duine bainteach' duine atá bainteach le duine eile de réir bhrí alt 10;

folaíonn 'bainistiú an ghnó' gníomhú i gcáil a d'fhág go raibh, nó a fhágann go bhfuil, an duine in ann bainistiú an ghnó sin a rialú, go díreach nó go neamhdhíreach, mar dhuine bainteach nó ar shlí eile;

ciallaíonn 'cáin'—

(*a*) cáin ioncaim is inasbhainte de réir Chaibidil 4 de Chuid 42 agus aon rialachán arna ndéanamh faoin gCaibidil sin,

(*b*) cáin is inasbhainte de réir Chaibidil 2 de Chuid 18 agus aon rialachán arna ndéanamh faoin gCaibidil sin,

(*c*) muirear sóisialach uilíoch is inmhuirearaithe de réir Chuid 18D, nó

(*d*) cáin bhreisluacha is inmhuirearaithe de réir na nAchtanna Cánach Breisluacha.

(2) Féadfaidh an tArd-Bhailitheoir a cheangal ar dhuine a sheolann gnó urrús nó urrús breise a thabhairt de cibé méid agus i cibé foirm is cuí leis an Ard-Bhailitheoir chun cáin a íoc atá, nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith, dlite den duine sin—

(*a*) i gcás go raibh an duine, i ndáil le gnó a scoir de thrádáil, páirteach i mbainistiú an ghnó agus gur eascair cáin, nár íocadh go hiomlán, le linn don ghnó a bheith ag trádáil, nó

(*b*) i ndáil leis an ngnó reatha, maidir le cáin a dhligh an duine sin a íoc, i gcás nár íocadh í laistigh de 30 lá ón dáta dlite chun an cháin a íoc.

(3) I gcás go n-éiríonn ceanglas faoi fho-alt (2), cuirfidh an tArd-Bhailitheoir faoi deara fógra i scríbhinn á rá sin a sheirbheáil ar an duine.

(4) I gcás go seirbheáiltear fógra ar dhuine de réir fho-alt (3), is cion é ag an duine sin gabháil do ghnó go dtí go soláthraítear an t-urrús sin, nó an t-urrús breise sin, don Ard-Bhailitheoir.

(5) I gcás go seirbheáiltear fógra ar dhuine de réir fho-alt (3), féadfaidh an duine, ar fhógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de thréimhse 30 lá ó dháta seirbheála an fhógra, achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc i gcoinne an cheanglais chun aon urrús a thabhairt faoi fho-alt (2).

(6) I gcás go dtugann duine fógra achomhairc de réir fho-alt (5), ní bheidh feidhm ag fo-alt (4) go dtí go gcinnfidh na Coimisinéirí Achomhairc an ní.".

(2) Leasaítear alt 1078(2) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*f*):

"(*fa*) go mainníonn an duine an ceanglas in alt 960S(4) a chomhlíonadh,".

Ordú doiciméid a thabhairt ar aird nó faisnéis a sholáthar.

127.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 908D:

"Ordú doiciméid a thabhairt ar aird nó faisnéis a sholáthar.

908E.—(1) San alt seo agus in alt 908F—

ciallaíonn 'oifigeach údaraithe' oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim arna údarú nó arna húdarú acu i scríbhinn chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú;

ciallaíonn 'cion iomchuí'—

(*a*) cion faoi alt 186 den *Customs Consolidation Act* 1876,

(*b*) cion faoi alt 139(5) den Acht Airgeadais, 1992,

(*c*) cion faoi alt 1056, 1078 nó 1078A,

(*d*) cion faoi fho-alt (1A), (1B) nó (3) d'alt 102 den Acht Airgeadais, 1999,

(*e*) cion faoi alt 119 den Acht Airgeadais, 2001,

(*f*) cion faoi alt 79 den Acht Airgeadais, 2003,

(*g*) cion faoi alt 78 den Acht Airgeadais, 2005.

(2) Chun cion iomchuí a imscrúdú, féadfaidh oifigeach údaraithe iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar ordú faoin alt seo—

(*a*) i ndáil le duine do chur aon doiciméid áirithe nó doiciméid de thuairisc áirithe ar fáil, nó

(*b*) i ndáil le duine do sholáthar faisnéis áirithe trí cheisteanna a fhreagairt nó trí ráiteas ina bhfuil an fhaisnéis a dhéanamh,

nó i ndáil leo araon.

(3) Ar iarratas faoi fho-alt (2), féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi trí fhaisnéis faoi mhionn ón oifigeach údaraithe a dhéanann an t-iarratas—

(*a*) go bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go bhfuil doiciméid áirithe nó

doiciméid de thuairisc áirithe i seilbh nó faoi rialú duine,

(*b*) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil na doiciméid iomchuí maidir le himscrúdú an chiona iomchuí lena mbaineann,

(*c*) go bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go bhféadfadh gurb é atá sna doiciméid (nó i gcuid díobh) fianaise ar dhéanamh an chiona iomchuí sin nó a bhaineann le déanamh an chiona iomchuí sin, agus

(*d*) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint gur chóir na doiciméid a thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt orthu, ag féachaint don tairbhe is dóigh a bheadh ann don imscrúdú agus ag féachaint d'aon imthosca iomchuí eile,

a ordú don duine—

(i) na doiciméid a thabhairt ar aird d'oifigeach údaraithe chun go dtabharfaidh an t-oifigeach leis nó léi iad agus, más dóigh leis an mbreitheamh gur cuí é, na doiciméid a shainaithint agus a aicmiú atá le tabhairt ar aird amhlaidh ar an tslí áirithe (más ann) a iarrtar san iarratas, nó ar cibé slí eile a ordóidh an breitheamh, agus na doiciméid a thabhairt ar aird ar an tslí sin, nó

(ii) rochtain a thabhairt d'oifigeach den sórt sin orthu,

láithreach nó laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san ordú.

(4) Ar iarratas faoi fho-alt (2), féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi trí fhaisnéis faoi mhionn ón oifigeach údaraithe a dhéanann an t-iarratas—

(*a*) go bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go bhfuil faisnéis ag duine ar mhainnigh nó ar dhiúltaigh sé nó sí, gan leithscéal réasúnach, í a thabhairt don oifigeach údaraithe tar éis don oifigeach údaraithe a iarraidh air nó uirthi déanamh amhlaidh,

(*b*) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil an fhaisnéis iomchuí maidir le himscrúdú an chiona iomchuí lena mbaineann,

(*c*) go bhfuil forais réasúnacha amhrais ann go bhféadfadh gurb é atá san fhaisnéis

(nó i gcuid di) fianaise ar dhéanamh an chiona iomchuí sin nó a bhaineann le déanamh an chiona iomchuí sin, agus

(*d*) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint gur chóir an fhaisnéis a sholáthar, ag féachaint don tairbhe is dócha a bheadh ann don imscrúdú agus ag féachaint d'aon imthosca iomchuí eile,

faoi réir fho-alt (5), a ordú don duine—

(i) an fhaisnéis a sholáthar d'oifigeach údaraithe trí na ceisteanna a shonraítear san iarratas a fhreagairt nó trí ráiteas a dhéanamh ina leagfar amach na freagraí ar na ceisteanna sin, nó iad araon, agus

(ii) dearbhú a dhéanamh go bhfuil na freagraí ar na ceisteanna sin fíor,

láithreach nó laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san ordú.

(5) Na tagairtí i bhfo-ailt (2)(*b*) agus (4) d'fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ina hábhar d'ordú faoin alt seo, is tagairtí iad d'fhaisnéis a fuair an duine lena mbaineann i ngnáthchúrsa gnó.

(6) Féadfar le hordú faoin alt seo a bhaineann le doiciméid in aon áit, ar iarratas ón oifigeach údaraithe lena mbaineann faoi fho-alt (2), a cheangal ar aon duine, is duine ar dealraitheach don bhreitheamh den Chúirt Dúiche ina leith go bhfuil sé nó sí i dteideal dul isteach san áit a dheonú, a cheadú d'oifigeach údaraithe dul isteach san áit chun rochtain a fháil ar na doiciméid.

(7) I gcás nach bhfuil na doiciméid lena mbaineann i bhfoirm inléite, beidh éifeacht le hordú faoin alt seo mar ordú—

(*a*) chun aon phasfhocal a thabhairt d'oifigeach údaraithe is gá chun doiciméid inléite agus intuigthe a dhéanamh de na doiciméid,

(*b*) chun a chumasú ar shí eile don oifigeach údaraithe na doiciméid a scrúdú i bhfoirm ina bhfuil siad inléite agus intuigthe, nó

(*c*) chun na doiciméid a thabhairt ar aird don oifigeach údaraithe i bhfoirm inar féidir iad a thabhairt chun siúil agus ina bhfuil siad inléite agus intuigthe nó inar féidir doiciméid inléite agus intuigthe a dhéanamh díobh.

(8) Maidir le hordú faoin alt seo—

(*a*) a mhéid a chumhachtófar leis go ndéanfaidh oifigeach údaraithe doiciméad a thabhairt leis nó léi, nó go dtabharfar rochtain dó nó di ar an doiciméad, beidh éifeacht leis freisin mar ordú lena gcumhachtófar don oifigeach cóip den doiciméad a dhéanamh agus an chóip a thabhairt leis nó léi,

(*b*) ní thabharfar aon cheart leis chun aon doiciméad atá faoi réir pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil a thabhairt ar aird ná chun rochtain a fháil ar an gcéanna, agus

(*c*) beidh éifeacht leis d'ainneoin aon oibleagáid eile maidir le rúndacht nó aon srian eile ar nochtadh faisnéise a fhorchuirtear le reacht nó ar shlí eile.

(9) (*a*) I gcás go ndéanfaidh, nó go bhféadfaidh, oifigeach údaraithe doiciméad a thabhairt leis nó léi de bhun ordú faoin alt seo, féadfaidh aon duine lena mbaineann an t-ordú, nó a ndéanann an t-ordú difear dó nó di, a iarraidh ar an oifigeach údaraithe a cheadú don duine an doiciméad a choinneáil, nó a chur faoi deara é a thabhairt ar ais don duine, fad a thógfaidh nó a choinneoidh an t-oifigeach cóip de.

(*b*) Ní ceadmhach don oifigeach údaraithe lena mbaineann géilleadh d'iarraidh faoi mhír (*a*) ach amháin más deimhin leis nó léi—

(i) go bhfuil an doiciméad ag teastáil ón duine chun críocha a ghnó nó a gnó nó chun críche dlisteanaí éigin eile, agus

(ii) go ngeallann an duine i scríbhinn—

(I) an doiciméad a choimeád sábháilte agus slán, agus

(II) nuair a iarrann an t-oifigeach údaraithe air nó uirthi déanamh amhlaidh, é a thabhairt don oifigeach údaraithe i dtaca le haon imeachtaí coiriúla a bhfuil sé ag teastáil ina leith.

(*c*) Má mhainníonn nó má dhiúltaíonn duine déanamh de réir gealltanas a thug sé nó sí faoi mhír (*b*)(ii), ní dhéanfar dochar do chóip den doiciméad lena mbaineann a bheith inghlactha i bhfianaise in aon imeachtaí coiriúla.

(10) Aon doiciméid a thabharfaidh oifigeach údaraithe leis nó léi de bhun ordú faoin alt seo, féadfaidh an t-oifigeach iad a choinneáil lena n-úsáid mar fhianaise in aon imeachtaí coiriúla.

(11) Ní bheidh ráiteas nó admháil ó dhuine de bhun ordú faoin alt seo inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine i leith ciona (seachas cion faoi fho-alt (16), (17) nó (18)).

(12) (*a*) Féadfar, le hordú faoin alt seo lena ndéantar foráil go ndéanfaidh duine doiciméid a thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt orthu, a cheangal ar an duine, más cuí leis an mbreitheamh den Chúirt Dúiche déanamh amhlaidh, deimhniú a thabhairt d'oifigeach údaraithe á dhaingniú—

(i) fíre na ndoiciméad, agus

(ii) i gcás doiciméad i bhfoirm neamh-inléite a atáirgtear i bhfoirm inléite, córas agus modh an atáirgthe sin,

nuair a dhéantar na doiciméid a thabhairt ar aird nó nuair a thugtar rochtain orthu nó cibé tráth ina dhiaidh sin a shonrófar san ordú.

(*b*) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh chun críocha an fho-ailt seo ina sonrófar an modh ar a bhféadfar doiciméid de chineálacha nó d'aicmí éagsúla, nó cóipeanna díobh, a fhíordheimhniú.

(13) I gcás go ndéanann duine a thugann doiciméid ar aird de bhun ordú faoin alt seo lian a éileamh ar na doiciméid sin nó ar chuid díobh, déanfar iad a thabhairt ar aird gan dochar don lian.

(14) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, ar iarratas ó aon duine lena mbaineann ordú faoin alt seo nó ó oifigeach údaraithe, an t-ordú a athrú nó a urscaoileadh.

(15) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, ar iarratas ó aon duine a ndéanann ordú faoin alt seo difear dó nó di agus nár géilleadh dá iarraidh nó dá hiarraidh doiciméid a thabhairt ar ais faoi fho-alt (9), ordú a dhéanamh maidir leis na doiciméid lena mbaineann a thabhairt ar ais don duine sin más cuí leis an mbreitheamh déanamh amhlaidh faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a ordóidh an breitheamh.

(16) Aon duine a mhainníonn nó a dhiúltaíonn, gan leithscéal réasúnach, ordú faoin alt seo a

chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(17) Aon duine a dhéanann, i gcomhlíonadh airbheartaithe ordaithe faoin alt seo, faisnéis a sholáthar nó ráiteas a dhéanamh atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha nuair is eol dó nó di í nó é a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh, nó atá meargánta i dtaobh í nó é a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(*a*) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(*b*) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(18) Aon duine a mhainníonn nó a dhiúltaíonn, gan leithscéal réasúnach, déanamh de réir gealltanas a thug sé nó sí faoi fho-alt (9)(*b*)(ii), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(19) Déanfar iarratas ar ordú faoi fho-alt (2) chuig breitheamh den Chúirt Dúiche atá sannta don dúiche chúirte dúiche ina bhfuil na doiciméid a iarrtar, nó ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine óna n-iarrtar na doiciméid nó an fhaisnéis nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha nó, más cuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí) an duine sin, don dúiche chúirte dúiche ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta nó ina seolann an chuideachta aon ghnó.

(20) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo difear d'oibriú forála in aon achtachán eile faoina bhféadfaidh cúirt a ordú do dhuine aon doiciméid a thabhairt ar aird do dhuine eile i dtaca le cion a imscrúdú.

Ábhar dlíthiúil faoi phribhléid.

908F.—(1) San alt seo, ciallaíonn 'ábhar dlíthiúil faoi phribhléid' doiciméad a bhfuil duine i dteideal, i dtuairim na cúirte lena mbaineann, diúltú é a thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt air ar fhoras a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.

(2) Má dhiúltaíonn duine doiciméad a thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt air de bhun ordú ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoi alt 908E ar an bhforas gur ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad, féadfaidh oifigeach údaraithe iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt sin ar chinneadh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad.

(3) Aon duine a dhiúltaíonn doiciméad a thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt air de bhun ordú ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoi alt 908E ar an bhforas gur ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar chinneadh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad.

(4) Aon duine a dhiúltaíonn doiciméad a thabhairt ar aird nó rochtain a thabhairt air de bhun ordú ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoi alt 908E ar an bhforas gur ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad, déanfaidh sé nó sí an doiciméad a chaomhnú agus a choimeád in áit shlán shábháilte go dtí go gcinnfear iarratas faoi fho-alt (2) nó (3) agus déanfaidh sé nó sí, má chinntear amhlaidh nach ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an doiciméad, é a thabhairt ar aird de réir an ordaithe.

(5) Go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach ar iarratas faoi fho-alt (2) nó (3), féadfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche cibé ordacháin eatramhacha nó idirbhreitheacha a thabhairt is cuí leis an mbreitheamh lena n-áirítear, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, i gcás go bhfuil líon na ndoiciméad is ábhar don iarratas substaintiúil, ordacháin maidir le duine a cheapadh ag a mbeidh cáilíochtaí oiriúnacha dlí agus ag a mbeidh an leibhéal taithí, agus an neamhspleáchas ar aon leas a bheidh le cinneadh idir na páirtithe lena mbaineann, is dóigh leis an mbreitheamh is cuí—

(*a*) chun na doiciméid a scrúdú, agus

(*b*) chun tuarascáil a ullmhú don bhreitheamh d'fhonn cuidiú leis an mbreitheamh, nó d'fhonn a éascú dó nó di, a chinneadh nó a cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid na doiciméid.

(6) Má ordaíonn an breitheamh den Chúirt Dúiche amhlaidh, féadfar iarratas faoi fho-alt (2), (3) nó (5) a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

(7) Déanfar fógra maidir le hiarratas faoi fho-alt (2) a sheirbheáil ar an duine lena mbaineann an t-ordú áirithe agus déanfar fógra maidir le hiarratas faoi fho-alt (3) a sheirbheáil ar an oifigeach údaraithe a iarrann go gcuirfear iallach ar dhuine an doiciméad lena mbaineann a

thabhairt ar aird nó rochtain air a thabhairt don oifigeach údaraithe sin.

(8) Beidh ábhar achomhairc chun na Cúirte Cuarda ann i gcoinne cinnidh ó bhreitheamh den Chúirt Dúiche faoin alt seo agus ní bheidh aon ábhar achomhairc eile ann i gcoinne ordú ón gCúirt Chuarda arna dhéanamh ar achomharc faoin alt seo.

(9) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacha cúirte maidir le hiarratais chuig breitheamh den Chúirt Dúiche, agus maidir le haon achomhairc i gcoinne cinntí ó bhreitheamh den sórt sin, a éisteacht go luath faoin alt seo.".

128.—(1) Leasaítear Cuid 37 den Phríomh-Acht— Aisíocaíochtaí agus fritháirimh cánach.

(*a*) in alt 865(1)(*a*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "na hAchtanna":

"ciallaíonn 'Achtanna' na hAchtanna Cánach, na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, Cuid 18A, Cuid 18C agus Cuid 18D agus ionstraimí arna ndéanamh fúthu;",

(*b*) in alt 865(1)(*a*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "cáin":

"ciallaíonn 'cáin' aon cháin ioncaim, cáin chorparáide, cáin ghnóchan caipitiúil, tobhach ioncaim, tobhach sainchónaithe nó muirear sóisialach uilíoch agus folaíonn sé—

(i) aon ús, formhuirear nó pionós a bhaineann le haon cháin, tobhach nó muirear den sórt sin,

(ii) aon suim a eascraíonn as faoiseamh nó díolúine a bhaineann le haon cháin, tobhach nó muirear den sórt sin a tharraingt siar nó a aisghlámadh,

(iii) aon suim a cheanglaítear ar aon duine a asbhaint nó a choinneáil siar agus a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim nó leis an Ard-Bhailitheoir, de réir mar a bheidh, nó a chur ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim nó chuig an Ard-Bhailitheoir, de réir mar a bheidh, agus

(iv) aon mhéid a íoctar ar chuntas aon chánach, tobhaigh nó muirir den sórt sin nó a íoctar i leith aon cháin, tobhach nó muirear den sórt sin;",

(*c*) in alt 865(1)(*b*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhochlásail (A) agus (B) de chlásal (I):

"(A) go n-éireodh sí as an measúnacht i leith cánach, arna déanamh an tráth a tugadh an ráiteas nó an

tuairisceán, ar scór an ráitis nó an tuairisceáin, nó

(B) go mbeadh sí tar éis éirí as an measúnacht i leith cánach a dhéanfaí an tráth a tugadh an ráiteas nó an tuairisceán, ar scór an ráitis nó an tuairisceáin, dá mbeadh measúnacht i leith cánach déanta an tráth sin,",

agus

(*d*) tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 865A:

"Gan aon fhritháireamh a bheith ar fáil i gcás go dtoirmisctear aisíocaíocht.

865B.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'Achtanna'—

(*a*) na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,

(*b*) na hAchtanna Cánach,

(*c*) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

(*d*) Codanna 18A, 18C agus 18D,

(*e*) an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

(*f*) an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

(*g*) an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

(*h*) aon ionstraimí arna ndéanamh faoi aon cheann de na reachtanna agus na hachtacháin a shonraítear i míreanna (*a*) go (*g*);

ciallaíonn 'tréimhse iomchuí' i ndáil le haisíocaíocht—

(*a*) i gcás cánach corparáide, tréimhse chuntasaíochta na cuideachta ar ina leith a éiríonn an aisíocaíocht,

(*b*) i gcás cánach ioncaim, cánach gnóchan caipitiúil, tobhaigh

ioncaim, muirir shóisialaigh uilíoch nó tobhaigh sainchónaithe, an bhliain mheasúnachta ar ina leith a éiríonn an aisíocaíocht,

(*c*) i gcás dleachtanna stampa, an bhliain mheasúnachta nó an tréimhse chuntasaíochta, de réir mar a bheidh, ina dtarlaíonn an teagmhas ar ina leith a éiríonn an aisíocaíocht,

(*d*) i gcás cánach bronntanais nó cánach oidhreachta, an bhliain mheasúnachta nó an tréimhse chuntasaíochta, de réir mar a bheidh, ina bhfuil an dáta is déanaí de na dátaí dá dtagraítear in alt 57(3) den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus ar ina leith a éiríonn an aisíocaíocht,

(*e*) i gcás dleachta máil, an bhliain mheasúnachta nó an tréimhse chuntasaíochta, de réir mar a bheidh, ina dtarlaíonn an gníomh nó an teagmhas ar ina leith a éiríonn an aisíocaíocht, agus

(*f*) i gcás cánach breisluacha, an bhliain mheasúnachta nó an tréimhse chuntasaíochta, de réir mar a bheidh, ina bhfuil an tréimhse inchánach ar ina leith a éiríonn an aisíocaíocht;

folaíonn 'aisíocaíocht' aisíoc;

ciallaíonn 'cáin' aon cháin ioncaim, cáin chorparáide, cáin ghnóchan caipitiúil, cáin bhreisluacha, dleacht mháil, dleacht stampa, cáin bhronntanais, cáin oidhreachta, tobhach ioncaim, tobhach sainchónaithe nó muirear sóisialach uilíoch agus folaíonn sé—

(*a*) aon ús, formhuirear nó pionós a bhaineann le haon cháin, dleacht, tobhach nó muirear den sórt sin,

(*b*) aon suim a eascraíonn as faoiseamh nó díolúine a bhaineann le haon cháin, dleacht, tobhach nó muirear den sórt sin a tharraingt siar nó a aisghlámadh,

(*c*) aon suim a cheanglaítear ar aon duine a asbhaint nó a choinneáil

siar agus a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim nó leis an Ard-Bhailitheoir, de réir mar a bheidh, nó a chur ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim nó chuig an Ard-Bhailitheoir, de réir mar a bheidh, agus

(*d*) aon mhéid a íoctar ar chuntas aon chánach, dleachta, tobhaigh nó muirir den sórt sin nó a íoctar i leith aon cháin, dleacht, tobhach nó muirear den sórt sin;

tá le 'tréimhse inchánach' an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

(2) Faoi réir fho-ailt (3) agus (4), i gcás nach féidir aisíocaíocht aon chánach a dhéanamh le duine—

(*a*) de bhua oibriú alt 865,

(*b*) de bhua oibriú alt 105B den Acht Airgeadais, 2001,

(*c*) de bhua oibriú alt 99 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010,

(*d*) de bhua oibriú alt 159A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999,

(*e*) de bhua oibriú alt 57 den an Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, nó

(*f*) de bhua aon fhoráil eile d'aon cheann de na hAchtanna,

ansin, d'ainneoin aon achtachán nó riail dlí eile, ní dhéanfar an aisíocaíocht sin a fhritháireamh in aghaidh aon mhéid cánach eile atá dlite den duine sin agus iníoctha ag an duine sin nó uaidh nó uaithi.

(3) I gcás nach féidir aisíocaíocht cánach a dhéanamh le duine i leith tréimhse iomchuí, féadfar í a fhritháireamh in aghaidh an mhéid cánach lena mbaineann mír (*a*) d'fho-alt (4) agus atá dlite den duine agus iníoctha ag an duine sna himthosca a leagtar amach i mír (*b*) den fho-alt sin.

(4) (*a*) Is é an méid cánach lena mbaineann an mhír seo an méid cánach, nó an oiread sin den mhéid cánach, atá dlite den duine agus iníoctha ag an duine i leith na tréimhse iomchuí,

nach mó ná an méid den aisíocaíocht nach féidir a dhéanamh leis an duine i leith na tréimhse iomchuí sin.

(*b*) Is iad na himthosca a leagtar amach sa mhír seo na himthosca ina bhfuil cáin dlite agus iníoctha i leith na tréimhse iomchuí de bhua measúnacht a dhéantar nó a leasaítear, nó aon ghníomh eile a dhéantar chun cáin a ghnóthú, tráth atá 4 bliana nó níos mó tar éis dheireadh na tréimhse iomchuí.

(5) Ní dhéanfar aon cháin a fhritháireamh in aghaidh aon mhéid cánach eile ach amháin mar a fhoráiltear leis na hAchtanna.".

(2) Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, in alt 159B, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

"(6) Ach amháin mar a fhoráiltear leis an Acht seo nó le halt 941 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 mar atá feidhm aige chun críocha dleachtanna stampa, ní dhéanfaidh na Coimisinéirí méid dleachta a íoctar leo a aisíoc ná ús a íoc i leith méid dleachta a íoctar leo.".

(3) Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, in alt 57, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

"(9) Ach amháin mar a fhoráiltear leis an Acht seo nó le halt 941 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 mar atá feidhm aige chun críocha cánach fáltas caipitiúil, ní dhéanfaidh na Coimisinéirí méid cánach a íoctar leo a aisíoc ná ús a íoc i leith méid cánach a íoctar leo.".

(4) Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, in alt 105(6)(*b*), trí "faoi réim nó de bhua alt 941 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 mar atá feidhm aige chun críocha cánach breisluacha" a chur in ionad "faoi réim nó de bhua aon fhorála de chuid aon achtacháin eile".

(5) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le haon cháin (de réir bhrí alt 865B (a chuirtear isteach le *fo-alt (1)(d)*) den Phríomh-Acht) a íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim nó leis an Ard-Bhailitheoir, de réir mar a bheidh, nó a chuirtear ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim nó chuig an Ard-Bhailitheoir, de réir mar a bheidh, cibé acu roimh an Acht seo a rith, ar an Acht seo a rith nó tar éis an tAcht seo a rith.

Nuachóiriú Rialacha Measúnaithe Cánacha Díreacha lena n-áirítear rialacha le haghaidh Féinmheasúnachta.

129.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht ar an modh agus a mhéid a shonraítear i *Sceideal 4*.

(2) Leasaítear an Príomh-Acht trí Chodanna 39 agus 41 a scriosadh.

(3) Faoi réir *fho-ailt (4)* agus *(5)*, tagann an t-alt seo in éifeacht ar an agus ón 1 Eanáir 2013.

(4) Tá feidhm ag an alt seo—

(*a*) i gcás tréimhse inmhuirearaithe (de réir bhrí alt 321(2) den Phríomh-Acht) is tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta, maidir le tréimhsí inmhuirearaithe a thosaíonn an 1 Eanáir 2013 nó dá éis, agus

(*b*) i gcás seachas an cás sin dá dtagraítear i *mír (a)*, maidir leis an mbliain mheasúnachta 2013 agus le blianta measúnachta dá éis.

(5) Ní dhéanann an t-alt seo difear d'fheidhmiú na bhforálacha de chuid an Phríomh-Achta, a leasaítear nó a scriostar leis an alt seo, maidir le tréimhsí inmhuirearaithe roimh na tréimhsí inmhuirearaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*.

Leasú ar alt 811 (idirbhearta chun dliteanas cánach a sheachaint) den Phríomh-Acht.

130.—(1) Leasaítear alt 811 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(5A) (*a*) San fho-alt seo—

folaíonn 'measúnacht' céadmheasúnacht, measúnacht bhreise, céadmheasúnacht bhreise agus meastachán nó meas;

folaíonn 'leasú' i ndáil le measúnacht, an mheasúnacht a choigeartú, a athrú nó a cheartú.

(*b*) I gcás go dtagann tuairim na gCoimisinéirí Ioncaim, gur idirbheart seachanta cánach idirbheart, chun bheith ina tuairim chríochnaitheach dhochloíte, ansin, chun éifeacht a thabhairt don alt seo, maidir le haon teorainn ama, dá bhforáiltear le Cuid 41 nó le haon fhoráil eile de na hAchtanna, le measúnacht a dhéanamh nó a leasú nó ceanglas nó dliteanas a bheith ar dhuine cáin a íoc nó cáin bhreise a íoc—

(i) ní bheidh feidhm aici, ná

(ii) ní dhéanfaidh sí difear do bhailiú agus gnóthú aon mhéid cánach nó cánach breise a thagann chun bheith dlite agus iníoctha.".

(2) (*a*) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le haon mheasúnacht i leith cánach nó maidir le haon leasú ar aon mheasúnacht i leith cánach a dhéantar, an 28 Feabhra 2012 nó dá éis, ionas go ndéanfar an buntáiste cánach is toradh ar idirbheart seachanta cánach, agus ar ina leith a tháinig fógra tuairime chun bheith críochnaitheach agus dochloíte, a tharraingt siar ó aon duine lena mbaineann nó a dhiúltú dó nó di.

(*b*) Chun críocha *mhír (a)*, léifear "measúnacht, "leasú", "buntáiste cánach", "idirbheart seachanta cánach", "fógra tuairime" agus "críochnaitheach agus dochloíte" de réir alt 811 den Phríomh-Acht.

Leasuithe ilghnéitheacha a bhaineann le riarachán.

131.—(1) Leasaítear na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 5* a mhéid agus ar an modh a shonraítear i *míreanna 1* go *5* den Sceideal sin agus sa Tábla a ghabhann leis.

(2) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, tá feidhm ag an alt seo ar agus ó dháta rite an Achta seo.

(*b*) Tá feidhm ag *fomhíreanna (c)*, *(d)*, *(e)* agus *(f)* de *mhír 2*, agus ag *fomhíreanna (a)* agus *(c)* de *mhír 3*, de *Sceideal 5* maidir le duine a cheapfar tar éis an tAcht seo a rith.

Leasú ar alt 195 (tuilleamh áirithe de chuid scríbhneoirí, cumadóirí agus ealaíontóirí a bheith díolmhaithe) den Phríomh-Acht.

132.—Leasaítear alt 195 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (15):

"(16) (*a*) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ainm pearsan aonair is ábhar do chinneadh faoi fho-alt (2) a fhoilsiú nó a chur faoi deara é a fhoilsiú.

(*b*) Féadfar, de réir mar is cuí, teideal nó earnáil saothair pearsan aonair a bheith ar áireamh i bhfoilsiú faoi mhír (*a*).".

Leasú ar alt 884 (tuairisceáin ar bhrabúis) den Phríomh-Acht.

133.—Leasaítear alt 884 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (*aa*):

"(*aa*) cibé faisnéis, cuntais, ráitis, tuarascálacha agus sonraí breise—

(i) is iomchuí maidir le dliteanas cánach na cuideachta, nó

(ii) is iomchuí thairis sin maidir le feidhm na nAchtanna Cánach Corparáide i leith na cuideachta,

a cheanglófar leis an bhfógra nó a shonrófar san fhoirm fhorordaithe i leith an tuairisceáin,",

agus

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) I gcás cuideachta a gceanglaítear uirthi—

(*a*) tuairisceán a sheachadadh faoin alt seo do thréimhse, agus

(*b*) faoi Acht na gCuideachtaí, 1963, cuntais a ullmhú nó a dhéanamh amach do thréimhse arb éard í, nó ar cuid di, iomlán na tréimhse sin,

maidir leis an údarás chun a cheangal cuntais a sheachadadh mar chuid den tuairisceán, tá sé teoranta do cibé cuntais, ina bhfuil cibé faisnéis agus a bhfuil i gceangal leo cibé doiciméid, a gceanglaítear faoin Acht sin iad a ullmhú nó a dhéanamh amach.".

Leasuithe ilghnéitheacha: páirtnéirí sibhialta.

134.—(1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(*a*) in alt 216A(3A), trí "leanbh de chuid na pearsan aonair nó de chuid pháirtnéir sibhialta na pearsan aonair" a chur in ionad "leanbh de chuid na pearsan aonair",

(*b*) in alt 286A(3), trí "ar bhás a chéile nó a céile nó a pháirtnéara shibhialta nó a páirtnéara shibhialta" a chur in ionad "ar bhás a chéile nó a céile", agus trí "an céile sin nó an páirtnéir sibhialta sin" a chur in ionad "an céile sin",

(*c*) in alt 462(2)(*b*), trí "i gcás páirtnéirí sibhialta nach gcónaíonn ar leith" a chur in ionad "i gcás páirtnéirí sibhialta más rud é nach gcónaíonn siad ar leith",

(*d*) in alt 604(11), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) San fho-alt seo, ciallaíonn 'gaol cleithiúnach', i ndáil le pearsa aonair, gaol leis an bpearsa aonair, nó le banchéile nó fearchéile na pearsan aonair, atá éagumasach mar gheall ar sheanaois nó easláinte ar é féin nó í féin a chothabháil, nó duine, bíodh nó ná bíodh sé nó sí éagumasach amhlaidh, agus—

(i) arb é nó í athair nó máthair na pearsan aonair nó athair nó máthair bhanchéile nó fhearchéile na pearsan aonair é nó í agus ar baintreach fir nó baintreach é nó í, nó

(ii) arb é nó í athair nó máthair na pearsan aonair nó athair nó máthair bhanchéile nó fhearchéile na pearsan aonair é nó í agus ar páirtnéir sibhialta marthanach é nó í nár phós ná nach ndearna páirtnéireacht shibhialta eile ina dhiaidh sin.",

(*e*) in alt 784A(4)(*b*)(ii), trí "aon leanbh, nó chun sochair eisiach aon linbh, de chuid na pearsan aonair nó de chuid pháirtnéir sibhialta na pearsan aonair" a chur in ionad "aon leanbh, nó chun sochair eisiach aon linbh, de chuid na pearsan aonair",

(*f*) in alt 787K(1)(*c*)(iv), trí "baintreach, baintreach fir nó páirtnéir sibhialta marthanach" a chur in ionad "baintreach nó baintreach fir",

(*g*) in alt 1031A(2), trí "cónaí orthu iarbhír ar leithligh" a chur in ionad "cónaí orthu iarbhír ar leithligh agus ar deighilt", agus

(*h*) in alt 1031J(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "comhshocraíocht chothabhála":

"ciallaíonn 'comhshocraíocht chothabhála'—

(*a*) ordú cúirte faoi Chuid 5 nó 12 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta

agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010, nó

(*b*) iontaobhas, cúnant, comhaontú, comhshocraíocht nó aon ghníomh eile as a dtagann oibleagáid is infhorfheidhmithe le dlí agus a dhéantar i gcomaoin nó de dhroim na nithe seo a leanas—

(i) díscaoileadh nó neamhniú páirtnéireachta sibhialta, nó

(ii) cónaí ar leithligh sna himthosca dá dtagraítear in alt 1031A(2),

agus baineann comhshocraíocht chothabhála leis an bpáirtnéireacht shibhialta arbh i gcomaoin nó de dhroim a díscaoilte nó a neamhnithe, nó arbh i gcomaoin nó de dhroim an chónaí ar leithligh sna himthosca dá dtagraítear in alt 1031A(2), a rinneadh nó a eascraíonn an chomhshocraíocht chothabhála;".

(2) Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003—

(*a*) i mír 7(3)(*a*)(ii) de Chuid 1 de Sceideal 2, trí "aon chéile nó páirtnéir sibhialta de chuid an diúscróra" a chur in ionad "aon chéile de chuid an diúscróra", agus

(*b*) i mír 7(3)(*b*)(ii) de Chuid 1 de Sceideal 2, trí "aon chéile nó páirtnéir sibhialta de chuid an diúscróra" a chur in ionad "aon chéile de chuid an diúscróra".

(3) (*a*) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)* (seachas *mír (a)*) amhail is dá mba rud é gur tháinig sé i ngníomh don bhliain mheasúnachta (de réir bhrí na nAchtanna Cánach Ioncaim agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil) 2011 agus do gach bliain mheasúnachta dá éis.

(*b*) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)(a)* maidir le suimeanna iomchuí (de réir bhrí alt 216A(1) den Phríomh-Acht) a eascraíonn chuig pearsa aonair an 8 Feabhra 2012 nó dá éis.

(*c*) Beidh éifeacht le *fo-alt (2)* amhail is dá mba rud é gur tháinig sé i ngníomh maidir le bronntanas (de réir bhrí an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003) nó maidir le hoidhreacht (de réir na brí sin) a ghlactar an 1 Eanáir 2011 nó dá éis.

Alt 161 den Acht Airgeadais, 2010 do scor.

135.—Leasaítear alt 161 den Acht Airgeadais, 2010 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

"(10) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na blianta measúnachta 2010 agus 2011.".

Leasú ar alt 531AA (léiriú (Cuid 18C)) den Phríomh-Acht.

136.—(1) Leasaítear alt 531AA(1) den Phríomh-Acht, i mír (*a*) den mhíniú ar "pearsa aonair iomchuí", trí ", agus ar saoránach den Stát é nó í," a scriosadh.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tobhach sainchónaithe is inmhuirearaithe don bhliain 2012 agus do bhlianta dá éis.

Leasú ar Sceideal 24A (comhshocraíochtaí arna ndéanamh ag an Rialtas le rialtas aon chríche lasmuigh den Stát i ndáil le faoiseamh ó chánachas dúbailte a thabhairt agus faisnéis a mhalartú i ndáil le cáin) a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

137.—(1) Leasaítear Sceideal 24A a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(*a*) i gCuid 1—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach idir míreanna 1A agus 1:

"1AA. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal) (Poblacht na hAirméine), 2012 (I.R. Uimh. 21 de 2012).",

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 14:

"14A. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Chaipiteal) (Poblacht Chónaidhme na Gearmáine), 2012 (I.R. Uimh. 22 de 2012).",

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 31:

"31A. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Ghnóchain Chaipitiúla) (Poblacht Phanama), 2012 (I.R. Uimh. 25 de 2012).",

agus

(iv) tríd an méid seo a leanas a chur isteach idir míreanna 35 agus 35A:

"35AA. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam) (Ríocht na hAraibe Sádaí), 2012 (I.R. Uimh. 26 de 2012).",

agus

(*b*) i gCuid 3—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 4:

"4A. An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cúrsaí Cánach (Greanáda), 2012 (I.R. Uimh. 23 de 2012).",

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 9:

"10. An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cúrsaí Cánach (Poblacht Vanuatú), 2012 (I.R. Uimh. 24 de 2012).".

(2) Tá feidhm ag an alt seo ar agus ó dháta rite an Achta seo.

Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin.

138.—Maidir leis na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal 6*—

(*a*) leasaítear iad a mhéid agus ar an modh a shonraítear i *míreanna 1* go *3* den Sceideal sin, agus

(*b*) tá feidhm acu agus tagann siad i ngníomh de réir *mhír 4* den Sceideal sin.

An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla.

139.—(1) San alt seo—

tá le "seirbhísí caipitiúla" an bhrí chéanna atá leis sa phríomh-alt;

tá le "an Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla" an bhrí chéanna atá leis sa phríomh-alt;

ciallaíonn "an naoú blianacht bhreise is caoga" an tsuim a mhuirearaítear ar an bPríomh-Chiste faoi *fho-alt (3)*;

ciallaíonn "príomh-alt" alt 22 den Acht Airgeadais, 1950.

(2) I ndáil leis na 29 mbliana airgeadais chomhleanúnacha dar tosach an bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2012, beidh éifeacht le fo-alt (3) d'alt 82 den Acht Airgeadais, 2011 ach "€118,056,952" a chur in ionad "€141,616,974".

(3) D'fhonn iasachtaí i leith seirbhísí caipitiúla agus ús ar na hiasachtaí sin a fhuascailt, déanfar suim €118,068,355 a mhuirearú go bliantúil ar an bPríomh-Chiste nó ar thoradh fáis an Chiste sin sa 30 bliain airgeadais chomhleanúnach dar tosach an bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2012.

(4) Déanfar an naoú blianacht bhreise is caoga a íoc isteach sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ar cibé modh agus cibé tráthanna sa bhliain airgeadais iomchuí a chinnfidh an tAire Airgeadais.

(5) Féadfar aon mhéid den naoú blianacht bhreise is caoga, nach mó ná €90,750,000 in aon bhliain airgeadais, a úsáid chun an t-ús ar an bhfiach poiblí a íoc.

(6) Déanfar iarmhéid an naoú blianacht bhreise is caoga a úsáid ar aon cheann amháin nó níos mó de na slite a shonraítear i bhfo-alt (6) den phríomh-alt.

Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna.

140.—Déantar na cánacha agus na dleachtanna go léir a fhorchuirtear leis an Acht seo a chur faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme.

141.—(1) Féadfar an tAcht Airgeadais, 2012 a ghairm den Acht seo.

(2) Déanfar *Cuid 1* a fhorléiriú—

(*a*) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,

(*b*) a mhéid a bhaineann sí le tobhach ioncaim, i dteannta Chuid 18A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(*c*) a mhéid a bhaineann sí le muirear sóisialach uilíoch, i dteannta Chuid 18D den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(*d*) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide, agus

(*e*) a mhéid a bhaineann sí le cáin ghnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

(3) Déanfar *Cuid 2*, a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, a fhorléiriú i dteannta na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna sin agus le bainistiú na ndleachtanna sin.

(4) Forléireofar *Cuid 3* i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha.

(5) Forléireofar *Cuid 4* i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.

(6) Forléireofar *Cuid 5* i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.

(7) Déanfar *Cuid 6* a fhorléiriú—

(*a*) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,

(*b*) a mhéid a bhaineann sí le tobhach ioncaim, i dteannta Chuid 18A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(*c*) a mhéid a bhaineann sí le muirear sóisialach uilíoch, i dteannta Chuid 18D den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(*d*) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide,

(*e*) a mhéid a bhaineann sí le cáin ghnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

(*f*) a mhéid a bhaineann sí le custaim, i dteannta na nAchtanna Custam,

(*g*) a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, i dteannta na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,

(*h*) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhreisluacha, i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha,

(*i*) a mhéid a bhaineann sí le dleacht stampa, i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

(*j*) a mhéid a bhaineann sí le tobhach sainchónaithe, i dteannta Chuid 18C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(*k*) a mhéid a bhaineann sí le cáin mhaoine cónaithe, i dteannta Chuid VI den Acht Airgeadais, 1983 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an Chuid sin, agus

(*l*) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhronntanais nó cáin oidhreachta, i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.

(8) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite i *gCuid 1*, meastar gur tháinig an Chuid sin i bhfeidhm, agus tá éifeacht léi, ar an agus ón 1 Eanáir 2012.

(9) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite, i gcás go bhfuil foráil den Acht seo le teacht i ngníomh ar an Aire Airgeadais do dhéanamh ordú, tiocfaidh an fhoráil sin i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Alt 54.

SCEIDEAL 1

Leasuithe Iarmhartacha ar an bPríomh-Acht ar Dhul in Éag don Scéim Faoisimh le haghaidh Cuideachtaí Monaraíochta Áirithe

1. Sa Sceideal seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

2. Leasaítear alt 21A den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*) den mhíniú "oibríochtaí eiscthe":

"(*b*) (i) oibriú mianraí sceidealta, cumasc mianrúil agus substaintí mianrúla (de réir bhrí alt 2 den Acht Forbairte Mineárál, 1940), nó

(ii) oibriú mianraí (seachas iad sin a shonraítear i bhfomhír (i)) seachas an oiread sin d'oibriú mianraí den sórt sin ar monarú é,

agus",

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le brabúis cuideachta d'aon tréimhse chuntasaíochta a mhéid is ioncam a éiríonn i gcúrsa aon cheann de na trádálacha seo a leanas na brabúis sin—

(*a*) árachas neamhshaoil,

(*b*) athárachas, agus

(*c*) gnó saoil, a mhéid atá an t-ioncam inchurtha i leith scairshealbhóirí de chuid na cuideachta.",

agus

(*c*) trí fho-alt (4A) a scriosadh.

3. Leasaítear an Príomh-Acht trí alt 22A a scriosadh.

4. Leasaítear alt 82 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Maidir le méid aon chaiteachais a ndéileálfar leis faoi fho-alt (2) mar chaiteachas a tabhaíodh an tráth a rinneadh trádáil nó gairm a bhunú agus a thosú, ní dhéileálfar leis amhlaidh chun críocha alt 381, 396(2) ná 420.".

5. Leasaítear alt 133 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1)(*a*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad na mínithe ar "cumann talmhaíochta", "cumann iascaigh" agus "trádáil shonraithe", faoi seach:

"ciallaíonn 'cumann talmhaíochta' cumann—

(i) a gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas i ndáil leis:

(I) ní lú ná 50 líon comhaltaí an chumainn, agus

(II) is daoine atá ag gabháil go príomha d'fhearachas agus a fhaigheann an phríomhchuid dá n-ioncam ó fhearachas comhaltaí uile an chumainn nó formhór na gcomhaltaí sin,

nó

(ii) ar eisíodh deimhniú lena mbaineann an fhomhír seo chuige;

ciallaíonn 'cumann iascaigh' cumann—

(i) a gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas i ndáil leis:

(I) ní lú ná 20 líon comhaltaí an chumainn, agus

(II) is daoine atá ag gabháil go príomha d'iascaireacht agus a fhaigheann an phríomhchuid dá n-ioncam ó iascaireacht comhaltaí uile an chumainn nó formhór na gcomhaltaí sin,

nó

(ii) ar eisíodh deimhniú lena mbaineann an fhomhír seo chuige;

ciallaíonn 'trádáil shonraithe', faoi réir mhíreanna (*b*), (*d*) agus (*e*), trádáil arb é atá inti go hiomlán nó go formhór monarú earraí.",

(*b*) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*d*):

"(*da*) Aon deimhniú lena mbaineann fomhír (ii) den mhíniú ar 'cumann talmhaíochta' nó fomhír (ii) den mhíniú ar 'cumann iascaigh' i mír (*a*), is deimhniú é a tugadh—

(i) faoi mhír (*b*) nó (*c*) d'alt 433(16),

(ii) faoi mhír (*a*) nó (*b*) d'alt 70(2) den Acht Airgeadais, 1963,

(iii) faoi mhír (*a*) nó (*b*) d'alt 220(2) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, nó

(iv) faoi mhír (*a*) nó (*b*) d'alt 18(2) den Acht Airgeadais, 1978,

de réir mar a bheidh, agus nár cúlghaireadh.",

agus

(*c*) i bhfo-alt (1), trí mhír (*e*) a scriosadh.

6. Leasaítear alt 134 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(*a*), trí "le halt 133(1)(*a*)" a chur in ionad "le halt 443(16)".

7. Leasaítear alt 138 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

"(4) Más rud é, murach ailt 445 agus 446 a scriosadh, nach mbeadh scaireanna arna n-eisiúint ag cuideachta ina scaireanna tosaíochta chun críocha an ailt seo ansin, d'ainneoin na hailt sin a scriosadh, déileálfar leis na scaireanna sin mar scaireanna nach scaireanna tosaíochta chun na gcríoch sin agus beidh feidhm ag an alt seo fara aon mhodhnuithe is gá chun éifeacht a thabhairt don fho-alt seo.".

8. Leasaítear alt 198 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) I gcás nach mbeadh cuideachta inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim de réir an ailt seo i leith úis arna íoc i leith 'urrús iomchuí' (de réir bhrí alt 246)—

(*a*) murach gur scriosadh ailt 445 agus 446, agus

(*b*) murach go ndearnadh tagairt sna hailt sin do theorainneacha ama i leith deimhnithe lenar bhain gach alt,

ansin, d'ainneoin na hailt sin a scriosadh agus d'ainneoin na dteorainneacha ama sin, ní bheidh an chuideachta inmhuirearaithe amhlaidh agus beidh feidhm ag forálacha eile an ailt seo fara aon mhodhnuithe is gá chun éifeacht a thabhairt don fho-alt seo.".

9. Leasaítear alt 243A den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (3), trí "I gcás" a chur in ionad "Faoi réir alt 454, i gcás",

(*b*) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) ioncam a shonraítear in alt 21A(4),".

10. Leasaítear alt 243B den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an míniú "muirir ar ioncam a íocadh chun earraí a dhíol" a scriosadh,

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) I gcás go n-éilíonn cuideachta faoiseamh faoin alt seo d'aon tréimhse chuntasaíochta i leith an bharrachais déanfar, a mhéid is muirir thrádála iomchuí an barrachas, cáin chorparáide iomchuí na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta a laghdú de mhéid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$C \times \frac{R}{100}$$

i gcás—

gurb é C méid na muirear trádála iomchuí ar ioncam, agus

gurb é R an ráta faoin gcéad de cháin chorparáide a bhfuil feidhm aige, de bhua alt 21, i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta.",

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) I gcás go ndéanann cuideachta éileamh ar fhaoiseamh faoin alt seo i leith aon mhuirir thrádála iomchuí ar ioncam a íocadh i dtréimhse chuntasaíochta, maidir le méid (nach mó ná méid an bharrachais a bhféadfar éileamh a dhéanamh faoin alt seo ina leith), arna chinneadh de réir na foirmle—

$$T \times \frac{100}{R}$$

i gcás—

gurb é T an méid dá ndéantar an cháin chorparáide iomchuí don tréimhse chuntasaíochta a laghdú de bhua fho-alt (3), agus

gurb é R an ráta faoin gcéad de cháin chorparáide a bhfuil feidhm aige, de bhua alt 21, i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta,

measfar, chun críocha na nAchtanna Cánach, gur tugadh faoiseamh ina leith faoin alt seo.".

11. Leasaítear alt 246 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) I gcás nach mbeadh feidhm ag fo-alt (2) maidir le hús arna íoc le duine a bhfuil a ghnátháit chónaithe nó a gnátháit chónaithe lasmuigh den Stát de bhua fho-alt (3)—

(*a*) murach gur scriosadh ailt 445 agus 446, agus

(*b*) murach go ndearnadh tagairt sna hailt sin do theorainneacha ama i leith deimhnithe lenar bhain gach alt,

ansin, d'ainneoin na hailt sin a scriosadh agus d'ainneoin na dteorainneacha ama sin, ní bheidh feidhm ag fo-alt (2) maidir le hús den sórt sin agus beidh feidhm ag forálacha eile an ailt seo fara aon mhodhnuithe is gá chun éifeacht a thabhairt don fho-alt seo.".

12. Leasaítear alt 321 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9)—

"(10) Más rud é, murach ailt 445 agus 446 a scriosadh, go ndéanfaí liúntas a thabhairt do chuideachta nó muirear a chur uirthi d'aon tréimhse inmhuirearaithe faoin gCuid seo ansin, d'ainneoin gur scriosadh na hailt sin, tabharfar an liúntas sin don chuideachta nó cuirfear an muirear sin uirthi agus, dá réir sin, beidh feidhm ag an gCuid seo fara aon mhodhnuithe is gá chun éifeacht a thabhairt don fho-alt seo.".

13. Leasaítear alt 396 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), trí "faoi fho-alt (2), alt 396A(3) nó 396B(2)" a chur in ionad "faoi fho-alt (2) nó alt 396A(3), 396B(2) nó 455(3)".

14. Leasaítear alt 396A den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3)—

(*a*) trí "I gcás" a chur in ionad "Faoi réir alt 455, i gcás", agus

(*b*) trí "in alt 21A(4)" a chur in ionad "in alt 21A(4)(*b*)" sa dá áit a bhfuil sé.

15. Leasaítear alt 396B den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an míniú "caillteanas ó earraí a dhíol" a scriosadh,

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) I gcás go n-éilíonn cuideachta faoiseamh faoin alt seo d'aon tréimhse chuntasaíochta i leith an bharrachais, déanfar cáin chorparáide iomchuí na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta sin agus, má bhí an chuideachta ag seoladh na trádála an tráth sin agus gur gá é le haghaidh an éilimh, déanfar cáin chorparáide iomchuí na cuideachta do thréimhsí cuntasaíochta roimhe sin a chríochnaigh laistigh den tréimhse ama a shonraítear i bhfo-alt (4), a laghdú, a mhéid is caillteanas trádála iomchuí an barrachas, de mhéid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$L \times \frac{R}{100}$$

i gcás—

gurb é L méid an bharrachais, agus

gurb é R an ráta faoin gcéad de cháin chorparáide a bhfuil feidhm aige, de bhua alt 21, i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta.".

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) I gcás go ndéanann cuideachta éileamh faoin alt seo ar fhaoiseamh d'aon tréimhse chuntasaíochta i leith aon chaillteanas trádála iomchuí a tabhaíodh i dtrádáil i dtréimhse chuntasaíochta, maidir le méid (nach mó ná méid an bharrachais a bhféadfar éileamh a dhéanamh ina leith faoin alt seo), arna chinneadh de réir na foirmle—

$$T \times \frac{100}{R}$$

i gcas—

gurb é T an méid dá ndéantar an méid cánach corparáide iomchuí don tréimhse chuntasaíochta a laghdú de bhua fho-alt (3), agus

gurb é R an ráta faoin gcéad de cháin chorparáide a bhfuil feidhm aige, de bhua alt 21, i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta,

déileálfar leis chun críocha na nAchtanna Cánach mar mhéid caillteanais a dtugtar faoiseamh ina leith in aghaidh brabús de chuid na tréimhse cuntasaíochta sin.".

16. Leasaítear alt 403 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

"(8A) Más rud é, murach ailt 445 agus 446 a scriosadh, go mbeadh aon innealra nó gléasra, chun críocha an mhínithe ar 'liúntais chaipitiúla shonraithe', ina innealra nó ina ghléasra lena mbaineann fo-alt (8), ansin, d'ainneoin na hailt sin a scriosadh, is innealra nó gléasra lena mbaineann fo-alt (8) chun na gcríoch sin an t-innealra nó an gléasra agus beidh feidhm ag an alt seo fara aon mhodhnuithe is gá chun éifeacht a thabhairt don fho-alt seo.".

17. Leasaítear alt 420A den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3)(*a*)—

(*a*) trí "I gcás" a chur in ionad "Faoi réir alt 456, i gcás", agus

(*b*) trí "in alt 21A(4)" a chur in ionad "in alt 21A(4)(*b*)".

18. Leasaítear alt 420B den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí na mínithe ar "muirir ar ioncam a íocadh chun earraí a dhíol" agus "caillteanas ó earraí a dhíol" a scriosadh,

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) I gcás go n-éilíonn cuideachta faoiseamh faoin alt seo d'aon tréimhse chuntasaíochta i leith caillteanas infhaoisimh déanfar, a mhéid is caillteanas nó muirir ar ioncam an caillteanas infhaoisimh, cáin chorparáide iomchuí na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta a laghdú de mhéid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$L \times \frac{R}{100}$$

i gcás—

gurb é L méid is comhionann le méid an chaillteanais infhaoisimh, agus

gurb é R an ráta faoin gcéad a shonraítear in alt 21 i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta.",

agus

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

"(4) I gcás go n-éilíonn cuideachta faoiseamh faoin alt seo d'aon tréimhse chuntasaíochta i leith aon chaillteanas trádála iomchuí nó aon bhreis a bheidh ag muirir thrádála iomchuí ar ioncam, déileálfar leis an gcuideachta ghéillte mar chuideachta a ghéill caillteanais trádála agus muirir ar ioncam, agus déileálfar leis an gcuideachta éilimh mar chuideachta a d'éiligh faoiseamh i leith caillteanais trádála agus muirir ar ioncam, ar caillteanais agus muirir iad de mhéid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$T \times \frac{100}{R}$$

i gcás—

gurb é T an méid dá ndéantar an cháin chorparáide iomchuí is iníoctha don tréimhse chuntasaíochta a laghdú de bhua fho-alt (3), agus

gurb é R an ráta faoin gcéad de cháin chorparáide a bhfuil feidhm aige, de bhua alt 21, i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta.".

19. Leasaítear alt 434 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (5A), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "ioncam trádála indáilte":

"ciallaíonn 'ioncam trádála indáilte' de chuid cuideachta do thréimhse chuntasaíochta ioncam trádála na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta tar éis an méid cánach corparáide a asbhaint a bheadh iníoctha ag an gcuideachta don tréimhse chuntasaíochta dá mba ar bhonn an ioncaim sin a ríomhfaí an cháin;".

20. Leasaítear Cuid 14 den Phríomh-Acht trí ailt 442 go 451 agus alt 453 a scriosadh.

21. Leasaítear alt 452 den Phríomh-Acht:

(*a*) i bhfo-alt (1), trí na mínithe "cuideachta cháilithe" agus "oibríochtaí trádála iomchuí" a scriosadh,

(*b*) trí fho-alt (3) a scriosadh, agus

(*c*) i bhfo-alt (4), trí ", (3)(*b*)" a scriosadh.

22. Leasaítear alt 487 den Phríomh-Acht—

(*a*) sa mhíniú ar "brabús cuntasaíochta", i bhfo-alt (1)(*a*)—

(i) trí mhír (ii)(III) a scriosadh, agus

(ii) trí "i bhfomhíreanna (IV) agus (V)" a chur in ionad "i bhfomhíreanna (III), (IV) agus (V)" agus trí "faoi Chuid 35" a chur in ionad "faoi Chodanna 14 agus 35" i mír (iii),

agus

(*b*) sa mhíniú ar "buncháin ghrúpa", trí "ar fhomhír (IV)" a chur in ionad "ar fhomhíreanna (III), (IV)".

23. Leasaítear alt 701 den Phríomh-Acht, sa mhíniú ar "cumann" i bhfo-alt (1), trí "de réir bhrí alt 133(1)(*a*)" a chur in ionad "de réir bhrí alt 443(16)".

24. Leasaítear alt 710 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2)(*b*):

"(*b*) I gcás go mbeadh cáin chorparáide inmhuirearaithe ar chuideachta i leith brabúis gnó saoil de réir fho-alt (2)(*a*)—

(i) murach gur scriosadh alt 446, agus

(ii) murach go ndearnadh tagairt san alt sin do theorainneacha ama i leith deimhnithe lenar bhain an t-alt,

ansin, d'ainneoin an t-alt sin a scriosadh agus d'ainneoin na dteorainneacha ama sin, beidh cáin chorparáide inmhuirearaithe ar na brabúis sin de réir fho-alt (2)(*a*), agus beidh feidhm ag forálacha eile an ailt seo fara aon mhodhnuithe is gá chun éifeacht a thabhairt don fho-alt seo.".

25. Leasaítear alt 734 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1)(*c*):

"(*c*) I gcás nach mbeadh gnóthas comhinfheistíochta inmhuirearaithe i leith cánach maidir le brabúis iomchuí, ach go mbeadh na brabúis iomchuí inmhuirearaithe i leith cánach i lámha an tsealbhóra aonad, lena n-áirítear an gnóthas, lena ndéantar íocaíocht iomchuí, arb í na brabúis iomchuí í, nó as na brabúis iomchuí, de réir fho-alt (3)—

(i) murach gur scriosadh ailt 445 agus 446, agus

(ii) murach go ndearnadh tagairt sna hailt sin do theorainneacha ama i leith deimhnithe lenar bhain gach alt,

ansin, d'ainneoin na hailt sin a scriosadh agus d'ainneoin na dteorainneacha ama sin, ní bheidh an gnóthas comhinfheistíochta inmhuirearaithe amhlaidh i leith cánach maidir le brabúis iomchuí, ach beidh na brabúis iomchuí inmhuirearaithe i leith cánach amhlaidh i lámha an tsealbhóra aonad, lena n-áirítear an gnóthas, lena ndéantar íocaíocht iomchuí, arb í na brabúis iomchuí í, nó as na brabúis iomchuí, agus beidh feidhm ag forálacha eile an ailt seo fara aon mhodhnuithe is gá chun éifeacht a thabhairt don fho-alt seo.".

26. Leasaítear Sceideal 24 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(*a*) i mír 4(2), trí "faoi réir fhomhíreanna (4) agus (5)" a chur in ionad "faoi réir fhomhíreanna (3) go (5)",

(*b*) i mír 4(2A), trí "ach faoi réir fhomhír (3)" a scriosadh,

(*c*) i mír 4, trí fhomhír (3) a scriosadh,

(*d*) i mír 4(4), trí chlásal (*b*) a scriosadh,

(*e*) i mír 4(5)(*a*), trí "agus ailt 449 agus 450" a scriosadh,

(*f*) i mír 4(5)(*b*), trí fhochlásail (ii) agus (iii) a scriosadh,

(*g*) i mír 9A(5)(*b*), trí "alt 449 nó" a scriosadh,

(*h*) i mír 9D, trí fhomhír (3) a scriosadh,

(*i*) i mír 9DA(5)(*b*), trí "alt 449 nó", a scriosadh, agus

(*j*) i mír 9DB, trí fhomhír (3) a scriosadh.

Alt 97.

SCEIDEAL 2

Dleacht is Inmhuirearaithe ar Mhaoin Neamhchónaithe a Laghdú

1. I Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, faoin gCeannteideal "TÍOLACAS nó AISTRIÚ ar dhíol aon mhaoine seachas stoic nó urrúis inmhargaidh nó polasaí árachais nó polasaí árachais saoil.", an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (1) go (15):

"(1) I gcás go bhfuil méid nó luach na comaoine i leith an díola inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin chónaithe agus go bhfuil ráiteas san ionstraim á dheimhniú go bhfuil an chomaoin i leith an díola—

(*a*) inchurtha go hiomlán i leith maoin chónaithe, nó

(*b*) inchurtha go páirteach i leith maoin chónaithe,

de réir mar a bheidh, agus nach bhfuil an t-idirbheart a chuirtear i gcrích leis an ionstraim sin ina chuid d'idirbheart is mó ná sin ná de shraith idirbheart, a mbeadh méid nó luach, nó méid nó luach comhiomlán, na comaoine ina leith (seachas an chomaoin i leith an díola lena mbaineann is inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin chónaithe), dá mbeadh idirbheart is mó ná sin nó sraith idirbheart ann, inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin chónaithe:

don chomaoin is inchurtha i leith maoin chónaithe	1 faoin gcéad den chéad €1,000,000 den chomaoin agus 2 faoin gcéad d'iarmhéid na comaoine ina dhiaidh sin ach i gcás gur méid nach iolraí ar €1 an méid is toradh ar an ríomh, déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh a shlánú síos go dtí an € is gaire.

(2) I gcás nach bhfuil feidhm ag mír (1) agus go bhfuil méid nó luach na comaoine i leith an díola inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin chónaithe agus go bhfuil ráiteas san ionstraim á dheimhniú go bhfuil an chomaoin i leith an díola—

(*a*) inchurtha go hiomlán i leith maoin chónaithe, nó

(*b*) inchurtha go páirteach i leith maoin chónaithe,

de réir mar a bheidh, agus go bhfuil an t-idirbheart a chuirtear i gcrích leis an ionstraim ina chuid d'idirbheart is mó ná sin nó de shraith idirbheart, nó gur méid is comhionann le Y méid nó luach, nó méid nó luach comhiomlán, na comaoine is inchurtha i leith maoin chónaithe

i gcás—

gurb é Y méid nó luach, nó méid nó luach comhiomlán, na comaoine i leith

an idirbhirt is mó ná sin nó na sraithe idirbheart is inchurtha i leith maoin chónaithe:

don chomaoin is inchurtha i leith maoin chónaithe ..... Dleacht stampa de mhéid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$\frac{A \times B}{C}$$

i gcás—

gurb é A an méid dleachta stampa a bheadh inmhuirearaithe faoi mhír (1) ar mhéid nó luach, nó ar mhéid nó luach comhiomlán, na comaoine i leith an idirbhirt is mó ná sin nó i leith na sraithe idirbheart is inchurtha i leith maoin chónaithe dá mbeadh feidhm ag mír 1 maidir leis an gcomaoin sin,

gurb é B méid nó luach na comaoine i leith an díola lena mbaineann is inchurtha i leith maoin chónaithe, agus

gurb é C méid nó luach, nó méid nó luach comhiomlán, na comaoine i leith an idirbhirt is mó ná sin nó na sraithe idirbheart is inchurtha i leith maoin chónaithe,

ach i gcás gur méid nach iolraí ar €1 is toradh ar an ríomh, déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh a shlánú síos go dtí an € is gaire.

(3) I gcás nach bhfuil feidhm ag míreanna (1) agus (2) agus go bhfuil méid nó luach na comaoine i leith an díola inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin chónaithe:

don chomaoin is inchurtha i leith maoin chónaithe ..... 2 faoin gcéad den chomaoin, ach i gcás gur méid nach iolraí ar €1 is toradh ar an ríomh, déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh a shlánú síos go dtí an € is gaire.

(4) I gcás go bhfuil méid nó luach na comaoine i leith an díola inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin nach maoin chónaithe ..... 2 faoin gcéad den chomaoin is inchurtha i leith maoin nach maoin chónaithe ach i gcás gur

méid nach iolraí ar €1 is toradh ar an ríomh, déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh a shlánú síos go dtí an € is gaire.

(5) I gcás go bhfuil feidhm ag mír (4) i gcás tíolacas nó aistriú ar dhíol nó i gcás tíolacas nó aistriú a oibríonn mar dhiúscairt shaorálach *inter vivos*—

(*a*) forghníomhaítear an ionstraim roimh an 1 Eanáir 2015, agus

(*b*) tá deimhniú san ionstraim ón bpáirtí chuig a bhfuil an mhaoin á tíolacadh nó á haistriú á rá go bhfuil gaol ag an duine atá ag teacht i dteideal an leasa thairbhiúil iomláin sa mhaoin (nó, i gcás níos mó ná duine amháin do theacht i dteideal leas tairbhiúil sa mhaoin, ag gach duine díobh) leis an duine nó le gach duine de na daoine a bhí díreach roimhe sin i dteideal an leasa thairbhiúil iomláin sa mhaoin, ar shlí nó ar shlí eile de na slite seo a leanas, is é sin le rá, mar dhírshliochtach, tuismitheoir, seantuismitheoir, leastuismitheoir, fearchéile nó banchéile, deartháir nó deirfiúr tuismitheora nó deartháir nó deirfiúr, nó mar dhírshliochtach tuismitheora, fearchéile nó banchéile nó dearthár nó deirféar, nó maidir leis an duine nó gach duine de na daoine a bhí díreach roimhe sin ina theideal, a pháirtnéir sibhialta nó a páirtnéir sibhialta, páirtnéir sibhialta ceachtar dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí nó dírshliochtach a pháirtnéara shibhialta nó a páirtnéara shibhialta .....

dleacht ar cóimhéid le leath na dleachta stampa *ad valorem* ab inmhuirearaithe faoin gceannteideal seo murach forálacha na míre seo, ach i gcás gur méid nach iolraí ar €1 is toradh ar an ríomh, déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh a shlánú síos go dtí an € is gaire.".

2. I Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, faoin gCeannteideal "LÉAS." i mír (3), an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (*a*) agus (*b*):

"(*a*) i gcás gur aon airgead, stoc nó urrús an chomaoin, nó aon chuid den chomaoin (seachas cíos), atá ag dul chun an léasóra, nó chun aon duine eile, agus—

(i) go bhfuil méid nó luach na comaoine sin i leith an léasa inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin chónaithe, agus go bhfuil ráiteas san ionstraim á dheimhniú go bhfuil an chomaoin (seachas cíos) i leith an léasa—

(I) inchurtha go hiomlán i leith maoin chónaithe, nó

(II) irteach i leith maoin chónaithe,

de réir mar a bheidh, agus nach bhfuil an t-idirbheart a chuirtear i gcrích leis an ionstraim sin ina chuid d'idirbheart is mó ná sin ná de shraith idirbheart, a mbeadh méid nó luach, nó méid nó luach comhiomlán, na comaoine ina leith (seachas an chomaoin i leith an léasa lena mbaineann is inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin chónaithe agus seachas cíos), dá mbeadh idirbheart is mó ná sin nó sraith idirbheart ann, inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin chónaithe:

don chomaoin is inchurtha i leith maoin chónaithe.....	1 faoin gcéad den chéad €1,000,000 den chomaoin agus 2 faoin gcéad d'iarmhéid na comaoine ina dhiaidh sin ach i gcás gur méid nach iolraí ar €1 an méid is toradh ar an ríomh, déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh a shlánú síos go dtí an € is gaire.

(ii) go bhfuil méid nó luach na comaoine sin i leith an léasa inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin chónaithe, agus go bhfuil ráiteas san ionstraim á dheimhniú go bhfuil an chomaoin (seachas cíos) i leith an léasa—

(I) inchurtha go hiomlán i leith maoin chónaithe, nó

(II) inchurtha go páirteach i leith maoin chónaithe,

de réir mar a bheidh, agus go bhfuil an t-idirbheart a chuirtear i gcrích leis an ionstraim sin ina chuid d'idirbheart is mó ná sin nó de shraith idirbheart, nó gur méid is comhionann le Y méid nó luach, nó méid nó luach comhiomlán, na comaoine (seachas cíos) is inchurtha i leith maoin chónaithe

i gcás—

gurb é Y méid nó luach, nó méid nó luach comhiomlán, na comaoine (seachas cíos) i leith an idirbhirt is mó ná sin nó na sraithe idirbheart is inchurtha i leith maoin chónaithe,

agus nach bhfuil feidhm ag clásal (i):

don chomaoin is inchurtha i leith maoin chónaithe.....	Dleacht stampa de mhéid arna chinneadh de réir na foirmle— $\frac{A \times B}{C}$ i gcás—

	gurb é A an méid dleachta stampa ab inmhuirearaithe faoi chlásal (i) ar mhéid nó luach, nó ar mhéid nó luach comhiomlán, na comaoine (seachas cíos) i leith an idirbhirt is mó ná sin nó na sraithe idirbheart is inchurtha i leith maoin chónaithe dá mbeadh feidhm ag clásal (i) maidir leis an gcomaoin sin, gurb é B méid nó luach na comaoine (seachas cíos) i leith an léasa lena mbaineann is inchurtha i leith maoin chónaithe, agus gurb é C méid nó luach, nó méid nó luach comhiomlán, na comaoine (seachas cíos) i leith an idirbhirt is mó ná sin nó na sraithe idirbheart is inchurtha i leith maoin chónaithe, ach i gcás gur méid nach iolraí ar €1 an méid is toradh ar an ríomh, déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh a shlánú síos chuig an € is gaire.
(iii) go bhfuil méid nó luach na comaoine sin inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin chónaithe agus nach bhfuil feidhm ag clásail (i) agus (ii).....	2 faoin gcéad den chomaoin is inchurtha i leith maoin chónaithe ach i gcás gur méid nach iolraí ar €1 an méid is toradh ar an ríomh, déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh a shlánú síos chuig an € is gaire.
(*b*) i gcás gur aon airgead, stoc nó urrús an chomaoin, nó aon chuid den chomaoin (seachas cíos), atá ag dul chun an léasóra, nó chun aon duine eile, agus go bhfuil méid nó luach na comaoine sin inchurtha go hiomlán nó go páirteach i leith maoin nach maoin chónaithe	2 faoin gcéad den chomaoin is inchurtha i leith maoin nach maoin chónaithe ach i gcás gur méid nach iolraí ar €1 an méid is toradh ar an ríomh, déanfar an méid a ríomhtar amhlaidh a shlánú síos chuig an € is gaire.”.

SCEIDEAL 3 *Alt 107.*

STAMPÁIL IONSTRAIMÍ A NUACHÓIRIÚ: FÉINMHEASÚNACHT A THABHAIRT ISTEACH AGUS ATHRUITHE IARMHARTACHA, ETC.

1. Sa Sceideal seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999.

2. Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Maidir le haon ionstraim ar arb inmhuirearaithe dleacht stampa, mura mbeidh sí scríofa ar ábhar atá stampáilte go cuí, déanfar, roimh dheireadh na tréimhse 30 lá tar éis í a fhorghníomhú den chéad uair, an dleacht stampa chuí a stampáil go cuí uirthi.".

3. Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí "(seachas i gcás go gceanglaítear ar na Coimisinéirí a dtuairim a chur in iúl i ndáil le hinmhuirearaitheacht na hionstraime i leith dleachta de réir alt 20)" a scriosadh,

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) I gcás go n-oibríonn, nó go meastar go n-oibríonn, ionstraim mar dhiúscairt shaorálach *inter vivos* faoi alt 30 nó 54, díreofar aird na gCoimisinéirí ar an bhfíoras sin sa tuairisceán leictreonach nó sa tuairisceán ar pháipéar atá le seachadadh i ndáil le hionstraim a cheanglaítear a stampáil agus i gcás nach ndéanfar de réir cheanglas an fho-ailt seo toimhdeofar, chun críocha fho-alt (3) den alt seo nó chun críocha alt 134A(2)(*a*), de réir mar a bheidh, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur go faillíoch nó d'aon turas, de réir mar a bheidh, a ghníomhaigh duine cuntasach.",

agus

(*c*) trí fho-ailt (6) agus (7) a scriosadh.

4. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8A:

"Pionóis: mainneachtain tuairisceáin a sheachadadh.

8B.—I gcás go mainníonn duine cuntasach a chur faoi deara tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a sheachadadh i ndáil le hionstraim laistigh den tréimhse ama a shonraítear in alt 2(3), tabhóidh an duine cuntasach nó, i gcás go bhfuil níos mó ná duine cuntasach amháin ann, tabhóidh gach duine cuntasach pionós €3,000.

Léiriú amhrais.

8C.—(1) San alt seo—

tá le 'an dlí' an bhrí a shanntar dó le fo-alt (2);

ciallaíonn 'litir léirithe amhrais' cumarsáid a fhaightear i bhfoirm inléite agus—

(*a*) ina leagtar amach mionsonraí iomlána na bhfíoras agus na n-imthosca a dhéanann difear do dhliteanas

ionstraime i leith dleacht stampa, agus ina ndéantar tagairt do na forálacha den dlí is cúis leis an amhras,

(*b*) ina n-aithnítear an méid dleachta stampa a bhfuil amhras ann ina thaobh maidir leis an ionstraim lena mbaineann an léiriú amhrais,

(*c*) a bhfuil doiciméadacht tacaíochta ina teannta de réir mar is iomchuí, agus

(*d*) a aithnítear go soiléir mar litir léirithe amhrais chun críocha an ailt seo,

agus forléireofar tagairt do 'léiriú amhrais' dá réir sin.

(2) (*a*) Faoi réir mhír (*b*), i gcás go bhfuil amhras ar dhuine cuntasach, i ndáil le hionstraim, i dtaobh feidhmiú ceart aon achtacháin a bhaineann le dleacht stampa (dá ngairtear 'an dlí' san alt seo) maidir le hionstraim—

(i) a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le dliteanas i leith dleacht stampa ar thaobh an duine sin, nó

(ii) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhliteanas an duine sin i leith dleacht stampa nó do theideal an duine sin chuig díolúine nó faoiseamh ó dhleacht stampa,

ansin féadfaidh an duine cuntasach litir léirithe amhrais a thaisceadh leis na Coimisinéirí ar cibé modh a cheanglóidh na Coimisinéirí.

(*b*) Ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt seo ach amháin más rud é go ndéantar—

(i) an tuairisceán leictreonach nó an tuairisceán ar pháipéar, agus

(ii) an léiriú amhrais dá dtagraítear i mír (*a*),

araon a sheachadadh ar na Coimisinéirí roimh dheireadh na tréimhse 30 lá tar éis an ionstraim a fhorghníomhú den chéad uair.

(3) Faoi réir fho-alt (4), i gcás go gcuireann duine cuntasach faoi deara tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a sheachadadh ar na Coimisinéirí agus go ndéanann sé nó sí léiriú amhrais a bhaineann leis an ionstraim a thaisceadh de réir an ailt seo, ansin ní bheidh feidhm ag ús arna ríomh de réir alt 159D maidir le haon dleacht stampa bhreise a éiríonn i gcás go dtugann na Coimisinéirí fógra don duine i dtaobh fheidhmiú ceart an dlí maidir leis an

ionstraim sin, agus ní mheasfar gur tuairisceán mícheart an tuairisceán más rud é go ndéantar tuairisceán leasaithe, ina bhfuil measúnacht atá le cur in ionad measúnacht roimhe sin, a sheachadadh agus an dleacht bhreise a íoc laistigh de 30 lá ón dáta a eisítear an fógra sin.

(4) Níl feidhm ag fo-alt (3) i gcás nach nglacann na Coimisinéirí leis gur léiriú amhrais dáiríre léiriú amhrais i ndáil le feidhmiú ceart an dlí maidir le hionstraim agus, go háirithe, ní ghlacfar leis gur léiriú amhrais dáiríre léiriú amhrais más rud é—

(*a*) gur eisigh na Coimisinéirí treoirlínte ginearálta maidir le feidhmiú an dlí in imthosca den tsamhail chéanna,

(*b*) go bhfuil na Coimisinéirí den tuairim go bhfuil an ní saor a dhóthain ó amhras thairis sin le nach gá léiriú amhrais, nó

(*c*) go bhfuil na Coimisinéirí den tuairim go raibh an duine cuntasach ag gníomhú d'fhonn dleacht a imghabháil nó a sheachaint.

(5) I gcás nach nglacann na Coimisinéirí Ioncaim leis gur léiriú amhrais dáiríre léiriú amhrais, tabharfaidh siad fógra á rá sin don duine cuntasach agus, ar an bhfógra a fháil, cuirfidh an duine cuntasach faoi deara tuairisceán leasaithe a sheachadadh ina mbeidh measúnacht a bheidh le cur in ionad measúnacht roimhe sin agus an dleacht bhreise a íoc, mar aon le haon ús is iníoctha arna ríomh de réir alt 159D.

(6) Más éagóir le duine cuntasach breith ó na Coimisinéirí faoi fho-alt (5), féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc de réir alt 21(9).".

5. Leasaítear alt 14 den Phríomh-Acht—

(*a*) trí fho-ailt (2), (2A) agus (3) a scriosadh, agus

(*b*) i bhfo-alt (4), trí "nó pionós" a scriosadh.

6. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 14:

"Comhdú déanach tuairisceáin.

14A.—(1) San alt seo, ciallaíonn 'dáta tuairisceáin sonraithe' an tríochadú lá tar éis an dáta a dhéantar ionstraim is inmhuirearaithe i leith dleachta a fhorghníomhú den chéad uair.

(2) Chun críocha an ailt seo—

(*a*) i gcás go gcuireann duine cuntasach faoi deara, d'aon turas nó go míchúramach, tuairisceán leictreonach mícheart nó tuairisceán mícheart ar pháipéar a sheachadadh an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe, measfar gur

mhainnigh an duine sin an tuairisceán a sheachadadh an dáta sin nó roimhe, mura leigheastar an earráid sa tuairisceán trí thuairisceán ceart a sheachadadh an dáta sin nó roimhe,

(*b*) i gcás go gcuireann duine cuntasach faoi deara tuairisceán leictreonach mícheart nó tuairisceán mícheart ar pháipéar a sheachadadh an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe, ach nach d'aon turas ná go míchúramach a dhéanann sé nó sí amhlaidh, agus go dtagann sé ar iúl an duine sin (nó, má d'éag sé nó sí, go dtagann sé ar iúl a ionadaí phearsanta nó a hionadaí phearsanta) go bhfuil sé mícheart, measfar gur mhainnigh an duine an tuairisceán a sheachadadh an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe, mura leigheastar an earráid sa tuairisceán trí thuairisceán ceart a sheachadadh gan moill mhíréasúnach, agus

(*c*) i gcás go gcuireann duine cuntasach faoi deara tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a sheachadadh an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe, ach go gceanglaíonn na Coimisinéirí ar an duine sin, mar gheall ar na Coimisinéirí a bheith míshásta le haon fhaisnéis atá sa tuairisceán, trí fhógra i scríbhinn arna sheirbheáil air nó uirthi, ráiteas nó fianaise, nó ráiteas breise nó fianaise bhreise, de réir mar a cheanglóidh siad, a sheachadadh, measfar, mura ndéanann an duine an ráiteas nó an fhianaise, nó an ráiteas breise nó an fhianaise bhreise, a sheachadadh laistigh den tréimhse ama a bheidh sonraithe in aon fhógra, nach ndearna an duine an tuairisceán a sheachadadh an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe.

(3) I gcás go mainníonn duine cuntasach a chur faoi deara tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar i ndáil le hionstraim a sheachadadh an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe, déanfar an dleacht stampa is inmhuirearaithe ar an ionstraim sin a mhéadú de mhéid (dá ngairtear 'formhuirear' san alt seo) is comhionann—

(*a*) le 5 faoin gcéad de mhéid na dleachta, faoi réir formhuirear uasta €12,695, i gcás go seachadtar an tuairisceán sula mbeidh 2 mhí caite ón dáta tuairisceáin sonraithe, agus

(*b*) le 10 faoin gcéad de mhéid na dleachta, faoi réir formhuirear uasta €63,485, i gcás nach seachadtar an tuairisceán

sula mbeidh 2 mhí caite ón dáta tuairisceáin sonraithe.".

7. Leasaítear an Príomh-Acht trí ailt 15, 16 agus 17 a scriosadh.

8. Leasaítear alt 17A den Phríomh-Acht i mír (*f*)—

(*a*) i bhfomhír (i), trí "agus an pionós" a scriosadh, agus

(*b*) trí fhomhír (ii) a scriosadh.

9. Leasaítear alt 18 den Phríomh-Acht trí "4 bliana ón dáta a stampáil na Coimisinéirí an ionstraim" a chur in ionad "6 bliana tar éis an ionstraim a dhéanamh nó a fhorghníomhú".

10. Leasaítear alt 20 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an ailt sin:

"Measúnacht ar dhleacht ag na Coimisinéirí.

20.—(1) D'ainneoin fho-alt (2), i gcás go seachadtar tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar i ndáil le hionstraim a cheanglaítear a stampáil tríd an gcóras ríomhstampála, beidh ar áireamh sa tuairisceán sin measúnacht ar cibé méid dleachta stampa ba chóir a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar an ionstraim de réir mar is fearr is eol don duine cuntasach, mar is feasach dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, agus íocfaidh an duine cuntasach, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara go n-íocfar, an dleacht stampa a mheasúnófar amhlaidh mar aon le hús arna ríomh de réir alt 159D mura ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim measúnacht eile atá le cur in ionad na measúnachta sin.

(2) I gcás go mainníonn duine cuntasach a chur faoi deara tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a sheachadadh i ndáil le hionstraim a cheanglaítear a stampáil tríd an gcóras ríomhstampála, déanfaidh na Coimisinéirí measúnacht ar cibé méid dleachta stampa ba chóir a mhuirearú, a thobhach agus a íoc ar an ionstraim, de réir mar is fearr is eol dóibh, mar is feasach dóibh (lena n-áirítear faisnéis a fuarthas ó chomhalta den Gharda Síochána) agus mar a chreideann siad, agus beidh duine cuntasach faoi dhliteanas an dleacht stampa a mheasúnófar amhlaidh a íoc mar aon le hús arna ríomh de réir alt 159D mura ndéanann na Coimisinéirí measúnacht eile atá le cur in ionad na measúnachta sin.

(3) I gcás go ndéanann na Coimisinéirí measúnacht atá le cur in ionad measúnacht eile, beidh duine cuntasach faoi dhliteanas an dleacht stampa a mheasúnófar amhlaidh a íoc mar aon le hús arna ríomh de réir alt 159D.

(4) Féadfaidh na Coimisinéirí a cheangal cóip den ionstraim a thabhairt dóibh, mar aon le cibé fianaise a mheasfaidh siad is gá, chun a shuíomh chun a sástachta go ndearnadh nó go ndéanfar an ionstraim a stampáil i gceart.

(5) Gach ionstraim a stampálfar i gcomhréir le measúnacht a dhéanfar faoin alt seo, beidh sí inghlactha i bhfianaise agus ar fáil chun gach críche d'ainneoin aon agóid a bhaineann le dleacht.

(6) Aon ionstraim ar arb inmhuirearaithe dleacht, más rud é nach bhfuil sí stampáilte nó go bhfuil sí stampáilte ar shlí neamhdhóthanach, ní stampálfar í ar shlí seachas de réir measúnachta.

(7) Maidir le haon ionstraim nach féidir de réir dlí í a stampáil tar éis í a fhorghníomhú, ní údarófar le haon ní san alt seo í a stampáil tar éis í a fhorghníomhú.

(8) Féadfaidh na Coimisinéirí cibé fiosruithe a dhéanamh nó cibé bearta a dhéanamh is dóigh leo is gá chun a dheimhniú dóibh féin gur tuairisceán cruinn tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a sheachadtar i ndáil le hionstraim a cheanglaítear a stampáil.

(9) Más rud é go seachadtar tuairisceán leictreonach leasaithe nó tuairisceán leasaithe ar pháipéar i ndáil le hionstraim a cheanglaítear a stampáil tríd an gcóras ríomhstampála, beidh ar áireamh sa tuairisceán leasaithe sin measúnacht a bheidh le cur in ionad measúnacht roimhe sin.".

11. Leasaítear alt 21 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an ailt sin:

"Ceart achomhairc ag daoine atá míshásta le measúnacht nó le breith.

21.—(1) San alt seo—

tá le "Coimisinéirí Achomhairc" an bhrí a shanntar dó le halt 850 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

ciallaíonn 'tréimhse ama chun achomharc a thionscnamh' 30 lá.

(2) Aon duine cuntasach atá míshásta le measúnacht ó na Coimisinéirí i ndáil le hionstraim, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc i gcoinne na measúnachta agus éistfidh agus cinnfidh na Coimisinéirí Achomhairc an t-achomharc agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte a gcinneadh mura gceanglaítear an t-achomharc a athéisteacht ag breitheamh den Chúirt Chuarda nó mura gceanglaítear cás a shonrú i ndáil leis chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar phonc dlí.

(3) Ní cead achomharc a dhéanamh i gcoinne measúnacht a dhéanann na Coimisinéirí ar dhuine cuntasach, i gcás go ndearna na Coimisinéirí agus an duine cuntasach, nó aon duine a bhí údaraithe chuige sin ag an duine cuntasach, an dleacht a chomhaontú roimh an measúnacht a dhéanamh.

(4) (*a*) Más rud é—

(i) go mainníonn duine cuntasach a chur faoi deara tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a sheachadadh i ndáil le hionstraim, nó

(ii) nach bhfuil na Coimisinéirí sásta leis an tuairisceán leictreonach nó leis an tuairisceán ar pháipéar a seachadadh, nó go bhfuair siad aon fhaisnéis maidir lena neamhdhóthanacht,

agus go ndéanann na Coimisinéirí measúnacht de réir alt 20, ní bheidh aon ábhar achomhairc ann i gcoinne na measúnachta sin—

(I) i gcás lena mbaineann fomhír (i), go dtí cibé tráth a sheachadtar tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar ar na Coimisinéirí, agus

(II) i gcás lena mbaineann fomhír (i) nó (ii), go dtí cibé tráth a íocann an duine cuntasach méid dleachta, nó a bheidh méid dleachta íoctha aige nó aici, ar scór na measúnachta nach lú ná an dleacht ab iníoctha ar scór na measúnachta dá ndéanfaí an mheasúnacht ar gach slí faoi threoir an tuairisceáin arna sheachadadh ar na Coimisinéirí,

agus measfar go dtosóidh an tréimhse ama chun achomharc a thionscnamh i gcoinne na measúnachta ar an dáta is luaithe a bheidh an tuairisceán seachadta agus an méid sin dleachta íoctha.

(*b*) Forléireofar tagairtí san fho-alt seo do mhéid dleachta mar thagairtí a fholaíonn formhuirear faoi alt 14A(3) agus aon mhéid úis a bheadh dlite agus iníoctha ar an dleacht sin, arna ríomh de réir alt 159D, ar dháta íoctha na dleachta, mar aon le haon chostais arna dtabhú nó aon mhéideanna eile a mhuirearófar nó a thoibheofar le linn an dleacht a bheidh sa mheasúnacht a bheith á bailiú.

(5) I gcás go dtionscnaítear achomharc i gcoinne measúnacht a rinneadh ar dhuine cuntasach i ndáil le hionstraim a cheanglaítear a stampáil tríd an gcóras ríomhstampála, sonróidh an duine cuntasach san fhógra achomhairc—

(*a*) gach méid nó ní sa mheasúnacht arb éagóir leis an duine cuntasach é, agus

(*b*) na forais mhionsonraithe atá le hachomharc an duine chuntasaigh maidir le gach méid nó ní den sórt sin.

(6) Más rud é, maidir le méid nó ní lena mbaineann fógra achomhairc, nach gcomhlíonann an fógra fo-alt (5), beidh an fógra neamhbhailí a mhéid a bhaineann sé leis an méid sin nó leis an ní sin agus measfar nár tionscnaíodh an t-achomharc atá i gceist a mhéid a bhaineann sé leis an méid sin nó leis an ní sin.

(7) Ní bheidh an duine cuntasach i dteideal seasamh ar aon fhoras achomhairc nach mbeidh sonraithe san fhógra achomhairc mura mbeidh na Coimisinéirí Achomhairc, nó an Breitheamh den Chúirt Chuarda, de réir mar a bheidh, sásta nach bhféadfaí le réasún an foras a shonrú san fhógra.

(8) D'ainneoin fho-alt (2)—

(*a*) aon duine atá míshásta le haon bhreith ó na Coimisinéirí maidir le luach aon talún chun críche measúnachta faoin Acht seo, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe sin ar an tslí a fhorordaítear le halt 33 (arna leasú leis an Acht um Luachanna Maoine (Eadránacha agus Achomhairc), 1960) den *Finance (1909-10) Act* 1910, agus beidh feidhm maidir le hachomharc faoin bhfo-alt seo ag an oiread sin Chuid I den Acht sin a bhaineann le hachomhairc;

(*b*) ní bheidh ábhar achomhairc ann faoi fho-alt (2) maidir le haon cheist a bhaineann le luach aon talún.

(9) Aon duine cuntasach arb éagóir leis nó léi breith ó na Coimisinéirí faoi alt 8C(5) nach léiriú amhrais dáiríre atá i léiriú amhrais, féadfaidh sé nó sí, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí laistigh den tréimhse 30 lá tar éis an fógra a fháil faoin mbreith sin, a cheangal an ní a tharchur chuig na Coimisinéirí Achomhairc agus, ar achomharc a éisteacht faoin bhfo-alt seo, ní thabharfaidh na Coimisinéirí Achomhairc aird ach amháin ar an léiriú amhrais a bheith dáiríre nó gan a bheith dáiríre.

(10) Faoi réir an ailt seo, beidh feidhm ag Caibidil 1 de Chuid 40 (a bhaineann le hachomhairc) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, fara aon mhodhnuithe is gá, mar atá feidhm aici chun críocha cánach ioncaim.".

12. Leasaítear alt 29 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (4)(*a*), trí ", i dtuairim na gCoimisinéirí," agus "nó cibé iolrú is lú ná sin, ach nach lú ná 5, ar mhargadhluach oscailte na talún is cuí leis na Coimisinéirí

ag féachaint don fhaisnéis iomchuí a bheidh ar fáil dóibh" a scriosadh, agus

(*b*) trí fho-alt (6) a scriosadh.

13. Leasaítear alt 30 den Phríomh-Acht trí fho-alt (3) a scriosadh.

14. Leasaítear alt 33 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), trí "I ndáil le hionstraim ar arb inmhuirearaithe dleacht de réir fho-alt (1), más rud é, ar éileamh a dhéanfar chun na gCoimisinéirí tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis do na Coimisinéirí an ionstraim a stampáil," a chur in ionad "Más rud é, ar éileamh a dhéanfar chun na gCoimisinéirí tráth nach déanaí ná 6 bliana tar éis ionstraim, ar arb inmhuirearaithe dleacht de réir fho-alt (1), a dhéanamh nó a fhorghníomhú,".

15. Leasaítear alt 33 den Phríomh-Acht trí fho-alt (4) a scriosadh.

16. Leasaítear alt 53 den Phríomh-Acht——

(*a*) i bhfo-alt (4)(*a*), trí ", i dtuairim na gCoimisinéirí," agus "nó cibé iolrú is lú ná sin, ach nach lú ná 5, ar mhargadhluach oscailte na talún is cuí leis na Coimisinéirí ag féachaint don fhaisnéis iomchuí a bheidh ar fáil dóibh" a scriosadh, agus

(*b*) trí fho-alt (6) a scriosadh.

17. Leasaítear alt 54 den Phríomh-Acht trí fho-alt (3) a scriosadh.

18. Leasaítear alt 71 den Phríomh-Acht trí mhír (*g*) a scriosadh.

19. Leasaítear alt 77 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) a rinneadh laistigh den tréimhse 4 bliana ón dáta a rinneadh an treoir oibritheora dá dtagraítear in alt 69,".

20. Leasaítear alt 79 den Phríomh-Acht—

(*a*) trí fho-alt (2) a scriosadh,

(*b*) i bhfo-alt (3), trí "arbh éifeacht di" a chur in ionad "a suífear ina leith chun sástacht na gCoimisinéirí gurbh é ab éifeacht don ionstraim",

(*c*) i bhfo-alt (5), trí "murar forghníomhaíodh" a chur in ionad "mura suífear chun sástacht na gCoimisinéirí freisin nár forghníomhaíodh",

(*d*) i bhfo-alt (6), trí mhír (*b*) a scriosadh, agus

(*e*) i mír (*a*) d'fho-alt (7), trí "nach raibh an díolúine dlite go cuí" a chur in ionad "go raibh aon dearbhú nó aon fhianaise eile a tugadh i dtacaíocht leis an éileamh neamhfhírinneach in aon phonc ábhartha".

21. Leasaítear alt 80 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (2), trí "go suífear chun sástacht na gCoimisinéirí" a scriosadh,

(*b*) trí mhír (*a*) d'fho-alt (3) a scriosadh,

(*c*) trí mhír (*b*) d'fho-alt (7) a scriosadh, agus

(*d*) i mír (*a*) d'fho-alt (8), trí "nach raibh an díolúine dlite go cuí" a chur in ionad "go raibh aon dearbhú nó aon fhianaise eile a tugadh i dtacaíocht leis an éileamh neamhfhírinneach in aon phonc ábhartha".

22. Leasaítear alt 80A den Phríomh-Acht—

(*a*) trí fho-alt (5) a scriosadh,

(*b*) trí mhír (*b*) d'fho-alt (7) a scriosadh, agus

(*c*) i bhfo-alt (8), trí "nach raibh an díolúine dlite go cuí" a chur in ionad "go raibh aon dearbhú nó aon fhianaise eile a tugadh mar thacaíocht leis an éileamh neamhfhírinneach in aon phonc ábhartha".

23. Leasaítear alt 81AA den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (8):

"(8) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon ionstraim a oibríonn mar thíolacas nó mar aistriú (cibé acu ar dhíol nó mar dhiúscairt shaorálach *inter vivos*) ar leas i dtalamh chuig feirmeoir óg oilte más rud é go bhfuil sé ar intinn ag an bhfeirmeoir óg oilte, nó ag gach feirmeoir óg oilte i gcás níos mó ná feirmeoir óg oilte amháin a bheith ann, ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta forghníomhaithe na hionstraime—

(*a*) 50 faoin gcéad ar a laghad de ghnáth-am oibre an duine sin a chaitheamh i mbun feirmeoireachta ar an talamh, agus

(*b*) úinéireacht a choimeád ar an talamh.",

(*b*) trí fho-alt (10) a scriosadh, agus

(*c*) i bhfo-alt (11), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*c*):

"(*c*) Más rud é, laistigh de 4 bliana ó dháta forghníomhaithe ionstraime lena mbaineann an fo-alt seo, go bhfuil an caighdeán bainte amach ag an aistrí, maidir leis na Coimisinéirí, i gcás go ndéanann an t-aistrí, nó go ndéanann gach duine díobh i gcás níos mó ná aistrí amháin a bheith ann, éileamh ar aisíocaíocht chucu agus go bhfuil sé ar intinn ag an duine sin, nó ag gach duine díobh sin, ar feadh tréimhse 5 bliana ón dáta a dhéantar an t-éileamh ar aisíocaíocht chuig na Coimisinéirí—

(i) 50 faoin gcéad ar a laghad de ghnáth-am oibre an duine sin a chaitheamh i mbun feirmeoireachta ar an talamh, agus

(ii) úinéireacht a choimeád ar an talamh,

déanfaidh siad cibé dleacht ab inmhuirearaithe dá mbeadh feidhm ag an alt seo maidir leis an

ionstraim nuair a tairgeadh í lena stampáil den chéad uair a chealú agus a aisíoc.".

24. Leasaítear alt 82 den Phríomh-Acht trí fho-alt (2) a scriosadh.

25. Leasaítear alt 82A den Phríomh-Acht trí fho-alt (3) a scriosadh.

26. Leasaítear alt 82B den Phríomh-Acht trí mhír (*b*) d'fho-alt (2) a scriosadh.

27. Leasaítear alt 83B den Phríomh-Acht trí fho-alt (2) a scriosadh.

28. Leasaítear alt 95 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), trí "deimhniú a bheith san ionstraim á rá" a scriosadh.

29. Leasaítear alt 96 den Phríomh-Acht trí fho-alt (3) a scriosadh.

30. Leasaítear alt 97 den Phríomh-Acht trí fho-alt (3) a scriosadh.

31. Leasaítear alt 97A den Phríomh-Acht trí fho-alt (3) a scriosadh.

32. Leasaítear alt 127 den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), trí "na dleachta neamhíoctha, lena n-áirítear aon fhormhuirear a tabhaíodh faoi alt 14A(3), maille leis an ús" a chur in ionad "na dleachta neamhíoctha, maille leis an ús agus leis an bpionós",

(*b*) i bhfo-alt (2), tríd an leagan cuí gramadaí de "an dleacht, lena n-áirítear aon fhormhuirear a tabhaíodh faoi alt 14A(3), agus an t-ús" a chur in ionad an leagain chomhréirigh de "an dleacht, an t-ús agus an pionós" gach áit a bhfuil sé,

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Ar aon ionstraim a thabhairt ar aird do na Coimisinéirí ar íocadh aon dleacht, lena n-áirítear aon fhormhuirear a tabhaíodh faoi alt 14A(3), agus aon ús ina leith faoi fho-alt (1), mar aon leis an admháil, agus ar seachadadh tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar ar na Coimisinéirí ina leith, déileálfaidh na Coimisinéirí leis an dleacht, lena n-áirítear aon fhormhuirear a tabhaíodh faoi alt 14A(3), agus leis an ús mar dhleacht agus ús a íocadh sa chóras ríomhstampála.",

agus

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

"(5) Chun críocha fho-alt (4), meastar ionstraim a stampáladh tríd an gcóras ríomhstampála a bheith stampáilte go cuí d'ainneoin aon agóid a bhaineann le dleacht.".

33. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 128:

"Oibleagáid taifid a choinneáil.

128A.—(1) San alt seo—

folaíonn 'taifid' leabhair, cuntais, doiciméid, agus aon sonraí eile a chothabháiltear de láimh nó trí aon phróiseas leictreonach, fótagrafach nó eile—

(*a*) maidir le dliteanas i leith dleacht stampa, agus

(*b*) maidir le faoiseamh nó le haon díolúine a éilítear faoi aon fhoráil den Acht seo.

(2) Déanfaidh gach duine cuntasach, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfar thar a cheann nó thar a ceann, taifid den chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a choinneáil ar taifid iad is gá chun na nithe seo a leanas a chumasú—

(*a*) tuairisceán fírinneach a thabhairt nó ráiteas fírinneach a dhéanamh chun críocha an Achta seo, agus

(*b*) éileamh ar fhaoiseamh nó ar dhíolúine faoi aon fhoráil den Acht seo a shuíomh.

(3) Aon taifid a cheanglaítear a choinneáil de bhua an ailt seo, coinneofar iad—

(*a*) i bhfoirm scríofa, nó

(*b*) faoi réir alt 887(2) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, trí aon phróiseas leictreonach, fótagrafach nó eile.

(4) Maidir le taifid a choinnítear chun críocha fho-ailt (2) agus (3), déanfaidh an duine ar a gceanglaítear na taifid a choinneáil iad a choinneáil ar feadh tréimhse 6 bliana dar tosach cibé dáta díobh seo a leanas is déanaí—

(*a*) an dáta a seachadadh tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar ar na Coimisinéirí, nó

(*b*) an dáta a íocadh an dleacht leis na Coimisinéirí.

(5) Aon duine a mhainníonn fo-alt (2), (3) nó (4) a chomhlíonadh i leith aon taifid a choinneáil a bhaineann le dliteanas i leith dleacht stampa, nó le faoiseamh nó díolúine, dlífear pionós €3,000 a chur air nó uirthi.

Cumhacht iniúchta.

128B.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'oifigeach údaraithe' oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim arna údarú nó arna húdarú i scríbhinn acu chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú;

ciallaíonn 'fostaí' fostaí atá, de bhua a fhostaíochta nó a fostaíochta, in ann, nó in ann a chur faoi deara—

(*a*) na leabhair, na taifid nó na doiciméid eile a thabhairt ar aird,

(*b*) faisnéis, mínithe agus sonraí a thabhairt, agus

(*c*) gach cúnamh a cheanglófar faoi fho-alt (3) a thabhairt d'oifigeach údaraithe;

tá le 'taifid' an bhrí chéanna atá leis in alt 128A;

ciallaíonn 'duine iomchuí' duine cuntasach agus, i gcás ina gcoinnítear taifid thar a cheann nó thar a ceann, duine a choinníonn na taifid;

ciallaíonn 'tuairisceán' tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar.

(2) Féadfaidh oifigeach údaraithe, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh nó áit ghnó de chuid duine iomchuí chun tuairisceán a iniúchadh.

(3) Féadfaidh oifigeach údaraithe a cheangal ar dhuine iomchuí nó ar fhostaí de chuid an duine iomchuí taifid nó doiciméid eile a thabhairt ar aird agus faisnéis, mínithe agus sonraí a thabhairt agus gach cúnamh a thabhairt a cheanglóidh an t-oifigeach údaraithe le réasún chun críocha a iniúchta nó a hiniúchta faoi fho-alt (2).

(4) Féadfaidh oifigeach údaraithe sleachta a thógáil as na taifid nó as na doiciméid eile nó as an ábhar eile go léir a chuirfear ar fáil dó nó di nó as aon chuid díobh nó cóipeanna a thógáil díobh go léir nó d'aon chuid díobh nó a cheangal go gcuirfear cóipeanna de thaifid nó de dhoiciméid eile ar fáil dó nó di, le linn a chumhachtaí nó a cumhachtaí nó a dhualgais nó a dualgais faoin alt seo a fheidhmiú nó a chomhlíonadh.

(5) Le linn a chumhachtaí nó a cumhachtaí nó a dhualgais nó a dualgais faoin alt seo a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, déanfaidh oifigeach údaraithe a údarú nó a húdarú a thabhairt ar aird chun críocha an ailt seo ar sin a iarraidh.

(6) Maidir le fostaí de chuid duine iomchuí a mhainníonn ceanglais an oifigigh údaraithe a chomhlíonadh le linn cumhachtaí nó dualgais an oifigigh údaraithe faoin alt seo a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, dlífear pionós €1,265 a chur air nó uirthi.

(7) Maidir le duine iomchuí a mhainníonn ceanglais an oifigigh údaraithe a chomhlíonadh le linn cumhachtaí nó dualgais an oifigigh údaraithe faoin alt seo a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, dlífear pionós €19,045 a chur air nó uirthi agus, má leantar den mhainneachtain sin, dlífear pionós breise €2,535 a chur air nó uirthi in aghaidh gach lae a leantar den mhainneachtain.".

34. Leasaítear alt 134A den Phríomh-Acht—

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "duine":

" ciallaíonn 'duine'—

(*a*) chun críocha fho-ailt (2)(*b*) agus (4)(*b*), comhalta córais,

(*b*) chun críocha fho-ailt (2)(*c*) agus (4)(*c*), duine cuntasach i gcás go gcuirtear faoi deara nó go ndéantar tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a sheachadadh ar na Coimisinéirí, agus

(*c*) chun críocha fho-alt (2)(*d*), duine cuntasach más rud é, maidir le tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a cheanglaítear a sheachadadh, nach seachadtar é ar na Coimisinéirí;",

(*b*) i bhfo-alt (2), trí "nó" a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé i mír (*b*), trí "ar an tuairisceán sin, nó" a chur in ionad "ar an tuairisceán sin," i mír (*c*) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*c*):

"(*d*) mainneachtain tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a sheachadadh nó a chur faoi deara é a sheachadadh ar tuairisceán é a cheanglaítear a sheachadadh ar na Coimisinéirí,",

(*c*) i bhfo-alt (3), trí "agus" a scriosadh i mír (*b*), trí "i bhfo-alt (9), agus" a chur in ionad "i bhfo-alt (9)," i mír (*c*) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*c*):

"(*d*) i bhfo-alt (2), i ndáil le mír (*d*) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (9A),",

(*d*) i bhfo-alt (4), trí "nó" a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé i mír (*b*), trí "ar thuairisceán den sórt sin, nó" a chur in ionad "ar thuairisceán den sórt sin," i mír (*c*) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*c*):

"(*d*) mainneachtain tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a sheachadadh nó a chur faoi deara é a sheachadadh ar tuairisceán é a cheanglaítear a sheachadadh ar na Coimisinéirí,",

(*e*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(5A) (*a*) Is é a bheidh sa phionós breise dá dtagraítear i bhfo-alt (4) i ndáil le mír (*d*) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (9A) arna laghdú go dtí 40 faoin gcéad.

(*b*) I gcás gur chomhoibrigh an duine a thabhaigh an pionós go hiomlán le haon imscrúdú nó le haon fhiosrúchán a thionscain na Coimisinéirí

nó oifigeach Ioncaim i dtaobh aon ní is cúis leis an duine sin a bheith faoi dhliteanas i leith dleachta, is é a bheidh sa phionós breise dá dtagraítear i bhfo-alt (4) i ndáil le mír (*d*) den fho-alt sin, an méid a shonraítear i bhfo-alt (9A) arna laghdú—

(i) go dtí 30 faoin gcéad den mhéid sin i gcás nach bhfuil feidhm ag fomhír (ii) ná (iii),

(ii) go dtí 20 faoin gcéad den mhéid sin i gcás go ndearna an duine sin nochtadh cáilitheach spreagtha, nó

(iii) go dtí 5 faoin gcéad den mhéid sin i gcás go ndearna an duine sin nochtadh cáilitheach neamhspreagtha.",

(*f*) i bhfo-alt (6), trí "nó" a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé i mír (*b*), trí "ar thuairisceán den sórt sin, nó" a chur in ionad "ar thuairisceán den sórt sin," i mír (*c*) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*c*):

"(*d*) mainneachtain tuairisceán leictreonach nó tuairisceán ar pháipéar a sheachadadh nó a chur faoi deara é a sheachadadh ar tuairisceán é a cheanglaítear a sheachadadh ar na Coimisinéirí,",

agus

(*g*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

"(9A) Is é a bheidh sa mhéid dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(*d*) agus i bhfo-alt (5A) an méid dleachta ab iníoctha dá mba rud é gur seachadadh tuairisceán.".

35. Leasaítear alt 151 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) go ndéanfar an t-iarratas ar fhaoiseamh laistigh den tréimhse 4 bliana tar éis an stampa a mhilleadh nó tar éis dó teacht chun bheith gan mhaith nó, i gcás ionstraime forghníomhaithe, laistigh den tréimhse 4 bliana ón dáta a rinne na Coimisinéirí an ionstraim a stampáil,".

36. Leasaítear alt 152 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an ailt sin:

"Lamháltas i leith stampaí a mí-úsáideadh.

152.—Nuair a bheidh aon duine tar éis stampa ba luachmhaire ná ba ghá a úsáid go neamhaireach le haghaidh ionstraim is inchurtha faoi dhleacht, nó tar éis stampa a úsáid go neamhaireach le haghaidh ionstraim nach inchurtha faoi aon dleacht, féadfaidh na Coimisinéirí, ar iarratas arna dhéanamh laistigh den tréimhse 4 bliana ón dáta a stampáil na Coimisinéirí an ionstraim, agus ar an dleacht chuí a stampáil ar an ionstraim, más inchurtha faoi dhleacht í, an stampa a mí-úsáideadh amhlaidh a chealú nó é a lamháil mar stampa millte.".

37. Leasaítear alt 154 den Phríomh-Acht trí "4 bliana ón dáta a ceannaíodh an stampa" a chur in ionad "6 bliana díreach roimh an iarratas".

38. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 158:

"Tarmligean. 158A.—Aon ní a cheanglaítear ar na Coimisinéirí a dhéanamh faoin Acht seo, seachas rialacháin a dhéanamh nó duine a údarú faoin alt seo, féadfaidh cibé oifigeach nó oifigigh, nó cibé aicme oifigigh nó oifigeach, do na Coimisinéirí a údaróidh na Coimisinéirí i scríbhinn chuige sin é a dhéanamh agus féadfar oifigigh éagsúla nó aicmí éagsúla oifigeach a údarú chun críoch éagsúil.".

39. Déantar Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht, arna leasú leis an Acht seo, a leasú—

(*a*) faoin gCeannteideal "TÍOLACAS nó AISTRIÚ ar dhíol aon stoc nó urrús inmhargaidh."—

(i) i mír (1), trí "nach bhfuil an ionstraim ina cuid d'idirbheart" a chur in ionad "go bhfuil ráiteas san ionstraim á dheimhniú nach bhfuil an t-idirbheart a chuirtear i gcrích leis an ionstraim sin ina chuid d'idirbheart", agus

(ii) i mír (2), trí ", más lú é ná €1, a shlánú suas go dtí €1 agus," a scriosadh sa dara colún den mhír sin,

(*b*) faoin gCeannteideal "TÍOLACAS nó AISTRIÚ ar dhíol aon mhaoine seachas stoic nó urrúis inmhargaidh nó polasaí árachais nó polasaí árachais saoil."—

(i) i mír (1), trí "go bhfuil ráiteas san ionstraim á dheimhniú go bhfuil an chomaoin i leith an díola—" a scriosadh, trí fhomhíreanna (*a*) agus (*b*) a scriosadh agus trí "de réir mar a bheidh, agus" a scriosadh,

(ii) i mír (2), trí "go bhfuil ráiteas san ionstraim á dheimhniú go bhfuil an chomaoin i leith an díola—" a scriosadh, trí fhomhíreanna (*a*) agus (*b*) a scriosadh agus trí "de réir mar a bheidh, agus" a scriosadh,

(iii) trí mhír (3) a scriosadh,

agus

(*c*) faoin gCeannteideal "LÉAS." tríd an méid seo a leanas a scriosadh—

(i) i mír (3)(*a*)(i), trí "go bhfuil ráiteas san ionstraim á dheimhniú go bhfuil an chomaoin (seachas cíos) i leith an léasa—" a scriosadh, trí fhochlásail (I) agus (II) a scriosadh agus trí "de réir mar a bheidh, agus" a scriosadh,

(ii) i mír (3)(*a*)(ii), trí "go bhfuil ráiteas san ionstraim á dheimhniú go bhfuil an chomaoin (seachas cíos) i leith an léasa—" a scriosadh, trí fhochlásail (I) agus (II) a scriosadh agus trí "de réir mar a bheidh, agus" a scriosadh,

(iii) trí mhír (3)(*a*)(iii) a scriosadh.

SCEIDEAL 4 *Alt 129.*

NUACHÓIRIÚ RIALACHA MEASÚNAITHE CÁNACHA DÍREACHA LENA NÁIRÍTEAR RIALACHA LE HAGHAIDH FÉINMHEASÚNACHTA

CUID 1

LEASÚ AR AN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACHA, 1997

Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 41:

"CUID 41A

RIALACHA MEASÚNAITHE LENA NÁIRÍTEAR RIALACHA LE HAGHAIDH FÉINMHEASÚNACHTA

CAIBIDIL 1

Léiriú (Cuid 41A)

Léiriú.

959A.—Sa Chuid seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn 'Achtanna'—

(*a*) na hAchtanna Cánach Ioncaim,

(*b*) na hAchtanna Cánach Corparáide,

(*c*) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

(*d*) Cuid 18C,

(*e*) Cuid 18D,

agus aon ionstraimí arna ndéanamh faoi aon cheann de na hAchtanna nó na Codanna sin;

ciallaíonn 'méid cánach is inmhuirearaithe ar dhuine', i ndáil le duine agus le hAcht, an méid cánach is inmhuirearaithe ar an duine faoin Acht tar éis aon liúntas, asbhaint nó faoiseamh a chur i gcuntas a údaraítear leis an Acht a thabhairt don duine i gcoinne ioncaim, brabús nó gnóchan nó, de réir mar is infheidhme, gnóchain inmhuirearaithe;

ciallaíonn 'méid cánach is iníoctha ag duine', i ndáil le duine agus le hAcht, an méid cánach a ríomhtar tríd an méid cánach is inmhuirearaithe ar an duine a laghdú de mhéid aon chreidmheasa cánach a údaraítear leis an Acht a thabhairt don duine;

ciallaíonn 'achomharc' achomharc faoi alt 933 nó, maidir le cáin ghnóchan caipitiúil, achomharc faoi alt 945;

ciallaíonn 'measúnacht', seachas in alt 959G, measúnacht i leith cánach a dhéantar faoi na

hAchtanna agus, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, folaíonn sé féinmheasúnacht;

tá le 'gnóchan inmhuirearaithe' an bhrí chéanna atá leis in alt 545(3);

ciallaíonn 'tréimhse inmhuirearaithe' tréimhse chuntasaíochta cuideachta nó bliain chánach;

ciallaíonn 'duine inmhuirearaithe', maidir le tréimhse inmhuirearaithe, duine ar arb inmhuirearaithe cáin don tréimhse sin, cibé acu ar chuntas an duine sin féin nó ar chuntas duine éigin eile ach, maidir le cáin ioncaim, ní fholaíonn sé duine lena mbaineann fo-alt (1) d'alt 959B;

ciallaíonn 'cinneadh ar an achomharc' cinneadh ó na Coimisinéirí Achomhairc faoi alt 933(4), agus folaíonn sé comhaontú dá dtagraítear in alt 933(3) agus measúnacht do theacht chun bheith críochnaitheach agus dochloíte de bhua alt 933(6);

tá le 'dáta dlite maidir le méid réamhchánach a íoc' an bhrí a shanntar dó le Caibidil 7;

folaíonn 'meán leictreonach' meán leictreonach, digiteach, maighnéadach, optúil, leictreamaighnéadach, bithmhéadrach, fótónach chun sonraí a tharchur agus cineálacha eile teicneolaíochta gaolmhaire trína dtarchuirtear sonraí;

folaíonn 'taifead leictreonach' meán leictreonach, digiteach, maighnéadach, optúil, leictreamaighnéadach, bithmhéadrach, fótónach chun sonraí a stóráil agus cineálacha eile teicneolaíochta gaolmhaire trína stóráiltear sonraí;

tá le 'comhpháirtí tosaíochta' an bhrí chéanna atá leis i gCuid 43;

ciallaíonn 'foirm fhorordaithe' foirm atá forordaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim nó foirm a úsáidtear faoi údarás na gCoimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn 'réamhcháin' an méid cánach a cheanglaítear ar dhuine inmhuirearaithe a íoc de réir alt 959AN;

ciallaíonn 'tuairisceán' an tuairisceán a cheanglaítear a ullmhú agus a sheachadadh de réir Chaibidil 3;

forléireofar 'measúnacht Ioncaim' de réir alt 959C;

ciallaíonn 'oifigeach Ioncaim' oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn 'féinmheasúnacht' measúnacht i leith cánach arna déanamh ag duine inmhuirearaithe, nó i ndáil le duine inmhuirearaithe, de réir Chaibidil 4;

ciallaíonn 'forálacha sonraithe' ailt 877 go 881, alt 884, míreanna (*a*) agus (*b*) d'alt 888(2), alt 1023, agus alt 1031H;

forléireofar 'dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse chuntasaíochta' de réir mhír (*b*) den mhíniú ar dháta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe;

ciallaíonn 'dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe'—

(*a*) i ndáil le bliain chánach chun críocha cánach ioncaim nó cánach gnóchan caipitiúil, an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain chánach tar éis na bliana sin,

(*b*) i ndáil le tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta—

(i) faoi réir fhomhíreanna (ii) agus (iii), an lá deireanach den tréimhse 9 mí dar tosach an lá díreach tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná an 21ú lá den mhí ina gcríochnaíonn an tréimhse 9 mí sin,

(ii) i gcás go gcríochnaíonn an tréimhse chuntasaíochta ar an dáta a thosaítear ar an gcuideachta a fhoirceannadh nó roimh an dáta sin, agus go mbeadh an dáta tuairisceáin sonraithe i leith na tréimhse cuntasaíochta sin, ar leith ón bhfomhír seo, ar lá a bheadh tar éis an dáta a tosaíodh ar an bhfoirceannadh ach ní laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis an dáta sin, an lá a bheidh ann 3 mhí tar éis an dáta a tosaíodh ar an bhfoirceannadh ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná an 21ú lá den mhí ina gcríochnaíonn an tréimhse 3 mhí sin, agus

(iii) más rud é, i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta, go dtugtar tuairisceán trí mheán leictreonach de réir Chaibidil 6 de Chuid 38 agus go ndéantar aon íocaíocht a cheanglaítear ar an gcuideachta a dhéanamh de réir fhorálacha na nAchtanna trí cibé meán leictreonach a cheanglaíonn na Coimisinéirí Ioncaim—

(I) in imthosca seachas na himthosca sin dá dtagraítear i bhfomhír (ii), an lá deireanach den tréimhse 9 mí dar tosach an lá díreach tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná an 23ú lá den mhí ina

gcríochnaíonn an tréimhse 9 mí sin ar choinníoll go dtugtar an tuairisceán agus go ndéantar an íocaíocht araon faoin lá sin,

(II) sna himthosca dá dtagraítear i bhfomhír (ii), an lá a bheidh ann 3 mhí tar éis an dáta a tosaíodh ar an bhfoirceannadh ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná an 23ú lá den mhí ina gcríochnaíonn an tréimhse 3 mhí sin ar choinníoll go dtugtar an tuairisceán agus go ndéantar an íocaíocht araon faoin lá sin;

forléireofar 'dáta tuairisceáin sonraithe don bhliain chánach' de réir mhír (*a*) den mhíniú ar dháta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe;

ciallaíonn 'cáin', seachas in alt 959G, aon cháin ioncaim, cáin chorparáide, cáin ghnóchan caipitiúil nó aon tobhach nó muirear eile a chuirtear faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn 'creidmheas cánach', i ndáil le duine agus le hAcht, méid a údaraítear leis an Acht a fhritháireamh in aghaidh an mhéid cánach, nó a asbhaint ón méid cánach, is inmhuirearaithe ar an duine d'fhonn an méid cánach ab iníoctha thairis sin ag an duine a laghdú;

ciallaíonn 'bliain chánach' bliain mheasúnachta.

Forálacha forlíontacha a bhaineann le léiriú.

959B.—(1) Chun críocha na brí a shanntar do 'duine inmhuirearaithe' in alt 959A, ní fholaíonn sé duine—

(*a*) nach bhfuil de bhunadh nó de bhunaidh ioncaim aige nó aici do bhliain chánach ach bunadh nó bunaidh ar díolaíochtaí lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42 atá san ioncam uaidh nó uathu, ach chun na críche sin, maidir le duine ag a bhfuil bunadh nó bunaidh ioncaim eile i dteannta an bhunaidh ioncaim nó na mbunadh ioncaim sin, measfar maidir leis an mbliain chánach gur duine é nó í nach bhfuil de bhunadh nó de bhunaidh ioncaim aige nó aici don bhliain chánach ach bunadh nó bunaidh ar díolaíochtaí lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42 atá san ioncam uaidh nó uathu má chuirtear an t-ioncam ón mbunadh eile sin nó ó na bunaidh eile sin i gcuntas le linn méid a chreidmheasanna cánach nó a creidmheasanna cánach agus a scoithphointe ráta chaighdeánaigh don

bhliain chánach is infheidhme i leith na ndíolaíochtaí sin a chinneadh, agus, chun a chinneadh ar cheart an t-ioncam sin a chur i gcuntas amhlaidh, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aird a thabhairt ar mhéid ioncam an duine don bhliain chánach sin nó d'aon bhliain chánach roimhe sin ón mbunadh eile sin nó ó na bunaidh eile sin roimh asbhaintí, caillteanais, liúntais agus faoisimh eile,

(*b*) a ndearna oifigeach Ioncaim é nó í a eisiamh ó cheanglais Chaibidil 3 don bhliain chánach mar gheall ar fhógra a tugadh faoi alt 959N, nó

(*c*) nach inmhuirearaithe i leith cánach don bhliain chánach ach amháin de bhíthin alt 237, 238 nó 239,

ach ní bheidh feidhm ag mír (*a*) maidir le duine is stiúrthóir nó, i gcás duine lena mbaineann alt 1017 nó 1031C, ar stiúrthóir (de réir bhrí alt 116) a chéile nó a céile nó a pháirtnéir sibhialta nó a páirtnéir sibhialta ar chomhlacht corpraithe seachas comhlacht corpraithe—

(i) nach raibh i dteideal aon sócmhainní seachas airgead ar láimh, nó suim airgid ar taisce de réir bhrí alt 895, nach mó ná €130,

(ii) nár sheol trádáil, gnó nó gníomhaíocht eile lena n-áirítear infheistíochtaí a dhéanamh, agus

(iii) nár íoc muirir ar ioncam de réir bhrí alt 243,

le linn tréimhse 3 bliana dar críoch an 5 Aibreán sa bhliain chánach.

(2) (*a*) Sna hAchtanna (seachas sa Chuid seo), maidir le haon tagairt, cibé slí a bheidh sí sainráite, do dhuine a mheasúnú i leith cánach, do mheasúnacht a dhéanamh ar dhuine, nó do dhuine a mhuirearú i leith cánach trí mheasúnacht, forléireofar í mar thagairt a fholaíonn tagairt do dhuine a mheasúnú amhlaidh nó a mhuirearú amhlaidh trí fhéinmheasúnacht arna déanamh faoi Chaibidil 4.

(*b*) Chun críocha mhír (*a*), folaíonn an tagairt do mheasúnacht agus d'fhéinmheasúnacht measúnacht leasaithe agus féinmheasúnacht leasaithe.

(3) (*a*) I gcás go bhforchuirtear aon oibleagáid nó ceanglas ar dhuine in aon cháil

faoin gCuid seo agus go bhforchuirtear oibleagáid chomhréire nó ceanglas comhréire ar an duine sin i gcáil eile, ní dhéanfaidh urscaoileadh aon cheann de na hoibleagáidí nó de na ceanglais sin an duine a fhuascailt ón oibleagáid eile nó ón gceanglas eile.

(*b*) Ní dhéanfar oibleagáid ná ceanglas a fhorchur ar dhuine, i gcáil ar bith, faoin gCuid seo de bhíthin amháin go bhforchuirtear an oibleagáid nó an ceanglas sin ar an duine sin in aon cháil eile.

(*c*) Dá ndéanfaí, murach aon fhoráil de na forálacha ina dhiaidh seo den Chuid seo, aon oibleagáid nó aon cheanglas den sórt sin a fhorchur ar dhuine i níos mó ná cáil amháin, ní dhéanfaidh fuascailt ón oibleagáid nó ón gceanglas sin faoi aon fhoráil de na forálacha sin mar gheall aon fhíoras nó imthoisc a bhfuil feidhm aige nó aici maidir le dliteanas an duine sin i leith cánach in aon cháil áirithe amháin an duine sin a fhuascailt ó cibé oibleagáid nó ceanglas a fhorchuirtear ar an duine sin i gcáil seachas an cháil ina bhfuil feidhm ag an bhfíoras nó ag an imthoisc sin.

CAIBIDIL 2

Measúnachtaí: Rialacha Ginearálta

Measúnachtaí a dhéanamh: rialacha ginearálta.

959C.—(1) Maidir le haon mheasúnacht arna déanamh faoi na hAchtanna, seachas féinmheasúnacht, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim í nó déanfar í thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim agus tabharfar 'measúnacht Ioncaim' uirthi.

(2) Is oifigeach Ioncaim a dhéanfaidh measúnacht Ioncaim.

(3) Maidir le measúnacht arna déanamh faoi Acht, is measúnacht i leith cánach i ndáil le duine do thréimhse inmhuirearaithe a bheidh inti, agus beidh an cháin go léir a bheidh le muirearú ar an duine faoin Acht don tréimhse inmhuirearaithe ar áireamh in aon mheasúnacht amháin.

(4) Is é a bheidh i measúnacht i leith cánach i ndáil le duine measúnacht, de réir na nAchtanna, ar na nithe seo a leanas don tréimhse inmhuirearaithe atá i gceist—

(*a*) méid an ioncaim, na mbrabúis nó na ngnóchan nó, de réir mar a bheidh, na ngnóchan inmhuirearaithe a eascraíonn chuig an duine don tréimhse,

(*b*) an méid cánach is inmhuirearaithe ar an duine don tréimhse,

(*c*) an méid cánach is iníoctha ag an duine don tréimhse, agus

(*d*) an t-iarmhéid cánach, agus aon mhéid cánach a íocann an duine go díreach leis an Ard-Bhailitheoir don tréimhse á chur i gcuntas, ar cáin í—

(i) atá dlite den duine agus iníoctha aige nó aici leis na Coimisinéirí Ioncaim don tréimhse faoi na hAchtanna, nó

(ii) is inaisíoctha ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an duine don tréimhse faoi na hAchtanna.

(5) Faoi réir alt 959E(5), féadfaidh baint a bheith ag measúnacht i leith cánach i ndáil le duine do thréimhse inmhuirearaithe—

(*a*) le cáin is inmhuirearaithe faoi níos mó ná ceann amháin de na hAchtanna, agus

(*b*) le méid atá dlite faoi achtachán seachas na hAchtanna agus atá le measúnú agus le muirearú de bhua an achtacháin sin amhail is dá mba mhéid cánach ioncaim é.

(6) Beidh méid aon fhormhuirir a bheidh dlite don tréimhse inmhuirearaithe ar áireamh i measúnacht i leith cánach i ndáil le duine i gcás go gceanglófar é faoi alt 1084.

Taifead ar mheasúnachtaí agus fógraí a ghiniúint trí mheán leictreonach.

959D.—(1) Coimeádfaidh na Coimisinéirí Ioncaim taifead—

(*a*) ar gach measúnacht Ioncaim a dhéanfar, agus

(*b*) ar gach féinmheasúnacht a dhéanfaidh oifigeach Ioncaim i ndáil le duine inmhuirearaithe faoi alt 959U.

(2) Comhlíonfar ceanglais fho-alt (1) i gcás go ndéanfaidh oifigeach Ioncaim mionsonraí i dtaobh na measúnachta, lena n-áirítear an cháin arna muirearú sa mheasúnacht, a thaifeadadh i dtaifead leictreonach.

(3) I gcás go ndéanann oifigeach Ioncaim—

(*a*) mionsonraí i dtaobh measúnachta a thaifeadadh de réir fho-alt (2), agus

(*b*) fógra measúnachta in ainm oifigigh Ioncaim eile a tháirgeadh nó a ghiniúint trí mheán leictreonach,

measfar, chun críocha na nAchtanna, maidir leis an oifigeach Ioncaim a mbeidh a ainm nó a hainm ar an bhfógra—

(i) seachas i gcás go bhfuil feidhm ag alt 959U(3), go ndearna sé nó sí an mheasúnacht lena mbaineann an fógra,

(ii) i gcás go mbaineann an fógra le measúnacht Ioncaim, go ndearna sé nó sí an mheasúnacht go feadh a bhreithiúnais nó a breithiúnais, agus

(iii) gur thug sé nó sí an fógra a eisíodh, a táirgeadh nó a gineadh amhlaidh.

Fógra measúnachta ó oifigeach Ioncaim.

959E.—(1) I gcás go ndéanann oifigeach Ioncaim measúnacht Ioncaim nó féinmheasúnacht i ndáil le duine inmhuirearaithe faoi alt 959U, tabharfaidh oifigeach Ioncaim fógra don duine a measúnaíodh faoin measúnacht a rinneadh.

(2) Féadfar fógra measúnachta, a thugann oifigeach Ioncaim, a thabhairt i scríbhinn nó trí mheán leictreonach.

(3) I gcás go ndéanann duine eile atá ag gníomhú faoi údarás duine inmhuirearaithe tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh de réir alt 959L, tabharfar cóip den fhógra measúnachta don duine eile sin.

(4) Faoi réir fho-alt (5) agus alt 959AC, beidh ar áireamh i bhfógra measúnachta a thabharfaidh oifigeach Ioncaim do dhuine do thréimhse inmhuirearaithe mionsonraí i dtaobh na nithe seo a leanas—

(*a*) méid an ioncaim, na mbrabús nó na ngnóchan nó, de réir mar a bheidh, na ngnóchan inmhuirearaithe a eascraíonn chuig an duine don tréimhse,

(*b*) an méid cánach is inmhuirearaithe ar an duine don tréimhse,

(*c*) an méid cánach is iníoctha ag an duine don tréimhse,

(*d*) an t-iarmhéid cánach, agus aon mhéid cánach a íocann an duine go díreach leis an Ard-Bhailitheoir don tréimhse á chur i gcuntas, ar cáin í—

(i) atá dlite den duine agus iníoctha aige nó aici leis na Coimisinéirí Ioncaim don tréimhse faoi na hAchtanna, nó

(ii) is inaisíoctha ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an duine don tréimhse faoi na hAchtanna,

(*e*) méid aon fhormhuirir a cheanglaítear, faoi alt 1084, a bheith ar áireamh sa mheasúnacht,

(*f*) ainm an oifigigh Ioncaim a thugann an fógra agus seoladh na hoifige Ioncaim ina bhfuil an t-oifigeach sin bunaithe, agus

(*g*) an tréimhse ama a cheadaítear chun fógra achomhairc a thabhairt i gcoinne na measúnachta lena mbaineann an fógra.

(5) (*a*) I gcás go mbaineann measúnacht le cáin is inmhuirearaithe faoi níos mó ná ceann amháin de na hAchtanna, déanfar an méid cánach is inmhuirearaithe faoi gach ceann de na hAchtanna a aithint san fhógra measúnachta.

(*b*) Más rud é, de bhua achtacháin seachas na hAchtanna, go bhfuil méid atá dlite faoin achtachán sin le measúnú agus le muirearú amhail is dá mba mhéid cánach ioncaim é, déanfar an méid is inmhuirearaithe amhlaidh de bhua an achtacháin sin a aithint san fhógra measúnachta.

(6) Féadfaidh mionsonraí i dtaobh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas don tréimhse inmhuirearaithe atá i gceist a bheith ar áireamh i bhfógra measúnachta:

(*a*) an Cás nó an Sceideal faoinar muirearaíodh méid ioncaim, brabús nó gnóchan sa mheasúnacht;

(*b*) an fhoráil den Acht ar dá bua a muirearaíodh méid ioncaim, brabús nó gnóchan nó, de réir mar a bheidh, méid gnóchan inmhuirearaithe sa mheasúnacht;

(*c*) méid aon liúntais, asbhainte, faoisimh nó creidmheasa cánach a bhfuil an duine a mheasúnaítear ina theideal nó ina teideal don tréimhse;

(*d*) an méid cánach is inmhuirearaithe ar an duine don tréimhse a ríomh;

(*e*) an méid cánach is iníoctha ag an duine don tréimhse a ríomh;

(*f*) an t-iarmhéid cánach is iníoctha ag an duine, nó is inaisíoctha leis an duine, don tréimhse a ríomh.

Measúnacht dhúbailte.

959F.—(1) Más dealraitheach chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim go ndearnadh duine, ar

chuntas an duine féin nó thar ceann duine eile, a mheasúnú i leith cánach níos mó ná uair amháin don tréimhse inmhuirearaithe chéanna ar an gcúis chéanna agus ar an gcuntas céanna, déanfaidh siad iomlán aon mheasúnachta, nó an chuid d'aon mheasúnacht, ar dealraitheach dóibh gur measúnacht dhúbailte í a chur ar neamhní.

(2) Aon duine a measúnaíodh i leith cánach, ar chuntas an duine féin nó thar ceann duine eile, agus a mheasúnaítear arís don tréimhse inmhuirearaithe chéanna ar an gcúis chéanna agus ar an gcuntas céanna, féadfaidh sé nó sí iarratas ar fhaoiseamh a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Ioncaim agus, ar an measúnacht dhúbailte a chruthú chun a sástachta, cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim faoi deara an mheasúnacht, nó cibé cuid den mheasúnacht is measúnacht dhúbailte, a chur ar neamhní.

(3) I gcás go gcruthaítear chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim go ndearnadh aon mheasúnacht dhúbailte agus go ndearnadh íocaíocht ar an dá mheasúnacht, aisíocfaidh siad méid na ró-íocaíochta leis an iarratasóir d'ainneoin aon teorann in alt 865(4) leis an tréimhse ama ar laistigh di a cheanglaítear éileamh ar aisíocaíocht cánach a dhéanamh.

(4) Más éagóir le duine breith ó na Coimisinéirí Ioncaim gan faoiseamh a dheonú faoin alt seo, beidh feidhm ag forálacha alt 949 maidir le breith den sórt sin amhail is dá mba chinneadh í a rinneadh ar ní dá dtagraítear in alt 864.

(5) Aon ní a cheanglaítear ar na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanamh faoin alt seo, féadfaidh oifigeach Ioncaim é a dhéanamh.

Sonraí i dtaobh suimeanna atá le bailiú a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir.

959G.—(1) San alt seo—

tá le 'measúnacht' an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 1A de Chuid 42 agus, de bhua alt 959B(2), folaíonn sé féinmheasúnacht;

tá le 'cáin' an bhrí chéanna atá leis i gCaibidil 1A de Chuid 42.

(2) Tar éis measúnachtaí i leith cánach a bheith déanta, déanfaidh oifigeach Ioncaim sonraí i dtaobh na suimeanna atá le bailiú a tharchur chuig an Ard-Bhailitheoir nó chuig oifigeach Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú i scríbhinn faoi alt 960B chun iad a bhailiú.

(3) Má dhéanann oifigeach Ioncaim mionsonraí measúnachta i leith cánach agus mionsonraí na cánach a mhuirearaítear i measúnacht den sórt sin a thaifeadadh i dtaifead leictreonach as a bhféadfaidh an tArd-Bhailitheoir nó oifigeach Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú i scríbhinn faoi alt 960B na mionsonraí sin a aisghabháil trí mheán leictreonach, glacfar leis

gurb ionann é sin agus tarchur na mionsonraí sin ag oifigeach Ioncaim chuig an Ard-Bhailitheoir nó chuig an oifigeach Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú i scríbhinn faoi alt 960B.

Measúnacht leasaithe agus fógra i dtaobh measúnacht leasaithe.

959H.—Chun críocha na nAchtanna, beidh feidhm ag forálacha eile na Caibidle seo fara aon mhodhnuithe is gá maidir le measúnacht leasaithe agus fógra i dtaobh measúnacht leasaithe mar atá feidhm aici maidir le measúnacht agus fógra measúnachta.

CAIBIDIL 3

Daoine Inmhuirearaithe: Tuairisceáin

Oibleagáid tuairisceán a thabhairt.

959I.—(1) Déanfaidh gach duine inmhuirearaithe, maidir le tréimhse inmhuirearaithe, tuairisceán san fhoirm fhorordaithe a ullmhú agus a sheachadadh ar an Ard-Bhailitheoir ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe nó roimhe.

(2) Féadfaidh cibé nithe i ndáil le cáin bhronntanais agus cáin oidhreachta a cheanglófar leis an bhfoirm fhorordaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a bheith ar áireamh san fhoirm sin.

(3) I gcás go ndéanann duine tuairisceán a sheachadadh ar an Ard-Bhailitheoir faoin gCaibidil seo, measfar gur ceanglaíodh ar an duine trí fhógra faoi alt 877 ráiteas a sheachadadh ina mbeadh na nithe agus na sonraí atá sa tuairisceán nó gur ceanglaíodh air nó uirthi trí fhógra faoi alt 879, 880 nó 884 an tuairisceán a sheachadadh, de réir mar a bheidh.

(4) Déanfaidh duine inmhuirearaithe tuairisceán do thréimhse inmhuirearaithe a ullmhú agus a sheachadadh ar an Ard-Bhailitheoir de réir mar a cheanglaítear leis an gCaibidil seo d'ainneoin nach bhfuair an duine inmhuirearaithe fógra á rá leis nó léi ráiteas nó tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh don tréimhse sin faoi alt 877, 879, 880 nó 884, de réir mar a bheidh.

(5) Ní oibreoidh aon ní sna forálacha sonraithe ná i bhfógra arna thabhairt faoi aon cheann de na forálacha sin chun a cheangal ar dhuine inmhuirearaithe tuairisceán do thréimhse inmhuirearaithe a sheachadadh ar dháta is luaithe ná an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe.

Ceanglais maidir le tuairisceáin chun críocha cánach ioncaim agus cánach gnóchan caipitiúil.

959J.—I gcás duine inmhuirearaithe ar arb inmhuirearaithe cáin ioncaim nó cáin ghnóchan caipitiúil do bhliain chánach, beidh ar áireamh sa tuairisceán a cheanglaítear leis an gCaibidil seo—

(*a*) na nithe agus na sonraí sin go léir a cheanglófaí a bheith i ráiteas arna sheachadadh de bhun fógra arna thabhairt don duine inmhuirearaithe

faoi alt 877, dá mba í an bhliain chánach an tréimhse a shonrófaí san fhógra sin,

(*b*) i gcás gur pearsa aonair ar arb inmhuirearaithe cáin ioncaim nó cáin ghnóchan caipitiúil do bhliain chánach an duine inmhuirearaithe, na nithe agus na sonraí sin go léir, i dteannta na nithe agus sonraí sin dá dtagraítear i mír (*a*), a cheanglófaí a bheith i dtuairisceán don bhliain chánach arna sheachadadh de bhun fógra arna thabhairt don duine inmhuirearaithe faoi alt 879, agus

(*c*) cibé sonraí breise a cheanglófar leis an bhfoirm fhorordaithe, lena n-áirítear sonraí a bhaineann leis an mbliain chánach roimhe sin i gcás go ndéantar brabúis nó gnóchain na bliana sin roimhe sin a chinneadh de réir alt 65(3).

Ceanglais maidir le tuairisceáin chun críocha cánach corparáide.

959K.—I gcás duine inmhuirearaithe ar arb inmhuirearaithe cáin chorparáide do thréimhse chuntasaíochta, beidh ar áireamh sa tuairisceán a cheanglaítear leis an gCaibidil seo—

(*a*) na nithe agus na sonraí sin go léir i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta a cheanglófaí a bheith i dtuairisceán arna sheachadadh de bhun fógra arna thabhairt don duine inmhuirearaithe faoi alt 884, agus

(*b*) cibé sonraí breise a cheanglófar leis an bhfoirm fhorordaithe.

Duine atá ag gníomhú faoi údarás do sheachadadh tuairisceáin.

959L.—(1) Maidir le tuairisceán a cheanglaítear leis an gCaibidil seo, féadfaidh an duine inmhuirearaithe, nó duine eile atá ag gníomhú faoi údarás an duine inmhuirearaithe chuige sin, é a ullmhú agus a sheachadadh.

(2) I gcás gurb é nó í an duine eile sin a dhéanann tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh, beidh feidhm ag na hAchtanna amhail is dá mba é nó í an duine inmhuirearaithe a rinne é a ullmhú agus a sheachadadh.

(3) Maidir le tuairisceán a airbheartaíonn a bheith ullmhaithe agus seachadta ag aon duine inmhuirearaithe nó thar ceann aon duine inmhuirearaithe measfar, chun críocha na nAchtanna, é a bheith ullmhaithe agus seachadta ag an duine sin nó ar údarás ón duine sin, de réir mar a bheidh, mura gcruthaítear a mhalairt.

Comhpháirtí tosaíochta do sheachadadh tuairisceáin.

959M.—Maidir le comhpháirtí tosaíochta aon chomhpháirtíochta—

(*a*) measfar gur duine inmhuirearaithe chun críocha na Caibidle seo é nó í, agus

(*b*) déanfaidh sé nó sí, maidir le haon tréimhse inmhuirearaithe, an tuairisceán a cheanglófaí ar an gcomhpháirtí sin a sheachadadh don tréimhse sin faoi alt 880, dá dtabharfaí fógra faoin alt sin roimh an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe sin, a sheachadadh ar an Ard-Bhailitheoir ar an dáta sonraithe sin nó roimhe.

Eisiamh ó oibleagáid tuairisceán a sheachadadh.

959N.—(1) Féadfaidh oifigeach Ioncaim duine a eisiamh ó fheidhm na Caibidle seo trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don duine á rá go bhfuil an duine eisiata ó fheidhm na Caibidle.

(2) Beidh éifeacht leis an bhfógra ar feadh cibé tréimhse inmhuirearaithe nó tréimhsí inmhuirearaithe nó go dtí cibé tréimhse inmhuirearaithe nó go dtí go dtarlóidh cibé teagmhas a shonrófar san fhógra.

(3) I gcás duine ar tugadh fógra dó nó di faoin alt seo a bheith inmhuirearaithe i leith cáin ghnóchan caipitiúil d'aon tréimhse inmhuirearaithe, ní oibreoidh an t-alt seo chun deireadh a chur le hoibleagáid an duine faoin gCaibidil seo tuairisceán a thabhairt maidir le gnóchain inmhuirearaithe an duine don tréimhse inmhuirearaithe sin.

Mainneachtain tuairisceán a sheachadadh.

959O.—(1) Aon fhoráil de na hAchtanna a bhaineann le haon ghníomh a dhéanamh ar dhuine do mhainneachtain ráiteas nó tuairisceán a sheachadadh de bhun fógra a tugadh faoi aon cheann de na hailt dá dtagraítear in alt 959I(3), beidh feidhm aici maidir le duine inmhuirearaithe, i gcás nár tugadh fógra den sórt sin, amhail is dá mba rud é gur tugadh fógra don duine inmhuirearaithe ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe faoi cibé alt nó ailt de na hailt sin is cuí maidir leis an bhforáil atá i gceist.

(2) Aon deimhniú arna shíniú ag oifigeach Ioncaim á dheimhniú gur scrúdaigh sé nó sí na taifid iomchuí agus go ndealraíonn sé ó na taifid sin—

(*a*) gur duine inmhuirearaithe maidir le tréimhse inmhuirearaithe duine ainmnithe, agus

(*b*) nach bhfuarthas, ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe nó roimhe, tuairisceán san fhoirm fhorordaithe ón duine inmhuirearaithe sin,

beidh sé ina fhianaise, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur duine inmhuirearaithe an duine a bheidh ainmnithe amhlaidh maidir leis an tréimhse inmhuirearaithe sin agus nach ndearna an duine sin, ar an dáta tuairisceáin sonraithe nó roimhe, an tuairisceán sin a sheachadadh.

(3) Aon deimhniú á dheimhniú mar a fhoráiltear le fo-alt (2) agus a airbheartaíonn a bheith sínithe ag oifigeach Ioncaim, féadfar é a thairiscint i bhfianaise gan chruthúnas agus measfar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, é a bheith sínithe ag an oifigeach sin.

(4) Beidh feidhm ag ailt 1052 agus 1054 maidir le mainneachtain ag duine inmhuirearaithe tuairisceán a sheachadadh de réir na Caibidle seo mar atá feidhm acu maidir le mainneachtain tuairisceán dá dtagraítear in alt 1052 a sheachadadh.

Léiriú amhrais.

959P.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'dlí' foráil amháin nó níos mó de chuid na nAchtanna;

ciallaíonn 'litir léirithe amhrais', i ndáil le ní, cumarsáid trí mheán scríofa nó leictreonach, de réir mar is cuí—

(*a*) ina leagtar amach mionsonraí iomlána i dtaobh fhíorais agus imthosca an ní,

(*b*) ina sonraítear an t-amhras agus an dlí is cúis leis an amhras,

(*c*) ina n-aithnítear an méid cánach a bhfuil amhras ann ina thaobh maidir leis an tréimhse inmhuirearaithe lena mbaineann an léiriú amhrais,

(*d*) a bhfuil doiciméadacht tacaíochta ina teannta de réir mar is iomchuí, agus

(*e*) a aithnítear go soiléir mar litir léirithe amhrais chun críocha an ailt seo,

agus forléireofar tagairt do 'léiriú amhrais' dá réir sin.

(2) I gcás go bhfuil amhras ar dhuine inmhuirearaithe i dtaobh fheidhmiú ceart an dlí maidir le haon ní a bheidh i dtuairisceán a éilítear le haghaidh tréimhse inmhuirearaithe leis an gCaibidil seo agus—

(*a*) a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le dliteanas cánach ar thaobh an duine sin, nó

(*b*) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhliteanas cánach an duine sin nó do theideal an duine sin chuig liúntas,

asbhaint, faoiseamh nó creidmheas cánach,

ansin, féadfaidh an duine inmhuirearaithe—

(i) an tuairisceán don tréimhse inmhuirearaithe a ullmhú de réir mar is fearr a chreideann an duine sin i ndáil le feidhmiú ceart an dlí maidir leis an ní, agus an tuairisceán a sheachadadh ar an Ard-Bhailitheoir, agus

(ii) litir léirithe amhrais a chur isteach i dteannta an tuairisceáin.

(3) Níl feidhm ag an alt seo ach amháin má dhéantar an tuairisceán dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a sheachadadh ar an Ard-Bhailitheoir ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe atá i gceist nó roimh an dáta sin.

(4) I gcás go seachadtar tuairisceán de réir fho-alt (2), beidh féinmheasúnacht, i gcás go gceanglaítear é faoi alt 959R, ar áireamh sa tuairisceán faoi threoir na sonraí a bheidh ar áireamh sa tuairisceán.

(5) Faoi réir fho-alt (6), i gcás go gcuirtear litir léirithe amhrais isteach i dteannta tuairisceáin arna sheachadadh ag duine inmhuirearaithe ar an Ard-Bhailitheoir do thréimhse inmhuirearaithe—

(*a*) déileálfar leis an duine sin mar dhuine a dhéanann nochtadh iomlán cruinn i dtaca leis an ní atá i gceist, agus

(*b*) maidir le haon cháin bhreise a eascraíonn as oifigeach Ioncaim do dhéanamh leasú ar mheasúnacht don tréimhse inmhuirearaithe chun éifeacht a thabhairt d'fheidhmiú ceart an dlí i leith an ní sin, beidh sí dlite agus iníoctha de réir alt 959AU(2).

(6) Níl feidhm ag fo-alt (5) i gcás nach nglacann oifigeach Ioncaim leis gur léiriú amhrais dáiríre léiriú amhrais i ndáil le feidhmiú an dlí maidir le ní, agus ní ghlacfar leis, go háirithe, gur léiriú amhrais dáiríre léiriú amhrais más rud é—

(*a*) gur eisigh na Coimisinéirí Ioncaim treoirlínte ginearálta maidir le feidhmiú an dlí in imthosca den tsamhail chéanna,

(*b*) go bhfuil an t-oifigeach den tuairim go bhfuil an ní saor a dhóthain ó amhras thairis sin le nach gá léiriú amhrais, nó

(*c*) go bhfuil an t-oifigeach den tuairim go raibh an duine inmhuirearaithe ag

gníomhú d'fhonn cáin a imghabháil nó a sheachaint.

(7) I gcás nach nglacann oifigeach Ioncaim leis gur léiriú amhrais dáiríre léiriú amhrais, tabharfaidh sé nó sí fógra á rá sin don duine inmhuirearaithe, agus maidir le haon cháin bhreise a eascraíonn as oifigeach Ioncaim do dhéanamh leasú ar mheasúnacht don tréimhse inmhuirearaithe chun éifeacht a thabhairt d'fheidhmiú ceart an dlí i leith an ní atá i gceist, beidh an cháin bhreise sin dlite agus iníoctha de réir alt 959AU(1).

(8) Más éagóir le duine inmhuirearaithe breith ó oifigeach Ioncaim nach léiriú amhrais dáiríre léiriú amhrais an duine, beidh feidhm ag forálacha alt 949 maidir leis an mbreith sin amhail is dá mba chinneadh arna dhéanamh ar ní dá dtagraítear in alt 864 í.

Ilghnéitheach (Caibidil 3).

959Q.—(1) (*a*) Ní dhéanann an Chaibidil seo difear d'fhógra a thabhairt faoi aon cheann de na forálacha sonraithe ná ní scaoileann sí aon duine ó aon oibleagáid ná ceanglas a fhorchuirtear ar an duine le fógra den sórt sin.

(*b*) I gcás fógra a thabhairt do dhuine faoi aon cheann de na forálacha sonraithe, ní scaoileann sé sin an duine sin ó aon oibleagáid tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh faoin gCaibidil seo.

(*c*) I gcás duine inmhuirearaithe do thabhairt fógra de bhun alt 876, ní scaoileann sé sin an duine ó oibleagáid tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh faoin gCaibidil seo.

(2) (*a*) Féadfaidh an tArd-Bhailitheoir seoladh a ainmniú chun tuairisceáin a sheachadadh a gceanglaítear de réir na Caibidle seo iad a sheachadadh ar an Ard-Bhailitheoir.

(*b*) I gcás go n-ainmníonn an tArd-Bhailitheoir seoladh faoi mhír (*a*), foilseofar an seoladh sin san Iris Oifigiúil a luaithe is indéanta tar éis an ainmnithe sin.

CAIBIDIL 4

Daoine Inmhuirearaithe: Féinmheasúnachtaí

Féinmheasúnacht a áireamh i dtuairisceán.

959R.—(1) Faoi réir ailt 959S agus 959T, beidh ar áireamh i ngach tuairisceán a ullmhófar agus a sheachadfar faoi Chaibidil 3 i leith tréimhse inmhuirearaithe féinmheasúnacht ón duine inmhuirearaithe lena mbaineann an tuairisceán.

(2) Déanfar féinmheasúnacht sa tuairisceán agus mar chuid den tuairisceán agus beidh cibé mionsonraí ar áireamh ann a cheanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim.

(3) Beidh ar áireamh sna mionsonraí dá dtagraítear i bhfo-alt (2) measúnacht maidir leis na nithe seo a leanas ón duine inmhuirearaithe, de réir na nAchtanna, don tréimhse inmhuirearaithe atá i gceist—

(*a*) méid an ioncaim, na mbrabús nó na ngnóchan nó, de réir mar a bheidh, na ngnóchan inmhuirearaithe a eascraíonn chuig an duine don tréimhse,

(*b*) an méid cánach is inmhuirearaithe ar an duine don tréimhse,

(*c*) an méid cánach is iníoctha ag an duine don tréimhse, agus

(*d*) an t-iarmhéid cánach, agus aon mhéid cánach a íocann an duine go díreach leis an Ard-Bhailitheoir don tréimhse á chur i gcuntas, ar cáin í—

(i) atá dlite den duine agus iníoctha aige nó aici leis na Coimisinéirí Ioncaim don tréimhse faoi na hAchtanna, nó

(ii) is inaisíoctha ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an duine don tréimhse faoi na hAchtanna.

(4) (*a*) I gcás go mbaineann féinmheasúnacht le cáin is inmhuirearaithe ar dhuine faoi níos mó ná ceann amháin de na hAchtanna, déanfar an méid cánach is inmhuirearaithe faoi gach ceann de na hAchtanna a aithint san fhéinmheasúnacht.

(*b*) Más rud é, de bhua achtacháin seachas na hAchtanna, go bhfuil méid atá dlite faoin achtachán sin le measúnú agus le muirearú amhail is dá mba mhéid cánach ioncaim é, déanfar an méid sin a áireamh san fhéinmheasúnacht agus déanfar an méid is inmhuirearaithe amhlaidh de bhua an achtacháin sin a aithint inti.

(*c*) Maidir le méid aon fhormhuirir a cheanglaítear, faoi alt 1084, a áireamh sa mheasúnacht don tréimhse inmhuirearaithe, déanfar é a áireamh agus a aithint i bhféinmheasúnacht.

(5) Faoi réir fho-alt (6), i gcás go meastar gur comhlíonadh, faoi Chaibidil 6 de Chuid 38, an

oibleagáid tuairisceán a thabhairt do thréimhse inmhuirearaithe agus go ndéanann an duine inmhuirearaithe—

(*a*) féinmheasúnacht a áireamh sa tuairisceán de réir ríomh cánach táscaí arna sholáthar tríd an gcóras leictreonach a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil chun críocha na Caibidle sin, agus

(*b*) cáin a íoc de réir an ríomha sin,

ansin, i gcás go bhfuil an ríomh cánach táscaí mícheart—

(i) maidir le haon cháin bhreise atá dlite don tréimhse inmhuirearaithe agus a eascraíonn de bhíthin an cháin tháscach a bheith mícheart, measfar go bhfuil sí dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná mí ón dáta a leasaítear an fhéinmheasúnacht, agus

(ii) níl feidhm ag Cuid 47 a mhéid a rinneadh féinmheasúnacht a bhí de réir an ríomha cánach táscaí a áireamh sa tuairisceán.

(6) Tá feidhm ag fo-alt (5) i gcás go gcoinníonn an duine inmhuirearaithe taifead leictreonach nó clóite ar an ríomh cánach táscaí agus, ar iarraidh ó oifigeach Ioncaim, go gcuireann sé nó sí isteach cóip den taifead sin, agus go bhfuil na gnéithe éagsúla den ríomh de réir na faisnéise, na ráiteas agus na sonraí a sholáthraítear sa tuairisceán.

Rogha go ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim féinmheasúnacht.

959S.—(1) Aon phearsa aonair ar arb inmhuirearaithe cáin ioncaim nó cáin ghnóchan caipitiúil do bhliain chánach, ní cheanglófar air nó uirthi alt 959R a chomhlíonadh i gcás go ndéantar tuairisceán, a sheachadtar trí mheán seachas meán leictreonach, a sheachadadh an 31 Lúnasa sa bhliain chánach tar éis na bliana cánach lena mbaineann an tuairisceán nó roimh an dáta sin.

(2) I gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (1), déanfaidh oifigeach Ioncaim an fhéinmheasúnacht thar ceann an duine inmhuirearaithe de réir alt 959U.

Féinmheasúnacht ag duine atá ag gníomhú faoi údarás.

959T.—I gcás go ndéanann duine eile, atá ag gníomhú faoi údarás an duine inmhuirearaithe, tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh de réir alt 959L—

(*a*) déanfaidh an duine eile sin an fhéinmheasúnacht a cheanglaítear faoi alt 959R, agus

(*b*) i gcás go ndéanann an duine eile sin an fhéinmheasúnacht amhlaidh—

(i) tá feidhm ag na hAchtanna amhail is dá mba rud é go ndearna an duine inmhuirearaithe í, agus

(ii) measfar, chun críocha na nAchtanna, maidir le féinmheasúnacht a airbheartaíonn a bheith déanta ag aon duine inmhuirearaithe nó thar ceann aon duine inmhuirearaithe, go ndearna an duine sin í nó go ndearnadh í le húdarás an duine sin, de réir mar a bheidh, go dtí go gcruthaítear a mhalairt.

Féinmheasúnacht ag oifigeach Ioncaim i ndáil le duine inmhuirearaithe.

959U.—(1) I gcás go ndéanann duine inmhuirearaithe, nó duine lena mbaineann alt 959T, tuairisceán a sheachadadh ach nach ndéanann sé nó sí féinmheasúnacht a áireamh sa tuairisceán—

(*a*) i gcás go bhfuil feidhm ag alt 959S, déanfaidh oifigeach Ioncaim an fhéinmheasúnacht i ndáil leis an duine inmhuirearaithe, agus

(*b*) in aon chás eile, féadfaidh oifigeach Ioncaim an fhéinmheasúnacht a dhéanamh i ndáil leis an duine inmhuirearaithe,

faoi réir alt 959AA(1).

(2) I gcás go ndéantar féinmheasúnacht faoin alt seo, tabharfaidh oifigeach Ioncaim fógra faoin measúnacht de réir alt 959E.

(3) Measfar gur féinmheasúnacht a dhéanann an duine inmhuirearaithe aon fhéinmheasúnacht a dhéanann oifigeach Ioncaim faoin alt seo agus déileálfar le haon tagairtí sna hAchtanna d'fhéinmheasúnacht ar dhuine inmhuirearaithe mar thagairtí a fholaíonn féinmheasúnacht a dhéantar faoin alt seo.

Duine inmhuirearaithe do dhéanamh leasú ar thuairisceán agus ar fhéinmheasúnacht i dtuairisceán.

959V.—(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, féadfaidh duine inmhuirearaithe, trí fhógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim, an tuairisceán arna sheachadadh aige nó aici do thréimhse inmhuirearaithe a leasú.

(2) I gcás go leasaítear tuairisceán de réir fho-alt (1), leasóidh an duine inmhuirearaithe an fhéinmheasúnacht don tréimhse inmhuirearaithe an tráth céanna mar chuid den fhógra sin.

(3) Faoi réir fho-alt (4), déanfar fógra faoin alt seo a thabhairt i scríbhinn d'oifigeach Ioncaim san oifig Ioncaim a bheidh ag déileáil le gnóthaí cánach an duine inmhuirearaithe.

(4) Féadfar fógra faoin alt seo a thabhairt trí mheán leictreonach i gcás go gcuireann na

Coimisinéirí Ioncaim an tsaoráid ar fáil chun fógra a thabhairt trí mheán leictreonach.

(5) I gcás go bhfuil duine eile, dá dtagraítear in alt 959L, ag gníomhú faoi údarás an duine inmhuirearaithe—

(*a*) féadfaidh an duine eile sin fógra faoi fho-ailt (1) agus (2) a thabhairt, agus

(*b*) i gcás go dtugann an duine eile sin fógra amhlaidh—

(i) tá feidhm ag na hAchtanna amhail is dá mba rud é gur leasaigh an duine inmhuirearaithe an tuairisceán agus an fhéinmheasúnacht, agus

(ii) chun críocha na nAchtanna, measfar tuairisceán agus féinmheasúnacht, a airbheartaíonn a bheith leasaithe ag duine inmhuirearaithe nó thar ceann duine inmhuirearaithe, a bheith leasaithe ag an duine sin nó le húdarás an duine sin, de réir mar a bheidh, mura gcruthaítear a mhalairt.

(6) Faoi réir fho-alt (7), féadfar fógra faoin alt seo a thabhairt tráth nach déanaí ná bliain tar éis an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe, ach sin sa chás amháin nach gcuirtear toirmeasc ar an leasú lena mbaineann an fógra—

(*a*) le haon fhoráil eile de na hAchtanna, nó

(*b*) de bhua oibriú tréimhse is giorra ná an tréimhse bliana sin in aon fhoráil den sórt sin.

(7) Ní thabharfar fógra faoin alt seo i ndáil le tuairisceán agus féinmheasúnacht tar éis d'oifigeach Ioncaim tosú ar fhiosrúcháin a dhéanamh faoi alt 959Z i ndáil leis an tuairisceán nó i ndáil leis an bhféinmheasúnacht nó tar éis dó nó di tosú ar iniúchadh nó ar imscrúdú eile a bhaineann le gnóthaí cánach an duine lena mbaineann an tuairisceán nó an fhéinmheasúnacht don tréimhse inmhuirearaithe atá i gceist.

Féinmheasúnacht a dhéanamh de réir tuairisceáin.

959W.—(1) Maidir le féinmheasúnacht a dhéanfaidh duine inmhuirearaithe faoi alt 959R, déanfar í faoi threoir na sonraí a bheidh i dtuairisceán an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe a bheidh i gceist.

(2) Maidir le féinmheasúnacht a leasóidh duine inmhuirearaithe faoi alt 959V, leasófar í faoi threoir na sonraí a bheidh i dtuairisceán an duine

inmhuirearaithe, arna leasú le fógra faoin alt sin, don tréimhse inmhuirearaithe a bheidh i gceist.

(3) Maidir le féinmheasúnacht a dhéanfaidh oifigeach Ioncaim i ndáil le duine inmhuirearaithe faoi alt 959U, déanfar í faoi threoir na sonraí a bheidh i dtuairisceán an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe a bheidh i gceist.

(4) Ní choisceann aon ní sa Chaibidil seo ar oifigeach Ioncaim measúnacht Ioncaim a dhéanamh ar dhuine inmhuirearaithe faoi Chaibidil 5 agus, i gcás go ndéanann oifigeach Ioncaim measúnacht faoin gCaibidil sin déileálfar, chun dliteanas an duine inmhuirearaithe i leith cánach don tréimhse inmhuirearaithe a chinneadh, le haon fhéinmheasúnacht a rinneadh roimhe sin faoin gCaibidil seo amhail is nach ndearnadh í agus beidh sí ar neamhní chun na gcríoch sin.

(5) Ní choisceann aon ní sa Chaibidil seo ar oifigeach Ioncaim féinmheasúnacht a rinneadh roimhe sin faoin gCaibidil seo a leasú faoi Chaibidil 5.

Pionós mar gheall ar mhainneachtain féinmheasúnacht a dhéanamh nó a leasú.

959X.—(1) Aon duine a gceanglaítear air nó uirthi faoin gCaibidil seo féinmheasúnacht a dhéanamh i dtuairisceán arna ullmhú agus arna sheachadadh faoi Chaibidil 3 do thréimhse inmhuirearaithe agus nach ndéanann an fhéinmheasúnacht sa tuairisceán, dlífear pionós €250 a chur air nó uirthi.

(2) Aon duine a gceanglaítear air nó uirthi faoin gCaibidil seo féinmheasúnacht i dtuairisceán arna leasú le fógra faoi alt 959V do thréimhse inmhuirearaithe a leasú agus nach leasaíonn an fhéinmheasúnacht sa tuairisceán, dlífear pionós €100 a chur air nó uirthi.

Caibidil 5

Measúnachtaí Ioncaim agus Fiosrúcháin agus Teorainneacha Ama Gaolmhara

Daoine inmhuirearaithe agus daoine eile: measúnacht arna déanamh nó arna leasú ag oifigeach Ioncaim.

959Y.—(1) Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo, féadfaidh oifigeach Ioncaim aon tráth—

(*a*) measúnacht Ioncaim a dhéanamh ar dhuine do thréimhse inmhuirearaithe ina mbeidh cibé suim ba chóir, go feadh bhreithiúnas an oifigigh, a mhuirearú ar an duine,

(*b*) leasú a dhéanamh ar mheasúnacht Ioncaim ar dhuine, nó ar fhéinmheasúnacht i ndáil le duine, do thréimhse inmhuirearaithe ar cibé slí is dóigh leis nó léi is gá, d'ainneoin—

(i) go bhféadfadh gur íocadh nó gur aisíocadh cáin i leith na measúnachta, nó

(ii) go bhféadfadh gur leasaíodh an mheasúnacht ar ócáid nó ócáidí roimhe sin.

(2) Chun aon mheasúnacht a dhéanamh ar dhuine inmhuirearaithe do thréimhse inmhuirearaithe nó chun measúnacht den sórt sin a leasú, féadfaidh oifigeach Ioncaim—

(*a*) glacadh, go hiomlán nó go páirteach, le haon ráiteas nó le haon sonra eile a bheidh i dtuairisceán arna sheachadadh ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe sin, agus

(*b*) aon mhéid ioncaim, brabús nó gnóchan nó, de réir mar a bheidh, gnóchan inmhuirearaithe a mheasúnú, nó aon liúntas, asbhaint, faoiseamh nó creidmheas cánach a lamháil, faoi threoir an ráitis nó an tsonra sin.

(3) Ní choisceann oifigeach Ioncaim do leasú measúnachta ar an oifigeach Ioncaim sin nó ar aon oifigeach Ioncaim eile an mheasúnacht a leasú tuilleadh ar cibé slí is dóigh leis nó léi is gá.

(4) (*a*) Maidir le haon mhéid ioncaim, brabús nó gnóchan nó, de réir mar a bheidh, gnóchan inmhuirearaithe, i gcás go ndéantar é a fhágáil ar lár as measúnacht do thréimhse inmhuirearaithe nó nach léirítear é go cuí i measúnacht do thréimhse inmhuirearaithe nó gur lú an cháin a luaitear i measúnacht ná an cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe, ansin féadfaidh oifigeach Ioncaim cibé leasuithe a dhéanamh ar an measúnacht is gá chun a chinntiú go n-áirítear an méid ceart sa mheasúnacht nó chun a chinntiú go bhfuil an cháin a luaitear sa mheasúnacht comhionann leis an gcáin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe.

(*b*) Chun críocha mhír (*a*), féadfar méid ioncaim, brabús nó gnóchan nó, de réir mar a bheidh, gnóchan inmhuirearaithe nach léirítear i measúnacht a chur leis an measúnacht mar chuid den leasú a dhéanann oifigeach Ioncaim ar an measúnacht.

Ceart oifigigh Ioncaim fiosrúcháin a dhéanamh.

959Z.—(1) Féadfaidh oifigeach Ioncaim, faoi réir an ailt seo, cibé fiosrúcháin a dhéanamh nó cibé bearta a ghlacadh a thagann faoi réim a chumhachtaí nó a cumhachtaí agus is dóigh leis nó léi is gá chun na nithe seo a leanas a dheimhniú dó féin nó di féin—

(*a*) an bhfuil duine inmhuirearaithe i leith cánach do thréimhse inmhuirearaithe,

(*b*) an duine inmhuirearaithe duine maidir le tréimhse inmhuirearaithe,

(*c*) an méid ioncaim, brabús nó gnóchan nó, de réir mar a bheidh, gnóchan inmhuirearaithe a bhfuil duine inmhuirearaithe i leith cánach do thréimhse inmhuirearaithe i ndáil leis, nó

(*d*) an teideal a bheith ag duine chuig aon liúntas, asbhaint, faoiseamh nó creidmheas cánach do thréimhse inmhuirearaithe.

(2) I gcás go ndéantar measúnacht nó go leasaítear measúnacht de réir alt 959Y(2) faoi threoir aon ráiteas nó sonra dá dtagraítear i mír (*a*) den alt sin, níl bac ar oifigeach Ioncaim, faoi réir an ailt seo, cibé fiosrúcháin a dhéanamh nó cibé bearta a ghlacadh a thagann faoi réim a chumhachtaí nó a cumhachtaí agus is dóigh leis nó léi is gá chun a dheimhniú dó féin nó di féin go bhfuil an ráiteas sin nó an sonra sin cruinn nó nach bhfuil.

(3) Faoi réir fho-alt (4), ní dhéanfar aon fhiosrúcháin ná ní ghlacfar aon bhearta lena mbaineann fo-alt (1) nó (2) i gcás duine inmhuirearaithe do thréimhse inmhuirearaithe aon tráth tar éis dheireadh na tréimhse 4 bliana dar tosach deireadh na tréimhse inmhuirearaithe ina ndearna an duine inmhuirearaithe tuairisceán don tréimhse inmhuirearaithe a sheachadadh.

(4) Féadfar fiosrúcháin a dhéanamh agus bearta a ghlacadh, ar fiosrúcháin agus bearta iad lena mbaineann fo-alt (1) nó (2), aon tráth i ndáil le duine nó tuairisceán do thréimhse inmhuirearaithe más rud é—

(*a*) go bhfuil feidhm ag aon cheann de na himthosca dá dtagraítear i mír (*a*), (*b*) nó (*c*) d'alt 959AC(2),

(*b*) go bhfuil forais réasúnacha ag oifigeach Ioncaim chun a chreidiúint, de réir alt 959AD(3), go ndearna an duine calaois nó faillí d'aon chineál nó go ndearnadh calaois nó faillí d'aon chineál thar ceann an duine i dtaca le cáin nó i ndáil le cáin a bhí dlite don tréimhse inmhuirearaithe.

(5) Aon duine inmhuirearaithe arb éagóir leis nó léi aon fhiosrúchán a dhéanann oifigeach Ioncaim nó aon bheart a ghlacann oifigeach Ioncaim faoin alt seo do thréimhse inmhuirearaithe, tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (3) i leith na tréimhse

inmhuirearaithe sin, ar na forais go measann an duine inmhuirearaithe go bhfuil bac ar an oifigeach Ioncaim an fiosrúchán sin a dhéanamh nó an beart sin a ghlacadh mar gheall ar an bhfoalt sin, féadfaidh sé nó sí, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don oifigeach Ioncaim laistigh de 30 lá tar éis don oifigeach an fiosrúchán sin a dhéanamh nó an beart sin a ghlacadh, achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc, agus éistfidh na Coimisinéirí Achomhairc an t-achomharc ar gach caoi amhail is dá mba achomharc i gcoinne measúnachta é.

(6) Aon bheart a cheanglaítear ar an duine inmhuirearaithe a ghlacadh agus aon bheart breise a bheartaíonn oifigeach Ioncaim a ghlacadh de bhun fhiosrúchán nó bheart an oifigigh, cuirfear ar fionraí é go dtí go gcinnfear an t-achomharc.

(7) Más rud é, ar éisteacht an achomhairc, go gcinneann na Coimisinéirí Achomhairc go raibh bac ar an oifigeach Ioncaim an fiosrúchán a dhéanamh nó beart a ghlacadh mar gheall ar fho-alt (3), ansin ní cheanglófar ar an duine inmhuirearaithe aon bheart a ghlacadh de bhun fhiosrúchán nó bheart an oifigigh agus toirmiscfear ar an oifigeach dul ar aghaidh lena fhiosrúchán nó lena fiosrúchán nó lena bheart nó lena beart.

(8) Más rud é, ar éisteacht an achomhairc, go gcinneann na Coimisinéirí Achomhairc nach raibh bac ar an oifigeach Ioncaim an fiosrúchán a dhéanamh nó beart a ghlacadh mar gheall ar fho-alt (3), ansin féadfaidh an t-oifigeach leanúint dá fhiosrúchán nó dá fiosrúchán nó dá bheart nó dá beart.

(9) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'oibriú alt 811 ná 811A.

Daoine inmhuirearaithe: teorainn ama le measúnacht arna déanamh nó arna leasú ag oifigeach Ioncaim.

959AA.—(1) I gcás go ndearna duine inmhuirearaithe tuairisceán a sheachadadh do thréimhse inmhuirearaithe agus go ndearna sé nó sí nochtadh iomlán cruinn sa tuairisceán ar na fíorais ábhartha go léir is gá chun measúnacht a dhéanamh don tréimhse inmhuirearaithe, ní dhéanfaidh oifigeach Ioncaim—

(*a*) measúnacht don tréimhse sin, ná

(*b*) leasú ar mheasúnacht don tréimhse sin,

ar an duine inmhuirearaithe tar éis deireadh tréimhse 4 bliana dar tosach deireadh na tréimhse inmhuirearaithe ina seachadtar an tuairisceán agus—

(i) ní bheidh aon cháin bhreise iníoctha ag an duine inmhuirearaithe tar éis dheireadh na tréimhse 4 bliana sin, agus

(ii) ní dhéanfar aon cháin a aisíoc tar éis deireadh tréimhse 4 bliana dar tosach deireadh na tréimhse inmhuirearaithe a seachadtar an tuairisceán ina leith,

mar gheall ar aon ní atá sa tuairisceán.

(2) Ní choisceann aon ní san alt seo ar oifigeach Ioncaim measúnacht do thréimhse inmhuirearaithe a leasú aon tráth—

(*a*) i gcás nach bhfuil nochtadh iomlán cruinn sa tuairisceán ar na fíorais ábhartha go léir is gá chun measúnacht a dhéanamh don tréimhse sin,

(*b*) d'fhonn éifeacht a thabhairt do chinneadh ar aon achomharc i gcoinne measúnachta nó i gcoinne cinneadh lena mbaineann alt 949,

(*c*) d'fhonn aon fhíoras nó ní a chur i gcuntas a eascraíonn de bhíthin teagmhas a tharlaíonn tar éis an tuairisceán a sheachadadh,

(*d*) d'fhonn earráid ríomha sa mheasúnacht a cheartú, nó

(*e*) d'fhonn dearmad fíorais a cheartú, ar dearmad é a fhágann go bhfuil ní éigin sa mheasúnacht nach bhfuil ag freagairt i gceart do na fíorais a nocht an duine inmhuirearaithe,

agus déanfar cáin a íoc nó a aisíoc (d'ainneoin aon teorann in alt 865(4) leis an tréimhse ama ar laistigh di a cheanglaítear éileamh ar aisíocaíocht cánach a dhéanamh), más cuí, de réir aon leasú den sórt sin.

(3) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'oibriú alt 804(3), 811, 811A ná 1048.

Daoine seachas daoine inmhuirearaithe: teorainn ama le measúnacht Ioncaim agus le measúnacht leasaithe.

959AB.—(1) Faoi réir fhorálacha eile an ailt seo agus alt 997, féadfaidh oifigeach Ioncaim measúnacht Ioncaim ar dhuine seachas duine inmhuirearaithe a dhéanamh nó a leasú aon tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis dheireadh na tréimhse inmhuirearaithe lena mbaineann an mheasúnacht.

(2) I gcás go bhfaightear díolaíochtaí lena mbaineann fo-alt (3) i mbliain mheasúnachta i ndiaidh na bliana measúnachta arb inmheasúnaithe iad ina leith, féadfaidh oifigeach Ioncaim measúnacht Ioncaim ar dhuine seachas duine inmhuirearaithe a dhéanamh nó a leasú aon tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis dheireadh na bliana measúnachta ina bhfuarthas na díolaíochtaí.

(3) Maidir leis na díolaíochtaí lena mbaineann an fo-alt seo, is díolaíochtaí iad de réir bhrí alt

112(2), lena n-áirítear aon íocaíochtaí is inmhuirearaithe i leith cánach de bhua alt 123 agus aon suimeanna a ndéileálfar leo, de bhua Chaibidil 3 de Chuid 5, mar pheorcaisí de chuid oifige nó fostaíochta duine, ar díolaíochtaí, íocaíochtaí nó suimeanna iad seachas iad sin a chuirtear i gcuntas i measúnacht i leith cáin ioncaim don bhliain mheasúnachta ina bhfaightear iad agus, chun críocha fho-alt (2)—

(*a*) déileálfar le haon íocaíocht den sórt sin, d'ainneoin aon ní in alt 123(4), mar íocaíocht a fuarthas an tráth a fuarthas í iarbhír, agus

(*b*) déileálfar le haon suimeanna den sórt sin nach n-íoctar iarbhír leis an duine mar shuimeanna a fuarthas an tráth a tabhaíodh na caiteachais iomchuí nó a meastar chun críocha Chaibidil 3 de Chuid 5 gur tabhaíodh iad.

(4) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d'oibriú alt 811 ná 811A.

Daoine inmhuirearaithe: measúnacht Ioncaim agus leasú ar mheasúnachtaí d'uireasa tuairisceáin, etc.

959AC.—(1) San alt seo, folaíonn 'faisnéis' faisnéis a fhaightear ó chomhalta den Gharda Síochána.

(2) D'ainneoin alt 959AA, más rud é, i ndáil le duine inmhuirearaithe—

(*a*) go mainníonn an duine tuairisceán do thréimhse inmhuirearaithe a sheachadadh,

(*b*) nach bhfuil oifigeach Ioncaim sásta le leordhóthanacht tuairisceáin arna sheachadadh ag an duine ag féachaint d'aon fhaisnéis a fhaightear ina leith sin, nó

(*c*) go bhfuil forais réasúnacha ag oifigeach Ioncaim chun a chreidiúint nach bhfuil nochtadh iomlán cruinn sa tuairisceán ar na fíorais ábhartha go léir is gá chun measúnacht a dhéanamh don tréimhse inmhuirearaithe,

ansin féadfaidh oifigeach Ioncaim, aon tráth, measúnacht Ioncaim a dhéanamh ar an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe ina mbeidh cibé suim ba chóir, go feadh bhreithiúnas an oifigigh, a mhuirearú ar an duine sin.

(3) Más rud é go ndéanann oifigeach Ioncaim measúnacht Ioncaim ar dhuine inmhuirearaithe faoin alt seo i gcás go mainníonn an duine tuairisceán a sheachadadh, ní gá aon sonraí a leagan amach san fhógra measúnachta seachas an méid cánach is iníoctha ag an duine don tréimhse inmhuirearaithe ar bhonn na measúnachta sin.

(4) In aon cheann de na himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (2), féadfaidh oifigeach

Ioncaim, aon tráth, measúnacht Ioncaim ar dhuine inmhuirearaithe, nó féinmheasúnacht i ndáil le duine inmhuirearaithe, don tréimhse inmhuirearaithe atá i gceist a leasú ar cibé slí is dóigh leis an oifigeach is gá.

Daoine inmhuirearaithe agus daoine eile: measúnacht Ioncaim agus leasú ar mheasúnachtaí i gcás calaoise nó faillí.

959AD.—(1) San alt seo, ciallaíonn 'faillí' neamart nó mainneachtain aon fhógra a thabhairt, aon tuairisceán a thabhairt, aon ráiteas nó dearbhú a dhéanamh, nó aon liosta, doiciméad nó faisnéis eile a thabhairt ar aird nó a thabhairt a cheanglaítear leis na hAchtanna nó fúthu.

(2) Chun críocha fho-alt (1), measfar nár mhainnigh duine aon ní a dhéanamh ba ghá a dhéanamh laistigh de thréimhse ama theoranta má rinne an duine é laistigh de cibé tréimhse ama bhreise, más ann, a cheadaigh na Coimisinéirí Ioncaim nó an t-oifigeach Ioncaim lena mbaineann agus, i gcás go raibh leithscéal réasúnach ag duine i dtaobh gan aon ní a dhéanamh ba ghá a dhéanamh, measfar nár mhainnigh an duine é a dhéanamh má rinne an duine é gan moill mhíréasúnach tar éis deireadh a bheith leis an leithscéal.

(3) D'ainneoin ailt 959AA agus 959AB, i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag oifigeach Ioncaim chun a chreidiúint go ndearna duine calaois nó faillí d'aon chineál nó go ndearnadh calaois nó faillí d'aon chineál thar ceann duine i dtaca le cáin nó i ndáil le cáin atá dlite do thréimhse inmhuirearaithe, féadfaidh oifigeach Ioncaim, aon tráth, measúnacht Ioncaim a dhéanamh ar an duine sin don tréimhse inmhuirearaithe.

(4) Déanfaidh oifigeach Ioncaim measúnacht lena mbaineann an t-alt seo ina mbeidh cibé suim ba chóir, go feadh bhreithiúnas an oifigigh, a mhuirearú ar an duine atá i gceist.

(5) Sna himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (3), féadfaidh oifigeach Ioncaim, aon tráth, measúnacht Ioncaim ar dhuine, nó féinmheasúnacht i ndáil le duine, do thréimhse inmhuirearaithe a leasú ar cibé slí is dóigh leis an oifigeach is gá.

Measúnachtaí Ioncaim eile agus nithe ilghnéitheacha.

959AE.—(1) Ní choisceann aon ní sa Chaibidil seo ar chigire ná ar oifigeach Ioncaim eile measúnacht a dhéanamh—

(*a*) de réir alt 960Q,

(*b*) de réir alt 977(3) nó fho-alt (2) nó (3) d'alt 978, de réir mar is cuí, agus, d'ainneoin Chaibidil 7, beidh cáin a shonrófar i measúnacht den sórt sin dlite agus iníoctha de réir alt 979,

(*c*) de réir fho-alt (5A) nó (6), de réir mar is cuí, d'alt 980 agus, d'ainneoin Chaibidil 7, beidh cáin a shonrófar i

measúnacht den sórt sin dlite agus iníoctha de réir an ailt sin 980, nó

(*d*) de réir alt 1042 agus, d'ainneoin Chaibidil 7, beidh cáin a shonrófar i measúnacht den sórt sin dlite agus iníoctha de réir an ailt sin.

(2) Faoi réir fho-alt (1), ní dhéanfar measúnacht faoin gCaibidil seo ar dhuine inmhuirearaithe do thréimhse inmhuirearaithe aon tráth roimh an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe mura bhfuil tuairisceán seachadta, an tráth sin, ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe.

(3) Ní dhéanann aon ní sa Chaibidil seo difear do cheart cigire nó oifigigh Ioncaim eile measúnacht a dhéanamh nó a leasú i gcás go bhfuil ar áireamh i bhforáil de na hAchtanna (seachas an Chaibidil seo) ceart chun duine a mheasúnú nó a mhuirearú i leith cánach nó ceart chun measúnacht ar dhuine a dhéanamh nó a leasú.

(4) Maidir le measúnacht atá críochnaitheach agus dochloíte thairis sin ní áireofar í, chun aon chríche de chuid na nAchtanna, mar mheasúnacht nach bhfuil chríochnaitheach agus dochloíte nó mar mheasúnacht atá scortha de bheith críochnaitheach agus dochloíte de bhíthin amháin gur leasaigh oifigeach Ioncaim an mheasúnacht nó go bhféadfaidh sé nó sí an mheasúnacht a leasú.

Caibidil 6

Achomhairc

Daoine inmhuirearaithe agus daoine eile: achomharc i ndáil le teorainn ama le measúnacht arna déanamh nó arna leasú ag oifigeach Ioncaim.

959AF.—(1) Aon duine arb éagóir leis nó léi measúnacht a dhéanann oifigeach Ioncaim, nó leasú ar mheasúnacht a dhéanann oifigeach Ioncaim, ar na forais go measann an duine go raibh bac ar an oifigeach Ioncaim an mheasúnacht nó, de réir mar a bheidh, an leasú a dhéanamh—

(*a*) i gcás duine inmhuirearaithe, de bhíthin alt 959AA, nó

(*b*) i gcás duine seachas duine inmhuirearaithe, de bhíthin alt 959AB nó alt 997,

féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh i gcoinne na measúnachta nó na measúnachta leasaithe ar na forais sin.

(2) Más rud é, ar an achomharc a éisteacht, go gcinneann na Coimisinéirí Ioncaim go raibh bac ar an oifigeach an mheasúnacht a dhéanamh nó, de réir mar a bheidh, an leasú a dhéanamh, tá feidhm ag na hAchtanna amhail is nach ndearnadh an mheasúnacht nó an leasú, de réir mar a bheidh, agus tá an mheasúnacht nó an leasú ar an measúnacht, de réir mar is cuí, ar neamhní.

(3) Más rud é, ar an achomharc a éisteacht, go gcinneann na Coimisinéirí Ioncaim nach raibh bac ar an oifigeach an mheasúnacht a dhéanamh nó, de réir mar a bheidh, an leasú a dhéanamh, seasann an mheasúnacht nó an mheasúnacht arna leasú, ach amháin a mhéid go bhfuil aon mhéid nó ní sa mheasúnacht sin ina ábhar d'achomharc bailí ar aon fhorais eile.

Daoine inmhuirearaithe: gan aon ábhar achomhairc a bheith ann i gcoinne féinmheas-únachta.

959AG.—Ní fhéadfar aon achomharc a dhéanamh—

(*a*) i gcoinne féinmheasúnachta arna déanamh faoi alt 959R, alt 959T nó alt 959U,

(*b*) i gcoinne féinmheasúnachta arna leasú faoi alt 959V,

(*c*) i gcoinne méid aon ioncaim, brabús nó gnóchan nó, de réir mar a bheidh, gnóchan inmhuirearaithe, nó méid aon liúntais, asbhainte, faoisimh nó creidmheasa cánach a shonrófar i measúnacht den sórt sin.

Daoine inmhuirearaithe: ceanglas tuairisceán a chur isteach agus cáin a íoc.

959AH.—(1) I gcás go ndéanann oifigeach Ioncaim measúnacht Ioncaim, ní bheidh aon ábhar achomhairc ann i gcoinne na measúnachta—

(*a*) más rud é go ndearnadh an mheasúnacht i gcás gur mainníodh tuairisceán a sheachadadh, go dtí cibé tráth a sheachadann an duine inmhuirearaithe an tuairisceán, agus

(*b*) i ngach cás, go dtí cibé tráth a íocann an duine inmhuirearaithe méid cánach ar scór na measúnachta, nó go dtí cibé tráth a bheidh méid cánach ar scór na measúnachta íoctha ag an duine inmhuirearaithe, nach lú ná—

(i) an cháin is iníoctha faoi threoir aon fhéinmheasúnacht atá ar áireamh i dtuairisceán an duine inmhuirearaithe, nó

(ii) i gcás nach bhfuil aon fhéinmheasúnacht ar áireamh, an cháin ab iníoctha ar scór féinmheasúnachta dá ndéanfaí an mheasúnacht ar gach slí faoi threoir na ráiteas agus na sonraí a bhí sa tuairisceán a sheachaid an duine inmhuirearaithe.

(2) Diúltóidh oifigeach Ioncaim iarratas ar achomharc murar comhlíonadh ceanglais mhír (*a*) agus (*b*) d'fho-alt (1) laistigh den tréimhse ama chun achomharc a thionscnamh i gcoinne na measúnachta.

(3) Déanfar tagairtí i bhfo-alt (1) do mhéid cánach a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn aon mhéid úis a bheadh dlite agus iníoctha faoi alt 1080 ar an gcáin sin ar dháta íoctha na cánach, mar aon le haon chostais a tabhaíodh nó méideanna eile a fhéadfar a mhuirearú nó a thobhach le linn an cháin atá ar áireamh sa mheasúnacht, nó sa mheasúnacht arna leasú, de réir mar a bheidh, a bhailiú.

(4) Tá feidhm ag ceanglais an ailt seo i ndáil le measúnacht arna leasú ag oifigeach Ioncaim mar atá feidhm acu maidir le measúnacht Ioncaim arna déanamh ag oifigeach Ioncaim.

Daoine inmhuirearaithe agus daoine eile: gan aon ábhar achomhairc a bheith ann i gcoinne méideanna comhaontaithe.

959AI.—Ní fhéadfar aon achomharc a dhéanamh i gcoinne méid aon ioncaim, brabús nó gnóchan nó, de réir mar a bheidh, gnóchan inmhuirearaithe, nó méid aon liúntais, asbhainte, faoisimh nó creidmheasa cánach a shonrófar i measúnacht nó i measúnacht leasaithe arna déanamh ar dhuine do thréimhse inmhuirearaithe más rud é—

(*a*) gur chinn oifigeach Ioncaim an méid trí ghlacadh leis an ráiteas nó na ráitis nó leis an sonra nó na sonraí, gan é nó iad a athrú agus gan imeacht uaidh nó uathu, maidir le hioncam, brabúis nó gnóchain nó, de réir mar a bheidh, le gnóchain inmhuirearaithe, nó liúntais, asbhaintí, faoisimh nó creidmheasanna cánach a sonraíodh sa tuairisceán a sheachaid an duine don tréimhse inmhuirearaithe, nó

(*b*) gur comhaontaíodh an méid idir an t-oifigeach Ioncaim agus an duine, nó aon duine a bhí údaraithe ag an duine chuige sin, roimh an measúnacht nó an leasú ar an measúnacht, de réir mar a bheidh, a dhéanamh.

Daoine inmhuirearaithe agus daoine eile: forais achomhairc.

959AJ.—(1) I gcás go dtionscnaítear achomharc i gcoinne measúnachta nó measúnacht leasaithe arna déanamh ar dhuine d'aon tréimhse inmhuirearaithe, sonróidh an duine san fhógra achomhairc—

(*a*) gach méid nó ní sa mheasúnacht nó sa mheasúnacht leasaithe arb éagóir leis an duine é, agus

(*b*) na forais mhionsonraithe atá le hachomharc an duine maidir le gach méid nó ní den sórt sin.

(2) Más rud é, maidir le méid nó ní lena mbaineann fógra achomhairc, nach bhfuil an fógra de réir fho-alt (1), tá an fógra neamhbhailí, a mhéid a bhaineann sé leis an méid sin nó leis an

ní sin, agus measfar nár tionscnaíodh an t-achomharc atá i gceist a mhéid a bhaineann sé leis an méid sin nó leis an ní sin.

(3) Níl duine i dteideal seasamh ar aon fhoras achomhairc nach sonraítear san fhógra achomhairc mura deimhin leis na Coimisinéirí Achomhairc, nó mura deimhin leis an mbreitheamh den Chúirt Chuarda, de réir mar a bheidh, nárbh fhéidir le réasún an foras a shonrú san fhógra.

Daoine inmhuirearaithe agus daoine eile: achomharc i gcoinne measúnacht leasaithe.

959AK.—Faoi réir fhorálacha eile na Caibidle seo, i gcás go ndéanann oifigeach Ioncaim leasú ar mheasúnacht (nach leasú é a dhéantar de bhíthin achomharc a chinneadh), féadfaidh an duine a mheasúnaítear achomharc a dhéanamh i gcoinne na measúnachta arna leasú amhlaidh ar gach slí amhail is dá mba mheasúnacht í a rinneadh ar dháta an leasaithe agus amhail is dá mba fhógra faoin measúnacht an fógra faoin measúnacht arna leasú amhlaidh, ach amháin nach mbeidh ag an duine, i ndáil le nithe seachas athruithe a dhéanamh ar an measúnacht, nó ábhair a chur léi nó a scriosadh aisti, de bhíthin an leasaithe, aon cheart achomhairc eile de bhreis ar an gceart achomhairc a bheadh ag an duine murach go ndearnadh leasú ar an measúnacht.

Daoine seachas daoine inmhuirearaithe: rialacha eile.

959AL.—Faoi réir fhorálacha eile na Caibidle seo, i gcás go dtionscnaíonn duine nach duine inmhuirearaithe achomharc i gcoinne measúnachta ansin, go dtí go gcinnfear an t-achomharc—

(*a*) beidh méid cánach iníoctha ar an dáta dlite chun cáin a íoc faoin measúnacht agus is é a bheidh ann an méid a bheidh fágtha nuair a dhéantar na creidmheasanna cánach cuí (lena n-áirítear creidmheas cánach pearsanta más infheidhme) atá dlite don duine a lamháil le linn an cháin a mhuirearaítear sa mheasúnacht a ríomh agus nach mbaineann leis na méideanna nó na nithe arb éagóir iad leis an duine a mheasúnaítear, agus

(*b*) measfar chun críocha ailt 1080 agus 1081 gurb é an méid cánach sin an cháin atá dlite agus iníoctha faoin measúnacht.

Caibidil 7

Daoine Inmhuirearaithe: Réamhcháin agus Dátaí chun Cáin a Íoc

Léiriú agus ilghnéitheach (Caibidil 7).

959AM.—(1) Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn 'tréimhse chuntasaíochta' tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta;

ciallaíonn ‘cáin chorparáide chomhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin’, i ndáil le tréimhse chuntasaíochta agus cuideachta, méid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$T \times \frac{C}{P}$$

i gcás—

gurb é T an cháin chorparáide ab iníoctha don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin,

gurb é C an líon laethanta sa tréimhse chuntasaíochta, agus

gurb é P an líon laethanta sa tréimhse chuntasaíochta roimhe sin;

ciallaíonn ‘cáin ioncaim chomhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin’, i ndáil le tréimhse chuntasaíochta agus cuideachta, méid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$I \times \frac{C}{P}$$

i gcás—

gurb é I an cháin ioncaim ab iníoctha faoi alt 239 nó 241 don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin,

gurb é C an líon laethanta sa tréimhse chuntasaíochta, agus

gurb é P an líon laethanta sa tréimhse chuntasaíochta roimhe sin;

forléireofar ‘tráthchuid deiridh’ de réir alt 959AS(1);

forléireofar ‘tráthchuid iomchuí deiridh’ de réir alt 959AS(5);

forléireofar ‘tráthchuid tosaigh’ de réir alt 959AS(1);

forléireofar ‘tráthchuid iomchuí tosaigh’ de réir alt 959AS(5);

ciallaíonn ‘an bhliain chánach roimh an mbliain chánach roimhe sin’, i ndáil le cáin ioncaim agus bliain chánach, an chéad bhliain chánach eile díreach roimh an mbliain chánach roimhe sin;

faoi réir fho-alt (2), ciallaíonn ‘tréimhse chuntasaíochta iomchuí’, i ndáil le tréimhse chuntasaíochta, tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta seachas mionchuideachta;

tá le 'caighdeáin chuntasaíochta iomchuí' an bhrí chéanna atá leis i Sceideal 17A;

ciallaíonn 'cuideachta iomchuí' cuideachta ar ina leith a dhéantar brabúis nó gnóchain chun críocha Chás I nó II de Sceideal D a ríomh de réir caighdeáin chuntasaíochta iomchuí, arb éard iad, nó ar a n-áirítear, caighdeáin chuntasaíochta iomchuí i ndáil le brabúis nó gnóchain nó caillteanais ar shócmhainní airgeadais nó dliteanais airgeadais;

faoi réir fho-alt (3), ciallaíonn 'teorainn iomchuí', i ndáil le tréimhse chuntasaíochta, €200,000;

forléireofar 'mionchuideachta' de réir fho-alt (4);

ciallaíonn 'cáin is iníoctha don tréimhse thosaigh', i ndáil le cáin ghnóchan caipitiúil agus bliain chánach, an cháin ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe dá gcríochnódh an bhliain chánach an 30 Samhain sa bhliain seachas an 31 Nollaig sa bhliain sin;

ciallaíonn 'cáin is iníoctha don tréimhse is déanaí', i ndáil le cáin ghnóchan caipitiúil agus bliain chánach, an cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don bhliain chánach lúide an cháin is iníoctha don tréimhse thosaigh i ndáil leis an mbliain sin.

(2) Ní tréimhse chuntasaíochta iomchuí tréimhse chuntasaíochta más rud é, murach an fo-alt seo, go mbeadh an tráthchuid deiridh réamhchánach, mar gheall ar na dátaí a thosaíonn agus a chríochnaíonn an tréimhse chuntasaíochta, dlite agus iníoctha de réir alt 959AS(2) ar an dáta nó roimh an dáta a bheadh an tráthchuid tosaigh dlite agus iníoctha de réir an ailt sin.

(3) I gcás inar giorra ná 12 mhí tréimhse chuntasaíochta, déanfar an teorainn iomchuí i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta a laghdú go comhréireach.

(4) Tá cuideachta ina mionchuideachta i ndáil le tréimhse chuntasaíochta mura mó an cháin chorparáide chomhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin ná an teorainn iomchuí i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta.

(5) Aon tagairtí sa Chaibidil seo don dáta dlite chun méid réamhchánach a íoc, forléireofar iad de réir alt 959AR(1) sa chás ina bhfuil an cháin sin dlite do thréimhse chuntasaíochta, seachas tréimhse chuntasaíochta iomchuí, de chuid cuideachta.

(6) Aon tagairtí sa Chaibidil seo don dáta dlite chun an tráthchuid tosaigh réamhchánach nó an tráthchuid deiridh réamhchánach a íoc, forléireofar iad de réir alt 959AS(2) sa chás ina

bhfuil an cháin sin dlite do thréimhse chánach iomchuí.

(7) Tá feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le daoine inmhuirearaithe amháin.

(8) Faoi réir ailt 579(4)(*b*) agus 981, tá feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le dátaí dlite chun cáin a íoc.

Oibleagáid réamhcháin a íoc.

959AN.—(1) Gach duine is duine inmhuirearaithe maidir le haon tréimhse inmhuirearaithe, tá sé nó sí faoi dhliteanas an méid réamhchánach de chuid an duine sin is cuí maidir leis an tréimhse inmhuirearaithe sin a íoc leis an Ard-Bhailitheoir de réir na Caibidle seo.

(2) Is é an méid réamhchánach de chuid duine inmhuirearaithe is cuí maidir le tréimhse inmhuirearaithe an méid cánach is dóigh, i dtuairim an duine inmhuirearaithe, a thiocfaidh chun bheith iníoctha ag an duine sin don tréimhse inmhuirearaithe de bhíthin féinmheasúnachta faoi Chaibidil 4 nó measúnacht Ioncaim faoi Chaibidil 5.

(3) Aon mhéid réamhchánach is cuí maidir le tréimhse inmhuirearaithe agus a íocann duine inmhuirearaithe in aon cháil agus nach n-aisíoctar le duine inmhuirearaithe in aon cháil, déileálfar leis mar íocaíocht ar chuntas na cánach is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse inmhuirearaithe go feadh mhéid na híocaíochta sin nó go feadh mhéid na híocaíochta sin lúide aon mhéid a aisíocadh.

(4) Más rud é—

(*a*) nach mó an cháin is iníoctha ag cuideachta do thréimhse chuntasaíochta ná an teorainn iomchuí, agus

(*b*) gur thosaigh an tréimhse chuntasaíochta ar an gcuideachta do theacht faoi réim cáin chorparáide,

ansin measfar gur nialas an réamhcháin is cuí maidir leis an tréimhse chuntasaíochta agus ní bheidh feidhm ag fo-alt (3) d'alt 959AR ná ag fo-alt (4) d'alt 959AS maidir leis an tréimhse chuntasaíochta sin.

(5) Níl feidhm ag an alt seo maidir le cáin ghnóchan caipitiúil.

An dáta chun cáin ioncaim a íoc.

959AO.—(1) Faoi réir alt 959AP, tá réamhcháin is cuí maidir le bliain chánach chun críocha cánach ioncaim dlite agus iníoctha an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain chánach nó roimhe.

(2) (*a*) Faoi réir fho-ailt (3) go (6), maidir le cáin ioncaim is iníoctha ag duine inmhuirearaithe do bhliain chánach,

beidh sí dlite agus iníoctha an dáta tuairisceáin sonraithe don bhliain chánach nó roimhe cibé acu a dhéantar nó nach ndéantar measúnacht ar an duine inmhuirearaithe, nó a dhéanann nó nach ndéanann an duine inmhuirearaithe measúnacht, don bhliain chánach sin an dáta sin nó roimhe.

(*b*) I gcás nach ndearnadh measúnacht i leith cáin ioncaim do bhliain chánach ar dhuine inmhuirearaithe nó ag duine inmhuirearaithe an dáta tuairisceáin sonraithe don bhliain chánach nó roimhe, ansin, maidir leis an gcáin a shonrófar in aon mheasúnacht ina dhiaidh sin a dhéanfar ar an duine inmhuirearaithe nó ag an duine inmhuirearaithe don bhliain sin, measfar go raibh sí dlite agus iníoctha an dáta tuairisceáin sonraithe don bhliain chánach nó roimhe.

(3) Aon cháin ioncaim is iníoctha ag duine inmhuirearaithe do bhliain chánach, measfar go raibh sí dlite agus iníoctha an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain chánach más rud é—

(*a*) gur mhainnigh an duine inmhuirearaithe réamhcháin don bhliain chánach a íoc,

(*b*) gur lú an réamhcháin a d'íoc an duine inmhuirearaithe don bhliain chánach ná na méideanna seo a leanas nó an méid is lú díobh, de réir mar a bheidh—

(i) 90 faoin gcéad den cháin ioncaim ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don bhliain chánach,

(ii) an cháin ioncaim ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don bhliain chánach roimhe sin, agus

(iii) i gcás duine inmhuirearaithe lena mbaineann alt 959AP (seachas duine inmhuirearaithe ar nialas an méid cánach ioncaim ab iníoctha, nó a measadh de réir fho-alt (4)(*a*) é a bheith iníoctha, don bhliain chánach roimh an mbliain chánach roimhe sin, i ndáil leis nó léi), 105 faoin gcéad den cháin ioncaim ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don bhliain chánach roimh an mbliain chánach roimhe sin,

nó

(*c*) nár íocadh an réamhcháin ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don bhliain chánach faoin 31 Deireadh Fómhair sa bhliain chánach.

(4) Chun críocha fhomhíreanna (ii) agus (iii) d'fho-alt (3)(*b*)—

(*a*) faoi réir fho-alt (5), i gcás nár dhuine inmhuirearaithe an duine inmhuirearaithe don bhliain chánach roimhe sin ná don bhliain chánach roimh an mbliain chánach roimhe sin, measfar gur nialas an cháin ioncaim ab iníoctha don bhliain roimhe sin nó don bhliain roimh an mbliain roimhe sin, de réir mar a bheidh,

(*b*) más rud é, tar éis an 31 Deireadh Fómhair i mbliain chánach, go dtagann méid cánach ioncaim breise don bhliain chánach roimhe sin nó, i gcás duine inmhuirearaithe lena mbaineann alt 959AP, don bhliain chánach roimh an mbliain chánach roimhe sin chun bheith iníoctha, ní chuirfear an cháin ioncaim bhreise sin i gcuntas má tháinig sí chun bheith dlite agus iníoctha mí tar éis an mheasúnacht a leasú nó tar éis an t-achomharc a chinneadh, de réir mar a bheidh, de bhua alt 959AU(2) nó alt 959AV(2), agus

(*c*) déanfar an cháin ab iníoctha don bhliain chánach roimhe sin, nó i gcás duine inmhuirearaithe lena mbaineann alt 959AP, don bhliain chánach roimh an mbliain chánach roimhe sin, a chinneadh gan féachaint d'aon fhaoiseamh a bhfuil teideal ag an duine inmhuirearaithe, nó a d'fhéadfadh teideal a bheith aige nó aici, chuige don bhliain roimhe sin nó don bhliain roimh an mbliain roimhe sin, de réir mar a bheidh, faoi alt 481 nó faoi Chuid 16.

(5) I gcás go measúnaítear duine inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim de réir alt 1017 nó 1031C do bhliain chánach agus nár measúnaíodh an duine sin amhlaidh don bhliain chánach roimhe sin nó don bhliain chánach roimh an mbliain chánach roimhe sin, nó don dá bhliain sin—

(*a*) toisc gur measúnaíodh céile nó páirtnéir sibhialta an duine amhlaidh do cheachtar bliain díobh sin nó don dá bhliain sin, nó

(*b*) toisc gur measúnaíodh an duine agus céile nó páirtnéir sibhialta an duine i

leith cáin ioncaim de réir alt 1016 nó 1023, nó alt 1031B nó 1031H, de réir mar a bheidh, do cheachtar bliain díobh sin nó don dá bhliain sin,

tá feidhm ag fomhíreanna (ii) agus (iii) d'fho-alt (3)(*b*) agus ag fo-alt (4)(*a*) amhail is dá mba rud é gur roghnaigh an duine agus céile nó páirtnéir sibhialta an duine de réir alt 1018, 1019 nó 1031D, de réir mar a bheidh, go measúnófaí an duine i leith cáin ioncaim de réir alt 1017 nó 1031C d'aon bhliain de na blianta sin ar ina leith a bhí an duine, nó céile nó páirtnéir sibhialta an duine, i dteideal roghnú amhlaidh nó, i gcás daoine pósta, a bheidís i dteideal amhlaidh dá mbeadh feidhm ag alt 1019.

(6) (*a*) Más rud é, i ndáil le bliain chánach, go meastar gurb é atá i mbrabúis nó gnóchain tréimhse comhréire a bhaineann leis an mbliain chánach roimhe sin brabúis nó gnóchain na bliana cánach sin roimhe sin de réir alt 65(3), ansin, d'ainneoin nár leasaíodh an mheasúnacht don bhliain chánach sin roimhe sin, maidir le haon cháin ioncaim is iníoctha don bhliain chánach sin roimhe sin agus ar mó í ná an cháin ioncaim atá dlite agus iníoctha don bhliain sin gan féachaint d'oibriú alt 65(3), tá sí dlite agus iníoctha an dáta tuairisceáin sonraithe don bhliain chánach nó roimhe.

(*b*) Ní dhéanfar méid cánach ioncaim lena mbaineann mír (*a*) a chur i gcuntas chun críocha fho-alt (3).

(*c*) D'ainneoin alt 959AU, más rud é, i ndáil le bliain chánach, go bhfuil aon cháin bhreise don bhliain chánach roimhe sin dlite agus iníoctha de bhua leasú ar an measúnacht don bhliain sin a rinneadh de réir alt 65(3), ansin measfar go raibh cibé cáin bhreise a shonraítear sa leasú ar an measúnacht don bhliain sin dlite agus iníoctha an dáta tuairisceáin sonraithe don bhliain chánach nó roimhe.

Réamhcháin a íoc trí dhochar díreach.

959AP.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le duine inmhuirearaithe—

(*a*) a údaraíonn don Ard-Bhailitheoir réamhcháin a bhailiú chun críocha cánach ioncaim trí í a chur chun dochair do chuntas bainc de chuid an duine sin de réir fho-alt (2), agus

(*b*) a chomhlíonann cibé coinníollacha a fhorchuirfidh an tArd-Bhailitheoir le réasún chun a chinntiú go ndéanfaidh duine inmhuirearaithe méid réamhchánach is iníoctha ag an duine

inmhuirearaithe do bhliain chánach a íoc de réir an ailt seo.

(2) Tá réamhcháin is cuí maidir le bliain chánach chun críocha cánach ioncaim dlite agus iníoctha i gcás duine inmhuirearaithe lena mbaineann an fo-alt seo—

(*a*) maidir leis an gcéad bhliain chánach a bhfuil an tArd-Bhailitheoir údaraithe ina leith de réir fho-alt (1), trí 3 thráthchuid mhíosúla chomhionanna ar a laghad sa bhliain sin a chur chun dochair do chuntas bainc an duine sin, agus

(*b*) maidir le haon bhliain chánach ina dhiaidh sin ina bhfuil an tArd-Bhailitheoir údaraithe amhlaidh, trí 8 dtráthchuid mhíosúla chomhionanna ar a laghad sa bhliain sin,

agus déanfaidh an tArd-Bhailitheoir na tráthchodanna sin a chur chun dochair do chuntas bainc an duine sin an 9ú lá de gach mí a bhfuil an tArd-Bhailitheoir údaraithe amhlaidh ina leith.

(3) Féadfaidh an tArd-Bhailitheoir, in aon chás áirithe, d'fhonn íoc réamhchánach de réir an ailt seo a éascú, a aontú, de rogha an Ard-Bhailitheora, go n-athrófar líon na dtráthchodanna míosúla comhionanna a bheidh le bailiú i rith bliana nó a aontú, de rogha an Ard-Bhailitheora, go méadófar nó go laghdófar an méid a bheidh le bailiú in aon tráthchuid ina dhiaidh sin a bheidh le híoc sa bhliain sin.

(4) Ní dhéileálfar le duine inmhuirearaithe mar dhuine a d'íoc méid réamhchánach de réir an fho-ailt seo mura ndéanann an duine sin na tráthchodanna míosúla atá dlite de réir fho-alt (2) nó (3), de réir mar is cuí, a íoc sa bhliain chánach.

(5) Chun críocha alt 959AO, aon duine inmhuirearaithe a íocann méid réamhchánach is cuí maidir le bliain chánach de réir an ailt seo, measfar gur íoc sé nó sí an méid réamhchánach sin an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain chánach.

An dáta chun cáin ghnóchan caipitiúil a íoc.

959AQ.—(1) I gcás nach ndearnadh measúnacht ar dhuine inmhuirearaithe do bhliain chánach nó nach ndearna duine inmhuirearaithe measúnacht do bhliain chánach, tá cáin ghnóchan caipitiúil is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don bhliain chánach dlite agus iníoctha—

(*a*) maidir le cáin is iníoctha don tréimhse thosaigh, an 15 Nollaig sa bhliain chánach nó roimhe, agus

(*b*) maidir le cáin is iníoctha don tréimhse is déanaí, an 31 Eanáir sa chéad bhliain chánach eile ina dhiaidh sin nó roimhe.

(2) I gcás go bhfuil an cháin ghnóchan caipitiúil is iníoctha ag duine inmhuirearaithe do bhliain chánach dlite agus iníoctha de réir fho-alt (1), ansin measfar go bhfuil an cháin a shonrófar in aon mheasúnacht ina dhiaidh sin a dhéanfar ar an duine inmhuirearaithe nó a dhéanfaidh an duine inmhuirearaithe don bhliain sin dlite agus iníoctha—

(*a*) an 15 Nollaig sa bhliain chánach nó roimhe, maidir le cáin is iníoctha don tréimhse thosaigh, agus

(*b*) an 31 Eanáir sa chéad bhliain chánach eile ina dhiaidh sin nó roimhe, maidir le cáin is iníoctha don tréimhse is déanaí.

An dáta chun cáin chorparáide a íoc: cuideachtaí seachas cuideachtaí a bhfuil tréimhsí cuntasaíochta iomchuí acu.

959AR.—(1) Tá réamhcháin is cuí maidir le tréimhse chuntasaíochta, seachas tréimhse chuntasaíochta iomchuí, de chuid cuideachta dlite agus iníoctha—

(*a*) faoi réir mhír (*b*), tráth nach déanaí ná an lá (dá ngairtear an 'lá céadluaite' sa mhír seo) atá 31 lá roimh an lá a chríochnaíonn an tréimhse chuntasaíochta, ach i gcás gur déanaí an lá céadluaite ná an 21ú lá den mhí ina dtarlaíonn sé, beidh an réamhcháin dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná—

(i) an 21ú lá den mhí ina bhfuil an lá céadluaite sin, nó

(ii) i gcás go ndéantar an réamhcháin a íoc faoin 23ú lá den mhí ina bhfuil an lá céadluaite sin trí cibé meán leictreonach a cheanglaíonn na Coimisinéirí Ioncaim, an 23ú lá den mhí ina dtarlaíonn an lá céadluaite sin,

(*b*) i gcás gur giorra ná mí agus lá an tréimhse chuntasaíochta, tráth nach déanaí ná an lá deireanach den tréimhse chuntasaíochta, ach más déanaí an lá sin ná an 21ú lá den mhí ina bhfuil sé, tá an réamhcháin dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná—

(i) an 21ú lá den mhí ina bhfuil an lá deireanach sin, nó

(ii) i gcás go ndéantar an réamhcháin a íoc faoin 23ú lá den mhí ina bhfuil an lá deireanach sin trí cibé meán leictreonach a cheanglaíonn na Coimisinéirí Ioncaim, an 23ú lá den mhí ina bhfuil an lá deireanach sin.

(2) (*a*) Faoi réir fho-ailt (3) agus (4), beidh cáin is iníoctha ag duine inmhuirearaithe do thréimhse chuntasaíochta, seachas tréimhse chuntasaíochta iomchuí, de chuid cuideachta dlite agus iníoctha an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse chuntasaíochta nó roimhe.

(*b*) I gcás go bhfuil an cháin is iníoctha ag duine inmhuirearaithe do thréimhse chuntasaíochta, seachas tréimhse chuntasaíochta iomchuí, de chuid cuideachta dlite agus iníoctha de réir mhír (*a*), ansin, maidir leis an gcáin a shonrófar in aon mheasúnacht ina dhiaidh sin a dhéanfar ar an duine inmhuirearaithe nó a dhéanfaidh an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta sin, measfar go raibh sí dlite agus iníoctha an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse chuntasaíochta nó roimhe.

(3) Faoi réir fho-alt (4), measfar go raibh an cháin ab iníoctha ag duine inmhuirearaithe do thréimhse chuntasaíochta, seachas tréimhse chuntasaíochta iomchuí, de chuid cuideachta dlite agus iníoctha ar an dáta dlite chun méid réamhchánach a íoc don tréimhse chuntasaíochta más rud é—

(*a*) gur mhainnigh an duine inmhuirearaithe réamhcháin a íoc don tréimhse chuntasaíochta,

(*b*) i gcás cuideachta is mionchuideachta i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta, gur lú an réamhcháin a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta ná na méideanna seo a leanas nó an méid is lú díobh—

(i) 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta, agus

(ii) comhshuim na cánach corparáide comhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin agus na cánach ioncaim comhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin,

(*c*) i gcás cuideachta nach mionchuideachta i ndáil leis an tréimhse chuntasaíochta, gur lú an réamhcháin a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta ná 90 faoin gcéad

den cháin ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta, nó

(*d*) nach ndearnadh an réamhcháin ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta a íoc faoin dáta a bhí sí dlite agus iníoctha.

(4) Más rud é, maidir le tréimhse chuntasaíochta, seachas tréimhse chuntasaíochta iomchuí, de chuid cuideachta—

(*a*) gur lú an réamhcháin a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta de réir fho-alt (1) ná 90 faoin gcéad den cháin ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta,

(*b*) nach lú an réamhcháin a d'íoc an duine inmhuirearaithe amhlaidh don tréimhse chuntasaíochta ná 90 faoin gcéad den mhéid ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta mura mbeadh aon mhéid ar áireamh i mbrabúis na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta—

(i) i leith gnóchain inmhuirearaithe ar shócmhainní a dhiúscairt sa chuid den tréimhse chuntasaíochta atá tar éis an dáta faoina bhfuil réamhcháin don tréimhse chuntasaíochta iníoctha de réir fho-alt (1), nó

(ii) i gcás cuideachta iomchuí, i leith brabúis nó gnóchain nó caillteanais a fhabhraíonn, agus nach réadaítear, sa tréimhse chuntasaíochta ar shócmhainní airgeadais nó dliteanais airgeadais is inchurtha i leith athruithe ar luach na sócmhainní sin nó na ndliteanas sin sa chuid den tréimhse chuntasaíochta atá tar éis dheireadh na míosa díreach roimh an mí ina bhfuil an réamhcháin don tréimhse chuntasaíochta iníoctha de réir fho-alt (1),

agus

(*c*) go ndéanann an duine inmhuirearaithe íocaíocht bhreise réamhchánach don tréimhse chuntasaíochta laistigh de mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta agus nach lú comhiomlán na híocaíochta sin agus na

réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta de réir fho-alt (1) ná 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta,

ansin measfar an íocaíocht bhreise réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta, chun críocha fho-alt (3), a bheith íoctha faoin dáta faoina bhfuil sí dlite agus iníoctha.

An dáta chun cáin chorparáide a íoc: cuideachtaí a bhfuil tréimhsí cuntasaíochta iomchuí acu.

959AS.—(1) Tá réamhcháin is cuí maidir le tréimhse chuntasaíochta iomchuí dlite agus iníoctha ina 2 tráthchuid agus, san alt seo, gairtear an 'tráthchuid tosaigh' den chéad cheann díobh agus an 'tráthchuid deiridh' den dara ceann díobh.

(2) (*a*) Tá an tráthchuid tosaigh dlite agus iníoctha laistigh de thréimhse 6 mhí ó thosach na tréimhse cuntasaíochta, ach i gcás gur déanaí an lá deireanach den tréimhse 6 mhí sin ná an 21ú lá den mhí ina bhfuil sé, tá an tráthchuid tosaigh dlite agus iníoctha tráth nach déanaí—

(i) ná an 21ú lá den mhí ina bhfuil an lá deireanach sin, nó

(ii) i gcás go ndéantar an tráthchuid tosaigh a íoc faoin 23ú lá den mhí ina bhfuil an lá deireanach sin trí cibé meán leictreonach a cheanglaíonn na Coimisinéirí Ioncaim, ná an 23ú den mhí ina bhfuil an lá deireanach sin.

(*b*) Tá an tráthchuid deiridh dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná an lá (dá ngairtear 'an lá céadluaite' sa mhír seo) atá 31 lá roimh an lá a chríochnaíonn an tréimhse chuntasaíochta, ach i gcás gur déanaí an lá céadluaite ná an 21ú lá den mhí ina bhfuil sé, tá an tráthchuid deiridh dlite agus iníoctha tráth nach déanaí—

(i) ná an 21ú lá den mhí ina bhfuil an lá céadluaite sin, nó

(ii) i gcás go ndéantar an tráthchuid deiridh a íoc faoin 23ú lá den mhí ina bhfuil an lá céadluaite sin trí cibé meán leictreonach a cheanglaíonn na Coimisinéirí Ioncaim, ná an 23ú lá den mhí ina bhfuil an lá céadluaite sin.

(3) (*a*) Faoi réir fho-ailt (4) go (7), tá cáin is iníoctha ag duine inmhuirearaithe do thréimhse chuntasaíochta iomchuí dlite

agus iníoctha an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse chuntasaíochta nó roimhe.

(*b*) I gcás go bhfuil an cháin is iníoctha ag duine inmhuirearaithe do thréimhse chuntasaíochta iomchuí dlite agus iníoctha de réir mhír (*a*), ansin measfar go raibh an cháin a shonrófar in aon mheasúnacht ina dhiaidh sin a dhéanfar ar an duine inmhuirearaithe nó a dhéanfaidh an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta sin dlite agus iníoctha an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse chuntasaíochta nó roimhe.

(4) Faoi réir fho-ailt (6) agus (7) agus alt 959AT, measfar go raibh an cháin ab iníoctha ag duine inmhuirearaithe do thréimhse chuntasaíochta iomchuí dlite agus iníoctha de réir fho-alt (5) más rud é—

(*a*) gur mhainnigh an duine inmhuirearaithe an tráthchuid tosaigh réamhchánach nó an tráthchuid deiridh réamhchánach don tréimhse chuntasaíochta a íoc,

(*b*) gur lú an tráthchuid tosaigh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta ná na méideanna seo a leanas nó an ceann is lú díobh—

(i) 45 faoin gcéad den cháin ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta, agus

(ii) 50 faoin gcéad de chomhshuim na cánach corparáide comhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin agus na cánach ioncaim comhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin,

(*c*) i gcás inar thosaigh an tréimhse chuntasaíochta ar an gcuideachta do theacht faoi réim cáin chorparáide, gur lú an tráthchuid tosaigh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta ná 45 faoin gcéad den cháin ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta,

(*d*) gur lú comhiomlán na tráthchoda tosaigh réamhchánach agus na tráthchoda deiridh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta ná 90 faoin gcéad den cháin ab iníoctha ag an

duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta, nó

(*e*) nár íocadh an tráthchuid tosaigh réamhchánach nó an tráthchuid deiridh réamhchánach ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta faoin dáta a bhí sí dlite agus iníoctha.

(5) (*a*) Maidir le cáin atá dlite agus iníoctha de réir an fho-ailt seo ag duine inmhuirearaithe do thréimhse chuntasaíochta iomchuí, tá sí dlite agus iníoctha ina 2 tráthchuid agus, san fho-alt seo, gairtear 'an tráthchuid tosaigh iomchuí' den chéad cheann díobh agus 'an tráthchuid deiridh iomchuí' den dara ceann díobh.

(*b*) Is é atá i méid na tráthchoda tosaigh iomchuí 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta agus tá an tráthchuid tosaigh iomchuí dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná an lá atá an tráthchuid tosaigh réamhchánach dlite agus iníoctha de réir fho-alt (2).

(*c*) Is é atá i méid na tráthchoda deiridh iomchuí méid is comhionann leis an mbreis atá ag an gcáin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta ar mhéid na tráthchoda tosaigh iomchuí agus tá an tráthchuid deiridh iomchuí dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná an lá atá an tráthchuid deiridh réamhchánach dlite agus iníoctha de réir fho-alt (2).

(6) Más rud é, maidir le tréimhse chuntasaíochta iomchuí—

(*a*) gur lú an tráthchuid tosaigh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta de réir fho-alt (2) ná 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta,

(*b*) nach lú an tráthchuid tosaigh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe amhlaidh don tréimhse chuntasaíochta ná 45 faoin gcéad den mhéid ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta mura mbeadh aon mhéid ar áireamh i mbrabúis na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta—

(i) i leith gnóchain inmhuirearaithe ar dhiúscairt sócmhainní sa chuid den tréimhse chuntasaíochta atá tar éis an dáta faoina bhfuil an tráthchuid tosaigh réamhchánach don tréimhse chuntasaíochta iníoctha de réir fho-alt (2), nó

(ii) i gcás cuideachta iomchuí, i leith brabúis nó gnóchain nó caillteanais a fhabhraíonn, agus nach réadaítear, sa tréimhse chuntasaíochta ar shócmhainní airgeadais nó dliteanais airgeadais is inchurtha leith athruithe ar luach na sócmhainní sin nó na ndliteanas sin sa chuid den tréimhse chuntasaíochta atá tar éis dheireadh na míosa díreach roimh an mí ina bhfuil an tráthchuid tosaigh réamhchánach don tréimhse chuntasaíochta iníoctha de réir fho-alt (2),

(*c*) nach lú comhiomlán na tráthchoda tosaigh agus na tráthchoda deiridh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta de réir fho-alt (2) ná 90 faoin gcéad den mhéid cánach ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta dá ríomhfaí de réir fho-alt (7)(*b*) é,

ansin déileálfar, chun críocha fho-alt (4), leis an tráthchuid tosaigh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta mar thráthchuid a íocadh faoin dáta atá sí dlite agus iníoctha.

(7) Más rud é, maidir le tréimhse chuntasaíochta iomchuí—

(*a*) gur lú comhiomlán na tráthchoda tosaigh réamhchánach agus na tráthchoda deiridh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta de réir fho-alt (2) ná 90 faoin gcéad den cháin ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta,

(*b*) nach lú comhiomlán na tráthchoda tosaigh réamhchánach agus na tráthchoda deiridh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe amhlaidh don tréimhse chuntasaíochta ná 90 faoin gcéad den mhéid ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta mura mbeadh aon mhéid ar áireamh i mbrabúis na cuideachta don tréimhse chuntasaíochta—

(i) i leith gnóchain inmhuirearaithe ar dhiúscairt sócmhainní sa chuid den tréimhse chuntasaíochta atá tar éis an dáta faoina bhfuil an tráthchuid deiridh réamhchánach don tréimhse chuntasaíochta iníoctha de réir fho-alt (2), nó

(ii) i gcás cuideachta iomchuí, i leith brabúis nó gnóchain nó caillteanais a fhabhraíonn, agus nach réadaítear, sa tréimhse chuntasaíochta ar shócmhainní airgeadais nó dliteanais airgeadais is inchurtha i leith athruithe ar luach na sócmhainní sin nó na ndliteanas sin sa chuid den tréimhse chuntasaíochta atá tar éis dheireadh na míosa díreach roimh an mí ina bhfuil an tráthchuid deiridh réamhchánach don tréimhse chuntasaíochta iníoctha de réir fho-alt (2),

(*c*) go ndéanann an duine inmhuirearaithe íocaíocht bhreise réamhchánach don tréimhse chuntasaíochta laistigh de mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta agus, maidir le comhiomlán na híocaíochta sin agus na tráthchoda tosaigh réamhchánach agus na tráthchoda deiridh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta de réir fho-alt (2), nach lú é ná 90 faoin gcéad den cháin ab iníoctha ag an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta,

ansin, chun críocha fho-alt (4), déileálfar leis an tráthchuid deiridh réamhchánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe don tréimhse chuntasaíochta mar thráthchuid a íocadh faoin dáta atá sí dlite agus iníoctha.

An dáta chun cáin chorparáide a íoc: grúpaí.

959AT.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'iarmhéid tosaigh' an méid arb ionannas dó an fhoirmle—

A — B

i gcás—

gurb é A méid na tráthchoda tosaigh réamhchánach a d'íoc an chuideachta ghéillteach don tréimhse iomchuí de réir fho-alt (2) d'alt 959AS, agus

gurb é B—

(*a*) i gcás gur thosaigh an tréimhse iomchuí ar an gcuideachta ghéillteach do theacht faoi réim cáin chorparáide—

(i) 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillteach don tréimhse iomchuí, nó

(ii) i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (4) d'alt 959N i ndáil leis an tréimhse sin, méid nialais,

nó

(*b*) in aon chás eile, an ceann is lú díobh seo a leanas—

(i) 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillteach don tréimhse iomchuí, nó

(ii) 50 faoin gcéad de chomhshuim na cánach corparáide comhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin agus na cánach ioncaim comhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin, is iníoctha ag an gcuideachta ghéillteach;

ciallaíonn 'iarmhéid deiridh' an méid arb ionannas dó an fhoirmle—

C — D

i gcás—

gurb é C an méid réamhchánach a d'íoc an chuideachta ghéillteach don tréimhse iomchuí de réir alt 959AR(1) nó alt 959AS(2), de réir mar a bheidh, agus

gurb é D 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillteach don tréimhse iomchuí, nó, i gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (4) d'alt 959AN i ndáil leis an tréimhse sin, méid nialais;

ciallaíonn 'iarmhéid tosaigh iomchuí' an chuid sin d'iarmhéid tosaigh a shonraítear i bhfógra a thugtar de réir fho-alt (3);

ciallaíonn 'iarmhéid deiridh iomchuí' an chuid sin d'iarmhéid deiridh a shonraítear i bhfógra a thugtar de réir fho-alt (3).

(2) Tá feidhm ag an alt seo más rud é—

(*a*) go n-íocann cuideachta (dá ngairtear 'an chuideachta ghéillteach' san alt seo) ar comhalta de ghrúpa í—

(i) tráthchuid tosaigh réamhchánach do thréimhse chuntasaíochta (dá ngairtear an 'tréimhse iomchuí' san fho-alt seo) de réir fho-alt (2) d'alt 959AS, ar méid é is mó ná na méideanna seo a leanas nó an méid is lú díobh—

(I) 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillteach sin don tréimhse iomchuí, agus

(II) 50 faoin gcéad de chomhshuim na cánach corparáide comhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin agus na cánach ioncaim comhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin, is iníoctha ag an gcuideachta ghéillteach,

(ii) tráthchuid tosaigh réamhchánach do thréimhse iomchuí a thosaigh ar an gcuideachta ghéillteach do theacht faoi réim cáin chorparáide, ar méid é is mó ná 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta sin don tréimhse iomchuí,

(iii) méid réamhchánach do thréimhse iomchuí de réir alt 959AR(1) nó alt 959AS(2), de réir mar a bheidh, ar méid é is mó ná 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta ghéillteach don tréimhse iomchuí, nó

(iv) aon mhéid réamhchánach do thréimhse iomchuí a bhfuil feidhm ag fo-alt (4) d'alt 959AN ina leith,

(*b*) go n-íocann cuideachta eile (dá ngairtear 'an chuideachta éilimh' san alt seo) ar comhalta den ghrúpa í—

(i) tráthchuid tosaigh réamhchánach do thréimhse chuntasaíochta de réir fho-alt (2) d'alt 959AS, ar méid é is lú ná na méideanna seo a leanas nó an méid is lú díobh—

(I) 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta éilimh don tréimhse chuntasaíochta, agus

(II) 50 faoin gcéad de chomhshuim na cánach corparáide comhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin

agus na cánach ioncaim comhréire don tréimhse chuntasaíochta roimhe sin, is iníoctha ag an gcuideachta éilimh,

(ii) tráthchuid tosaigh réamhchánach do thréimhse chuntasaíochta a thosaigh ar an gcuideachta éilimh do theacht faoi réim cáin chorparáide, ar méid é is lú ná 45 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta sin don tréimhse iomchuí, nó

(iii) méid réamhchánach do thréimhse chuntasaíochta de réir fho-alt (2) d'alt 959AS, ar méid é is lú ná 90 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta éilimh don tréimhse chuntasaíochta,

nó

(*c*) go bhfuil an tréimhse chuntasaíochta i bhfomhír (*b*) comhthráthach leis an tréimhse iomchuí, agus

(*d*) nach mionchuideachta an chuideachta éilimh i ndáil leis an tréimhse iomchuí.

(3) I gcás ina bhfuil feidhm ag an alt seo, féadfaidh an 2 chuideachta, aon tráth ar an dáta tuairisceáin sonraithe do thréimhse chuntasaíochta na cuideachta géilltí nó roimhe, fógra a thabhairt i gcomhpháirt don Ard-Bhailitheoir—

(*a*) á rá go mbeidh éifeacht le fo-alt (4)(*a*) i ndáil leis an iarmhéid tosaigh iomchuí, nó

(*b*) á rá go mbeidh éifeacht le fo-alt (4)(*b*) i ndáil leis an iarmhéid deiridh iomchuí.

(4) (*a*) I gcás go bhfuil éifeacht leis an bhfo-alt seo i ndáil le haon iarmhéid tosaigh iomchuí—

(i) measfar, chun críocha fho-alt (4)(*b*) d'alt 959AS, go ndearna an chuideachta éilimh méid breise réamhchánach atá comhionann leis an iarmhéid tosaigh iomchuí a íoc ar an dáta dlite chun tráthchuid tosaigh réamhchánach na cuideachta sin a íoc don tréimhse iomchuí más rud é go ndéantar 100 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta éilimh don tréimhse iomchuí, gan aird a thabhairt ar an bhfomhír seo, a íoc ar an dáta tuairisceáin

sonraithe don tréimhse iomchuí nó roimhe, agus

(ii) déileálfar leis an gcuideachta ghéillteach, chun críocha an ailt seo, mar chuideachta a ghéill an t-iarmhéid tosaigh iomchuí don chuideachta éilimh agus ní bheidh an t-iarmhéid tosaigh iomchuí sin ar fáil lena úsáid ag aon chuideachta eile faoin alt seo.

(*b*) I gcás go bhfuil éifeacht leis an bhfo-alt seo i ndáil le haon iarmhéid deiridh iomchuí—

(i) measfar, chun críocha fho-alt (4)(*d*) d'alt 959AS, go ndearna an chuideachta éilimh méid breise réamhchánach atá comhionann leis an iarmhéid deiridh iomchuí a íoc ar an dáta dlite chun tráthchuid deiridh réamhchánach na cuideachta sin a íoc don tréimhse iomchuí más rud é go ndéantar 100 faoin gcéad den cháin is iníoctha ag an gcuideachta éilimh don tréimhse iomchuí, gan aird a thabhairt ar an bhfomhír seo, a íoc ar an dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse iomchuí nó roimhe, agus

(ii) déileálfar leis an gcuideachta ghéillteach chun críocha an ailt seo mar chuideachta a ghéill an t-iarmhéid deiridh iomchuí don chuideachta éilimh agus ní bheidh an t-iarmhéid deiridh iomchuí sin ar fáil lena úsáid ag aon chuideachta eile faoin alt seo.

(5) Maidir le híocaíocht i leith iarmhéid tosaigh iomchuí nó i leith iarmhéid deiridh iomchuí—

(*a*) ní chuirfear i gcuntas í le linn brabúis nó caillteanais de chuid ceachtar cuideachta a ríomh chun críocha cánach corparáide, agus

(*b*) ní mheasfar gur dáileadh nó muirear ar ioncam í chun aon chríche de chuid na nAchtanna Cánach Corparáide,

agus, san fho-alt seo, ciallaíonn 'íocaíocht i leith iarmhéid tosaigh iomchuí nó i leith iarmhéid deiridh iomchuí' íocaíocht arna déanamh ag an gcuideachta éilimh leis an gcuideachta ghéillteach de bhun comhaontú eatarthu maidir le méid arna ghéilleadh de réir an ailt seo, ar íocaíocht í nach mó ná an méid sin.

(6) (*a*) Ní dhéanann an t-alt seo difear do dhliteanas aon chuideachta lena mbaineann an t-alt cáin chorparáide a íoc.

(*b*) I gcás go bhfuil feidhm ag an alt seo, déanfar an méid a ndlíonn an chuideachta éilimh, murach an t-alt seo, ús a íoc air de réir alt 1080 a laghdú—

(i) d'aon iarmhéid tosaigh iomchuí a meastar gur íoc an chuideachta sin é de réir fho-alt (4)(*a*)(i), nó

(ii) d'aon iarmhéid deiridh iomchuí a meastar gur íoc an chuideachta sin é de réir fho-alt (4)(*b*)(i).

(7) Chun críocha an fho-ailt seo, is comhaltaí den ghrúpa céanna 2 chuideachta sa chás, agus sa chás amháin, gur chomhaltaí den sórt sin iad chun críocha alt 411.

An dáta chun cáin a íoc: measúnachtaí leasaithe.

959AU.—(1) Faoi réir fho-alt (2) agus alt 959AV, measfar go bhfuil aon cháin bhreise atá dlite de bhíthin leasú ar mheasúnacht do thréimhse inmhuirearaithe dlite agus iníoctha an lá céanna a raibh an cháin, a bhí dlite faoin measúnacht sular leasaíodh í, dlite agus iníoctha.

(2) Más rud é—

(*a*) go ndearnadh an mheasúnacht tar éis don duine inmhuirearaithe tuairisceán a sheachadadh ina raibh nochtadh iomlán cruinn ar na fíorais ábhartha go léir ba ghá chun an mheasúnacht a dhéanamh, nó

(*b*) gur leasaíodh an mheasúnacht roimhe sin tar éis an tuairisceán ina raibh nochtadh den sórt sin a sheachadadh,

measfar, maidir le haon cháin bhreise a bheidh dlite de bhíthin an mheasúnacht a leasú, go raibh sí dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná mí amháin ó dháta an leasaithe.

An dáta chun cáin a íoc: achomharc a chinneadh.

959AV.—(1) Más rud é, ar achomharc in aghaidh measúnacht a rinneadh ar dhuine inmhuirearaithe do thréimhse inmhuirearaithe a chinneadh, gur mó an méid cánach is iníoctha ag an duine don tréimhse ná méid na cánach a d'íoc an duine inmhuirearaithe sula ndearnadh an t-achomharc, measfar an bhreis a bheith dlite agus iníoctha ar an dáta céanna atá an cháin arna muirearú leis an measúnacht dlite agus iníoctha.

(2) D'ainneoin fho-alt (1), más rud é—

(*a*) nach lú an cháin a d'íoc an duine inmhuirearaithe sula ndearnadh an t-achomharc ná 90 faoin gcéad den cháin a fhionntar a bheith iníoctha ar an achomharc a chinneadh, agus

(*b*) go raibh an cháin a muirearaíodh leis an measúnacht dlite agus iníoctha de réir alt 959AO(2), alt 959AQ, alt 958AR(3) nó alt 958AS(3), de réir mar a bheidh,

measfar an bhreis dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a bheith dlite agus iníoctha tráth nach déanaí ná mí amháin ón dáta a chinntear an t-achomharc.".

CUID 2

Leasú ar an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 de dhroim Codanna 39 agus 41 a scriosadh agus Cuid 41A a chur isteach

Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

(*a*) in alt 128B(12), trí "agus" a chur isteach i ndiaidh "don bhliain mheasúnachta sin," i mír (*a*), agus trí mhír (*b*) a scriosadh,

(*b*) in alt 380(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) Faoi réir Chaibidil 5 de Chuid 41A, féadfar, de réir mar is gá, measúnachtaí a dhéanamh nó a leasú aon tráth chun fo-ailt (2) agus (3) d'alt 378, alt 379 agus fo-alt (2) a chur chun feidhme.",

(*c*) in alt 380P(3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) Faoi réir Chaibidil 5 de Chuid 41A, féadfar, de réir mar is gá, measúnachtaí a dhéanamh nó a leasú aon tráth chun fo-ailt (2) agus (3) d'alt 380N, alt 380O agus fo-alt (2) a chur chun feidhme.",

(*d*) in alt 811A(1A), trí "ní dhéanfar aon ní in alt 959Z, 959AA nó 959AB a fhorléiriú mar ní" a chur in ionad "ní dhéanfar ailt 955(2)(*a*) agus 956(1)(*c*), mar a fhorléirítear i dteannta alt 950(2), a fhorléiriú mar ailt",

(*e*) in alt 1069, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) San alt seo folaíonn 'measúnacht' measúnacht leasaithe.",

(*f*) in alt 1082, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) San alt seo, tá le 'faillí' an bhrí chéanna atá leis in alt 959AD.",

agus

(*g*) i ngach foráil dá dtagraítear i *gcolún (2)* den Tábla a ghabhann leis an Sceideal seo, tá na focail nó an tagairt a leagtar amach i *gcolún (3)* den Tábla le scriosadh agus tá na focail nó an tagairt os coinne na hiontrála i *gcolún (3)*, mar a leagtar amach i *gcolún (4)* den Tábla, le cur isteach.

AN TÁBLA

Ítim Uimh.	An fhoráil	Na focail atá le scriosadh	Na focail atá le cur isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
1	alt 21B(6)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
2	alt 29A(5)	forálacha Chuid 41	forálacha Chuid 41A
3	alt 66(3)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
4	alt 67(1)(*a*)(i)	féadfar measúnacht bhreise a dhéanamh ar an duine sin	féadfar measúnacht arna déanamh ar an duine sin nó ag an duine sin a leasú
5	alt 67(1)(*a*)(ii)	féadfar measúnacht bhreise a dhéanamh ar an duine sin	féadfar measúnacht ar an duine sin nó ag an duine sin a dhéanamh nó a leasú
6	alt 68(2)	alt 950	alt 959A
7	alt 80A(1), i mír (*b*) den mhíniú ar "tréimhse shonraithe"	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí alt 959A
8	alt 80A(3)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
9	alt 89(4)(*c*)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
10	alt 95(3)	déanfar measúnacht bhreise dá réir sin (d'ainneoin aon ní in alt 924(2))	déanfar measúnacht arna déanamh ar an duine sin nó ag an duine sin a leasú dá réir sin (d'ainneoin aon ní i gCaibidil 5 de Chuid 41A)
11	alt 100(4)	i modh measúnachta breise nó ar shlí eile	i modh measúnachta leasaithe nó ar shlí eile
12	alt 101(*b*)	trí mheasúnacht bhreise nó ar shlí eile	trí mheasúnacht leasaithe nó ar shlí eile
13	alt 102(4)	i modh measúnachta breise nó ar shlí eile	i modh measúnachta leasaithe nó ar shlí eile
14	alt 103(7)	i modh measúnachta breise nó ar shlí eile	i modh measúnachta leasaithe nó ar shlí eile
15	alt 110(3)(*b*)(ii)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
16	alt 110(6)(*b*)	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí alt 959A
17	alt 128(2A)	chun críocha Chuid 41	chun críocha Chuid 41A
18	alt 128(2A)(*b*)	ó cheanglais alt 951 de bhíthin fógra arna thabhairt faoi fho-alt (6) den alt sin	ó cheanglais Chaibidil 3 de Chuid 41A de bhíthin fógra arna thabhairt faoi alt 959N
19	alt 128B(11)	chun críocha ailt 952 agus 958	chun críocha Chaibidil 7 de Chuid 41A

Ítim Uimh.	An fhoráil	Na focail atá le scriosadh	Na focail atá le cur isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
20	alt 128B(12)(*a*)	chun críche alt 952(2)	chun críche alt 959AN(2)
21	alt 128B(12)(*c*)	chun críocha alt 958(4)	chun críocha alt 959AO(3)
22	alt 128C(13)	chun críocha Chuid 41	chun críocha Chuid 41A
23	alt 128C(13)	ó cheanglas alt 951 de bhíthin fógra arna thabhairt faoi fho-alt (6) den alt sin	ó cheanglas Chaibidil 3 de Chuid 41A de bhíthin fógra arna thabhairt faoi alt 959N
24	alt 128D(5)	measúnacht bhreise nó ar shlí eile	measúnacht leasaithe nó ar shlí eile
25	alt 175(1A)(*b*)(i)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
26	alt 182(1)	i gCuid 41	i gCuid 41A
27	alt 189A(1), sa mhíniú ar "dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe"	in alt 950	in alt 959A
28	alt 216A(3)(*a*)	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí alt 959A
29	alt 216C(3)(*a*)	alt 950	alt 959A
30	alt 222(4)(*a*)	nó measúnachtaí breise	, nó leasóidh sé nó sí cibé measúnachtaí,
31	alt 232(3)	de réir bhrí alt 950, a sheachadadh faoi alt 951	de réir bhrí Chuid 41A, a sheachadadh faoi Chaibidil 3 den Chuid sin
32	alt 232(3)(*b*)	i gCuid 41	i gCuid 41A
33	alt 232(3)(*b*)	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí Chuid 41A
34	alt 232(3)(*c*)	faoi alt 951(6)	faoi alt 959N
35	alt 239(5)	de réir alt 958	de réir Chaibidil 7 de Chuid 41A
36	alt 249(2)(*ab*)(iii)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
37	alt 250(4)	agus déanfar na measúnachtaí sin go léir nó na measúnachtaí breise sin go léir is gá	agus déanfar nó leasófar measúnachtaí, de réir mar is gá,
38	alt 267M(2)(*b*)	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí alt 959A
39	alt 271(6)	féadfar aon mheasúnachtaí breise a dhéanamh is gá	féadfar aon mheasúnachtaí a leasú, de réir mar is gá,
40	alt 291A(4)(*b*)(i)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
41	alt 299(2)	na measúnachtaí breise sin go léir, agus na coigeartuithe sin go léir ar mheasúnachtaí,	na measúnachtaí sin go léir, nó na leasuithe sin go léir ar mheasúnachtaí,
42	alt 299(3)(*b*)	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí alt 959A
43	alt 380W(1)	na measúnachtaí breise sin go léir, agus na coigeartuithe sin go léir ar mheasúnachtaí,	na measúnachtaí sin go léir, agus na leasuithe sin go léir ar mheasúnachtaí,
44	alt 394	trí mheasúnacht bhreise	trí mheasúnacht leasaithe

Ítim Uimh.	An fhoráil	Na focail atá le scriosadh	Na focail atá le cur isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
45	alt 396C(3)(*c*)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
46	alt 404(4)(*b*)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
47	alt 429(4)	faoi alt 919(5)(*b*)(iii)	faoi Chaibidil 5 de Chuid 41A
48	alt 434(3A)(*c*)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
49	alt 458(1B)(*b*)	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí Chuid 41A
50	alt 459(5)(*b*)	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí Chuid 41A
51	alt 482(5)(*d*)(ii)	agus déanfar na measúnachtaí sin go léir nó na measúnachtaí breise sin go léir is gá	agus déanfar nó leasófar measúnachtaí, de réir mar is gá,
52	alt 482(6)(*d*)(II)	agus déanfar na measúnachtaí sin go léir nó na measúnachtaí breise sin go léir is gá	agus déanfar nó leasófar measúnachtaí, de réir mar is gá,
53	alt 485FB(1)	i gCuid 41	i gCuid 41A
54	alt 485FB(2)	chun críocha Chuid 41	chun críocha Chuid 41A
55	alt 485FB(3)	faoi alt 951, ráiteas	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A, ráiteas
56	alt 485FB(3)	faoi alt 951 ar an dáta tuairisceáin sonraithe	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A ar an dáta tuairisceáin sonraithe
57	alt 486C(11)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
58	alt 502(6)	d'alt 924(2)(*c*)	d'alt 959AD
59	alt 510(8)	de réir bhrí alt 951	de réir bhrí Chaibidil 3 de Chuid 41A
60	alt 530N(3)(*b*)	forálacha ailt 955, 956 agus 1048	forálacha Chaibidil 5 de Chuid 41A agus forálacha alt 1048
61	alt 531AI(1)	alt 956	alt 959Z
62	alt 531AI(2)	in alt 956	in alt 959Z
63	alt 531AS(1)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
64	alt 531AS(2)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
65	alt 531AS(5)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
66	alt 531AS(5)	alt 958	Caibidil 7 de Chuid 41A
67	alt 531AT(1)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
68	alt 531AAA(*b*)	forálacha Chaibidil 1 agus Chaibidil 2 de Chuid 39	forálacha Chuid 41A
69	alt 538(2A)(*a*)	ar mhodh measúnachta nó measúnachta breise	ar mhodh measúnachta nó measúnachta leasaithe
70	alt 577(5)(*b*)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
71	alt 579D(1)	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí alt 959A
72	alt 579D(1)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
73	alt 591(10)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A

Ítim Uimh.	An fhoráil	Na focail atá le scriosadh	Na focail atá le cur isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
74	alt 598(6)(*b*)	ar mhodh measúnachta nó measúnachta breise	ar mhodh measúnachta nó measúnachta leasaithe
75	alt 629(1), sa mhíniú ar "tréimhse shonraithe"	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí alt 959A
76	alt 629(1), sa mhíniú ar "tréimhse shonraithe"	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
77	alt 631(5)(*b*)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
78	alt 653(2)	féadfar aon mheasúnachtaí is gá nó aon mheasúnachtaí breise is gá, de réir mar is cuí, a dhéanamh	féadfar aon mheasúnachtaí is gá a dhéanamh nó a leasú, de réir mar is cuí,
79	alt 656(1)	in alt 950	in alt 959A
80	alt 657(7)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
81	alt 665, sa mhíniú ar "dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe"	in alt 950	in alt 959A
82	alt 678(4)	agus déanfar na measúnachtaí breise sin go léir agus na coigeartuithe sin go léir ar mheasúnachtaí is gá	agus déanfar nó leasófar measúnachtaí, de réir mar is gá,
83	alt 681(6)(*d*)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
84	alt 696E(2)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
85	alt 696E(4)	fo-ailt (9) agus (10) d'alt 951	fo-alt (5) d'alt 959I agus fo-ailt (2) agus (3) d'alt 959O
86	alt 696E(4)	a sheachadadh faoin alt sin	a sheachadadh faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
87	alt 700(3)	agus déanfar na measúnachtaí sin go léir agus na measúnachtaí breise sin go léir is gá	agus déanfar nó leasófar measúnachtaí, de réir mar is gá,
88	alt 730H(1), sa mhíniú ar "dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe"	le halt 950	le halt 959A
89	alt 730I	in alt 950 nó 1084	i gCuid 41A nó in alt 1084
90	alt 730I	chun críocha ailt 951 agus 1084	chun críocha Chaibidil 3 de Chuid 41A agus alt 1084

Ítim Uimh.	An fhoráil	Na focail atá le scriosadh	Na focail atá le cur isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
91	alt 739E(2A)(*b*)(iii)	chun críocha ailt 951 agus 1084	chun críocha Chaibidil 3 de Chuid 41A agus alt 1084
92	alt 747B(1), sa mhíniú ar "dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe"	le halt 950	le halt 959A
93	alt 747C	in alt 950 nó 1084	i gCuid 41A nó in alt 1084
94	alt 747C	chun críocha ailt 951 agus 1084	chun críocha Chaibidil 3 de Chuid 41A agus alt 1084
95	alt 749(2A)(*b*), sa mhíniú ar "dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe"	in alt 950	in alt 959A
96	alt 749(2B)(*b*)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
97	alt 751B(5)	forálacha Chuid 41	forálacha Chuid 41A
98	alt 751B(6)(*a*)	forálacha Chuid 41	forálacha Chuid 41A
99	alt 766A(4B)(*b*)(i)	i mír (*b*) den mhíniú ar "dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe" mar a mhínítear in alt 950(1),	i mír (*b*)(i) den mhíniú ar "dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe" mar a mhínítear in alt 959A,
100	alt 774(8)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
101	alt 776(3)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
102	alt 784E(8)(*a*)	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí alt 959A
103	alt 787(7)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
104	alt 787(13)	aon mheasúnacht bhreise, aon athrú ar mheasúnacht	aon mheasúnacht, aon leasú ar mheasúnacht
105	alt 787C(3)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
106	alt 787C(6)	aon mheasúnacht bhreise, aon athrú ar mheasúnacht	aon mheasúnacht, aon leasú ar mheasúnacht
107	alt 804(1)	féadfar measúnacht nó measúnacht bhreise a dhéanamh ar an duine sin don bhliain sin	féadfar measúnacht a dhéanamh ar an duine sin, nó féadfaidh an duine sin measúnacht a dhéanamh, don bhliain sin nó féadfar measúnacht den sórt sin a leasú
108	alt 804(3)(*a*)	a fhéadfar measúnacht nó measúnacht bhreise a dhéanamh	a fhéadfar measúnacht a dhéanamh
109	alt 804(3)(*b*)	a fhéadfar measúnacht a choigeartú	a fhéadfar measúnacht a leasú
110	alt 811A(6)(*b*)(iv)	faoi alt 955(4)	faoi alt 959P

Ítim Uimh.	An fhoráil	Na focail atá le scriosadh	Na focail atá le cur isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
111	alt 835G(5)(*b*)	faoi alt 950	faoi alt 959A
112	alt 847A(8)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
113	alt 847A(9)(*a*)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
114	alt 848A(5)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
115	alt 848A(7)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
116	alt 848A(8)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
117	alt 864A(1)(*c*)(ii)	de réir bhrí alt 950	de réir bhrí Chuid 41A
118	alt 886(4)(*a*)(ii)	de réir alt 951(1)	de réir Chaibidil 3 de Chuid 41A
119	alt 886A(5)	alt 956	alt 959Z
120	alt 895(6)	in alt 950 nó 1084	i gCuid 41A nó in alt 1084
121	alt 895(6)	chun críocha ailt 951 agus 1084	chun críocha Chaibidil 3 de Chuid 41A agus alt 1084
122	alt 896(5)	in alt 950 nó 1084	i gCuid 41A nó in alt 1084
123	alt 896(5)	chun críocha ailt 951 agus 1084	chun críocha Chaibidil 3 de Chuid 41A agus alt 1084
124	alt 911(1)	nó oifigeach eile a luaitear in alt 931(1)	nó oifigeach Ioncaim eile a luaitear i gCuid 41A
125	alt 945(1)	nó oifigeach eile a luaitear in alt 931(1)	nó oifigeach Ioncaim eile a luaitear i gCuid 41A
126	alt 949(1)	faoi réir alt 957	faoi réir Chaibidil 6 de Chuid 41A
127	alt 960(1)	arna déanamh faoi Chuid 41	arna déanamh ar dhuine nó ag duine is duine inmhuirearaithe faoi Chuid 41A
128	alt 960(2)	arna déanamh faoi Chuid 41	arna déanamh ar dhuine nó ag duine is duine inmhuirearaithe faoi Chuid 41A
129	alt 960E(1)	faoi alt 928	faoi alt 959G
130	alt 990A(*b*)	de réir fhorálacha alt 928	de réir fhorálacha alt 959G
131	alt 1010(6)(*b*)	agus aon mheasúnachtaí breise	agus déanfar aon mheasúnachtaí, aon leasuithe ar mheasúnachtaí
132	alt 1010(7)(*c*)	agus déanfar cibé measúnachtaí breise nó aisíocaíochtaí cánach is gá	agus déanfar aon mheasúnachtaí, aon leasuithe ar mheasúnachtaí nó aon aisíocaíochtaí cánach den sórt sin is gá
133	alt 1043	Gan dochar do ghinearáltacht alt 931(2)	Gan dochar do Chuid 41A

Ítim Uimh.	An fhoráil	Na focail atá le scriosadh	Na focail atá le cur isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
134	alt 1048(1)	féadfar measúnacht nó céadmheasúnacht bhreise, de réir mar a bheidh, a dhéanamh d'aon bhliain mheasúnachta ar ina leith a d'fhéadfaí measúnacht nó céadmheasúnacht bhreise a dhéanamh	féadfar measúnacht nó measúnacht leasaithe, de réir mar a bheidh, a dhéanamh d'aon bhliain mheasúnachta ar ina leith a d'fhéadfaí measúnacht nó measúnacht leasaithe a dhéanamh
135	alt 1080(1), sa mhíniú ar "duine inmhuirearaithe"	atá leis in alt 950(1)	atá leis chun críocha Chuid 41A
136	alt 1083	Gan dochar d'ailt 931(2)	Gan dochar do Chuid 41A
137	alt 1084(1)(*a*), sa mhíniú ar "duine inmhuirearaithe"	chun críocha Chuid 41	chun críocha Chuid 41A
138	alt 1084(1)(*a*) sa mhíniú ar "tuairisceán ar ioncam"	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
139	alt 1084(1)(*a*), sa mhíniú ar "dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe"	in alt 950	in alt 959A
140	alt 1084(5)	réamhchánach (de réir bhrí Chuid 41) a íoctar faoi alt 952	réamhchánach (dé réir bhrí Chuid 41A) a íoctar faoi Chaibidil 7 den Chuid sin
141	alt 1085(1)(*a*), sa mhíniú ar "tuairisceán ar ioncam"	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A
142	alt 1085(1)(*a*), sa mhíniú ar "dáta tuairisceáin sonraithe don tréimhse inmhuirearaithe"	in alt 950	in alt 959A
143	alt 1104(3)	d'alt 928	d'alt 959G
144	Sceideal 12, mír 3(5)	de réir bhrí alt 951	de réir bhrí Chaibidil 3 de Chuid 41A
145	Sceideal 12A, mír 6A	de réir bhrí alt 951	de réir bhrí Chaibidil 3 de Chuid 41A
146	Sceideal 12C, mír 20A	de réir bhrí alt 951	de réir bhrí Chaibidil 3 de Chuid 41A
147	Sceideal 18B, mír 7(4)	de réir bhrí Chuid 41	de réir bhrí Chuid 41A
148	Sceideal 18B, mír 15(3)	faoi alt 951	faoi Chaibidil 3 de Chuid 41A

Ítim Uimh.	An fhoráil	Na focail atá le scriosadh	Na focail atá le cur isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
149	Sceideal 24, mír 11	féadfar aon mheasúnachtaí breise den sórt sin a dhéanamh is gá chun a chinntiú go measúnófar méid iomlán an ioncaim agus go dtabharfar an creidmheas cuí, más ann, i leith an ioncaim sin, agus má bhíonn íoc an ioncaim ar iontaoibh aon duine sa Stát, féadfar aon mheasúnacht bhreise den sórt sin i leith cánach ioncaim a dhéanamh ar fhaighteoir an ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D.	féadfar an mheasúnacht sin a leasú chun a chinntiú go measúnófar méid iomlán an ioncaim agus go dtabharfar an creidmheas cuí, más ann, i leith an ioncaim sin, agus má tá íoc an ioncaim ar iontaoibh aon duine sa Stát, féadfar measúnacht i leith cáin ioncaim a dhéanamh ar fhaighteoir an ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D.
150	Sceideal 29, i gcolún 1	Alt 951(1) agus (2)	Caibidil 3 de Chuid 41A

SCEIDEAL 5 *Alt 131.*

LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA: FORÁLACHA A BHAINEANN LE RIARACHÁN

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

(*a*) in alt 2(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "Coimisinéirí Achomhairc":

"ciallaíonn 'cigire cuí' i ndáil le duine—

(*a*) an cigire nó an t-oifigeach eile do na Coimisinéirí Ioncaim (dá ngairtear 'oifigeach' sa mhíniú seo) is deireanaí a thug fógra i scríbhinn don duine á rá gurb é nó í an cigire nó an t-oifigeach é nó í a gceanglaítear ar an duine cuntas, dearbhú, liosta, sonra, tuairisceán, ráiteas nó ítim eile a sheachadadh air nó uirthi,

(*b*) d'éagmais cigire nó oifigeach dá dtagraítear i mír (*a*), an cigire nó an t-oifigeach ar gnách don duine cuntas, dearbhú, liosta, sonra, tuairisceán, ráiteas nó ítim eile den sórt sin a sheachadadh air nó uirthi,

(*c*) d'éagmais cigire nó oifigeach dá dtagraítear i mír (*a*) nó (*b*), an cigire nó an t-oifigeach atá i gceannas an cheantair Ioncaim ina ndéileáiltear le cúrsaí cánach daoine sa chathair nó sa chontae (nó sa chuid den chathair nó den chontae) ina bhfuil an duine, nó

(*d*) in aon chás ina n-ordaítear don duine cuntas, dearbhú, liosta, sonra, tuairisceán, ráiteas nó ítim eile a sheachadadh ar an gcigire tuairisceán, an cigire tuairisceán;",

(*b*) in alt 2(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "cigire":

"ciallaíonn 'cigire'—

(*a*) cigire cánach arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 852,

(*b*) oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanann, mar chuid dá dhualgais nó dá dualgais sa cháil sin, dualgais a chomhall atá cosúil le dualgais cigire cánach arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 852, lena n-áirítear measúnachtaí a dhéanamh agus a leasú, cinntí a dhéanamh agus déileáil le fógraí achomhairc i gcoinne measúnachtaí agus cinntí (ach gan a bheith teoranta do na nithe sin), nó

(*c*) oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim atá fostaithe nó a ghníomhaíonn chun na hAchtanna Cánach nó na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil a fhorghníomhú;

ciallaíonn 'cigire tuairisceán' an cigire arna ainmniú nó arna hainmniú faoi fho-alt (1A) ag na Coimisinéirí Ioncaim chun bheith ina chigire tuairisceán nó ina cigire tuairisceán;",

(*c*) in alt 2, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) (*a*) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cigire a ainmniú chun bheith ina chigire tuairisceán nó ina cigire tuairisceán.

(*b*) Glacfaidh an cigire tuairisceán le haon chuntas, dearbhú, liosta, sonra, tuairisceán, ráiteas nó ítim eile a cheanglaítear, faoi na hAchtanna Cánach nó na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, a sheachadadh air nó uirthi.

(*c*) I gcás go n-ainmneofar cigire faoi mhír (*a*), déanfar ainm an chigire a ainmneofar amhlaidh, mar aon leis an seoladh chuig a ndíreofar aon ní dá dtagraítear i mír (*b*), a fhoilsiú san Iris Oifigiúil;",

(*d*) in alt 5(1), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar "Coimisinéir Achomhairc":

"tá le 'cigire cuí' an bhrí chéanna atá leis in alt 2;",

(*e*) in alt 5(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "cigire":

"tá le 'cigire' an bhrí chéanna atá leis in alt 2;

tá le 'cigire tuairisceán' an bhrí chéanna atá leis in alt 2;",

(*f*) in alt 636, trí fho-alt (1) a scriosadh,

(*g*) in alt 766(1)(*a*), tríd an míniú ar "cigire cuí" a scriosadh,

(*h*) in alt 891A(1), tríd an míniú ar "cigire cuí" a scriosadh,

(*i*) in alt 917A, trí fho-alt (1) a scriosadh,

(*j*) in alt 950(1), trí na mínithe ar "cigire cuí" agus "cigire tuairisceán" a scriosadh,

(*k*) in alt 951(11), trí mhíreanna (*a*), (*b*) agus (*c*) a scriosadh, agus

(*l*) i ngach foráil dá dtagraítear i *gcolún (2)* den Tábla a ghabhann leis an Sceideal seo, trí na focail a leagtar amach i *gcolún (3)* den Tábla a scriosadh agus trí na focail, atá os coinne na hiontrála i *gcolún (3)*, mar a leagtar amach i *gcolún (4)* den Tábla, a chur isteach.

2. Leasaítear Cuid 37 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

(*a*) in alt 852(1), trí "na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil" a chur in ionad "na nAchtanna Cánach Ioncaim",

(*b*) trí ailt 854 agus 855 a scriosadh,

(*c*) in alt 857(1), trí "na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil" a chur in ionad "na nAchtanna Cánach Ioncaim a mhéid a bhaineann na hAchtanna sin le cáin faoi Sceideal D",

(*d*) in alt 857(2), trí "Déanfar an dearbhú" a chur in ionad "Féadfar an dearbhú a dhéanamh",

(*e*) in alt 857(3), trí "i ndáil le cáin faoi Sceideal D (ar shlí seachas i leith aon dearbhú den sórt sin a rinneadh os a chomhair nó os a chomhair)" a scriosadh,

(*f*) in alt 857, trí fho-alt (4) a scriosadh,

(*g*) in alt 860, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Faoi réir fho-alt (2), féadfaidh Feidhmeannach Síochána aon oifigeach nó duine a chur faoi mhionn a bheidh le glacadh aige nó aici in aon ní a bhaineann leis na hAchtanna Cánach nó na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil a fhorghníomhú.",

(*h*) in alt 861(2), trí "faoi na hAchtanna Cánach agus na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil" a chur in ionad "faoi na hAchtanna Cánach Corparáide",

(*i*) in alt 862, trí "faoi na hAchtanna Cánach nó na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil" a chur in ionad "faoi na hAchtanna Cánach",

(*j*) in alt 866, trí "arb inmhuirearaithe aon cháin ioncaim, cáin chorparáide nó cáin ghnóchan caipitiúil orthu," a chur in ionad "arb inmhuirearaithe aon cháin ioncaim orthu,",

(*k*) in alt 867, trí "do na hAchtanna Cánach agus do na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil" a chur in ionad "do na hAchtanna Cánach Ioncaim",

(*l*) in alt 868, trí "na nAchtanna Cánach nó na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil" a chur in ionad "na nAchtanna Cánach" i bhfo-alt (1), agus trí "leis na hAchtanna Cánach nó leis na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil" a chur in ionad "leis na hAchtanna Cánach" i bhfo-alt (2),

(*m*) in alt 871, trí "le cáin ioncaim nó, de réir mar a bheidh, le ceann a bhaineann le brabúis nó le cáin chorparáide." a chur in ionad "le cáin ioncaim.",

(*n*) in alt 874(1), trí ", measúnóir" a scriosadh, agus

(*o*) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 874:

"Foirmeacha a fhorordú, etc.

874A.—(1) San alt seo—

ciallaíonn 'na hAchtanna'—

(*a*) na hAchtanna Cánach,

(*b*) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

(*c*) Cuid 18C,

(*d*) Cuid 18D,

(*e*) an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

(*f*) an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin,

(*g*) Caibidil IV de Chuid II den Acht Airgeadais, 1992,

agus aon ionstraimí arna ndéanamh faoi aon cheann de na hAchtanna sin nó de na Codanna sin;

folaíonn 'foirm nó doiciméad eile' foirm nó doiciméad eile lena húsáid nó lena úsáid, nó is féidir a úsáid, i bhfoirm mheaisín-inléite.

(2) I gcás go gceanglaítear le foráil de na hAchtanna go ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim foirm nó doiciméad eile a úsáidtear chun aon chríche de chuid na nAchtanna a fhorordú, a údarú nó a cheadú, seachas i leith aon fhoirm a gceanglaítear leis na hAchtanna í a bheith forordaithe le hordú nó le rialacháin arna dhéanamh nó arna ndéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim, féadfaidh duine díobh seo a leanas an fhoirm nó an doiciméad eile sin a fhorordú, a údarú nó a cheadú—

(*a*) Coimisinéir Ioncaim, nó

(*b*) oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim nach ísle grád nó céim ná Rúnaí Cúnta a bheidh údaraithe i scríbhinn acu chun na críche sin.

(3) Ní léifear aon ní san alt seo mar ní lena sriantar alt 12 den Acht Léiriúcháin, 2005.".

3. Leasaítear Cuid 1 de Sceideal 27 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

(*a*) sa dearbhú atá le déanamh ag cigirí (ar dearbhú é i bhfoirm théacs an dara dearbhú a leagtar amach sa Chuid sin)—

(i) trí "le linn na hAchtanna Cánach agus na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil" a chur in ionad "le

linn na hAchtanna a bhaineann le cáin ioncaim", agus

(ii) trí "a bhaineann le Sceideal D" a scriosadh,

(*b*) trí théacs fhoirm an tríú dearbhú sa Chuid sin mar a leagtar amach faoin gceannteideal "*Foirm an Dearbhaithe a Dhéanfaidh Daoine a Cheapfar faoi Alt 854 nó Alt 855 mar Mheasúnóirí*" a scriosadh, agus

(*c*) sa dearbhú atá le déanamh ag an Ard-Bhailitheoir agus ag oifigigh glactha cánach (ar dearbhú é i bhfoirm théacs an ceathrú dearbhú a leagtar amach sa Chuid sin)—

(i) trí "le linn na hAchtanna Cánach agus na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil" a chur in ionad "le linn na hAchtanna a bhaineann le cáin ioncaim", agus

(ii) trí "faoi fhorálacha na nAchtanna sin" a chur in ionad "faoi na forálacha de na hAchtanna sin a bhaineann le Sceideal D".

4. Leasaítear Sceideal 27 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 trí Chuid 2 a scriosadh.

5. Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2006 trí alt 123 a scriosadh.

AN TÁBLA

Leasuithe Iarmhartacha ar an Acht Comhdlúite Cánacha, 1997

Ítim Uimh.	An fhoráil	Na focail atá le scriosadh	Na focail atá le cur isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
1	Alt 182(1)	tá le "cigire cuí" agus "foirm fhorordaithe" na bríonna céanna, faoi seach, atá leo	tá le "foirm fhorordaithe" an bhrí chéanna atá leis
2	Alt 246(5), i mír (*a*)(iii)(I)	don chigire cuí dá dtugann an chuideachta an tuairisceán dá dtagraítear in alt 951	don chigire cuí
3	Alt 264B(1), i mír (*b*) den mhíniú ar "cigire cuí"	an cigire tuairisceán a shonraítear in alt 950	an cigire tuairisceán
4	Alt 267E(1), i mír (*b*) den mhíniú ar "cigire cuí"	an cigire tuairisceán a shonraítear in alt 950	an cigire tuairisceán
5	Alt 267U(1)	chuig an gcigire (de réir bhrí alt 950)	chuig an gcigire cuí
6	Alt 784E(8)(*a*)	ar an gcigire cuí, de réir bhrí an ailt sin,	ar an gcigire cuí
7	Alt 894(1), i mír (*c*) den mhíniú ar "cigire cuí"	an cigire tuairisceán a shonraítear in alt 950	an cigire tuairisceán
8	Alt 895(1), i mír (*c*) den mhíniú ar "cigire cuí"	an cigire tuairisceán a shonraítear in alt 950	an cigire tuairisceán
9	Alt 896(1), i mír (*c*) den mhíniú ar "cigire cuí"	an cigire tuairisceán a shonraítear in alt 950	an cigire tuairisceán

Ítim Uimh.	An fhoráil	Na focail atá le scriosadh	Na focail atá le cur isteach
(1)	(2)	(3)	(4)
10	Alt 909(2)	ar an gcigire tuairisceán (de réir bhrí alt 951(11))	ar an gcigire tuairisceán
11	Sceideal 18B, mír 33	leis an gcigire cuí (de réir bhrí alt 950)	leis an gcigire cuí

SCEIDEAL 6 *Alt 138.*

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE CÁIN

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

(*a*) in alt 59(*a*), trí "forálacha a bhaineann le" a chur isteach i ndiaidh "de bhua",

(*b*) in alt 247(2A)(*c*), trí "d'fho-alt (2)" a chur isteach i ndiaidh "mír (*a*)(i)",

(*c*) in alt 396C(4)—

(i) i mír (*a*), trí "faoi réir mhír (*b*)" a chur in ionad "faoi réir fhomhír (*b*)", agus

(ii) i mír (*b*), trí "mír (*a*)" a chur in ionad "fomhír (*a*)",

(*d*) in alt 473(1), i gcolún (3) den Tábla a ghabhann leis an míniú ar "teorainn shonraithe" trí "4,000" a chur in ionad "3,600",

(*e*) in alt 480A(2), trí "alt 960H" a chur in ionad "alt 1006A",

(*f*) in alt 511(1)(*a*)(i), trí "na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003" a chur in ionad "na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1991",

(*g*) in alt 730K, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) I gcás go bhfuil pearsa aonair inmhuirearaithe i leith cánach de réir fho-alt (1) maidir le méid ioncaim, déileálfar leis an gcáin is iníoctha dá bharr sin, a mhéid a íoctar í, mar mhéid cánach gnóchan caipitiúil a íoctar chun críocha alt 104 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.",

(*h*) in alt 747E, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) I gcás go bhfuil pearsa aonair inmhuirearaithe i leith cánach de réir fho-alt (1) maidir le méid ioncaim, déileálfar leis an gcáin is iníoctha dá bharr sin, a mhéid a íoctar í, mar mhéid cánach gnóchan caipitiúil a íoctar chun críocha alt 104 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003.",

(*i*) in alt 772(3G), trí "d'Acht na bPinsean, 1990" a chur in ionad "den Phríomh-Acht",

(*j*) in alt 831—

(i) i bhfo-alt (1)(*a*)—

(I) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "an Treoir":

"ciallaíonn 'an Treoir' Treoir 2011/96/AE an 30 Samhain 2011 ón gComhairle[22] maidir leis an gcomhchóras

[22]IO Uimh. L345, 29.12.2011, lch.8

cánachais is infheidhme i gcás máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí de chuid Ballstát éagsúil;",

agus

(II) i mír (ii)(I) den mhíniú ar "cáin choigríche", trí "in Iarscríbhinn I, Cuid B, a ghabhann leis an Treoir" a chur in ionad "i mír (*c*) d'Airteagal 2 den Treoir",

agus

(ii) i bhfo-alt (2)(*a*)(i), trí "ó Airteagal 5" a chur in ionad "ó Airteagal 5.1",

(*k*) in alt 865A—

(i) i bhfo-alt (1), trí "faoi réir alt 960H(4)" a chur in ionad "faoi réir alt 1006A(2A)", agus

(ii) i bhfo-alt (2), trí "faoi réir alt 960H(4)" a chur in ionad "faoi réir alt 1006A(2A)",

(*l*) in alt 886A(3), trí "agus, chun pionós a ghnóthú faoin bhfo-alt seo, beidh feidhm ag alt 1061 mar atá feidhm aige chun pionós a ghnóthú faoi aon cheann de na hailt dá dtagraítear san alt sin" a scriosadh,

(*m*) in alt 891B(7)(*b*), trí "; agus, chun pionós faoin mír seo a ghnóthú, beidh feidhm ag alt 1061 mar atá feidhm aige chun pionós a ghnóthú faoi aon cheann de na hailt dá dtagraítear san alt sin" a scriosadh,

(*n*) in alt 896B—

(i) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "Coimisiún":

"ciallaíonn 'Údarás' an tÚdarás Náisiúnta Iompair nó, sa Bhéarla, *The National Transport Authority*.",

agus

(ii) i bhfo-alt (2), trí "an tÚdarás" a chur in ionad "an Coimisiún" agus "i seilbh an Údaráis" a chur in ionad "i seilbh an Choimisiúin",

(*o*) in alt 898O, trí fho-alt (2) a scriosadh,

(*p*) in alt 917EA(7), trí "agus, chun pionós a ghnóthú faoin bhfo-alt seo, beidh feidhm ag alt 1061 mar atá feidhm aige chun pionós a ghnóthú faoi aon cheann de na hailt dá dtagraítear san alt sin" a scriosadh,

(*q*) in alt 1077E(12), trí "paragraph (*a*)(ii)" a chur in ionad "paragraph (*b*)(ii)" sa leagan Béarla,

(*r*) in alt 1078B(6), trí "de réir bhrí alt 905 nó 908C, de réir mar a bheidh" a chur in ionad "de réir bhrí an ailt sin", agus

(*s*) i Sceideal 29—

(i) i gcolún 2, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad "alt 505(3) agus (4)":

"alt 503(3) agus (4) (arna ionadú le halt 33 den Acht Airgeadais, 2011)

alt 505(3) agus (4) (roimh theacht i ngníomh d'alt 33 den Acht Airgeadais, 2011)",

(ii) i gcolún 3, trí "alt 481(2F)" a chur isteach i ndiaidh "alt 267B", agus

(iii) i gcolún 3, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad "alt 505(1) agus (2)":

"alt 503(1) agus (2) (arna ionadú le halt 33 den Acht Airgeadais, 2011)

alt 505(1) agus (2) (roimh theacht i ngníomh d'alt 33 den Acht Airgeadais, 2011)".

2. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003—

(*a*) in alt 47(4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) Déanfar tuairisceán nó tuairisceán breise a sheachadfar faoin Acht seo a thabhairt ar fhoirm a sholáthróidh nó a cheadóidh na Coimisinéirí.",

(*b*) in alt 57(6), trí "faoi réir alt 960H(4)" a chur in ionad "faoi réir alt 1006A(2A)", agus

(*c*) in alt 118(1), trí "agus aon achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin" a chur isteach i ndiaidh "1976".

3. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010—

(*a*) in alt 2(1), i mír (*a*) den mhíniú ar "déileálaí inchánach", trí "nó i ndáil le soláthairtí fuinnimh teasa nó fuaraithe trí líonraí téimh nó fuaraithe" a chur isteach i ndiaidh "gáis nádúrtha",

(*b*) in alt 10(1), trí "nó fuinneamh teasa nó fuaraithe a sholáthar trí líonraí téimh nó fuaraithe" a chur isteach i ndiaidh "gáis nádúrtha",

(*c*) in alt 59—

(i) i bhfo-alt (1), trí mhír (*c*) den mhíniú ar "gníomhaíochtaí cáilitheacha" a scriosadh, agus

(ii) i bhfo-alt (2)(*e*), trí "nó i leith fuinneamh teasa nó fuaraithe a sholáthar trí líonraí téimh nó fuaraithe" a chur isteach i ndiaidh "gáis nádúrtha",

(*d*) in alt 64(6)(*a*)(i)(I), trí "fo-alt (10)(*c*)," a chur in ionad "fo-alt (10)(*c*))",

(*e*) in alt 66—

(i) i bhfo-alt (3)(*b*), trí "an ráta ar dá réir atá cáin inmhuirearaithe ná" a chur isteach i ndiaidh "ach gan",

(ii) i bhfo-alt (4)(*a*)(ii), trí "an ráta ar dá réir atá cáin inmhuirearaithe ná" a chur isteach i ndiaidh "ach gan", agus

(iii) i bhfo-alt (4A)(*a*)(ii), trí "an ráta ar dá réir atá cáin inmhuirearaithe ná" a chur isteach i ndiaidh "ach gan",

(*f*) in alt 105—

(i) i bhfo-alt (2), trí "faoi réir alt 960H(4)" a chur in ionad "faoi réir alt 1006A(2A)", agus

(ii) i bhfo-alt (3), trí "faoi réir alt 960H(4)" a chur in ionad "faoi réir alt 1006A(2A)",

(*g*) i Sceideal 1—

(i) i mír 8, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (1):

"(1) Idirbhearta árachais agus athárachais, agus bróicéirí árachais agus gníomhairí árachais do sholáthar seirbhísí gaolmhara.",

agus

(ii) i mír 8(2), trí ", i ndáil le seirbhísí árachais" a scriosadh,

agus

(*h*) i Sceideal 3—

(i) i mír 17(4), trí "Rialachán 34(2)(*a*)" a chur in ionad "Rialachán 6(2)", agus

(ii) i mír 22(1), trí "i mír 12(4)" a chur in ionad "i mír 12(3)".

4. (*a*) Maidir le *mír (1)*—

(i) tá éifeacht le *fomhíreanna (a)* go *(h)*, *(j)*, *(k)*, *(n)*, *(q)* agus *(r)* ar agus ó dháta rite an Achta seo,

(ii) measfar gur tháinig *fomhír (i)* i bhfeidhm an 21 Nollaig 2010 agus go raibh éifeacht léi ar an agus ón dáta sin,

(iii) tá feidhm ag *fomhíreanna (l)*, *(m)*, *(o)* agus *(p)* maidir le pionóis arna dtabhú an 24 Nollaig 2008 nó dá éis, agus

(iv) tá éifeacht le *fomhír (s)* ar an agus ón 1 Eanáir 2012.

(*b*) Tá éifeacht le *míreanna 2* agus *3* ar agus ó dháta rite an Achta seo.